Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2026
(OR. en)

10559/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0240(COD)

COH 119
SOC 397
AGRI 498
AGRIFIN 120
PECHE 241
FIN 882
JAI 832
SAN 480
CODEC 1184
CADREFIN 291
POLGEN 171
IA 167

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	9808/26
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 (an Rialachán maidir le pleananna CNR) - Cur chuige ginearálta páirteach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo téacs an chur chuige ghinearálta pháirtigh maidir leis an dréachtrialachán thuasluaite, ar thángthas air ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 16 Meitheamh 2026.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509

(12) **Mar a cuireadh i dtábhacht sa Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le réigiúin thoir an Aontais atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise nó na hÚcráine**, tá dhá dhúshlán roimh réigiúin teorann in Oirthear an Aontais maidir leis an tslándáil a fheabhsú agus an tráth céanna tacú le geilleagair, gnólachtaí agus muintir na réigiún, a raibh tionchar diúltach orthu mar thoradh díreach nó indíreach ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. **Tá tionchar ar leith ag an timpeallacht slándála atá ag dul in olcas ar na réigiúin sin, a bhfuil iarmhairtí suntasacha sóisialta agus eacnamaíocha aici agus a léirítear i bhfás OTI níos moille, i mboilsciú níos airde, i meath déimeagrafach, agus i rioscaí méadaithe don fhorbairt shocheacnamaíoch.** Leis na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, tabharfar tacaíocht chuimsitheach chomhleanúnach do na Ballstáit agus do na réigiúin a bhfuil na dúshláin sin rompu.

[…]

(15) Ba cheart tacú le rathúnas inbhuanaithe an Aontais trína bhonn tionsclaíoch a neartú agus trí tharraingteacht na gcríoch a chothú chun tacú leis an gceart fanachta, lena n-áirítear trí straitéisí chun forbairt chomhtháite a dhéanamh ar limistéir uirbeacha, thuaithe agus chósta **agus ar na réigiúin atá lonnaithe ar theorainneacha seachtracha an Aontais,** agus chun an comhar críochach Eorpach a chothú.

[…]

(16) I réimse chumais chosanta agus shlándáil an Aontais, ba cheart bonn tionsclaíoch cosanta agus soghluaisteacht mhíleata an Aontais a threisiú leis na bearta, agus ba cheart ullmhacht an Aontais, brath bagairtí, cosaint agus athléimneacht an bhonneagair chriticiúil fuinnimh agus iompair, agus an fhreagairt ar ghéarchéimeanna a neartú, lena n-áirítear tríd an gcibearshlándáil a neartú. **Ba cheart aird a thabhairt ar na riachtanais shonracha a eascraíonn as géarchéimeanna slándála a eascraíonn as dúshláin gheopholaitiúla atá ag teacht chun cinn.** Ba cheart a áireamh leis sin bearta chun bonneagar dé-úsáide GTE-I a fhorbairt chun gur féidir trúpaí agus trealamh agus ábhar trom a bhogadh ar mórscála ar ghearrfhógra. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na bearta freisin ardleibhéal slándála a áirithiú san Aontas, lena n-áirítear bearta lánpháirtíochta atá comhsheasmhach leis na cuspóirí a leagtar amach i Rialachán (AE) [...] maidir le tacaíocht ón Aontas don tearmann, lena n-áirítear cosaint choimhdeach, cosaint shealadach, an imirce agus an lánpháirtíocht, Rialachán (AE) [...] maidir le tacaíocht ón Aontas do bhainistiú [comhtháite] teorainneacha san Eoraip, lena n-áirítear feidhmiú limistéar Schengen agus an beartas víosaí Eorpach, agus Rialachán (AE) [...] maidir le tacaíocht ón Aontas don tslándáil inmheánach.

[…]

(23) Mar chomhlánú ar ghníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó Rialachán (AE) [...] [an Eoraip Dhomhanda], féadfaidh an Ciste tacú le gníomhaíochtaí i dtríú tíortha nó i ndáil le tríú tíortha. Leis na gníomhaíochtaí sin, ba cheart comhleanúnachas iomlán a áirithiú le prionsabail agus le cuspóirí ginearálta bheartas seachtrach an Aontais, le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, agus leis na cearta agus na prionsabail a chumhdaítear in acquis an Aontais. **Ba cheart dóibh freastal ar leasanna an Aontais freisin agus níor cheart dóibh cosaint leasanna airgeadais agus slándála an Aontais a chur i mbaol ná níor cheart dóibh cur isteach ar an gcuspóir tosaíochta acmhainneachtaí, iomaíochas agus athléimneacht gníomhaithe Eorpacha a neartú.**

[…]

(27a) Tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an meas ar chearta an duine. Chun cosaint na gceart bunúsach agus an smachta reachta a neartú, ba cheart sásraí éifeachtacha chun iad a chosaint a bhunú i gcur chun feidhme an Chiste.

I bhfianaise an fhorluí idir raon feidhme na Cairte um Chearta Bunúsacha agus prionsabail an smachta reachta, chomh maith leis an ngá atá ann cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú agus a thábhachtaí atá éifeachtaí airgeadais na mbeart a d'fhéadfadh a bheith le glacadh, is gá coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir lena gcur chun feidhme, agus dá bhrí sin ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle, agus ba cheart don Chomhairle gníomhú ar bhonn togra ón gCoimisiún.

(27aa) I gcás ina dtarraingítear, le cur i bhfeidhm na gcoinníollachtaí a bhunaítear in Airteagal 8 agus in Airteagal 9 den Rialachán seo, ar an Tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta, tá sé ríthábhachtach go mbeadh an cur i bhfeidhm sin bunaithe ar chritéir oibiachtúla infhíoraithe, i gcomhréir le prionsabail na deimhneachta dlíthiúla, na comhréireachta agus na córa comhionainne. Chuige sin, ba cheart agus an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta á hullmhú, tuarascáil a úsáidtear i measc doiciméid eile chun críoch an mheasúnaithe faoi Airteagail 8 agus 9, ba cheart leas a bhaint go príomha as doiciméid agus tuarascálacha oifigiúla ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ó údaráis náisiúnta, agus as cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na gcúirteanna náisiúnta. Ba cheart dlúth-rannpháirtíocht struchtúrtha le húdaráis na mBallstát a bheith i gceist le hullmhú na tuarascála maidir leis an Smacht Reachta.

(27a) Ba cheart feidhm a bheith ag na coinníollacha cothrománacha lena rialaítear dearadh agus cur chun feidhme CNR maidir leis an bPlean um Interreg agus Caibidlí an phlean freisin. Mar sin féin, i bhfianaise shainiúlachtaí na bPleananna um Interreg atá nasctha le rannpháirtíocht níos mó ná Ballstát amháin i ngach Caibidil de Interreg, ba cheart don Choimisiún, agus bearta á ndéanamh aige maidir le neamhchomhlíonadh choinníoll cothrománach na Cairte ag Ballstát, feidhmeanna údaráis an Bhallstáit atá freagrach as neamhchomhlíonadh an choinníll chothrománaigh sin a chur san áireamh i ndearadh agus i gcur chun feidhme an bhirt, chun measúnú a dhéanamh ar thionchar iarbhír nó féideartha an neamhchomhlíonta ar bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó ar leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le bearta sonracha, nó codanna díobh, sa Chaibidil de Interreg nó sna Caibidlí lena mbaineann. Ba cheart feidhm a bheith ag an méid céanna nuair a dhéanann an Chomhairle bearta i ndáil le neamh-chomhlíonadh choinníoll cothrománach an Smachta Reachta ag Ballstát. Ní aisíocfaidh an Coimisiún na bearta ná na codanna de na bearta a ndéanann an neamhchomhlíonadh difear dóibh. Tá oibleagáid faoi Airteagal 58(2)(a) den Rialachán seo ar an mBallstát atá freagrach as neamhchomhlíonadh leanúint d'íocaíochtaí le tairbhithe, faighteoirí, faighteoirí deiridh, conraitheoirí agus rannpháirtithe.

[…]

(30a) Ba cheart do na Ballstáit infheistíochtaí, athchóirithe agus idirghabhálacha eile a shainaithint bunaithe ar dhúshláin agus riachtanais shonracha an Bhallstáit agus aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí sonracha agus ginearálta araon agus ar na dúshláin ón gcreat tagartha beartais; le grúpáil i gcaibidlí tar éis beartas nó eagraíocht réigiúnach, nó meascán den dá cheann. Is faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le dáileadh na ról agus an chistithe idir réigiúin agus ar an leibhéal náisiúnta. Féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh na luachanna íocaíochta amach a shocrú le haghaidh athchóirithe den sórt sin ó gach caibidil nó ó fhothacar díobh. Má roghnaíonn Ballstát cur chuige le caibidlí náisiúnta, réigiúnacha nó earnála, le hathchóirithe náisiúnta agus réigiúnacha araon, d'fhéadfadh sé go roghnódh na Ballstáit an leagan amach airgeadais a dheighilt idir na leibhéil rialtais a mhéid a chomhlíontar ceanglais an rialacháin, lena n-áirítear na ceanglais a bhaineann le coinníollachtaí cothrománacha agus an gá atá le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

(30b) Ba cheart costais mheasta gach infheistíochta a bheith cothrom le suim na ranníocaíochta náisiúnta agus ranníocaíocht an Aontais. Maidir le hinfheistíochtaí, ba cheart luachanna íocaíochta amach a dhíorthú ó ranníocaíocht an Aontais, tar éis na méideanna a chuirtear i leataobh le haghaidh athchóirithe a asbhaint. Chun a léiriú nach gá go mbeadh costais shonracha cur chun feidhme i gceist le hathchóirithe, maoinítear luachanna íocaíochta amach athchóirithe trí chuid de ranníocaíocht an Aontais le hinfheistíochtaí a chur i leataobh. Ba cheart luachanna íocaíochta amach na n-athchóirithe a bheith comhréireach lena dtábhacht choibhneasta, arna gcinneadh *inter alia* de réir a raoin feidhme, a dtionchair ionchasaigh, a gcumhdaigh gheografaigh, nó a mhéid a rannchuidíonn siad le cuspóirí an Chiste nó a thugann siad aghaidh ar na dúshláin a shainaithnítear sa chreat tagartha. Ba cheart an miondealú ar ranníocaíocht iomlán an Aontais le haghaidh beart ar leith a bheith i gcomhréir le suntasacht na gcéimeanna éagsúla cur chun feidhme arna ngabháil i ngarspriocanna agus i spriocanna. I gcás athchóirithe a bhfuil gné reachtach ag baint leo, ba cheart an táscaire aschuir atá le húsáid ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 20XX/XXXX [an Rialachán Feidhmíochta] don gharsprioc dheireanach a bheith ag comhfhreagairt go príomha do theacht i bhfeidhm an ghnímh dlí, bíodh sé ina ghníomh aonair nó ina níos mó ná gníomh amháin. Ní gá, i gcás athchóirithe, sprioc dheiridh a bheith ann lena léireofaí gnéithe cainníochtúla.

(31) Leis an bPlean ba cheart comhlántacht agus sineirgí a áirithiú idir bearta éagsúla lena dtacaítear le réimsí éagsúla beartais agus lena ndírítear ar ghrúpaí éagsúla tairbhithe. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin chun freagairt chuimsitheach bheartais a chur ar fáil chun limistéir thuaithe agus chósta rathúla a fhorbairt agus chun earnálacha bríomhara talmhaíochta agus iascaigh a áirithiú. Moltar do na Ballstáit, go háirithe, na sineirgí sin a chur chun cinn i ndearadh na mbeart agus na gcaibidlí agus i gcur i bhfeidhm na rátaí cómhaoinithe. Maidir le bearta lena dtacaítear le seirbhísí bunúsacha agus bonneagar i limistéir thuaithe agus chósta agus i ngnólachtaí tuaithe agus cósta, ba cheart do na Ballstáit pleanáil chomhtháite a fhorbairt chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag pobail tuaithe agus chósta ar mhaoiniú trí shásraí iomchuí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí beartais agus sásraí sonracha agus struchtúir rialachais chun comhordú a dhéanamh ar chlárú agus ar chur chun feidhme beartas de chuid an Aontais, beartas náisiúnta, beartas réigiúnach agus beartas áitiúil, cineálacha cur chuige cistiúcháin atá comhtháite go háitiúil agus go réigiúnach a chlárú, agus comhthéacs sonrach agus acmhainneachtaí na sprioctharbhithe á gcur san áireamh, agus fothú acmhainneachta a chruthú lena ndíreofar ar na riaracháin agus ar na tairbhithe araon. Ba cheart a leagan amach sa Phlean CNR an tacar mionsonraithe beart agus socruithe chun faireachán a dhéanamh air agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear údaráis an Phlean CNR a bhunú, coiste faireacháin agus comhordaithe a bhunú, costais mheasta na mbeart sin agus an ranníocaíocht náisiúnta agus na bearta náisiúnta chun cáilíocht an rialachais a fheabhsú agus acmhainneacht riaracháin na riarachán poiblí a threisiú. Ba cheart dlúthchomhar idir an Coimisiún, na Ballstáit agus a réigiúin a lorg agus ba cheart é a bhaint amach le linn an phróisis; ba cheart foghlaim agus tástáil beartais a spreagadh. **Ba cheart don Choimisiún treoir a thabhairt do na Ballstáit maidir le costas measta na mbeart atá le háireamh ina bPleananna CNR, lena n-áirítear maidir leis an modheolaíocht chun luachanna íocaíochta amach a shocrú ina gcur chun feidhme agus, i gcás inar gá, maidir le leasuithe. Níor cheart na réimsí idirghabhála a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 202X/XXXX [an Rialachán Feidhmíochta] agus a shanntar do gach beart den Phlean a úsáid ach amháin chun caiteachas agus faireachán a rianú, gan difear a dhéanamh do na cuspóirí a leagtar amach sa tuairisc ar na garspriocanna agus ar na spriocanna.**

[…]

(33) Chun tionchar agus úinéireacht náisiúnta an chistithe ón Aontas a uasmhéadú agus prionsabail an chothromais agus na dlúthpháirtíochta á gcaomhnú an tráth céanna, ba cheart a léiriú sa ranníocaíocht náisiúnta le costais mheasta bhearta éagsúla an Phlean CNR leibhéil éagsúla forbartha eacnamaíche na réigiún i dtéarmaí per capita i ndáil le meán AE-27. Ba cheart measúnú ex ante a dhéanamh ar chomhlíonadh an cheanglais cómhaoinithe sin mar chuid de nós imeachta formheasa an Phlean. **Leis an bPlean CNR, ba cheart prionsabal na breisíochta maidir le cistiú ón Aontas a urramú agus, dá réir sin, ba cheart caiteachas poiblí Ballstáit a chomhlánú.** Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar **bhreisíocht** na ranníocaíochta ón Aontas thar shaolré an [...] **Phlean CNR**.

[…]

(37) Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit iarraidh réasúnaithe a dhéanamh chun an Plean CNR a leasú laistigh de thréimhse chur chun feidhme an Chiste. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht an Phlean CNR leasaithe leis an Rialachán seo ar bhealach atá comhréireach leis na hathruithe atá beartaithe. Chun ualach riaracháin iomarcach a sheachaint, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann mionchoigeartuithe a dhéanamh nó earráidí cléireachais sna Pleananna CNR a cheartú, trí fhógra simplí a thabhairt don Choimisiún faoi na hathruithe sin, ar choinníoll go gcomhlíonann na leasuithe sin ceanglais an Phlean CNR. **I gcás idirghabhálacha bunaithe ar aschur, tá solúbthacht tugtha cheana féin laistigh den íosmhéid agus den uasmhéid arna leagan síos ag na Ballstáit le haghaidh aonadmhéid na n-aschur, a chomhfhreagraíonn don luach aschuir aonaid is ísle/is airde faoi seach atá le híoc le tairbhí i gcás idirghabháil ar leith/grúpa spriocdhírithe ar leith.**

[…]

(42) [D'fhonn comhsheasmhacht a áirithiú, ba cheart an ráthaíocht bhuiséadach agus na hionstraimí airgeadais, lena n-áirítear nuair a chomhcheanglaítear iad le tacaíocht neamh-inaisíoctha in oibríochtaí measctha faoi Shaoráid AE, a chur chun feidhme i gcomhréir le Teideal X de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], le [Rialachán CEI] agus le socruithe teicniúla, téarmaí agus coinníollacha arna mbunú ag an gCoimisiún chun é a chur chun feidhme. Tacaíocht faoi Shaoráid AE i bhfoirm ráthaíocht bhuiséadach nó ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear nuair a chomhcheanglaítear iad le tacaíocht neamh-inaisíoctha in oibríocht mheasctha, ba cheart í a sholáthar go heisiach trí [Ionstraim InvestEU CEI]**]. Go háirithe, ba cheart tacaíocht faoi Shaoráid AE i bhfoirm ráthaíocht bhuiséadach a sholáthar trí úsáid a bhaint as an ráthaíocht bhuiséadach a leagtar amach i [Rialachán CEI] mar uirlis seachadta chun tacú le cuspóirí Shaoráid AE agus ba cheart í a chur chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha a bhunaítear faoi [Rialachán CEI].** Chun rochtain níos leithne a sholáthar do chomhpháirtithe cur chun feidhme le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha agus ionstraimí airgeadais, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann comhaontuithe a thabhairt i gcrích faoi bhainistíocht indíreach leis na catagóirí eintiteas uile a liostaítear faoi Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Chun bainistíocht fhónta airgeadais agus smacht buiséadach a áirithiú agus chun íocaíochtaí gan íoc a theorannú, níor cheart an soláthar don ráthaíocht bhuiséadach arna cur chun feidhme faoi Shaoráid AE a ghealladh tar éis dheireadh na bliana deireanaí den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) agus ba cheart é a bheith comhdhéanta faoi dheireadh an tríú bliain tar éis dheireadh CAI. Ba cheart a chur san áireamh sna gealltanais bhuiséadacha maidir leis an soláthar sin an dul chun cinn i dtaca leis an ráthaíocht bhuiséadach a dheonú. Le comhdhéanamh an tsoláthair, ba cheart an dul chun cinn maidir le formheas agus síniú na n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a thacaíonn le cuspóirí Shaoráid AE a chur san áireamh.

[…]

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

(46a) Chun intuarthacht agus leanúnachas a áirithiú i dtacaíocht an Aontais do chur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh, féadfar a áireamh ar na bearta is féidir a mhaoiniú leis na leithdháiltí imfhálaithe don Chomhbheartas Iascaigh idirghabhálacha maidir le scor sealadach agus buan, nuálaíocht, roghnaíocht trealaimh iascaireachta, oibríochtaí lena rannchuidítear le dea-stádas comhshaoil a bhaint amach, seirbhísí comhshaoil, infheistíochtaí chun úsáid fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh a laghdú, infheistíochtaí táirgiúla i ndobharshaothrú, sláinte agus leas ainmhithe, athbhunú, cur chun feidhme agus faireachán ar limistéir mhuirí faoi chosaint, tacaíocht d'eagraíochtaí táirgeoirí, cúiteamh ar theagmhais gan choinne.

[…]

(51) Tá gníomhaíochtaí trédhearcachta, faisnéise, cumarsáide agus infheictheachta fíor-riachtanach chun gníomhaíocht an Aontais a léiriú ar an talamh agus chun inrianaitheacht cistí a áirithiú agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar fhaisnéis atá fíor, cruinn agus cothrom le dáta. Chun na spriocanna sin a chomhlíonadh, is gá foráil a dhéanamh maidir le socruithe iomchuí chun sonraí a bhailiú agus a thuairisciú a bhfuil gá leo le haghaidh ilchuspóirí aon uair amháin. D'fhonn dúbailt iarrachtaí a sheachaint agus an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a laghdú, ba cheart sonraí a bhailítear agus a chuirtear ar fáil ar mhaithe le hiniúchóireacht agus rialú, trédhearcacht, faireachán feidhmíochta agus meastóireacht a chuíchóiriú agus ba cheart ceanglais maidir le foilsiú a bhunú d'fhonn an trédhearcacht is mó is féidir a áirithiú. **I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, níor cheart feidhm a bheith ag na ceanglais maidir le bailiú sonraí agus trédhearcacht maidir le rannpháirtithe mar a shainmhínítear sa Rialachán seo.**

[…]

(53) Chun an t-ualach riaracháin agus na costais ar fhaighteoirí an chistithe ón Aontas a laghdú agus chun dúbailt iniúchtaí agus fíoruithe bainistíochta ar na bearta céanna a sheachaint, ba cheart cur i bhfeidhm nithiúil phrionsabal na hiniúchóireachta aonair a chur i bhfeidhm maidir leis an gCiste. **I gcomhréir leis an modh bainistíochta comhroinnte agus leis an gcur chuige iniúchóireachta aonair, ba cheart don Choimisiún dul i muinín obair na n-údarás iniúchóireachta go príomha.** Ba cheart don údarás iniúchóireachta iniúchtaí a dhéanamh agus a áirithiú go bhfuil an tuairim iniúchóireachta a thabharfar don Choimisiún iontaofa. Leis an tuairim iniúchóireachta sin, ba cheart dearbhú a thabhairt don Choimisiún go bhfeidhmíonn córais bhainistíochta agus rialaithe an Bhallstáit i gceart, agus go bhfuil na dearbhuithe a dhéantar sa dearbhú bainistíochta arna chur isteach ag an gcomhlacht comhordaithe ceart. **Agus iniúchtaí á ndéanamh aige, ba cheart don Choimisiún dul i muinín phrionsabal na comhréireachta agus iontaofacht obair na n-údarás iniúchóireachta agus an riosca do leasanna airgeadais an Aontais a chur san áireamh. Mar riail ghinearálta, ba cheart don Choimisiún díriú ar iniúchtaí córais.**

(53a) Chun an pacáiste dearbhaithe a chur isteach, ba cheart ról fheidhm chomhordaithe an Phlean CNR a theorannú do na dearbhuithe bainistíochta a bhailiú ó na húdaráis bhainistíochta agus ó na gníomhaireachtaí íocaíochta éagsúla, chomh maith leis na tuairimí iniúchóireachta agus achoimrí ar iniúchtaí ó údaráis an Phlean, i gcomhréir le creat institiúideach, dlíthiúil agus airgeadais an Bhallstáit. Níor cheart aon fhíoruithe ná iniúchtaí atá le déanamh ag an bhfeidhm chomhordúcháin a áireamh sa chúram sin. Féadfaidh na Ballstáit cúraimí comhordúcháin eile a chur de chúram ar údaráis eile i gcomhréir le creat institiúideach, dlíthiúil agus airgeadais na mBallstát.

[…]

(54a) Chun a áirithiú go leanfar leis na struchtúir rialachais atá ann faoi láthair, féadfaidh na Ballstáit na gníomhaireachtaí íocaíochta CBT atá ann cheana a choinneáil ar bun. Ba cheart gníomhaireachtaí íocaíochta CBT a chreidiúnú ar bhonn rialacha náisiúnta. Moltar do na Ballstáit leanúint de na rialacha agus de na cleachtais chreidiúnaithe atá ann faoi láthair d'fhonn a áirithiú go mbeidh eagraíocht riaracháin agus córas rialaithe inmheánaigh ag na gníomhaireachtaí íocaíochta CBT a chomhlíonann caighdeáin rialaithe inmheánaigh a aithnítear go hidirnáisiúnta agus lena soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha go bhfuil íocaíochtaí dleathach, go ndéantar iad go tráthrialta agus go dtugtar cuntas ceart orthu.

[…]

(56) D'fhonn prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go leanfaidh méid chostais mheasta iomlána a bPlean CNR de bheith réasúnta agus inchreidte le linn a chur chun feidhme agus ba cheart dóibh leasú ar a bPlean CNR a iarraidh i gcás inar gá. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag samhail seachadta an Chiste intuarthacht agus comhsheasmhacht a sholáthar idir leibhéil íocaíochta agus luas cur chun feidhme aonair gach birt trí luachanna íocaíochta amach ex ante a shannadh do gach garsprioc agus sprioc. Thairis sin, ba cheart don Bhallstát athbhreithniú a dhéanamh ar chostais mheasta iomlána na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí agus idirghabhálacha eile a chumhdaítear leis an bPlean CNR mar chuid den athbhreithniú meántéarma agus ba cheart coigeartuithe comhfhreagracha a dhéanamh nuair atá údar cuí leis. Ina theannta sin, agus a phacáiste dearbhaithe bliantúil deiridh don bhliain airgeadais dheireanach á chur isteach, ba cheart don Bhallstát a dheimhniú nach mó na híocaíochtaí iomlána ón gCoimisiún ná an méid iomlán a d'íoc an Ballstát leis na tairbhithe agus an Plean á chur chun feidhme, agus an ranníocaíocht náisiúnta á cur san áireamh. Ar na cúiseanna céanna a bhaineann le bainistíocht fhónta airgeadais, ba cheart cead a bheith ag an gCoimisiún méideanna a íocadh roimhe sin ar chéimeanna eatramhacha birt a aisghabháil mura gcomhlíontar garsprioc nó sprioc deiridh an bhirt ar leith **ar bhealach comhréireach agus cuí-réasúnaithe i gcomhréir leis an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an bhirt** agus gníomhaíocht a dhéanamh i gcás aisiompú garsprice nó sprice a tharlaíonn suas le 5 bliana tar éis dháta na híocaíochta comhfhreagraí ón gCoimisiún.

(56a) Ba cheart feidhm a bheith ag an gceanglas marthanachta maidir le garspriocanna agus spriocanna, ach níor cheart feidhm a bheith aige maidir le hidirghabhálacha atá bunaithe ar aschur nach féidir – de réir a nádúir – a aisiompú. Sa chomhthéacs sin, níor cheart feidhm a bheith aige, mar shampla, maidir le hidirghabhálacha bunaithe ar aschur CBT, ná maidir le bearta athlonnaithe i réimse na ngnóthaí baile. I gcás bearta a chuirtear chun feidhme trí gharspriocanna agus spriocanna, níor cheart an measúnú ar aisiompú a dhéanamh ach amháin bunaithe ar na cuspóirí a leagtar amach ar leibhéal na garsprice nó na sprice, agus níor cheart feidhm a bheith aige ar leibhéal na dtairbhithe, na bhfaighteoirí nó na bhfaighteoirí deiridh, mar shampla cuideachta a fhaigheann deontas nó tacaíocht trí ionstraim airgeadais.

(57) Chun nósanna imeachta a shimpliú go mór agus an t-ualach riaracháin ar fhaighteoirí, ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a laghdú agus coimircí láidre á soláthar an tráth céanna maidir le húsáid rialta agus éifeachtach chistí an Aontais, ba cheart bearta a leabú sna Pleananna CNR chun cur chun feidhme a éascú, ina ndearadh agus ina gcur chun feidhme mar fhorálacha faireacháin agus i bhforálacha faireacháin araon. Ba cheart a áireamh leis na gnéithe sin, mar shampla, cúnamh teicniúil agus tacaíocht theicniúil a thabhairt do na Ballstáit, dúbailtí iniúchóireachta a theorannú trí chur i bhfeidhm an chur chuige iniúchóireachta aonair agus imeacht ó sheiceálacha sonraisc chun díriú ar thorthaí iarbhír. Níor cheart coinne a bheith leis go ndéanfadh na húdaráis iniúchóireachta náisiúnta ná an Coimisiún, ina leith sin, costais bhunúsacha na n-oibríochtaí a fhíorú chun críoch a gcuid oibre iniúchóireachta. D'fhonn simpliú a dhéanamh, ba cheart cúnamh teicniúil a sholáthar le linn an chur chun feidhme trí ráta comhréidh is infheidhme maidir le gach íocaíocht. Ba cheart foráil a dhéanamh leis an gCiste freisin maidir le solúbthacht leordhóthanach, bíodh sé sin trí nósanna imeachta cuíchóirithe le haghaidh na leasuithe ar na Pleananna nó trí fhreagrúlacht níos fearr do ghéarchéimeanna neamhthuartha trí shásraí iomadúla lenar féidir acmhainní a shlógadh le haghaidh imeachtaí den sórt sin, amhail athscrúdú ar an bPlean, an méid solúbthachta nó rochtain ar an tSaoráid. Leis an gCiste, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a chinneadh iad féin cé na garspriocanna agus na spriocanna ba cheart a chur isteach i ngach iarratas ar íocaíocht ar bhonn luas a gcur chun feidhme ar leith. D'fhonn eisíocaíochtaí rialta agus baint amach tráthúil chuspóirí an Aontais ar an talamh a áirithiú, ba cheart a áirithiú le riail saortha bhliantúil go gcuirfidh na Ballstáit iarratais rialta ar íocaíocht isteach le haghaidh méideanna atá mór go leor. **Chun cur chun feidhme an Phlean a éascú, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le cúnamh teicniúil a bhunú mar ráta comhréidh suas le 3,5 % den Phlean CNR ina iomláine agus an fhéidearthacht ann méadú suas le 5 % a dhéanamh ar bhearta lena dtacaítear leis na réigiúin is forimeallaí, agus suas le 8 % le haghaidh gach caibidle den Phlean um Interreg agus suas le 10 % i gcás ina mbaineann siad sin le comhar ag teorainneacha seachtracha nó leis na réigiúin is forimeallaí. Is é 10 % a bheidh sa ráta comhréidh freisin le haghaidh na gcaibidlí den Phlean um Interreg lena gcumhdaítear an cuspóir Interreg-shonrach 'réigiúin níos athléimní atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise nó na hÚcráine' a leagtar amach in Airteagal 7, mír 4, de Rialachán XX [Rialachán Interreg]. Ag an am céanna, ba cheart an saincheart a bheith ag na Ballstáit i gcónaí rátaí níos airde nó níos ísle a chur i bhfeidhm ar chaibidlí aonair, ar choinníoll go n-urramaítear an uasteorainn fhoriomlán 3,5 %.**

[…]

(60) Ba cheart forálacha Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 maidir le bainistíocht chomhroinnte a oiriúnú do shamhail seachadta an Rialacháin seo. Chun na críche sin, is gá cur isteach faisnéise a bhaineann leis an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme a chumasú agus ábhar an dearbhaithe bainistíochta agus na tuairime iniúchóireachta a oiriúnú dá réir sin. **Ba cheart do na Ballstáit faisnéis a thuairisciú freisin maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme na ngarspriocanna, na spriocanna agus na n-aschur chun críoch cuntasaíochta. Ba cheart an dul chun cinn carnach faoi dheireadh na bliana féilire roimhe sin a chumhdach leis an bhfaisnéis sin agus ba cheart í a dheimhniú sa dearbhú bainistíochta nó sna dearbhuithe bainistíochta. Cé go bhfuil an dearbhú bainistíochta/na dearbhuithe bainistíochta faoi réir na tuairime iniúchóireachta, ní úsáidfear an fhaisnéis maidir le dul chun cinn carnach chun críoch dearbhaithe agus, dá bhrí sin, ní bheidh sí faoi réir iniúchtaí.**

[…]

TEIDEAL I
FORÁLACHA GINEARÁLTA

[Airteagal 1

Ábhar

1. Bunaítear leis an Rialachán seo an Ciste Eorpach um Chomhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach, um Thalmhaíocht agus Ceantair Thuaithe, um Iascach agus Gnóthaí Muirí, um Rathúnas agus um Shlándáil' (an Ciste). Leagtar síos ann rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) cúraimí, cuspóirí tosaíochta, eagrú agus grúpáil na nithe seo a leanas faoin gCiste:

(i) na Cistí Struchtúracha agus an Ciste Comhtháthaithe;

(ii) ionstraimí le haghaidh an chomhbheartais talmhaíochta (CBT);

(iii) ionstraimí le haghaidh an chomhbheartais iascaigh;

(iv) ionstraimí a chistítear ó lamháltais a chur ar ceant faoi chuimsiú na gcóras trádála astaíochtaí a bunaíodh faoi Threoir 2003/87/CE chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bheadh ag córas trádála astaíochtaí a thabhairt isteach le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair leochaileacha agus ar úsáideoirí iompair leochaileacha;

(v) tacaíocht don tslándáil agus do chumais chosanta.

(b) na rialacha airgeadais maidir le tacaíocht ón Aontas atá le cur chun feidhme trí bhíthin na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí ('Pleananna CNR'), trí bhíthin an Phlean Interreg mar a leagtar amach i Rialachán XX [Forbairt réigiúnach, Caibidil II maidir leis an bPlean Interreg] ('Plean Interreg') agus Saoráid AE ('an tSaoráid');

(c) na hacmhainní airgeadais le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034.

2. Féadfar coinníollacha sonracha a leagan amach sna Rialacháin a liostaítear thíos chun an Rialachán seo a chomhlánú, rud nach dtiocfaidh salach ar an Rialachán seo:

(a) Rialachán XX [lena mbunaítear Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa lena n-áirítear Comhar Críochach Eorpach (Interreg) agus an Ciste Comhtháthaithe mar chuid den Chiste a leagtar amach i Rialachán (AE) […] [CNR] agus lena mbunaítear coinníollacha maidir le cur chun feidhme na tacaíochta ón Aontas don fhorbairt réigiúnach ó 2028 go 2034]

(b) Rialachán XX [lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid den Chiste a leagtar amach i Rialachán (AE) […] [CNR] agus lena mbunaítear coinníollacha maidir le cur chun feidhme na tacaíochta ón Aontas d'fhostaíocht ardcháilíochta, scileanna agus cuimsiú sóisialta le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034]

(c) Rialachán XX [lena mbunaítear an Comhbheartas Talmhaíochta mar chuid den Chiste a leagtar amach i Rialachán (AE) […] [CNR] agus lena mbunaítear coinníollacha maidir le cur chun feidhme na tacaíochta ón Aontas chun tacú le cur chun feidhme Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) an Aontais i gcomhréir le Teideal III de Chuid III CFAE, lena n-áirithítear caighdeán cóir maireachtála don phobal talmhaíochta agus infhaighteacht bia, lena méadaítear táirgiúlacht talmhaíochta, lena gcobhsaítear margaí, agus lena dtacaítear le slándáil fhadtéarmach bia ó 2028 go 2034]

(d) Rialachán XX [lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh agus beartas muirí an Aontais mar chuid den Chiste a leagtar amach i Rialachán (AE) [...] [CNR] agus lena mbunaítear coinníollacha maidir le cur chun feidhme ……. ó 2028 go 2034]

(e) Rialachán (AE) […] lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tearmann, don imirce agus don lánpháirtíocht le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034

(f) Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear tacaíocht ón Aontas do bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus don bheartas víosaí Eorpach le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034

(g) Rialachán (AE) […] lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tslándáil inmheánach le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034

(h) Rialachán (AE) 202X/XXXX lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] a mhéid a bhaineann leis an scéim scoile chun torthaí, glasraí agus bainne a sholáthar ('scéim scoile an Aontais'), idirghabhálacha in earnálacha áirithe, earnáil próitéine a chruthú, ceanglais maidir le cnáib, an fhéidearthacht maidir le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh cáise, barra próitéine agus feola, cur i bhfeidhm dleachtanna allmhairiúcháin breise agus rialacha maidir le hinfhaighteacht soláthairtí tráth éigeandálaí agus géarchéimeanna tromchúiseacha, a mhéid is ábhartha don tacaíocht faoin Rialachán seo.

I gcás ina mbíonn amhras ann faoi chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus cur i bhfeidhm na rialachán a bhaineann go sonrach le beartas dá dtagraítear sa chéad fhomhír, is ag an Rialachán seo a bheidh tosaíocht.]

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj).

Airteagal 1a

Cur i bhfeidhm maidir le Interreg

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 10(3), 11(2), 11(3), 13(3) go 13(5), 14(2), 16(3), 16(6), 17(1), 18, 19, 20(1), 20(2), 20(4), 21 go 48, 49(3), 49(7), 49(10), 50, 51(1)(a), 52, 54 go 56, 57, 62, 70, 77, 80 go 83 maidir leis an bPlean um Interreg.

2. Chun críoch an Rialacháin seo, tuigfear gur tagairt é 'an Plean' don Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí agus do chaibidlí an Phlean Interreg araon, cé is moite d'fhorálacha in Airteagal 1(1)(b), Airteagal 4(8)(b) agus (9), Airteagal 5(1), 10(2)(c), i gcás ina dtagraíonn sé don Phlean um Interreg.

I ndáil leis an bPlean um Interreg agus na caibidlí den Phlean um Interreg faoin Rialachán seo, tuigfear go dtagraíonn an téarma 'Ballstát' don 'Ballstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta'.

Airteagal 2

Cuspóirí ginearálta an Chiste

1. Agus é **d'aidhm** […] fhoriomlán ag an gCiste comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, forbairt inbhuanaithe**, fás** agus iomaíochas an Aontais, a **chomhshaol, a** shlándáil, a **athléimneacht** agus slándáil agus a ullmhacht a chur chun cinn, tacóidh sé leis na cuspóirí ginearálta seo a leanas:

   (a) […] **cur chun feidhme Bheartas Comhtháthaithe an Aontais trí** mhíchothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas agus cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla a **laghdú** agus comhar críochach Eorpach a chur chun cinn i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal XVIII CFAE, lena n-áirítear tacú le tionscadail i réimse an chomhshaoil agus na ngréasán tras-Eorpach i réimse an bhonneagair iompair i gcomhréir le hAirteagal 177**, an dara mír,** CFAE ('Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe');

(b) tacú **le cur chun feidhme Bheartas Comhtháthaithe an Aontais trí fhostaíocht ardcháilíochta, oiliúint**, oideachas agus scileanna agus cuimsiú sóisialta a **fheabhsú** i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal XI agus Teideal XVIII de Chuid a Trí CFAE ('Ciste Sóisialta na hEorpa') agus rannchuidiú le haistriú atá cothrom go sóisialta i dtreo na haeráidneodrachta i gcomhréir le hAirteagal 91(1), pointe (d), Airteagal 192(1) agus Airteagal 194(2) CFAE;

(c) cur chun feidhme CBT an Aontais i gcomhréir le […] Teideal III de **Chuid a Trí** de CFAE;

(d) cur chun feidhme chomhbheartas iascaigh an Aontais i gcomhréir le **Teideal III de** Chuid a Trí[…] de CFAE;

(e) **cearta bunúsacha**, an daonlathas agus **an smacht reachta** a chosaint agus a neartú **agus** luachanna an Aontais a chaomhnú i gcomhréir le hAirteagal 2 CAE.

(f) tacú le cur chun feidhme na mbeartas ábhartha faoi Theideal V a leagtar amach i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don imirce tearmainn agus don lánpháirtíocht le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034, [AMI] Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas do limistéar Schengen, don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus don chomhbheartas maidir le víosaí don tréimhse ó 2028 go 2034 agus Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tslándáil inmheánach le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034 [IS].

Tacóidh an Ciste leis na cuspóirí ginearálta sna réigiúin is forimeallaí agus a staideanna struchtúracha, sóisialta agus eacnamaíocha á gcur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 349 CFAE.

Airteagal 3

Cuspóirí sonracha an Chiste

1. Déanfar na cuspóirí ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 2 a shaothrú ar fud […] na réigiún uile trí na […] cuspóirí **sonracha** ábhartha **mar a leanas**:

(a) tacú le rathúnas inbhuanaithe**, iomaíochas agus comhtháthú** an Aontais ar fud na réigiún tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) tarraingteacht na gcríoch a chothú chun tacú leis an gceart fanachta, lena n-áirítear trí straitéisí críochacha chun forbairt chomhtháite a dhéanamh ar limistéir uirbeacha agus thuaithe, lena n-áirítear tacaíocht do sheirbhísí críochacha agus do bhonneagar críochach**, chomh maith le soghluaisteacht inbhuanaithe**;

(ii) **iomaíochas** an Aontais a neartú, **lena n-áirítear trí thacú lena bhonn tionsclaíoch agus lena earnálacha seirbhíse, agus aird ar leith á tabhairt ar iomaíochas fiontar beag agus meánmhéide**, ar shlabhraí soláthair athléimneacha agus ar bhorradh a chur faoi mhonaraíocht inbhuanaithe agus iomaíoch, go háirithe i réimsí **na dteicneolaíochtaí straitéiseacha, lena n-áirítear** teicneolaíochtaí glan-nialasacha agus amhábhar criticiúil, […], trí uaillmhianta comhshaoil agus aeráide a chomhtháthú [...] chun dlús a chur le haistriú tionsclaíoch glan;

(iii) tacú le haistriú cóir i dtreo spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030, 2040 agus 2050 an Aontais, go háirithe trí thosaíocht a thabhairt do thacaíocht do ghiniúint agus do bhonneagar fuinnimh ghlain, éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú, stóráil agus teicneolaíocht a chur chun cinn, córais chliste fuinnimh agus eangacha tarchurtha agus dáileacháin intíre […] a fhorbairt **chomh maith leis** an nGréasán Tras-Eorpach (GTE-F) agus an teicneolaíocht agus **éifeachtúlacht acmhainne agus** geilleagar ciorclach a chur chun cinn, rud a áirithíonn gur féidir le gach críoch agus gach duine rannchuidiú leis aistriú glan **cóir** agus tairbhiú de;

(iv) tacú leis an gclaochlú digiteach**, go háirithe** i dtreo spriocanna agus chuspóirí na Deacáide Digití a leagtar amach i gClár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hAontas atá **oscailte,** ceannasach, slán agus cuimsitheach go digiteach a bhaint amach, agus forbairt agus úsáid ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn, lena n-áirítear bonneagar agus seirbhísí digiteacha atá slán agus iontaofa ó thaobh na hintleachta saorga de, bunscileanna agus ardscileanna digiteacha, seirbhísí poiblí digiteacha, agus nascacht TFC, agus aghaidh á tabhairt san am céanna ar an mbearna dhigiteach;

(v) tacú le taighde, forbairt agus nuálaíocht**, agus glacadh teicneolaíochtaí, go háirithe in FBManna**, lena n-áirítear scaipeadh na nuálaíochta ar fud na réigiún **agus na n-earnálacha uile, agus straitéisí um speisialtóireacht chliste á gcur san áireamh ag an am céanna**;

(vi) tacú le bearta, lena n-áirítear athchóirithe chun an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta a chur chun cinn agus forbairt roghanna cistithe margadhbhunaithe a chothú;

(vii) tacú le tithíocht shóisialta agus inacmhainne;

(viii) bonneagar iompair an Aontais a fheabhsú agus rannchuidiú leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a thabhairt chun críche, go háirithe ar an gcroíghréasán agus ar an gcroíghréasán leathnaithe, agus an nascacht, **an ilmhódúlacht, an idir-inoibritheacht,** an tslándáil agus an inrochtaineacht á ndícharbónú agus á bhfeabhsú le haghaidh limistéir iargúlta, limistéir fhorimeallacha, limistéir **thrasteorann** agus limistéir nach bhfuil chomh nasctha céanna; tacú le haistriú glas agus aistriú digiteach an iompair;

(ix) Tacú leis an turasóireacht**, leis an oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha**, lena n-áirítear an inbhuanaitheacht;

(x) tacú le […] cosaint an chomhshaoil, oiriúnú don athrú aeráide, […] **maolú agus** athléimneacht, **lena n-airítear réitigh dhúlrabhunaithe, bainistiú éifeachtúil uisce, fuíolluisce agus dramhaíola, cáilíocht agus athléimneacht uisce,** agus an bhithéagsúlacht, cáilíocht na hithreach agus acmhainní nádúrtha a fheabhsú, ciorclaíocht, an bithgheilleagar agus éifeachtúlacht acmhainní níos leithne a chur chun cinn, an cosc ar thruailliú agus **maolú**, rialú agus feabhsú an truaillithe a neartú, an dúlra agus […] **éiceachórais** a chaomhnú agus a athbhunú, agus an bhithéagsúlacht agus na hacmhainní nádúrtha a fheabhsú, chomh maith le réitigh Bauhaus Eorpach Nua a chur chun cinn sa timpeallacht thógtha.

(b) tacú le cumais chosanta, **athléimneacht, ullmhacht, cosaint shibhialta** agus slándáil an Aontais ar fud na réigiún tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) bonn tionsclaíoch cosanta agus soghluaisteacht mhíleata an Aontais a threisiú, **tacú le bonneagar cosanta**, soghluaisteacht mhíleata, go háirithe trí bhonneagar dé-úsáide GTE-I a fhorbairt, **conairí soghluaisteachta, agus naisc atá in easnamh** a fhorbairt.

(ii) ullmhacht an Aontais do ghéarchéimeanna agus do thubaistí a neartú, **lena n-áirítear bagairtí hibrideacha, go háirithe** trí phrionsabal na hullmhachta trí dhearadh a phríomhshruthú;

(iii) slándáil agus **cosaint shibhialta** an Aontais a neartú trí fheabhas a chur ar bhrath bagairtí, cosc bagairtí, freagairt do bhagairtí, agus na cumais chun bagairtí a bhrath, lena n-áirítear trí bhonneagar criticiúil **[...]** agus an chibearshlándáil a neartú **agus a chosaint**.

;

(ba) […] **tacú leis** na cuspóirí a leagtar amach **sna Rialacháin earnálacha de bhun Theideal V de Chuid a Trí de CFAE, mar a liostaítear thíos**:

- […] Rialachán (AE) […] lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tearmann, don imirce agus don lánpháirtíocht le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034;

- […] Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear tacaíocht ón Aontas do bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus don bheartas víosaí Eorpach le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034;

- […] Rialachán (AE) […] lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tslándáil inmheánach le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034.

(c) comhtháthú sóisialta a neartú trí thacú le daoine agus trí shochaithe an Aontais agus samhail shóisialta an Aontais a neartú, **lena n-áirítear trí nuáil agus turgnamhaíocht shóisialta** tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) tacú **leis an bhfostaíocht, lena n-áirítear an fhostaíocht don aos óg**, rochtain chomhionann ar an margadh saothair, dálaí oibre cothroma agus ardchaighdeán agus soghluaisteacht lucht saothair;

(ii) soláthar saothair a fheabhsú agus feabhas a chur ar an oideachas**, ar an oiliúint** agus ar shealbhú scileanna ar feadh an tsaoil, go háirithe trí uas-sciliú agus athsciliú a chur chun cinn;

(iii) comhionannas deiseanna do chách **agus comhionannas inscne a chur chun cinn, foréigean inscnebhunaithe a chomhrac**, tacú le líontáin láidre sábháilteachta sóisialta, cuimsiú sóisialta a chothú agus **idirdhealú, díth ábhartha,** bochtaineacht agus easpa dídine a chomhrac **agus béim ar leith á leagan ar leanaí**, agus tacú le hinfheistíocht i mbonneagar sóisialta**, lena n-áirítear inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas**;

(iv) rochtain ar sheirbhísí agus ar bhonneagar gaolmhar a éascú, lena n-áirítear […] **nuachóiriú, digiteáil** agus cáilíocht agus athléimneacht na gcóras cúraim sláinte, na seirbhísí cúraim leanaí agus na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a neartú;

(v) aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an athraithe dhéimeagrafaigh ar fud an Aontais, lena n-áirítear ganntanas lucht saothair agus éagothromaíochtaí idir na glúnta agus na réigiúin;

(vi) aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus ó iompar de bhóthar a áireamh faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE.

(d) an cháilíocht saoil san Aontas a chothú, **lena n-áirítear talmhaíocht, foraoiseacht agus iascach atá iomaíoch, inbhuanaithe, tarraingteach agus athléimneach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

(i) tacú le hioncam níos cothroime agus leordhóthanach d'fheirmeoirí agus tacú lena n-iomaíochas fadtéarmach, lena n-áirítear seasamh na bhfeirmeoirí sa slabhra luacha;

(ii) rannchuidiú le slándáil fhadtéarmach an bhia**, lena n-áirítear trí thacú le táirgeadh bia ardcháilíochta agus trí athléimneacht slabhraí luacha bia a neartú**;

(iii) feabhas a chur ar tharraingteacht agus caighdeáin mhaireachtála […] i gceantair thuaithe agus dálaí oibre cothroma agus athnuachan ó ghlúin go glúin a chothú; feabhas a chur ar ullmhacht agus ar chumas **iascairí, táirgeoirí dobharshaothraithe agus** feirmeoirí déileáil le géarchéimeanna agus rioscaí; an rochtain ar eolas agus ar an nuálaíocht a fheabhsú agus dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach le haghaidh **earnálacha** rathúla agraibhia**, iascaigh agus dobharshaothraithe** […];

(iv) inbhuanaitheacht, iomaíochas agus athléimneacht iascaigh an Aontais agus earnáil dobharshaothraithe an Aontais a áirithiú, borradh a chur faoin ngeilleagar gorm inbhuanaithe iomaíoch i limistéir chósta, oileánacha agus intíre, deiseanna socheacnamaíocha agus athléimneacht na bpobal áitiúil a fheabhsú agus rialachas láidir aigéan i ngach gné a áirithiú, mar aon le haigéan atá sábháilte, slán, glan agus a bhainistítear go hinbhuanaithe;

(v) feabhas a chur ar chleachtais inbhuanaithe bainistíochta talmhaíochta agus foraoiseachta chun gníomhú athléimneach ar son na haeráide a chur chun cinn, seirbhísí iomadúla éiceachórais a sholáthar, tacú le bainistiú éifeachtúil uisce**, fuíolluisce agus dramhaíola**, cáilíocht agus athléimneacht **uisce**, réitigh dhúlrabhunaithe a chur chun feidhme, an fhorbairt inbhuanaithe agus cosaint an chomhshaoil a neartú, caomhnú agus athbhunú na bithéagsúlachta, na hithreach agus na n-acmhainní nádúrtha, chomh maith le **sláinte plandaí** agus **sláinte agus** leas ainmhithe, a fheabhsú.

(e) cearta bunúsacha, an daonlathas**, dea-rialachas**, an comhionannas agus an smacht reachta a chosaint agus luachanna an Aontais a chaomhnú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) sochaithe oscailte, cearta-bhunaithe, daonlathacha, cothroma agus cuimsitheacha a chothú agus a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear trí acmhainneachtaí na sochaí sibhialta agus na gcomhpháirtithe sóisialta a fhorbairt chun luachanna an Aontais, oideachas saoránachta agus rannpháirtíocht na n-óg a chaomhnú;

(ii) an smacht reachta a chur chun cinn agus a chaomhnú**, lena n-áirítear** trí chórais cheartais, creataí frithéillithe, iolrachas na meán, sláine faisnéise, litearthacht sna meáin, agus srianta agus ceartúcháin éifeachtacha a neartú;

(iii) feabhas a chur ar éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí agus ar chumas institiúideach na n-údarás poiblí agus na ngeallsealbhóirí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil **agus tacú le cúnamh teicniúil lena rannchuidítear le cur chun feidhme éifeachtach an Phlean CNR;**

(iv) an cultúr a chur chun cinn mar chatalaíoch do na luachanna Eorpacha agus tacú le hearnálacha cultúir […] **agus cruthaitheachta** atá bríomhar agus éagsúil.

Airteagal 4

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'dlí is infheidhme' dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta a bhaineann go díreach lena gcur i bhfeidhm;

(1a) ciallaíonn 'tréimhse thagartha dearbhaithe' an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Meán Fómhair, cé is moite den chéad bhliain de chur chun feidhme na clárthréimhse, agus ina leith sin ciallaíonn sé an tréimhse ó thús chur chun feidhme na mbeart faoin bPlean go dtí an 30 Meán Fómhair 2028; i gcás bhliain dheireanach an chur chun feidhme, ciallaíonn sé an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2035 go dtí an 31 Nollaig 2035;

(2) ciallaíonn 'tairbhí':

(a) comhlacht dlí phoiblí nó phríobháidigh, eintiteas bíodh pearsantacht dhlítheanach aige nó ná bíodh, nó duine nádúrtha nach rannpháirtí é, atá freagrach as oibríocht a thionscnamh nó as oibríocht a thionscnamh agus a chur chun feidhme faoin bPlean CNR […] **nó** faoi **chaibidil** an Phlean um Interreg agus dár soláthraíodh an doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht;

(b) i gcomhthéacs ionstraimí airgeadais, an comhlacht a chuireann an ciste sealbhaíochta chun feidhme nó, i gcás nach bhfuil aon struchtúr ciste sealbhaíochta ann, an comhlacht a chuireann an ciste sonrach chun feidhme nó, i gcás inarb é an t-údarás bainistíochta a bhainistíonn an ionstraim airgeadais, an t-údarás bainistíochta;

(c) [...] feirmeoir **mar a shainmhínítear in Airteagal 2a [sainmhínithe] de Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CBT]**

(i) […]

(ii) […]

(3) ciallaíonn 'caibidil den Phlean CNR' cuid den Phlean CNR ina ndírítear ar dhúshlán sonrach, ar earnáil shonrach, ar bheartas sonrach nó ar limistéar geografach sonrach**, nó teaglaim díobh sin**;

(4) ciallaíonn 'conraitheoir' eintiteas nó duine nádúrtha lena ndéanann an tairbhí nó an faighteoir conradh go sonrach chun oibríocht amháin nó níos mó, nó cuid di/díobh, a chur chun feidhme;

(4a) ciallaíonn 'comhlacht idirmheánach' comhlacht poiblí nó príobháideach a ghníomhaíonn faoi chúram údaráis bainistíochta, nó a dhéanann feidhmeanna nó cúraimí thar ceann údaráis den sórt sin;

(5) ciallaíonn 'faighteoir' eintiteas, bíodh pearsantacht dhlítheanach aige nó ná bíodh, nó duine nádúrtha, nach rannpháirtí é, a fhaigheann acmhainní ó bhuiséad an Aontais trí thairbhí;

(6) ciallaíonn 'faighteoir deiridh' eintiteas, bíodh pearsantacht dhlítheanach aige nó ná bíodh, nó duine nádúrtha nach rannpháirtí é, a fhaigheann tacaíocht faoi ionstraim airgeadais agus a thuigtear mar fhaighteoir chun críocha Airteagal 38(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509;

(7) ciallaíonn ‘rannpháirtí’ duine nádúrtha a thairbhíonn go díreach d’oibríocht gan an oibríocht a thionscnamh ná a chur chun feidhme;

(8) ciallaíonn ‘oibríocht’:

(a) tionscadal […] , gníomhaíocht nó grúpa tionscadal nó […] gníomhaíochtaí lena gcuirtear chun feidhme […] **gníomhaíocht amháin nó níos mó**;

(b) i gcomhthéacs ionstraimí airgeadais, ranníocaíocht ón bPlean CNR agus ón bPlean Interreg le hionstraim airgeadais agus an tacaíocht airgeadais ina dhiaidh sin a thugann an ionstraim airgeadais sin do na faighteoirí deiridh;

(c) […] íocaíocht a dheonaítear d’fheirmeoirí **nó i gcás inarb infheidhme, do thairbhithe eile** faoi idirghabhálacha tacaíochta ioncaim CBT limistéarbhunaithe agus ainmhíbhunaithe dá dtagraítear in Airteagal 35(1) [cineálacha idirghabhála], pointí (a) go (g), (o) agus (p).

(9) ciallaíonn ‘beart’ athchóiriú, infheistíocht nó idirghabháil bunaithe ar aschur ar an leibhéal náisiúnta nó fonáisiúnta a fhaigheann tacaíocht faoin bPlean CNR nó faoin bPlean Interreg**, arbh fhéidir gur gníomhaíocht amháin nó níos mó a bheith i gceist leis**;

(9a) ciallaíonn idirghabháil bunaithe ar aschur idirghabháil dá sainítear méid na ranníocaíochta ón Aontas faoi threoir luach aonaid aschuir arna iolrú faoi líon na n-aschur a baineadh amach;

(10) ciallaíonn ‘garsprioc’ rud cáilíochtúil atá le baint amach agus a úsáidtear chun dul chun cinn i dtreo baint amach beart a thomhas;

(11) ciallaíonn ‘sprioc’ rud cainníochtúil atá le baint amach agus a úsáidtear chun dul chun cinn i dtreo baint amach beart a thomhas;

(12) ciallaíonn ‘luach na híocaíochta amach’ an méid atá le híoc ag an gCoimisiún leis an mBallstát as an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme bhearta an **Phlean CNR nó chaibidil an Phlean Interreg** […], agus na méideanna a chuirtear i leataobh le haghaidh athchóirithe á gcur san áireamh;

(12a) ciallaíonn ‘ionstraim airgeadais’ foirm thacaíochta a sholáthraítear trí struchtúr trína gcuirtear táirgí airgeadais ar fáil d’fhaighteoirí deiridh;

(12b) ciallaíonn ‘táirge airgeadais’ infheistíochtaí cothromais nó cuasachothromais, iasachtaí agus ráthaíochtaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Rialachán Airgeadais iad;

(13) […]

(14) […][3]

(15) ciallaíonn ‘gabháltas’ na haonaid uile a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí talmhaíochta agus atá á mbainistiú ag feirmeoir agus atá lonnaithe laistigh de chríoch an Bhallstáit chéanna, faoi raon feidhme críochach na gConarthaí, mar a shainmhínítear in Airteagal 52 CAE i gcomhar le hAirteagail 349 agus 355 CFAE;

(16) […]

(17) ciallaíonn ‘séalaí’ Séalaí Barr Feabhais agus Séalaí Ceannasachta a deonaíodh i gcur chun feidhme chláir an Aontais sa chlárthréimhse 2021 go 2027 agus Séalaí a dheonaítear faoi chláir an Aontais a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach sa tréimhse 2028 go 2034, amhail an Séala Iomaíochais;

---

[3] […]

(18) ciallaíonn ‘fochonraitheoir’ duine nó eintiteas lena bhfuil conradh tugtha i gcrích ag an gconraitheoir chun cuid de chonradh a chomhlíonadh go sonrach chun oibríocht amháin nó níos mó, nó cuid di/díobh, a chur chun feidhme;

(19) ciallaíonn ‘géarchéim’ […] **géarchéim** mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (22), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509;

(20) ciallaíonn ‘colún-mheasúnú’ an measúnú dá dtagraítear in Airteagail 157(3) agus (4) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509;

(21) […]

[…]

(22) […]

(23) ciallaíonn ‘caiteachas poiblí’ chun críocha CBT **agus CBI** aon ranníocaíocht le hoibríochtaí a mhaoiniú, arb é foinse na ranníocaíochta sin buiséad na n-údarás poiblí náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, buiséad an Aontais a chuirtear ar fáil don Chiste, buiséad comhlachtaí dlí phoiblí nó buiséad comhlachas d’údaráis phoiblí nó de chomhlachtaí dlí phoiblí;

(23a) ciallaíonn ‘ranníocaíocht náisiúnta’ ranníocaíocht phríobháideach náisiúnta agus ranníocaíocht phoiblí náisiúnta seachas an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais a chuirtear ar fáil don Chiste, ach amháin chun críocha Airteagal 35(1), (a) go (k) agus (m) go (s), agus 35b, i gcás nach n-áireofar le ‘ranníocaíocht náisiúnta’ ach ranníocaíocht phoiblí náisiúnta;

(24) ciallaíonn ‘ráta tacaíochta’, chun críocha CBT **agus CBI**, ráta an chaiteachais phoiblí ar oibríocht; i gcomhthéacs ionstraimí airgeadais, tagraíonn sé don choibhéis deontais chomhláin a bhaineann leis an tacaíocht mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe ([…]**30**) de Rialachán (AE) […] **2022/2472** ón gCoimisiún;

(25) ciallaíonn ‘iascaireacht chósta ar mionscála’ gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann:

(a) soithí iascaireachta muirí agus intíre ar lú ná 12 mhéadar a bhfad iomlán agus nach n-úsáideann trealamh iascaireachta tarraingthe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle [(28)]; nó

(b) iascairí de chois, lena n-áirítear bailitheoirí sliogéisc;

(26) ciallaíonn ‘iascaire’ aon duine nádúrtha **nó dlítheanach** ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála, mar a aithníonn an Ballstát lena mbaineann;

(27) […]

(28) ciallaíonn ‘geilleagar gorm inbhuanaithe’ gach gníomhaíocht eacnamaíoch earnála agus trasearnála ar fud an mhargaidh inmheánaigh a bhaineann le haigéin, le mara, le cóstaí agus le huiscí intíre, a chumhdaíonn na réigiúin oileánacha agus na réigiúin is forimeallaí san Aontas agus tíortha talamhiata, lena n-áirítear earnálacha atá ag teacht chun cinn agus earraí agus seirbhísí nach mbaineann leis an margadh, a bhfuil sé d’aidhm acu inbhuanaitheacht chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch a áirithiú go fadtéarmach agus atá comhsheasmhach leis na SFInna, agus le SFI 14 go háirithe, agus le reachtaíocht chomhshaoil an Aontais;

(29) ciallaíonn ‘beartas muirí **comhtháite**’ beartas an Aontais a bhfuil sé d’aidhm aige cinnteoireacht chomhtháite chomhleanúnach a chothú chun forbairt inbhuanaithe, fás eacnamaíoch agus comhtháthú sóisialta an Aontais a uasmhéadú, go háirithe sna limistéir chósta agus oileánacha agus sna réigiún is forimeallaí, chomh maith le hearnálacha an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe, trí bhíthin beartais chomhtháite a bhaineann le cúrsaí muirí agus trí bhíthin comhar idirnáisiúnta ábhartha;

(30) ciallaíonn ‘slándáil mhuirí agus faireachas muirí’ gníomhaíochtaí a dhéantar chun tuiscint a fháil ar na heachtraí agus na gníomhaíochtaí uile a bhaineann leis an réimse muirí, chun cosc a chur leo i gcás inarb infheidhme agus chun bainistiú cuimsitheach a dhéanamh orthu, ar eachtraí iad agus ar gníomhaíochtaí iad a d’imreodh tionchar ar réimsí na sábháilteachta muirí agus na slándála muirí, an forfheidhmiú dlí, an chosaint, an rialú teorann, cosaint an chomhshaoil mhuirí, an rialú iascaigh, an trádáil agus leas eacnamaíoch an Aontais;

(31) ciallaíonn ‘an líonra breathnóireachta agus sonraí muirí Eorpach’ nó ‘EMODnet’ comhpháirtíocht ina gcuirtear sonraí agus meiteashonraí muirí i dtoll a chéile chun gur fusa ag an bpobal agus ag úsáideoirí príobháideacha teacht a bheith acu ar na hacmhainní ilroinnte sin agus iad a úsáid trí shonraí muirí idir-inoibritheacha, comhchuibhithe, ar cháilíocht dhearbhaithe, a chur ar fáil;

(32) ciallaíonn ‘pleanáil spásúil mhuirí’ próiseas trína ndéanann údaráis an Bhallstáit ábhartha anailís ar ghníomhaíochtaí an duine i limistéir mhuirí, agus trína ndéanann siad na gníomhaíochtaí sin a eagrú, chun cuspóirí éiceolaíocha, eacnamaíocha agus sóisialta a bhaint amach;

(33) ciallaíonn ‘faire na n-aigéan’ bunchloch an eolais mhuirí uile. Is í an bunús leis an tuiscint ar éiceachórais mhuirí agus ar na tosca a mbíonn tionchar acu orthu. Soláthraítear léi sonraí criticiúla le haghaidh réamhaisnéis na haimsire, straitéisí maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, faireachán ar theagmhais fhoircneacha, slándáil shibhialta – dálaí farraige, tuilte –, loingseoireacht mhuirí, fuinneamh amach ón gcósta, iascach agus dobharshaothrú, agus níos mó agus níos mó le haghaidh slándála agus cosanta. Cruthaíonn sí an bonn don chinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise agus soláthraíonn sí faisnéis ríthábhachtach faoin tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí an duine ar shláinte na n-aigéan agus faoi na seirbhísí a chuireann an t-aigéan ar fáil do shochaithe.

(34) ciallaíonn ‘neamhrialtacht’ aon sárú ar an dlí is infheidhme, a bhfuil sé d’éifeacht aige, nó a mbeadh sé d’éifeacht aige, dochar a dhéanamh do bhuiséad an Aontais trí aisíocaíocht gan údar a fháil bunaithe ar gharspriocanna, spriocanna agus aschuir chuig an mbuiséad sin;

(34a) ciallaíonn ‘neamhchomhlíonadh tromchúiseach’ easnamh i bhfeidhmiú éifeachtach an chórais bainistíochta agus rialaithe a bhfuil gá le feabhsuithe suntasacha ina leith agus i gcás ina meastar go bhfuil aon cheann de na príomhcheanglais dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV Tábla 1 neamhchomhlíontach i gcatagóirí 3 agus 4 d’Iarscríbhinn IV Tábla 2 – Aicmiú córas bainistíochta agus rialaithe nó neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 58 agus lena ndéantar dochar tromchúiseach do leasanna airgeadais an Aontais. Tabharfar aird chuí ar chineál, fad, tromchúis agus raon feidhme an neamhchomhlíonta;

(35) ciallaíonn ‘ciste sealbhaíochta’ cistí arna mbunú faoi fhreagracht údaráis bainistíochta faoi chaibidil amháin nó níos mó den **Phlean CNR nó faoi chaibidlí an Phlean um Interreg** […];

(36) ciallaíonn ‘ciste sonrach’ ciste trína gcuireann údarás bainistíochta nó ciste sealbhaíochta táirgí airgeadais ar fáil d’fhaighteoirí deiridh;

(37) ciallaíonn ‘comhlacht a chuireann ionstraim airgeadais chun feidhme’ comhlacht, a rialaítear faoin dlí poiblí nó príobháideach, agus a dhéanann cúraimí ciste sealbhaíochta nó ciste shonraigh.

(38) **[**ciallaíonn ‘réigiúin bheagfhorbartha’ réigiúin ag a bhfuil OTI per capita faoi bhun 75 % de mheán-OTI per capita AE-27 (‘réigiúin bheagfhorbartha’);**]**

(39) [ciallaíonn ‘réigiúin trasdula’ réigiúin ag a bhfuil OTI per capita idir 75 % agus 100 % de mheán-OTI per capita AE-27 (‘réigiúin trasdula’);]

(40) [ciallaíonn ‘réigiúin níos forbartha’ réigiúin ag a bhfuil OTI per capita os cionn 100 % de mheán-OTI per capita AE-27 (‘réigiúin níos forbartha’).]

(40a) ciallaíonn ‘dobharshaothrú’ orgánaigh uisceacha a thógáil nó a shaothrú ag úsáid teicníochtaí a ceapadh chun táirgeadh na n-orgánach atá i gceist a mhéadú thar ghnáthchumas na timpeallachta, agus fanfaidh na horgánaigh faoi úinéireacht duine nádúrtha nó dhlítheanaigh feadh na gcéimeanna tógála agus saothraithe, go dtí tráth na buainte, agus an tráth sin san áireamh;

[Déanfar aicmiú na réigiún faoi cheann amháin de na trí chatagóir réigiúin a chinneadh ar bhonn na caoi a mbaineann OTI per capita gach réigiúin, arna thomhas de réir caighdeáin chumhachta ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais le haghaidh na tréimhse 2021-2023, le meán-OTI AE-27 le haghaidh na tréimhse tagartha céanna.]

Glacfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, ina leagfar amach an liosta de na réigiúin a chomhlíonann critéir ceann amháin de na trí chatagóir réigiúin a leagtar amach i bpointí […] **39 go 41** agus de na Ballstáit a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 2(a) d’Airteagal 22. [Beidh an liosta sin bailí ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034.]

Airteagal 5

Bainistíocht an Chiste

1. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún an t-imchlúdach arna mhaoiniú ó bhuiséad an Aontais agus aon acmhainn bhreise a leithdháiltear ar na Pleananna CNR agus ar an bPlean Interreg a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (b) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, gan dochar do mhír 2 den Airteagal seo ná d'Airteagal […] **7(2)** de Rialachán XX [Forbairt réigiúnach, Plean Interreg] [forálacha lena bhforáiltear d'úsáid na bainistíochta indírí i gcás cineálacha áirithe comhair Interreg].

2. Déanfaidh an Coimisiún Teideal IV maidir leis an tSaoráid a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, chomhroinnte nó indíreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

3. Déanfar an cúnamh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 10**(2)(d)** a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointí (a) agus (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Airteagal 5a

Tacaíocht do ghníomhaíochtaí i dtríú tíortha nó do ghníomhaíochtaí i ndáil le tríú tíortha

Féadfar tacaíocht ón Aontas a sholáthar do ghníomhaíochtaí i dtríú tíortha nó do ghníomhaíochtaí i ndáil le tríú tíortha, ar choinníoll go rannchuidíonn na gníomhaíochtaí sin leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 [Cuspóirí sonracha]. Fónfaidh na gníomhaíochtaí sin do leasanna bheartais inmheánacha an Aontais agus beidh siad comhsheasmhach leis na gníomhaíochtaí a dhéanfar laistigh den Aontas.

Airteagal 6

Comhpháirtíocht agus rialachas il-leibhéil

1. Maidir leis an bPlean CNR agus gach caibidil, agus caibidil an Phlean Interreg dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán XX [Forbairt réigiúnach, Plean Interreg], déanfaidh gach Ballstát comhpháirtíocht chuimsitheach a eagrú agus a chur chun feidhme **ag an leibhéal iomchuí** i gcomhréir lena chreat institiúideach agus dlíthiúil agus sainiúlachtaí na gcaibidlí lena mbaineann á gcur san áireamh. Déanfaidh an chomhpháirtíocht sin **ról na réigiún a choimirciú agus** áireofar inti ionadaíocht chothrom do na comhpháirtithe seo a leanas:

(a) údaráis **náisiúnta,** réigiúnacha, áitiúla, uirbeacha, thuaithe agus údaráis phoiblí eile nó comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar na húdaráis sin;

(b) comhpháirtithe **ábhartha** eacnamaíocha agus sóisialta, lena n-áirítear, i **gcás inarb iomchuí, ionadaithe na hearnála talmhaíochta agus iascaigh** agus a n-eagraíochtaí;

(c) comhlachtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht ar an tsochaí shibhialta, amhail comhpháirtithe comhshaoil, eagraíochtaí neamh-rialtasacha, eagraíochtaí óige agus comhlachtaí atá freagrach as an gcuimsiú sóisialta, na cearta bunúsacha, cearta daoine faoi mhíchumas, an comhionannas inscne […] a chur chun cinn, **agus comhlachtaí** um neamh-idirdhealú **agus comhionannas inscne**, institiúidí agus eagraíochtaí náisiúnta um chearta an duine;

(d) eagraíochtaí taighde agus ollscoileanna, i gcás inarb iomchuí.

2. Feidhmeoidh an chomhpháirtíocht a bhunaítear i gcomhréir le mír 1 i gcomhréir le prionsabal an rialachais il-leibhéil agus le cur chuige ón mbun aníos. Tabharfaidh na Ballstáit rannpháirt do na comhpháirtithe **ábhartha** dá dtagraítear i ngach fomhír de mhír 1 in ullmhú **an Phlean CNR nó chaibidil an Phlean um Interreg** […] agus i rith ullmhú, chur chun feidhme agus mheastóireacht na gcaibidlí, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht sna coistí faireacháin **agus i gcás inarb ábhartha,** sna coistí **comhordúcháin** i gcomhréir le hAirteagal 55.

3. Déanfar an chomhpháirtíocht a eagrú agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gcód iompair Eorpach i ndáil le comhpháirtíocht arna bhunú le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 240/2014 ón gCoimisiún. **Féadfaidh an chomhpháirtíocht dul i muinín na sásraí náisiúnta atá ann cheana.**

4. Maidir leis na comhpháirtithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), áiritheoidh an Ballstát go ndéanfar ionadaíocht iomchuí ar na húdaráis […] lena mbaineann na caibidlí ábhartha den Phlean i gcomhréir leis an leibhéal críochach comhfhreagrach agus le cumhdach geografach **agus earnála** na caibidle, de réir mar is iomchuí.

5. Féadfaidh na Ballstáit maolú ar na ceanglais maidir le comhpháirtíocht agus rialachas il-leibhéil chun críocha na tacaíochta ón Aontas a bunaíodh le Rialachán (AE) 202X/XX [bainistiú teorainneacha] agus le Rialachán (AE) 202X/XX [slándáil inmheánach] **agus i gcás bearta a rannchuidíonn leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(1)(b)(i)** má tá réasúnú agus bunús cuí tugtha ag an mBallstát ina Phlean. Chun críocha na tacaíochta ón Aontas don tearmann, don imirce agus don lánpháirtíocht a bunaíodh le Rialachán (AE) 202X/XX [an imirce, an tearmann agus an lánpháirtíocht], áireofar sna comhpháirtíochtaí údaráis **náisiúnta,** réigiúnacha, áitiúla, uirbeacha agus údaráis phoiblí eile nó comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar na húdaráis sin, eagraíochtaí sochaí sibhialta, amhail eagraíochtaí dídeanaithe agus eagraíochtaí faoi stiúir imirceach, chomh maith le hinstitiúidí náisiúnta um chearta an duine agus comhlachtaí comhionannais, agus, i gcás inarb iomchuí, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta.

6. Uair amháin sa bhliain ar a laghad, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do chomhpháirtithe **dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) go (d),** ar leibhéal an Aontais maidir le cur chun feidhme na bPleananna **CNR nó an Phlean um Interreg**.

Airteagal 7

Prionsabail ghinearálta

1. [Déanfaidh na Ballstáit na bearta sa Phlean CNR agus i g**caibidlí** an Phlean um Interreg a dhearadh ar bhealach lena n-áiritheofar go n-urramófar

   (a) prionsabail an smachta reachta mar a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (a), agus Airteagal 3 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092;

   (b) na cearta, na saoirsí agus na prionsabail a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

   Urramóidh na Ballstáit na cearta, na saoirsí agus na prionsabail sin agus a bPleananna faoi seach á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme acu.]

2. Glacfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún na céimeanna iomchuí chun aon idirdhealú atá bunaithe ar inscne, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéasach a chosc le linn ullmhú, chur chun feidhme, fhaireachán, thuairisciú agus mheastóireacht na bPleananna. Go háirithe, déanfar inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a chur san áireamh i rith ullmhú agus chur chun feidhme na bPleananna.

2a. Déanfaidh na Ballstáit na bearta sa Phlean CNR agus i gcaibidlí an Phlean um Interreg a dhearadh agus a chur chun feidhme ar bhealach a n-áiritheofar go n-urramófar na prionsabail chothrománacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 202X/XXXX [an Rialachán Feidhmíochta], eadhon maidir leis an aeráid, leis an gcomhshaol agus leis an mbithéagsúlacht, an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh', beartais shóisialta agus comhionannas inscne.

3. […]

4. Beidh tacaíocht ón gCiste sa bhreis ar chistiú […] náisiúnta.

5. Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann comhordú, comhsheasmhacht agus sineirgí idir an Ciste agus cláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais, ar bhealach a bheidh i gcomhréir lena bhfreagrachtaí faoi seach. Chun na críche sin, áiritheoidh siad an méid seo a leanas:

(a) comhlántacht agus comhsheasmhacht idir ionstraimí éagsúla ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, le linn chéim na pleanála agus le linn an chur chun feidhme;

(b) dlúthchomhar idir na húdaráis atá freagrach as cur chun feidhme agus rialú ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach chun cuspóirí an Chiste […] agus sineirgí idir bearta faoi chuspóirí éagsúla an Chiste a **shaothrú**.

5a. Oibreoidh na Ballstáit agus an Coimisiún i gcomhar le chéile chun bearta agus oibríochtaí a dhearadh agus a chur chun feidhme, ar bearta agus oibríochtaí iad a mhaoinítear go carnach faoin bPlean agus faoi chlár eile de chuid an Aontais d'fhonn cistiú dúbailte a sheachaint.

Féadfar tacaíocht a fháil do na bearta ó chláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais ar choinníoll:

(a) Nach gcumhdaítear leis an tacaíocht sin na gnóthachtálacha céanna agus atá i ngarspriocanna, spriocanna agus aschuir faoin Rialachán seo; nó

(b) Nach sáraíonn an tacaíocht chomhcheangailte ó bhuiséad an Aontais 100 % de chostais mheasta nó tuairiscithe chomhiomlána na hoibríochta cistithe *pro rata*.

[…]

Airteagal 8

[…] Comhlíonadh na gceart, na saoirsí agus na bprionsabal a leagtar amach sa Chairt um Chearta Bunúsacha

1. [Déanfaidh na Ballstáit sásraí éifeachtacha a chur i bhfeidhm agus a choinneáil ar bun chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na bearta a fhaigheann tacaíocht óna bPleananna agus a gcur chun feidhme forálacha ábhartha Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh le linn chur chun feidhme an Chiste ('coinníoll cothrománach na Cairte').]

   Soláthróidh siad measúnú ar na sásraí sin, i gcomhréir le hAirteagal […] **22(2b)**, pointe […] **(o)** [ceanglais maidir leis an bPlean CNR] agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi aon mhodhnú a mbeidh tionchar aige ar chomhlíonadh choinníoll cothrománach na Cairte.

2. I gcás ina measann an Coimisiún nach gcomhlíonann Ballstát coinníoll cothrománach na Cairte, dá bhforáiltear i mír 1, nó nach gcomhlíonann sé a thuilleadh é, tabharfaidh sé fógra don Bhallstát lena mbaineann faoina mheasúnú **agus faoi na bearta a ndéantar difear dóibh laistigh den Phlean CNR** […] agus an fhaisnéis arna soláthar ag an mBallstát lena mbaineann ina Phlean CNR **á cur san áireamh**, mar […] fhreagairt ar bharúlacha ón gCoimisiún, agus […] faisnéis ábhartha, lena n-áirítear […] **na moltaí tírshonracha arna nglacadh ag an gComhairle** le linn an tSeimeastair Eorpaigh […] **agus na moltaí sa tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta arna heisiúint ag an gCoimisiún, chomh maith le cásdlí na Cúirte Breithiúnais**.

3. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a bharúlacha agus a bhearta […] **féideartha** ceartaitheacha, lena n-áirítear athruithe ar an **bPlean** CNR **agus** ar an bPlean **um Interreg**, a chur i láthair laistigh de 2 mhí tar éis fógra a thabhairt faoin measúnú de bhun mhír 2.

4. I gcás ina gcinneann an Coimisiún nár comhlíonadh coinníoll cothrománach na Cairte, **cuirfidh sé togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh** [...] cinneadh cur chun feidhme lena gcinnfear neamhchomhlíonadh choinníoll cothrománach na Cairte agus lena sainaithneofar bearta sonracha an Phlean CNR **agus an Phlean um Interreg** a ndéanann an neamhchomhlíonadh difear dóibh, laistigh de 2 mhí tar éis dó barúlacha an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 3 a fháil.

Chun […] críoch **an chinnidh sin, tabharfar aird chuí ar thionchar iarbhír nó thionchar féideartha an neamhchomhlíonta ar choinníoll cothrománach na Cairte ar bainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó ar leasanna airgeadais an Aontais chomh maith le cineál, fad, tromchúis agus raon feidhme** […] neamhchomhlíonadh choinníoll cothrománach na Cairte […].

Glacfaidh an Chomhairle an cinneadh cur chun feidhme laistigh de 4 seachtaine tar éis ghlacadh an togra ón gCoimisiún.

4a. Maidir leis an bPlean um Interreg, aon chinneadh cur chun feidhme a dhéanfar i ndáil le neamhchomhlíonadh choinníoll cothrománach na Cairte dá dtagraítear i mír 4, cuirfear i bhfeidhm go heisiach é i ndáil le bearta a ndéanann an neamhchomhlíonadh difear dóibh, agus feidhmeanna údaráis an Bhallstáit atá freagrach as an neamhchomhlíonadh sin á gcur san áireamh agus na Caibidlí ábhartha Interreg á gceapadh agus á gcur chun feidhme.

(a) […]

(b) […]

5. Féadfaidh an Ballstát iarratais ar íocaíocht a chur isteach le haghaidh na mbeart sonrach a shainaithneofar sa chinneadh dá dtagraítear i mír 4, ach ní dhéanfaidh an Coimisiún na híocaíochtaí comhfhreagracha go dtí go gcomhlíonfar coinníoll cothrománach na Cairte.

6. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas a luaithe a mheasfaidh sé gur comhlíonadh coinníoll cothrománach na Cairte. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin laistigh de 2 mhí tar éis í a fháil. I gcás ina measann an Coimisiún gur comhlíonadh **go hiomlán nó go páirteach** coinníoll cothrománach na Cairte, **molfaidh sé don Chomhairle** an cinneadh dá dtagraítear i mír 4 a aisghairm **nó a leasú**. **Glacfaidh an Chomhairle an cinneadh cur chun feidhme laistigh de 4 seachtaine tar éis ghlacadh an togra ón gCoimisiún.**

▌

7. Déanfaidh an Coimisiún laghdú comhréireach ar an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas […] leis na Ballstáit a mhéid a bhaineann leis na bearta sonracha lena mbaineann nó, i leith na tacaíochta iasachta, déanfaidh sé aon bheart atá ar fáil faoin gcomhaontú iasachta, i gcás nár aisghaireadh an cinneadh dá dtagraítear i mír 4 laistigh de bhliain amháin tar éis a ghlactha. **Go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún an measúnú dá dtagraítear i mír 6 ar aon fhaisnéis a chuirfidh an Ballstát lena mbaineann isteach laistigh den bhliain sin, ní dhéanfar an laghdú ar ranníocaíocht airgeadais an Aontais.**

8. ▌

Airteagal 9

Urraim do phrionsabail an smachta reachta

1. [Áiritheoidh na Ballstáit go n-urramófar prionsabail an smachta reachta mar a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (a), agus Airteagal 3 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 le linn chur chun feidhme an Chiste ('coinníoll cothrománach an smachta reachta'). Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi aon mhodhnú a imreoidh tionchar ar chomhlíonadh an choinníll sin.]

2. I gcás ina measann an Coimisiún nach gcomhlíonann Ballstát coinníoll cothrománach an smachta reachta, nó nach gcomhlíonann sé a thuilleadh é, tabharfaidh sé fógra don Bhallstát lena mbaineann faoina mheasúnú **agus faoi na bearta a ndéantar difear dóibh laistigh den Phlean CNR**, agus an fhaisnéis arna soláthar ag an mBallstát lena mbaineann ina Phlean CNR **á cur san áireamh**, mar […] fhreagairt ar bharúlacha ón gCoimisiún, agus **faisnéis ábhartha, lena n-áirítear na moltaí tírshonracha arna nglacadh ag an gComhairle** le linn an tSeimeastair Eorpaigh […] **agus na moltaí sa tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta arna heisiúint ag an gCoimisiún, chomh maith le cásdlí na Cúirte Breithiúnais**.

3. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a bharúlacha agus a bhearta […] **féideartha** ceartaitheacha, lena n-áirítear athruithe ar an **bPlean** CNR **agus** ar an bPlean **um Interreg**, a chur i láthair laistigh de 2 mhí tar éis fógra a thabhairt faoin measúnú de bhun mhír […] **2**.

4. I gcás ina gcinneann an Coimisiún nach gcomhlíontar coinníoll cothrománach an smachta reachta, molfaidh sé cinneadh cur chun feidhme **don** Chomhairle lena gcinnfear neamhchomhlíonadh choinníollacha cothrománacha na an Smachta Reachta agus lena sainaithneofar bearta sonracha an Phlean CNR agus an Phlean **um Interreg** a ndéanann an neamhchomhlíonadh difear dóibh, laistigh de 2 mhí tar éis dó barúlacha an Bhallstáit dá dtagraítear i […] **mír 3** a fháil.

Chun […] críoch **an chinnidh sin, tabharfar aird chuí ar thionchar iarbhír nó thionchar féideartha neamhchomhlíonadh choinníoll cothrománach an smachta reachta ar bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó ar leasanna airgeadais an Aontais chomh maith le cineál, fad, tromchúis agus raon feidhme** […] neamhchomhlíonadh choinníoll cothrománach an smachta reachta […].

(a) […]

(b) […]

Glacfaidh an Chomhairle an cinneadh cur chun feidhme laistigh de 4 seachtaine tar éis ghlacadh an togra ón gCoimisiún.

4a. Maidir leis an bPlean um Interreg, aon chinneadh cur chun feidhme a dhéanfar i ndáil le neamhchomhlíonadh choinníoll cothrománach an Smachta Reachta dá dtagraítear i mír 4, cuirfear i bhfeidhm go heisiach é i ndáil le bearta a ndéanann an neamhchomhlíonadh difear dóibh, agus feidhmeanna údaráis an Bhallstáit atá freagrach as an neamhchomhlíonadh sin á gcur san áireamh agus na Caibidlí ábhartha Interreg á gceapadh agus á gcur chun feidhme.

5. Féadfaidh an Ballstát iarratais ar íocaíocht a chur isteach le haghaidh na mbeart sonrach a shainaithneofar sa chinneadh dá dtagraítear i mír 4, ach ní dhéanfaidh an Coimisiún na híocaíochtaí comhfhreagracha go dtí go gcomhlíonfar coinníoll cothrománach an Smachta Reachta.

6. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas a luaithe a mheasfaidh sé gur leigheasadh an sárú ar choinníoll cothrománach an smachta reachta. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin laistigh de 2 mhí tar éis í a fháil. Má mheasann an Coimisiún gur leigheasadh an sárú ina iomláine, molfaidh sé don Chomhairle an cinneadh dá dtagraítear i mír 4 a aisghairm. Má mheasann an Coimisiún gur leigheasadh an sárú i bpáirt, molfaidh sé don Chomhairle an cinneadh dá dtagraítear i mír 4 a leasú dá réir sin. Glacfaidh an Chomhairle an cinneadh cur chun feidhme laistigh de 4 seachtaine tar éis ghlacadh an togra ón gCoimisiún.

7. Déanfaidh an Coimisiún laghdú comhréireach**, agus i gcomhréir le mír 4,** ar an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas […] **leis** an mBallstát a mhéid a bhaineann le bearta sonracha an Phlean nó, i leith na tacaíochta iasachta, déanfaidh sé aon bheart atá ar fáil faoin gcomhaontú iasachta, i gcás nár aisghaireadh an cinneadh dá dtagraítear i mír 4 [laistigh de bhliain [amháin] tar éis a ghlactha]. **Go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún an measúnú dá dtagraítear i mír 6 ar aon fhaisnéis a chuirfidh an Ballstát lena mbaineann isteach laistigh den bhliain sin, ní dhéanfar an laghdú ar ranníocaíocht airgeadais an Aontais.**

8. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas láithreach faoi aon chinneadh arna moladh, arna nglacadh, arna leasú nó arna aisghairm de bhun mhíreanna 4 agus 6.

TEIDEAL II
AN CREAT AIRGEADAIS

CAIBIDIL 1
Forálacha coiteanna

[*Airteagal 10*
Buiséad

1. Is é EUR 865 076 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chiste le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí mí na Nollaig 2034.

2. Leithdháilfear an t-imchlúdach airgeadais mar a leanas:

   (a) Leithdháilfear EUR 782 879 000 000 ar na Pleananna CNR dá dtagraítear i dTeideal III i gcomhréir le hIarscríbhinn I [Eochair leithdháilte], agus as sin:

      (i) EUR 217 798 000 000 ar a laghad do réigiúin bheagfhorbartha trí íosmhéideanna a bhunú in aghaidh an Bhallstáit bunaithe ar an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn II;

(ii) EUR 295 700 000 000 ar a laghad le haghaidh idirghabhálacha CBT dá dtagraítear in Airteagal 35(1) [cineálacha tacaíochta], mír 1, pointí (a) go (k) agus (r) agus mír 10 agus le haghaidh idirghabhálacha a liostaítear in Airteagal 35, mír 11;

(iii) EUR 34 215 510 000 ar a laghad mar a leanas: EUR 11 975 428 500 mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 202X/XXX [lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tearmann, don imirce agus don lánpháirtiú le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034], EUR 15 396 750 000 mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 202X/XXX [lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas do limistéar Schengen, bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus an comhbheartas víosaí le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034] agus EUR 6 843 331 500 mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 202X/XXX [lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tslándáil inmheánach le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034] maidir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 de na Rialacháin sin.

(b) déanfar EUR 71 933 000 000 a leithdháileadh ar an tSaoráid dá dtagraítear i dTeideal IV;

(c) déanfar EUR 10 264 000 000 a leithdháileadh ar an bPlean Interreg dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán XX [Forbairt réigiúnach, Plean Interreg];

(d) déanfar suas le 0,5 % den imchlúdach airgeadais a leithdháileadh ar an gcúnamh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin, dá dtagraítear in Airteagal 12 [cúnamh teicniúil].

3. I dteannta an leithdháilte a leagtar amach sa dara mír, pointe (a), áireofar sa ranníocaíocht airgeadais ón Aontas EUR 50 100 000 000 ó na méideanna don Chiste Aeráide Sóisialta a leagtar amach in Airteagal 30d(4), an ceathrú fomhír, pointí (c) go (g) de Threoir 2003/87/CE atá le cur chun feidhme faoi na Pleananna, i gcomhréir leis an dáileadh a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/955. Is éard a bheidh sa mhéid sin ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

4. Beidh EUR 150 000 000 000 de thacaíocht iasachta ar fáil do na Ballstáit chun a bPleananna a chur chun feidhme.

5. Déanfar 14 % ar a laghad den imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 2 agus den mhéid dá dtagraítear i mír 4 a thiomnú do chomhlíonadh chuspóirí sóisialta an Aontais, arna ríomh trí úsáid a bhaint as na comhéifeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) [Rialachán Feidhmíochta]. Déanfar an méid a leagtar amach i mír 2, pointe (a), litir (ii), chomh maith leis an ioncam sannta seachtrach ón gCiste Aeráide Sóisialta, a eisiamh ón mbonn chun an leithdháileadh íosta sin a ríomh.

6. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun an t-uasmhéid atá le leithdháileadh in aghaidh an Bhallstáit a bhunú tríd an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chur i bhfeidhm, maidir leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3.]

Airteagal 11

Acmhainní breise agus úsáid acmhainní

1. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó tríú páirtithe eile, ranníocaíochtaí breise a dhéanamh leis an gCiste. Is ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(2), pointí (a), (d), nó (e), nó Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a bheidh sna ranníocaíochtaí airgeadais breise.

2. [Chun beart a chur chun feidhme faoina bPlean CNR, féadfaidh na Ballstáit a mholadh go n-áireofaí ina bPlean CNR, mar chostais mheasta, méideanna na ranníocaíochtaí airgeadais atá le déanamh ag na Ballstáit le cláir nó le hionstraimí de chuid an Aontais lena gcuirtear chun feidhme beartais atá ailínithe le cuspóirí an Phlean CNR chun an beart a chur chun feidhme trí na cláir nó na hionstraimí sin. Féadfar na ranníocaíochtaí sin a dhéanamh freisin le soláthar na ráthaíochta buiséadaí, le maoiniú na hionstraime airgeadais nó le haon mhéid de thacaíocht neamh-inaisíoctha nuair a chomhcheanglaítear iad leis an ráthaíocht bhuiséadach nó leis an ionstraim airgeadais in oibríocht mheasctha, faoi [Ionstraim InvestEU CEI]. Comhlíonfaidh an beart ceanglais an Rialacháin seo. I gcás ina rannchuidíonn na méideanna sin le soláthar na ráthaíochta buiséadaí faoi [Ionstraim InvestEU CEI], déanfar iad a chomhlánú, i gcás inarb ábhartha, le ráthaíocht chomhuaineach ón mBallstát lena gcumhdaítear an dliteanas teagmhasach neamhsholáthraithe.]

3. Féadfaidh na Ballstáit, tráth a chuirtear isteach a bPlean tosaigh **CNR**, nó in éineacht le haon iarraidh ar leasú, iarraidh a dhéanamh cuid den mhéid a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) XX (IMIRCE), Airteagal 4 de Rialachán (AE) XX (TEORAINNEACHA) agus Airteagal 4 de Rialachán (AE) XX (SLÁNDÁIL) a ath-leithdháileadh chun cuspóirí a leagtar amach i gceann eile de na Rialacháin sin a chur chun feidhme. Ní dhéanfaidh an Coimisiún agóid i gcoinne iarraidh ar ath-leithdháileadh ach amháin i gcás ina ndéanfadh an t-ath-leithdháileadh sin difear do chomhlíontacht an Phlean **CNR** leasaithe le ceanglais Airteagal 22 a leagtar amach sa Rialachán seo.

Airteagal 12

Cúnamh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin

1. Ar thionscnamh an Choimisiúin, féadfaidh an Ciste tacú le cúnamh teicniúil agus riaracháin chun na [...] **Pleananna CNR** agus **na caibidlí** den Phlean um Interreg a chur chun feidhme, mar shampla gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialúcháin, iniúchóireachta agus meastóireachta, córais agus ardáin teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, **chomh maith le** gníomhaíochtaí **fothaithe acmhainneachta** lena n-áirítear trí líonraí uile-Aontais a bhunú lena gcuimsítear na Ballstáit **agus a** n-údaráis **réigiúnacha** agus geallsealbhóirí eile, cumarsáid chorparáideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, chomh maith le gach cúnamh teicniúil agus riaracháin eile nó gach costas eile a bhaineann leis an bhfoireann arna thabhú ag an gCoimisiún chun an Ciste a bhainistiú, agus i gcás inarb iomchuí le tríú tíortha.

2. Tacóidh an Ciste [...] le gach cúnamh teicniúil agus riaracháin eile is gá chun an Comhbheartas Talmhaíochta agus an Comhbheartas Iascaigh a chur chun feidhme agus a bhainistiú, lena n-áirítear bearta rialaithe agus forfheidhmithe iascaigh, rialuithe margaidh, bailiú nó ceannach sonraí, lena n-áirítear sonraí satailíte, sonraí geospásúla agus sonraí meitéareolaíocha, faireachán ar acmhainní, forbairt agus coinneáil ar bun dheimhniú leictreonach na dtáirgí orgánacha agus na gcóras teicneolaíochta faisnéise corparáideach gaolmhar, forbairt, clárú agus cosaint na dtásc, na ngiorrúchán agus na siombailí a thagraíonn do scéimeanna cáilíochta an Aontais agus do ranníocaíochtaí faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta.

3. Féadfaidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 **agus 2** clárthréimhsí a bhí ann roimhe seo agus a bheidh ann ina dhiaidh seo a chumhdach.

4. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh maoiniúcháin tráth a bheidh ranníocaíocht ón gCiste seo beartaithe i gcomhréir le hAirteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

5. Ag brath ar an gcuspóir, féadfar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear san Airteagal seo a mhaoiniú mar chaiteachas oibríochtúil nó mar chaiteachas riaracháin.

6. I gcomhréir le hAirteagal 196(2), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus a shonraítear sa chinneadh maoiniúcháin agus ar feadh tréimhse theoranta, féadfar a mheas go bhfuil gníomhaíochtaí cúnaimh theicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin a dtacaítear leo faoin Rialachán seo i mbainistíocht dhíreach agus na costais bhunúsacha incháilithe ón 1 Eanáir 2028, fiú má cuireadh na gníomhaíochtaí sin chun feidhme agus má tabhaíodh iad sular cuireadh isteach an t-iarratas ar dheontas.

Airteagal 13

Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ó Bhallstát

1. Ar thionscnamh ó Bhallstát, féadfaidh an Ciste tacú le gníomhaíochtaí, a d'fhéadfadh a bheith bainteach freisin le clárthréimhsí a bhí ann roimhe seo agus a bheidh ann ina dhiaidh seo, a bhfuil gá leo chun an Ciste a chur chun feidhme **agus a chomhordú** go héifeachtach, lena n-áirítear, maoiniú a chur ar fáil chun feidhmeanna a dhéanamh, **ach gan bheith teoranta do,** i measc nithe eile, cuir i gcás ullmhú, oiliúint, bainistiú, faireachán, **iniúchadh agus rialú**, meastóireacht, faisnéis, infheictheacht agus cumarsáid**, costais ghaolmhara foirne, chomh maith le fothú acmhainneachta do chomhpháirtithe atá rannpháirteach sa chur chun feidhme de réir Airteagal 6.**

2. Bunófar cúnamh teicniúil do gach Plean CNR [...] mar ráta comhréidh suas le [...] **3,5 % don phlean CNR ina iomláine, gan dochar do shaincheart na mBallstát na méideanna éagsúla a leithdháileadh ar chaibidlí Phlean NRP, agus ráta comhréidh suas le 8 % le haghaidh gach caibidle den Phlean um Interreg**. **Beidh feidhm ag cúnamh teicniúil** maidir leis an méid a áirítear i ngach iarratas ar íocaíocht de bhun Airteagal 65 [iarratais ar íocaíocht]. **Suas le 5 % a bheidh sa ráta comhréidh le haghaidh bhearta an Phlean CNR a thacaíonn leis na réigiúin is forimeallaí, agus suas le 10 %** a bheidh ann le haghaidh na gcaibidlí den Phlean um Interreg a thacaíonn leis an gcomhar sna **réigiúin** is forimeallaí agus leis an gcomhar maidir le teorainneacha seachtracha. **Íocfar an cúnamh teicniúil anuas ar an méid a eisíocfar le haghaidh garspriocanna, spriocanna agus aschur.**

3. […]

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na méideanna a íocfaidh an Coimisiún ar mhaithe le **cúnamh teicniúil le haghaidh** na bPleananna CNR a dháileadh ar bhealach [...] cothrom ar fud chaibidlí uile an Phlean **CNR** chun na cuspóirí ar fad a dtacaítear leo a chur chun cinn, i **gcomhréir lena gcreat institiúideach agus riaracháin.**

5. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht **bhreise** a iarraidh **ar ghníomhaíocht ábhartha faoi Shaoráid AE** chun athchóirithe a áirítear ina bPleananna CNR a ullmhú, **sa bhreis ar an ráta comhréidh.**

CAIBIDIL 2

Tacaíocht faoi na Pleananna

[Airteagal 14

Gealltanais bhuiséadacha

1. Déanfaidh an Coimisiún gealltanais bhuiséadacha an Aontais maidir le leithdháileadh airgeadais gach Plean i dtráthchodanna bliantúla i gcomhréir le hAirteagal 112(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir 2028 agus an 31 Nollaig 2034 mar a leanas (slánaithe):

   (a) 15,8 % in 2028;

   (b) 15,5 % in 2029;

   (c) 15,1 % in 2030;

   (d) 14,8 % in 2031;

(e) 14,4 % in 2032;

(f) 12,8 % in 2033;

(g) 11,7 % in 2034.

2. Méid solúbthachta, arb é atá ann 25 % den ranníocaíocht airgeadais ón Aontas de chuid Ballstáit mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I [modh leithdháilte], ní bheidh sé ar fáil ach amháin lena chlárú mar a leanas:

(a) Féadfaidh Ballstát suas le haon chúigiú a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 34 (Leasú ar an bplean i gcás géarchéimeanna), agus beidh an méid atá fágtha le clárú i gcomhréir le hAirteagal 25 (athbhreithniú meántéarma);

(b) féadfaidh Ballstát trí chúigiú a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 25 [athbhreithniú meántéarma] ar féidir cuid de a iarraidh roimh an athbhreithniú meántéarma in imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo;

(c) ní fhéadfaidh an Ballstát an cúigiú cuid a iarraidh ach amháin ó 2031 ar aghaidh, i gcomhréir le hAirteagal 34 (Leasú ar an bplean i gcás géarchéimeanna). Ón 30 Meitheamh 2033 ar aghaidh, beidh aon mhéid neamhchláraithe ar fáil lena chlárú chun aon leasú a dhéanamh ar an bPlean.

Ní áireofar sa mhéid solúbthachta an chuid den ranníocaíocht airgeadais a leithdháiltear ar idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 35(1), pointí (a) go (h), (j), (k) agus (r) [cineálacha idirghabhála].

Maidir leis an méid solúbthachta, ní thosóidh an teorainn ama a leagtar amach in Airteagal 15(1) go dtí go gclárófar méideanna i gcomhréir le pointí (a), (b) agus (c).

Níl feidhm ag an mír seo maidir leis an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas de chuid Ballstáit leis an bPlean um Interreg.]

Airteagal 15

Saoradh

1. [Saorfaidh an Coimisiún aon mhéid i bPlean CNR agus i gcaibidil den Phlean um Interreg nár úsáideadh le haghaidh réamh-mhaoiniú, i gcomhréir le hAirteagal 17 [réamh-mhaoiniú] nó nár cuireadh iarratas ar íocaíocht isteach ina leith i gcomhréir le hAirteagal 65 [iarratais ar íocaíocht a chur isteach agus a mheasúnú], faoin 31 Deireadh Fómhair den bhliain féilire tar éis bhliain na ngealltanas buiséadach.]

2. Déanfar an méid a mbaineann an saoradh leis a laghdú leis na méideanna atá coibhéiseach leis an gcuid sin den ghealltanas buiséadach, a bhfuil an méid seo a leanas fíor ina leith:

   (a) cuireadh na hoibríochtaí ar fionraí trí imeacht dhlíthiúil nó trí achomharc riaracháin a bhfuil éifeacht fhionraíoch aige; nó

   (b) ní rabhthas in ann iarratas ar íocaíocht a dhéanamh ar chúiseanna force majeure a dhéanann dochar tromchúiseach do chur chun feidhme an Phlean CNR nó chaibidil den phlean um Interreg ina n-iomláine nó i bpáirt.

   Na húdaráis náisiúnta a mhaíonn *force majeure* dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), léireoidh siad iarmhairtí díreacha an *force majeure* ar chur chun feidhme an [...] **Phlean** ina iomláine nó i bpáirt.

3. Faoin 31 Eanáir, cuirfidh an Ballstát faisnéis chuig an gCoimisiún faoi na heisceachtaí dá dtagraítear i mír 2, an chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), i dtaobh na [...] **méideanna** atá le dearbhú faoin 31 [...] **Deireadh Fómhair** den bhliain roimhe sin.

4. [Na leithreasuithe a chomhfhreagraíonn do shaoradh i gcomhréir le hAirteagal 7(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 agus Airteagail 8 [an Chairt] agus 9 [coinníoll cothrománach an smachta reachta] den Rialachán seo, féadfar iad a chur ar fáil arís lena n-úsáid faoi ionstraimí nó cláir eile de chuid an Aontais arna gcur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, go háirithe ionstraimí nó cláir a thacaíonn le daonlathas na hEorpa, leis an tsochaí shibhialta, le luachanna an Aontais nó leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe.]

5. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le méideanna a chuirtear ar fáil mar ioncam a shanntar go seachtrach agus ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 3 maidir le hidirghabhálacha a liostaítear in Airteagal 35(1), **pointí** (a) go (g) [cineálacha idirghabhála].

Airteagal 16

Nós imeachta maidir le saoradh

1. Ar bhonn na faisnéise atá faighte aige ón 31 Eanáir, cuirfidh an Coimisiún in iúl don Bhallstát méid an tsaortha.

2. Beidh 2 mhí ag an mBallstát tar éis an fhaisnéis ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1 a fháil chun aontú leis an méid atá le saoradh nó chun a bharúlacha a chur isteach.

3. I gcás ina mbaineann an saoradh le méideanna a gealladh faoin bPlean CNR, cuirfidh an Ballstát iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ar leasú ar an bPlean CNR faoin 30 Meitheamh ina léireofar [...] an méid laghdaithe tacaíochta. Dáilfear […] an **méid laghdaithe** sa Phlean CNR […] agus an dul chun cinn atá déanta maidir le bearta a chur chun feidhme i gcaibidlí Phlean CNR **á chur san áireamh**.

4. Maidir leis an bPlean um Interreg, déanfar gealltanais airgeadais ar leibhéal na caibidle. I gcás ina mbaineann an saoradh le méideanna a gealladh faoi chaibidil de Interreg, cuirfidh an Ballstát a bhfuil an t-údarás bainistíochta á óstáil aige iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ar leasú ar an gcaibidil de Interreg faoin 30 Meitheamh ina léireofar an méid laghdaithe tacaíochta.

4a. Tar éis nós imeachta maidir le saoradh a leagtar amach san Airteagal seo, glacfaidh an Coimisiún cinneadh maoiniúcháin athbhreithnithe, mar a leagtar amach in Airteagal 23(7) é. Cuirfear an Chomhairle ar an eolas faoin bPlean CNR leasaithe. Ní bheidh gá leis an leasú ar an gcinneadh cur chun feidhme ón gComhairle a leagtar síos in Airteagal 23(1) ach amháin i gcás ina mbeidh gá an cinneadh sin maidir le leasú ar an bPlean ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 24(5). Maidir leis an gcaibidil den Phlean um Interreg, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 20XX/XXXX [Rialachán CFRE].

5. Mura ndéanfar aighneacht dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4, laghdóidh an Coimisiún an ranníocaíocht ón gCiste don bhliain féilire lena mbaineann, tráth nach déanaí ná an 31 Deireadh Fómhair i gcomhréir leis na míreanna sin. **Maidir le plean CNR, dáilfear an méid laghdaithe sa Phlean CNR agus an dul chun cinn atá déanta maidir le bearta a chur chun feidhme i gcaibidlí Phlean CNR á chur san áireamh.**

Maidir leis an Plean um Interreg, mar thoradh ar shaoradh, ní laghdófar ach méideanna na caibidle den Phlean um Interreg lena mbaineann.

6. […]

Airteagal 17

Réamh-mhaoiniú

1. [Faoi réir an chinnidh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 23 a bheith glactha ag an gComhairle agus faoi réir cistí a bheith ar fáil, déanfaidh an Coimisiún íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin. [10]% de leithdháileadh airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 14 [gealltanais bhuiséadacha] a bheidh i méid an réamh-mhaoinithe agus íocfar é i dtráinsí thar [3] bliana as a chéile, mar a leanas: [4]% in 2028, [3]% in 2029, agus [3]% in 2030. I gcás ina nglacfaidh an Chomhairle an cinneadh cur chun feidhme tar éis an 31 Iúil 2028, ní íocfar ach tráinsí 2029 agus 2030.

2. Íocfaidh an Coimisiún réamh-mhaoiniú dar luach [12]% den ranníocaíocht airgeadais ón Aontas ón gCiste le gach caibidil den Phlean um Interreg, mar a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme lena bhformheastar an chaibidil den Phlean um Interreg de bhun Airteagal 8 de Rialachán XX [Forbairt réigiúnach, Plean um Interreg], faoi réir na gcistí atá ar fáil. Íocfar an méid sin i [3] thráinse chomhionanna de [4]% thar [3] bliana as a chéile.]

I gcás ina bhfaigheann caibidil den Phlean um Interreg tacaíocht ón Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda, féadfar rialacha sonracha maidir le réamh-mhaoiniú de mhaolú ar an mír seo a bhunú sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 8 de Rialachán XX [Forbairt réigiúnach, Plean um Interreg] [Formheas agus leasú an Phlean um Interreg].

3. Déanfar na méideanna a íoctar mar réamh-mhaoiniú a imréiteach ó chuntais an Choimisiúin ar a dhéanaí nuair a gheofar an pacáiste dearbhaithe bliantúil don bhliain dheireanach den chur chun feidhme.

[Airteagal 18

Iarraidh ar thacaíocht iasachta

1. Leagfar amach an méid seo a leanas san iarraidh ar thacaíocht iasachta ó Bhallstát:

   (a) méid na tacaíochta iasachta a iarradh;

   (b) na bearta i gcomhréir le hAirteagal 21 [Ullmhú agus cur isteach an Phlean] atá le maoiniú leis an tacaíocht iasachta;

   (c) na riachtanais airgeadais atá nasctha leis na bearta dá dtagraítear i bpointe (b);

   (d) míniú ar an bhfáth a bhfuil costas measta an Phlean CNR níos airde ná iomlán na ranníocaíochta airgeadais ón Aontas, agus an ranníocaíocht náisiúnta á cur san áireamh.

2. Ní bheidh an tacaíocht iasachta níos airde ná an difríocht idir costais mheasta iomlána an Phlean, arna n-athscrúdú i gcás inarb ábhartha, agus iomlán na ranníocaíochta airgeadais ón Aontas agus na ranníocaíochta náisiúnta.

3. Cuirfidh na Ballstáit an iarraidh ar thacaíocht iasachta faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Eanáir 2028.

4. Déanfaidh an Coimisiún méideanna na tacaíochta iasachta dá dtagraítear in Airteagal 10(4) a leithdháileadh ar na Ballstáit agus prionsabail na córa comhionainne, na dlúthpháirtíochta, na comhréireachta agus na trédhearcachta á gcur san áireamh aige. Ní rachaidh sciar na n-iasachtaí a dheonófar do na trí Bhallstát a chuimsíonn an sciar is mó de na hiasachtaí, thar 60 % den uasmhéid dá dtagraítear in Airteagal 10(4).

I gcás, tar éis leithdháileadh na n-iasachtaí dá dtagraítear i mír 3, ina mbeidh méideanna fós ar fáil le haghaidh tacaíocht iasachta, féadfaidh an Coimisiún glaonna nua ar léirithe spéise a fhoilsiú le haghaidh tacaíocht iasachta. Sa chás sin, beidh feidhm mutatis mutandis ag an nós imeachta a leagtar amach i míreanna 1 go 5 den Airteagal seo agus in Airteagal 19.

5. Íocfar an iasacht faoi réir chomhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna i gcomhréir le hAirteagal 65 [iarratas ar íocaíocht].

6. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an iarraidh ar thacaíocht iasachta i gcomhréir le hAirteagal 23 [Togra ón gCoimisiún agus cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle].]

[*Airteagal 19*

Comhaontú iasachta agus oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí

1. Chun tacaíocht faoin bPlean i bhfoirm iasachtaí a mhaoiniú, cumhachtófar an Coimisiún, thar ceann an Aontais, na cistí is gá a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil nó ó institiúidí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 224 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

2. Ar ghlacadh an chinnidh cur chun feidhme ón gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 23 [Togra ón gCoimisiún agus cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle], déanfaidh an Coimisiún comhaontú iasachta leis an mBallstát. Sa bhreis ar na gnéithe a leagtar síos in Airteagal 223(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, leagfar síos sa chomhaontú iasachta uasmhéid na hiasachta, an tréimhse infhaighteachta, uasfhad gach eisíocaíochta den iasacht agus téarmaí agus coinníollacha mionsonraithe na tacaíochta. Féadfaidh méid an réamh-mhaoinithe agus na rialacha maidir le himréiteach an réamh-mhaoinithe a bheith sna comhaontuithe sin freisin.]

[Airteagal 20

Ranníocaíocht náisiúnta leis na costais mheasta

1. Ní bheidh an t-íosráta ranníocaíochta náisiúnta le costais mheasta birt de chuid an Phlean **CNR** níos ísle ná:

   (a) [15] % i gcás réigiúin bheagfhorbartha;

   (b) [40] % i gcás réigiúin trasdula;

   (c) [60] % i gcás réigiúin níos forbartha.

2. Maidir le beart ar leith, i gcás nach féidir cion an chur chun feidhme […] i **gcatagóir réigiúin ar leith** a chinneadh, ní bheidh an ráta ranníocaíochta náisiúnta leis na costais mheasta níos ísle ná meán ualaithe daonra rátaí ranníocaíochta infheidhme a réigiún a leagtar síos i mír 1.

3. Ní bheidh an ráta ranníocaíochta náisiúnta ar leibhéal gach caibidle de Interreg níos ísle ná [20] %. Déanfar an ráta a laghdú [[5]] phointe céatadáin le haghaidh caibidlí lena dtacaítear le comhar na réigiún is forimeallaí agus le comhar [...] ar theorainneacha seachtracha.

4. Ní iarrfar aon ranníocaíocht náisiúnta le haghaidh idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 35(**1**), pointí (a), (b), (c) agus (g). Ní sholáthrófar aon mhaoiniú náisiúnta breise le haghaidh na n-idirghabhálacha sin. Aon ráta ranníocaíochta de mhaolú orthu sin i mír 1 a leagtar amach le haghaidh idirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal V, lena n-áirítear i gcás nach n-iarrtar aon ranníocaíocht náisiúnta, ní bheidh feidhm aige ach amháin maidir le méid iomlán idirghabhálacha nach mó ná **méid** sciar an Bhallstáit den mhéid a leagtar amach in Airteagal 10(2), pointe (a)(ii), mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I **agus aon mhéid breise arna chlársceidealú i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 14(2)(b) i dtreo idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 35(1)(a), (b), (c) agus (g).**

5. Maidir le hidirghabhálacha i réimse na nGnóthaí Baile a bhaineann le hathlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil, aistriú iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus scéim idirthurais speisialta, agus costais oibríochtúla an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil, chomh maith le ranníocaíochtaí airgeadais ón gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil, ní bheidh gá le haon ranníocaíocht náisiúnta. Maidir le hidirghabhálacha eile i réimse na nGnóthaí Baile, ní bheidh an bhonnlíne le haghaidh cómhaoiniú ón Aontas níos airde ná [X] %.]

TEIDEAL III
PLEANANNA COMHPHÁIRTÍOCHTA NÁISIÚNTA AGUS RÉIGIÚNAÍ

CAIBIDIL 1
An Plean CNR a ullmhú agus a ghlacadh

Airteagal 21

An Plean CNR a ullmhú agus a thíolacadh

1. [Déanfaidh gach Ballstát an Plean CNR a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina leagfar amach a gclár oibre maidir le hathchóirithe, infheistíochtaí agus idirghabhálacha eile. Beidh bearta i ngach Plean **CNR** arb é atá i gceist leo pacáiste cuimsitheach comhleanúnach.] […]

2. Déanfaidh gach Ballstát an Plean **CNR** a ullmhú agus a chur chun feidhme **i gcomhréir le prionsabail** na comhpháirtíochta agus an rialachais il-leibhéil mar a leagtar amach in Airteagal 6 iad[Comhpháirtíocht **agus rialachas il-leibhéil**], lena n-áirítear údaráis réigiúnacha agus áitiúla [...]. [Áireofar sa Phlean **CNR** caibidlí náisiúnta, caibidlí earnálacha, agus, i gcás inarb ábhartha, caibidlí réigiúnacha agus críochacha.] **Beidh na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla rannpháirteach, i gcomhréir le creat institiúideach, dlíthiúil agus airgeadais an Bhallstáit, in ullmhú, i gcur chun feidhme agus i meastóireacht a dhéanamh ar Phlean CNR, lena n-áirítear na caibidlí réigiúnacha faoi seach i gcás inarb iomchuí. Má chinneann Ballstát caibidlí réigiúnacha a chur chun feidhme le haghaidh gnéithe den Phlean CNR, leis na húdaráis réigiúnacha atá freagrach as na caibidlí faoi seach, féadfaidh na húdaráis sin caibidlíocht a dhéanamh agus idirghníomhú go díreach leis an gCoimisiún i gcomhréir le creat institiúideach, dlíthiúil agus airgeadais an Bhallstáit.**

3. Ní bheidh ach bearta a gcuirfear tús lena gcur chun feidhme [...] **amhail ón** 1 Eanáir 2028, **nó an dara céim de bhearta dá dtagraítear in Airteagal 79**, incháilithe do mhaoiniú ar choinníoll go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo agus sna Rialacháin a liostaítear in Airteagal 1, mír [...] **2, gan dochar d'Airteagal 80(2).**

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh caiteachas a bhaineann le gealltanais dhlíthiúla do thairbhithe a thabhaítear faoi na hidirghabhálacha a mhaoinítear faoi Rialachán (AE) 2021/2115, **Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999, Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005, Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013** a bheith incháilithe le haghaidh ranníocaíochta, ar choinníoll go n-**áirítear** an caiteachas sin […] sa Phlean CNR ábhartha i gcomhréir leis an Rialachán seo […], Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CBT] **agus Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CEM].**

Airteagal 22

Ceanglais maidir leis an bPlean CNR

1. Leagfar amach i ngach Plean CNR [...] na gnéithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

2. Déanfar an méid seo a leanas leis an bPlean CNR:

(a) tacófar leis na cuspóirí ginearálta a leagtar síos in Airteagal 2 **ach rannchuidiú le gach ceann de** na cuspóirí sonracha a leagtar síos in Airteagal 3**(1)(a) go (e). Chun na críche sin, rannchuideoidh Plean CNR leis na cuspóirí sonracha a leagtar síos i bhfomhíreanna Airteagal 3(1)(a) go (e) atá ábhartha don Bhallstát,** agus **riachtanais agus** dúshláin shonracha an Bhallstáit agus **na réigiún** lena mbaineann á gcur san áireamh [...]. **Leis an bPlean CNR, cuirfear** straitéis idirghabhála ar fáil ina léireofar an chaoi a dtabharfar aghaidh ar na cuspóirí sin agus an chaoi a maoineofar iad leis an bPlean **CNR**, an leibhéal maoinithe is gá chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí ginearálta, agus an chaoi a bhfuil údar leis an leibhéal maoinithe sin. Le **Pleananna** [...] CNR na mBall**stát** ag a bhfuil OIN *per capita* níos lú ná 90 % de mheán an Aontais, léireofar [...] **an chaoi a dtugann siad aghaidh ar** na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3**(1)**(a), pointí ([...] **viii**) agus [...] **(x)**, agus in Airteagal 3**(1)**(d), pointe (v) a **chomhfhreagraíonn do na réimsí a leagtar amach in Airteagal 177(2) CFAE ar leibhéal na mBallstát.**

(b) **[**tabharfar aghaidh go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh nó ar fhothacar mór de na dúshláin sin:

(i) i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha ábhartha a dhírítear chuig an mBallstát, lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta;

(ii) i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh nó arna measúnú go hoifigiúil ag an gCoimisiún a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 [cuspóirí sonracha], lena n-áirítear moltaí náisiúnta CBT a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CBT], moltaí maidir leis an Deacáid Dhigiteach bunaithe ar Airteagal 6 den Chinneadh lena mbunaítear an Clár Beartais don Deacáid Dhigiteach, agus Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide;

(iii) i ndoiciméid agus straitéisí ábhartha arna nglacadh ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún i réimse na slándála inmheánaí, an bhainistithe chomhtháite teorainneacha san Eoraip, an bheartais víosaí agus an tearmainn agus na himirce, agus ailtireacht TF Schengen, sásra meastóireachta Schengen i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922, measúnuithe leochaileachta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1896 agus sásra faireacháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann á gcur san áireamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/2303.]

2a. Tabharfaidh an Ballstát míniú ar an gcaoi a dtugtar aghaidh sa Phlean CNR ar na **cuspóirí ginearálta agus sonracha, ar na riachtanais** agus na dúshláin **shonracha** agus ar na moltaí tírshonracha **ábhartha**. **[Agus measúnú á dhéanamh aige ar na ceanglais sin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an leithdháileadh airgeadais chomh maith le raon feidhme agus scála dhúshláin thírshonracha an Bhallstáit lena mbaineann, prionsabail na córa comhionainne agus na comhréireachta agus cé acu a thugtar nó nach dtugtar aghaidh ar na moltaí tírshonracha ábhartha i bpleananna nó i ndoiciméid náisiúnta eile arna nglacadh ar** leibhéal an Aontais […] […].

2b. Thairis sin, déanfar an méid seo a leanas leis an bPlean CNR:

(a) beidh sé comhsheasmhach [...] leis na pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta faoi Rialachán (AE) 2024/1263, pleananna athchóirithe náisiúnta faoi Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide faoi Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]; agus treochláir straitéiseacha náisiúnta maidir leis an Deacáid Dhigiteach faoi Chinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6];

(b) rannchuideofar le cur i gcrích an Mhargaidh Aonair, go háirithe trí fhoráil a dhéanamh maidir le bearta lena mbaineann gné thrasteorann, thrasnáisiúnta nó ilnáisiúnta, lena n-áirítear trí thionscadail atá lonnaithe ar an gcroíghréasán agus ar an gcroíghréasán leathnaithe mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] a chur san áireamh trí thionscadail leasa choitinn mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] a chur san áireamh agus a chumasú, trí fhorbairtí ar an líonra náisiúnta, agus trí thacú le Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEInna) agus le hoibríochtaí ar bronnadh Séala [...] orthu, agus trí bhearta a chur chun feidhme ar bonn taca iad leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta;

---

4 Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 maidir le hathchóiriú an dúlra agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869 (IO L , 2024/1991, 29.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1991/oj).

5 Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj).

6 Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach (IO L 323, 19.12.2022, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2481/oj).

7 Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L, 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).

8 Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus

(c) [soláthrófar liosta na mbeart agus tuairisc ar na bearta atá grúpáilte i gcaibidlí, lena n-áirítear na cuspóirí ginearálta agus sonracha a shaothraíonn gach ceann acu go príomha agus liosta na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, mar aon lena ndáta táscach críochnaithe le linn na clárthréimhse, lena n-áirítear na bearta breise agus na garspriocanna agus na spriocanna gaolmhara i gcás ina n-iarrann an Ballstát lena mbaineann tacaíocht iasachta.] […]] **Leis na hathchóirithe atá le cur san áireamh sa Phlean CNR, urramófar** [...] **creat institiúideach agus dlíthiúil an Bhallstáit lena mbaineann. Gan dochar do** na ceanglais a leagtar amach san Airteagal **seo**, **féadfaidh an Ballstát a chinneadh na luachanna íocaíochta amach a chur i leataobh le haghaidh athchóirithe ó infheistíochtaí agus ó idirghabhálacha eile a cláraíodh ar an leibhéal rialachais náisiúnta nó réigiúnach céanna.** Beidh na táscairí atá beartaithe le haghaidh **na ngarspriocanna n**ó na spriocanna **deiridh** bunaithe ar na táscairí aschuir a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán Feidhmíochta] […], **ach amháin mura bhfuil aon cheann de na táscairí sin leordhóthanach, i gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán Feidhmíochta].**

Maidir le hinfheistíochtaí, déanfar na luachanna íocaíochta amach a mhaoiniú ó ranníocaíocht an Aontais a leithdháiltear ar an infheistíocht lena mbaineann tar éis na méideanna a chuirtear i leataobh le haghaidh athchóirithe a asbhaint. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cé na hinfheistíochtaí óna n-asbhainfear méideanna a cuireadh i leataobh le haghaidh athchóirithe. I gcás athchóirithe, déanfar na luachanna íocaíochta amach a mhaoiniú ón gcuid de ranníocaíocht an Aontais le haghaidh infheistíochtaí a cuireadh i leataobh le haghaidh athchóirithe.

Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/869/oj).

Comhlíonfaidh na bearta a bhaineann le CBT na ceanglais a leagtar amach i dTeideal V [CBT] den Rialachán seo agus Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CBT] agus Rialachán (AE) 202X/XXXX [CEM] agus comhlíonfaidh na bearta a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal XX de Rialachán XX [CBI].

(d) leagfar amach costais mheasta iomlána na mbeart i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn V, mar chuid den Phlean **CNR** nó d'iarraidh ar leasú air, le haghaidh méid iomlán atá coibhéiseach ar a laghad le suim na ranníocaíochta airgeadais ón Aontas **cé is moite de chúnamh teicniúil**, aon iasacht a iarradh, agus ranníocaíocht náisiúnta, mar aon le faisnéis maidir le maoiniú reatha nó beartaithe ón Aontas i gcás inarb ábhartha, a bhfuil údar iomchuí leis chomh maith le mínithe ar an gcaoi a bhfuil sé inchreidte, réasúnach agus i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta, le bainistíocht fhónta airgeadais agus leis an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bhfuil coinne leis. Déanfar an méid neamhchláraithe a chuirtear i leataobh mar mhéid solúbthachta a mheas mar chuid de chostais mheasta iomlána na mbeart. **Chun críocha dealraitheachta agus réasúntachta, ní áireofar CBL in-aisghabhála i gcostais mheasta iomlána an bhirt;**

(e) leagfar amach [...] socruithe chun go ndéanfaidh an Ballstát lena mbaineann **comhordú,** faireachán [...]**,** cur chun feidhme **agus iniúchadh** éifeachtach ar an bPlean **CNR**, lena n-áirítear na húdaráis fhreagracha agus na coistí faireacháin lena léirítear an cuspóir maidir le córas láidir ilrialachais a bhunú bunaithe ar phrionsabal na comhpháirtíochta, an cur chuige atá beartaithe i dtaca le **faisnéis,** cumarsáid agus infheictheacht, riachtanais tacaíochta teicniúla a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, chomh maith le socruithe [...] idir na húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha i dtéarmaí freagrachtaí as **comhordú**, clárú, cur chun feidhme, bainistíocht airgeadais, faireachán, **iniúchadh** agus meastóireacht, i gcomhréir le creat institiúideach agus dlíthiúil an Bhallstáit;

(f) **beidh sé d'aidhm** éagothromaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus críochacha a laghdú i réigiúin bheagfhorbartha, i réigiúin trasdula agus i réigiúin níos forbartha, **agus eatarthu**, **lena n-áirítear trí bhearta faoin mbeartas comhtháthaithe,** go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) acmhainní a leithdháileadh ar réigiúin bheagfhorbartha, réigiúin trasdula agus réigiúin níos forbartha, i gcomhréir leis na dúshláin shonracha atá rompu, rud atá le tuairisciú in Iarscríbhinn V bunaithe ar an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII;

(ii) acmhainní a dhíriú ar réigiúin bheagfhorbartha trí íosmhéideanna a bhunú in aghaidh an Bhallstáit bunaithe ar an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn II;

(iii) díriú ar riachtanais shonracha **réigiúin na teorann seachtraí, lena n-áirítear na réigiúin atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise nó na hÚcráine**, na réigiúin thuaisceartacha is teirce daonra, na limistéir thuaithe agus uirbeacha, na limistéir a ndéanann an t-aistriú tionsclaíoch difear dóibh, agus na hoileáin, rud atá le tuairisciú in Iarscríbhinn V bunaithe ar an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII;

(iv) forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na réigiún is forimeallaí a neartú, **agus a n-iargúltacht, a n-oileánachas, a méid, a spleáchas eacnamaíoch agus a leochaileacht i leith an athraithe aeráide á gcur san áireamh;** rud atá le leagan amach i mbearta tiomnaithe le haghaidh na gcríoch lena mbaineann i gcomhréir **le hAirteagal 349 CFAE agus** Airteagal **46 [na Réigiúin is Forimeallaí];**

(iva) iomaíochas agus acmhainneachtaí nuálaíochta a neartú le haghaidh fás agus fostaíocht inbhuanaithe bunaithe ar riachtanais shonracha na réigiún, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as straitéisí um speisialtóireacht chliste agus straitéisí um aistriú cóir.

(g) acmhainní a **leithdháileadh** a bhaineann le:

(i) tacú le hathnuachan ó ghlúin go glúin in earnáil na talmhaíochta, i gcomhréir le hAirteagal [...] **15** de Rialachán XX [CBT, athnuachan ó ghlúin go glúin], agus in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe chomh maith;

(ii) bearta sóisialta i gcomhréir le hIarscríbhinn VI [leithdháiltí sóisialta].

(iii) tacú le gníomhaíochtaí **CBT**, iascaigh **agus** dobharshaothraithe […] a **chur chun feidhme**, lena n-áirítear iascaireacht ar mhionscála […] a leagtar amach i Rialachán AE XX [CBI], **chomh maith le tacú le cur chun feidhme chóras rialaithe an Aontais agus le bailiú, bainistiú agus úsáid na sonraí iascaigh agus dobharshaothraithe is gá chun CBI […] a chur chun feidhme** i gcomhréir le hIarscríbhinn V, **pointe 1.8** [Teimpléad [...] Phlean **NRP**]**;**

(iiia) tacú le gníomhaíochtaí muirí agus leis an gComhshocrú Eorpach um an Aigéan i gcomhréir le hIarscríbhinn V [teimpléad an Phlean CNR].

(h) rannchuidiú go héifeachtach leis na nithe seo a leanas:

(i) úsáid **tionscnamh** [...] comhair dá dtagraítear in Airteagal 74 [**tionscnaimh** [...] chomhair] a chur chun cinn, lena n-áirítear infheistíocht chríochach chomhtháite i gcathracha, i gceantair uirbeacha, thuaithe agus chósta, forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, **lena n-áirítear LEADER**, nó uirlisí críochacha eile […];

(ii) feabhas a chur ar athléimneacht feirme agus ar bhainistiú rioscaí ar leibhéal na feirme agus tacú le haistriú digiteach agus sonraíbhunaithe na talmhaíochta agus na gceantar tuaithe chun a n-iomaíochas, a n-inbhuanaitheacht agus a n-athléimneacht a fheabhsú;

(iii) na réimsí tosaíochta comhshaoil agus aeráide a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 202X/XXXX [CBT – Réimsí tosaíochta comhshaoil agus aeráide] a **chur chun cinn**.

(i) comhpháirtíocht, malartú eolais agus dáileadh táirgí talmhaíochta a chur chun cinn, de réir mar is iomchuí, tríd an méid seo a leanas a leagan amach:

(i) cé na geallsealbhóirí a ndeachthas i gcomhairle leo, conas a roghnaíodh iad, conas a áirithíodh a n-ionadaíochas agus cosc ar choinbhleacht leasa agus conas a léirítear a n-ionchur sa Phlean **CNR** i gcomhréir leis an gcód iompair i ndáil le comhpháirtíocht[9], agus trí achoimre a áireamh ar an bpróiseas comhairliúcháin a rinneadh chun an Plean **CNR** agus gach caibidil a ullmhú;

(ii) Córas um Eolas agus Nuálaíocht Talmhaíochta lena n-áirítear a leagan amach eagraíochtúil a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CBT – Córais um eolas agus nuálaíocht talmhaíochta agus seirbhísí comhairleacha feirme];

---

9 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 240/2014 ón gCoimisiún an 7 Eanáir 2014 maidir leis an gcód iompair Eorpach i ndáil le comhpháirtíocht faoi chuimsiú Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (IO L 74, 14.3.2014, lch. 1).

(iii) na módúlachtaí le haghaidh scéim scoile an Aontais i gcomhréir le [...] Cuid II, **Teideal I**, Caibidil IIa de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(j) an chaoi a gcomhlíonann an Plean CNR agus a chur chun feidhme an prionsabal a leagtar amach in Airteagal [...]**3 de Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CBT]**, a shonrú lena n-áirítear tuairisc ar na cleachtais chosanta dá dtagraítear in Airteagal 3(4) de Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CBT], a raon feidhme críochach, feirmeoirí agus tairbhithe eile atá faoi réir an chleachtais agus achoimre ar an gcleachtas cosanta, agus comhlántacht idir na gnéithe den mhaoirseacht feirme agus na bearta ábhartha a dtacaítear leo faoin bPlean CNR;

(k) a mhíniú an chaoi a bhfuil córas agus socruithe an Bhallstáit leordhóthanach chun úsáid rialta, éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní an Aontais a áirithiú, i gcomhréir le bainistíocht fhónta airgeadais agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais, bunaithe ar na príomhcheanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn IV [príomhcheanglais], mar aon le bearta chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh fhéideartha;

(l) na socruithe a shonrú atá i bhfeidhm chun a áirithiú, i gcás ina mbrisfear sprioc-amanna íocaíochta nó ina gcuirfear cistiú ón Aontas, ceartuithe airgeadais nó bearta eile ar fionraí chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú, go gcomhlíonfaidh na Ballstáit a n-oibleagáidí leanúint de na híocaíochtaí **atá dlite** do thairbhithe, faighteoirí, faighteoirí deiridh, conraitheoirí agus rannpháirtithe, **ach amháin i gcás ina mbeidh an t-eintiteas lena mbaineann freagrach as na bearta sin a chur i bhfeidhm;**

(m) i gcás inarb iomchuí, [...] féinmheasúnú […] a a chur ar fáil ina sainaithneofar aon rioscaí slándála […], lena n-áirítear **rioscaí do shlándáil eacnamaíoch an Aontais, go háirithe i réimsí na teicneolaíochta glaine/na dtionscal glan-nialasachta, an bhonneagair chriticiúil, na dteicneolaíochtaí criticiúla, na n-amhábhar criticiúil agus na cosanta**, agus sonraí ar thabhairt ar an gcaoi a dtabharfar aghaidh ar na **rioscaí** […] sin.

(n) [...] comhleanúnachas an Phlean **CNR** agus na sineirgí agus na comhlántachtaí idir bearta lena dtacaítear leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3 [...] a **mhíniú**;

(o) féinmheasúnú a chur ar fáil ar chomhlíonadh choinníoll cothrománach na Cairte dá dtagraítear in Airteagal 8 [Airteagal maidir leis an gCairt];

(p) sonrú a dhéanamh ar an gcaoi a n-áirithítear leis an bPlean **CNR** agus lena chur chun feidhme atá beartaithe go n-urramófar coinníoll cothrománach an Smachta Reachta dá dtagraítear in Airteagal 9 [coinníoll cothrománach an smachta reachta], [...] **agus** an obair leantach a rinneadh ar na moltaí tírshonracha arna n-eisiúint faoi chuimsiú na Tuarascála is déanaí maidir leis an Smacht Reachta agus an tSeimeastair Eorpaigh, mar aon le bearta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thírshonracha sin a sainaithníodh.

(q) **[** a áirithiú go rannchuideoidh an Plean CNR le cuspóirí sóisialta an Aontais. Déanfar 14 % ar a laghad den ranníocaíocht iomlán ón Aontas d'iasachtaí a thiomnú do chomhlíonadh na gcuspóirí sin, arna ríomh trí úsáid a bhaint as na comhéifeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) …/… [Rialachán Feidhmíochta]. Déanfar an méid a leagtar amach in Airteagal 10(2), pointe (a) (ii), chomh maith leis an ioncam a shanntar go seachtrach ón gCiste Aeráide Sóisialta, a eisiamh ón mbonn chun an leithdháileadh íosta sin a ríomh.**]**

(r) áiritheofar go rannchuideoidh an Plean CNR le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais. Déanfar céatadán íosta de leithdháileadh iomlán an Aontais den Phlean CNR a thiomnú do chomhlíonadh na gcuspóirí sin, rud a chomhfhreagraíonn don sprioc shonrach maidir le caiteachas aeráide agus comhshaoil dá dtagraítear in **[**Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE).../... [Rialachán Feidhmíochta] **agus a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) .../... [Rialachán Feidhmíochta].]**

[…]

3. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 87 [An tarmligean a fheidhmiú] chun an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn V a leasú **chun réimsí sonraí a choigeartú i gcás ina bhfuil údar cuí leis. Beidh na leasuithe teoranta do ghnéithe teicniúla agus neamhriachtanacha den teimpléad.**

Airteagal 23

Togra ón gCoimisiún agus cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle

1. [Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bPlean nó ar an bPlean leasaithe arna chur isteach ag an mBallstát agus ar a chomhlíontacht leis an Rialachán seo laistigh de 4 mhí tar éis é a chur isteach agus déanfaidh sé togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle. Agus an measúnú á dhéanamh aige, áiritheoidh an Coimisiún go gcomhlíonfaidh an Plean CNR na ceanglais ar fad a leagtar síos sa Rialachán seo, go háirithe in Airteagal 22.]

2. Féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt do na Ballstáit agus faisnéis bhreise a iarraidh.

[…]

Soláthróidh an Ballstát an fhaisnéis bhreise a iarradh agus, más gá, déanfaidh sé athbhreithniú ar a Phlean **CNR**, agus na barúlacha agus [...] na **moltaí** arna ndéanamh ag an gCoimisiún á gcur san áireamh. Cuirfear [...] na **teorainneacha ama** a leagtar amach [...] san **Airteagal seo** [...] **ar fionraí** ón lá oibre tar éis an dáta [...] ar a sheolfaidh an Coimisiún a bharúlacha nó a iarraidh ar dhoiciméid athscrúdaithe chuig an mBallstát go dtí go dtabharfaidh an Ballstát freagra ar an gCoimisiún.

3. I gcás nach gcomhlíonann an Plean **CNR** na ceanglais dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Coimisiún réasúnú a bhfuil údar cuí leis in iúl don Bhallstát lena mbaineann laistigh den sprioc-am a leagtar amach i mír 1.

4. I gcás ina gcinneann an Coimisiún go gcomhlíonann an Plean **CNR** na ceanglais dá dtagraítear i mír 1, leagfar síos an méid seo a leanas sa togra ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle:

   (a) an ranníocaíocht iomlán ón Aontas.

   (b) méid na tacaíochta iasachta i gcás ina ndéanann an Ballstát lena mbaineann an iarraidh sin; agus méid gaolmhar an réamh-mhaoinithe, chomh maith le tréimhse infhaighteachta na hiasachta;

   (c) liosta na mbeart a chumhdaítear leis an ranníocaíocht ón Aontas agus iasachtaí atá sa Phlean CNR;

5. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, ina gcinneann an Coimisiún nach gcomhlíonann beart amháin nó níos mó den Phlean **CNR** na ceanglais dá dtagraítear i mír 1 [...], féadfaidh sé sainaithint na n-easnamh a dhéanann difear do na bearta sin a áireamh sa togra ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 4.

6. **Féadfaidh** an Chomhairle, **ag gníomhú di trí thromlach cáilithe**, an togra ón gCoimisiún a leasú agus an **cinneadh** cur chun feidhme […] dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh, mar riail ghinearálta, laistigh de 4 seachtaine tar éis di an togra ón gCoimisiún [...] a **fháil. Cuirfidh an Ballstát an Plean CNR formheasta ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin.**

7. [...] **Laistigh de 4 seachtaine tar éis** don Chomhairle cinneadh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 6 a ghlacadh, glacfaidh an Coimisiún cinneadh maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

   (a) na garspriocanna [...], na spriocanna **agus na haschuir** i ndáil le cur chun feidhme na mbeart atá sa Phlean CNR, agus i gcás gach ceann acu, luach comhfhreagrach na híocaíochta amach;

   (b) an ranníocaíocht **iomlán** ón Aontas in aghaidh na bliana, bunaithe ar na céatadáin a leagtar amach in Airteagal 14(1) [gealltanais**], mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I [modh leithdháilte].**

   Gealltanas dlíthiúil a bheidh san fhógra faoin gcinneadh sin ón gCoimisiún chuig an mBallstát lena mbaineann.

   [I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 4(2), pointe (b), de Rialachán CAI, féadfar an cinneadh maoiniúcháin sin a leasú i gcomhréir le toradh an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.**]**

8. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann iarratais ar íocaíocht a chur isteach le haghaidh na mbeart sonrach a ndéanann easnaimh a sainaithníodh sna cinntí cur chun feidhme arna nglacadh ag an gComhairle difear dóibh, ach ní dhéanfaidh an Coimisiún na híocaíochtaí comhfhreagracha go dtí go leigheasfar na heasnaimh.

CAIBIDIL 3

[...] Leasú ar an bPlean CNR

Airteagal 24

Leasú ar an bPlean CNR

1. Féadfaidh Ballstát iarraidh réasúnaithe a chur faoi bhráid an Choimisiún chun a Phlean CNR a leasú, mar aon leis an bPlean CNR leasaithe, ina leagfar amach an tionchar mheastar a bheidh ag an leasú sin ar bhaint amach na gcuspóirí **lena mbaineann agus a** leagtar síos in Airteagail 2 agus 3. **Féadfaidh go mbeadh baint ag an leasú le caibidil amháin nó níos mó den Phlean CNR.**

   Féadfaidh Ballstát tuilleadh iarrataí ar leasú a chur isteach sula nglacfar an cinneadh a leagtar amach i mír 5, ar choinníoll go mbaineann na leasuithe sin le caibidlí éagsúla.

2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhlíontacht an Phlean CNR leasaithe leis an Rialachán seo, lena n-áirítear Airteagal 23 [Togra ón gCoimisiún agus cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle] [...] laistigh [...] de **2** mhí tar éis an Plean CNR leasaithe a chur isteach.

   Féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt do na Ballstáit agus faisnéis bhreise a iarraidh.

3. **[**I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, gan beann ar cé acu a chuir nó nár chuir an Ballstát iarraidh réasúnaithe ar leasú ar a Phlean CNR isteach de bhun mhír 1, féadfaidh an Coimisiún a mholadh don Bhallstát freisin bearta atá ann cheana a leasú nó bearta nua a thabhairt isteach.**]**

4. **Soláthróidh** an Ballstát **an fhaisnéis bhreise a iarradh agus, más gá**, déanfaidh sé athbhreithniú ar an bPlean CNR leasaithe [...], agus na barúlacha agus na tograí arna ndéanamh ag an gCoimisiún á gcur san áireamh [...].

Cuirfear na teorainneacha ama a leagtar amach san Airteagal seo ar fionraí ón lá oibre tar éis an dáta ar a sheolfaidh an Coimisiún a bharúlacha nó a iarraidh ar dhoiciméid athscrúdaithe chuig an mBallstát, go dtí go dtabharfaidh an Ballstát freagra ar an gCoimisiún.

I gcás nach gcomhlíonann an Plean CNR leasaithe na ceanglais dá dtagraítear i mír 2, cuirfidh an Coimisiún réasúnú a bhfuil údar cuí leis in iúl don Bhallstát lena mbaineann laistigh den sprioc-am a leagtar amach i mír 2.

5. I gcás ina bhfuil an Coimisiún [...] sásta gur cuireadh aon bharúil a tugadh san áireamh go cuí, agus i gcás ina mbeadh an leasú ar an bPlean CNR ina chúis le modhnú ar an ranníocaíocht iomlán ón Aontas, ar mhéid na tacaíochta iasachta nó ar liosta na mbeart, nó i gcás nach gcomhlíonfadh beart amháin nó níos mó den Phlean **CNR** na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 23(1) [Togra ón gCoimisiún agus cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle] a thuilleadh mar gheall ar an leasú, déanfaidh an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme nua ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 23 tráth nach déanaí ná [...] **3** mhí tar éis an **Phlean** CNR leasaithe a chur isteach. **Féadfaidh** an Chomhairle, **ag gníomhú di trí thromlach cáilithe**, an togra ón gCoimisiún a leasú agus an cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh, mar riail ghinearálta, laistigh de 4 seachtaine tar éis di an togra ón gCoimisiún [...] a **fháil.** Leasóidh an Coimisiún an cinneadh maoiniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 23(7) [Togra ón gCoimisiún agus cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle] dá réir sin.

I gcás nach ndéanfaí modhnú ar an ranníocaíocht iomlán ón Aontas, ar mhéid na tacaíochta iasachta ná ar liosta na mbeart mar thoradh ar an leasú ar an bPlean CNR, rachaidh an Coimisiún ar aghaidh go díreach tríd an gcinneadh maoiniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 23(7) [Togra ón gCoimisiún agus cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle] a leasú dá réir sin.

6. Ní bheidh gá leis na cinntí dá dtagraítear i mír 5 a ghlacadh:

(a) i gcás ceartúcháin de chineál cléireachais nó eagarthóireachta amháin nó i gcás mionchoigeartuithe ar an bPlean CNR, arb é atá iontu méadú nó laghdú níos lú ná [...] **15** % ar sprioc a leagtar amach sa Phlean CNR. Ní chuirfidh na Ballstáit na rialacha sin i bhfeidhm ach uair amháin in aghaidh na sprice **go dtí go ndéanfar an chéad chinneadh eile maidir leis an bPlean CNR a leasú** agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi na coigeartuithe sin. Comhlíonfaidh na leasuithe sin ceanglais uile an Phlean CNR, lena n-áirítear athscrúdú ar fhaisnéis chostála;

(b) i gcás leasuithe i gcomhréir le hAirteagal 31(7) **nó Airteagal 34**.

7. Áiritheoidh na Ballstáit go leanfaidh méid chostais mheasta iomlána a bPlean CNR de bheith réasúnta agus inchreidte le linn a chur chun feidhme, i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, agus **féadfaidh** siad iarraidh a dhéanamh ar leasú a dhéanamh ar a bPlean **CNR** i gcás inar gá i gcomhréir le mír 1.

8. Na bearta sonracha a shainaithnítear sa chinneadh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 9(4) nó atá faoi réir cinneadh lena bhforchuirtear bearta chun an buiséad a chosaint faoi Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092, ní leasófar iad go dtí go n-aisghairfear an cinneadh, ach amháin má tá sé beartaithe leis an leasú tacú le bearta lena rannchuidítear le comhlíonadh choinníoll cothrománach an Smachta Reachta nó le haghaidh a thabhairt ar an staid ba chúis le glacadh na gcinntí thuasluaite.

9. Ní leasófar na bearta sonracha a shainaithnítear sa chinneadh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 8(4) [Coinníollacha na Cairte] go dtí go n-aisghairfear an cinneadh, ach amháin má tá sé beartaithe leis an leasú tacú le bearta lena rannchuidítear leis na nithe seo a leanas:

[…] comhlíonadh choinníoll cothrománach na Cairte.

(b) […]

10. Ní cheanglófar ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar chodanna den Phlean CNR nach ndéanann na hathruithe atá beartaithe, arna moladh ag an mBallstát, difear díreach dóibh.

Airteagal 25

Athbhreithniú meántréimhseach

1. Déanfaidh an Ballstát athbhreithniú ar a Phleananna CNR, agus na gnéithe seo a leanas á gcur san áireamh:

(a) na dúshláin a sainaithníodh i gcomhréir le hAirteagal 22(2), **pointe (b) agus Airteagal 22(2b)** pointí (a) [...] **agus (b)** [Ceanglais an Phlean **CNR**];

(b) staid shocheacnamaíoch an Bhallstáit nó an réigiúin lena mbaineann, agus béim ar leith ar riachtanais chríochacha **nó earnála**, lena gcuirtear san áireamh aon [...]mhórfhorbairt airgeadais, eacnamaíoch […], shóisialta **nó chomhshaoil;**

(c) príomhchúiseanna na dtuarascálacha ábhartha **meastóireachta** […] eatramhaigh, i **gcomhréir le hAirteagal 11(3) den [Rialachán maidir leis an gCreat Feidhmíochta];**

(d) an dul chun cinn maidir le bearta a bhaint amach, agus na mórdheacrachtaí a tháinig chun cinn i gcur chun feidhme an Phlean CNR á gcur san áireamh;

(e) Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) agus tionscadail ar bronnadh Séala orthu;

(f) aon ghéarchéim a tharlaíonn;

(g) an gá atá le comhlíonadh leanúnach choinníollacha cothrománacha an Smachta Reachta agus na Cairte a áirithiú i gcur chun feidhme an Phlean **CNR**, agus na dúshláin thírshonracha a sainaithníodh i gcomhthéacs na Tuarascála maidir leis an Smacht Reachta agus an tSeimeastair Eorpaigh á gcur san áireamh go háirithe.

2. Cuirfidh an Ballstát Plean CNR leasaithe isteach ina gcuirfear i láthair toradh an athbhreithnithe mheántéarma, lena n-áirítear togra le haghaidh bearta breise **nó** bearta **athbhreithnithe** a dtacófar leo leis an méid solúbthachta dá dtagraítear in Airteagal 14(2) faoin [...] **30 Meitheamh** 2031. **Ag brath ar thoradh an athbhreithnithe meántéarma, d'fhéadfadh sé go mbainfeadh an leasú le caibidil amháin nó níos mó den Phlean CNR.**

3. Áireofar an méid seo a leanas sa Phlean CNR leasaithe:

(a) bearta athbhreithnithe nó, i **gcás inarb ábhartha**, bearta nua;

(b) costais mheasta nuashonraithe iomlána **aon bhirt nua nó athbhreithnithe den Phlean CNR**, [...] agus an méid solúbthachta a iarradh;

(c) spriocanna nó, **i gcás inarb ábhartha**, garspriocanna [..], spriocanna **agus aschuir** nua.

4. Déanfar an Plean **CNR** athbhreithnithe a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 24 [maidir leis an leasú].

4a. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 10(3) nó Airteagal 35(1), pointí (a) go (h), (j), (k) agus (r), [cineálacha idirghabhála] agus nach gcuirtear san áireamh sa mhéid solúbthachta i gcomhréir le hAirteagal 14(2), ní bheidh siad faoi réir an athbhreithnithe meántéarma.

TEIDEAL IV
Saoráid AE

Airteagal 26

Foráil ghinearálta maidir le cur chun feidhme Shaoráid AE

1. Déanfar an méid dá dtagraítear in Airteagal 10(2), pointe (b), [Buiséad] a leithdháileadh tríd an tSaoráid.

2. Cuirfear chun feidhme é faoi bhainistíocht chomhroinnte, dhíreach nó indíreach mar a leagtar amach sa chinneadh maoiniúcháin arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31(1). **Nuair a bheidh an modh bainistíochta á roghnú, cuirfear san áireamh cuspóir agus raon feidhme na gníomhaíochta atá le cur chun feidhme.**

3. Leis an tSaoráid féadfar cistiú a sholáthar in aon fhoirm i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Féadfaidh an cistiú sin a bheith i bhfoirm deontas arna ndámhachtain go díreach do chomhlachtaí faoi Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Maidir le deontais a chuirfear chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, déanfar iad a dhámhachtain agus a bhainistiú i gcomhréir le Teideal VIII den Rialachán sin. Leis an tSaoráid féadfar cistiú a sholáthar freisin i bhfoirm ráthaíochtaí buiséadacha agus ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear an ráthaíocht agus na hionstraimí sin nuair a chomhcheanglaítear iad le deontais nó le cineálacha eile tacaíochta neamh-inaisíoctha in oibríochtaí measctha [...].

4. [Úsáidfear cistiú ón tSaoráid le haghaidh chomhpháirteanna na Saoráide, agus is iad seo a leanas na comhpháirteanna sin:

   (a) EUR 63 223 000 000 [...] le haghaidh ghníomhaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear an Líontán Sábhála Aontachta dá dtagraítear i mír 1, pointe (j) d'Iarscríbhinn XV [gníomhaíochtaí an Aontais], gníomhaíochtaí an Aontais dá dtagraítear i mír 1, pointe (l) d'Iarscríbhinn XV (gníomhaíochtaí an Aontais a fhaigheann tacaíocht ó Shaoráid AE, gníomhaíochtaí Gnóthaí Baile), gníomhaíochtaí tacaíochta LIFE dá dtagraítear i mír 1, pointe (n) d'Iarscríbhinn XV [gníomhaíochtaí an Aontais], Gníomhaíochtaí Dlúthpháirtíochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (i) d'Iarscríbhinn XV [gníomhaíochtaí an Aontais] a fhaigheann tacaíocht ó Shaoráid AE;

   (b) EUR 8 710 000 000 i gcás cúlchiste le haghaidh dúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn (an 'cúlchiste buiséid').]

5. [...]Déanfar na leithreasuithe bliantúla [...] **don Saoráid AE a údarú i gcomhréir leis an nós imeachta buiséadach bliantúil.**

6. **I gcás** ina ndéanfar gníomhaíochtaí an Aontais dá dtagraítear i mír 1, pointe (c) d'Iarscríbhinn XV [Gníomhaíochtaí an Aontais a fhaigheann tacaíocht ó Shaoráid AE, ionú beartais infheistíochta sóisialta agus scileanna] a **chur chun feidhme trí ráthaíochtaí buiséadacha nó ionstraimí airgeadais a úsáid, lena n-áirítear nuair a chomhcheanglaítear iad le deontais nó le cineálacha eile tacaíochta neamh-inaisíoctha in oibríochtaí measctha,** cuirfear chun chun feidhme **iad** i gcomhréir le míreanna 7, 8, 9 den Airteagal seo agus le hAirteagal 27 [Cur chun feidhme i bhfoirm ráthaíochtaí buiséadacha, ionstraimí airgeadais agus oibríochtaí measctha].

[Beidh feidhm ag Airteagail 21 go 25 [Ionstraim InvestEU CEI], Airteagal 14 [Rialachas agus Boird Chomhairleacha], Airteagal 1 [Ábhar]. Airteagal 31 [Rochtain ar chistiú ón Aontas], Airteagal 26 [Seirbhísí comhairleacha] agus Airteagal 28 [Tacaíocht ghnó] de Rialachán [CEI] maidir le cur chun feidhme na nGníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais.

7. [Chun críocha ghníomhaíochtaí an Aontais dá dtagraítear i mír 1, pointe (c) d'Iarscríbhinn XV, úsáidfear imchlúdach airgeadais na Saoráide chun soláthar a dhéanamh ar mhéid na ráthaíochta buiséadaí faoi seach arna bunú le [Rialachán CEI].]

8. I gcomhréir le hAirteagal 214(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, tiomsófar an soláthar dá dtagraítear i mír 7 go dtí [2037] agus cuirfear san áireamh ann an dul chun cinn maidir le formheas agus síniú na n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a thacaíonn le cuspóirí na Saoráide.

9. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó tríú páirtithe eile, ranníocaíochtaí airgeadais nó neamhairgeadais breise a chur ar fáil don tSaoráid. Is ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(2), pointí (a), (d), nó (e), nó Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a bheidh sna ranníocaíochtaí airgeadais.

10. De mhaolú ar Airteagail 63 agus 64 [bailiú agus taifeadadh sonraí agus trédhearcacht], i gcás ina gcuirtear an tSaoráid chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, beidh feidhm ag na rialacha a leagtar amach in Airteagal 36(6) agus (10) agus Airteagal 38 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

11. Féadfaidh an tSaoráid tacaíocht ón Aontas a sholáthar do ghníomhaíochtaí i dtríú tíortha nó i ndáil le tríú tíortha, ar choinníoll go rannchuidíonn an ghníomhaíocht leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 2 agus 3 den Rialachán seo, Airteagal 3 de Rialachán [tearmann agus imirce], Airteagal 3 de Rialachán [teorainneacha agus víosa], [...] **nó** Airteagal 3 de Rialachán [slándáil inmheánach]. Fónfaidh na gníomhaíochtaí sin do leasanna bheartais inmheánacha an Aontais agus beidh siad comhsheasmhach leis na gníomhaíochtaí a dhéanfar laistigh den Aontas.

11a. Agus an tSaoráid á cur chun feidhme, áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit comhordú, comhsheasmhacht, comhlántachtaí agus sineirgí idir an tSaoráid agus cláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais de bhun Airteagal 7(5).

Airteagal 27

Cur chun feidhme i bhfoirm ráthaíochtaí buiséadacha, ionstraimí airgeadais agus oibríochtaí measctha

1. Déanfar an ráthaíocht bhuiséadach agus na hionstraimí airgeadais, lena n-áirítear an ráthaíocht agus na hionstraimí sin nuair a chomhcheanglaítear iad le deontais nó le cineálacha eile tacaíochta neamh-inaisíoctha in oibríochtaí measctha, faoin tSaoráid, a chur chun feidhme i gcomhréir le Teideal X de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

2. De mhaolú ar Airteagal 211(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, i gcás ina gcuirtear ionstraimí airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach, tabharfaidh an Coimisiún comhaontuithe i gcrích le heintitis de bhun Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c) den Rialachán sin.

3. [I gcás ina ndéantar foráil sa chinneadh maoiniúcháin lena gcuirtear an tSaoráid chun feidhme maidir le cistiú ón Aontas i bhfoirm ráthaíocht bhuiséadach, úsáidfidh sé an ráthaíocht bhuiséadach arna bunú le Rialachán XX [Rialachán CEI] laistigh dá huasmhéid.]

4. Gan dochar d'Airteagal 26(9), féadfaidh na Ballstáit, tríú tíortha agus tríú páirtithe eile ranníocaíochtaí sonracha a dhéanamh leis an ráthaíocht bhuiséadach arna bunú le [CEI] nó ranníocaíochtaí sonracha a dhéanamh le hionstraimí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 211(2) agus Airteagal 221(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Eascróidh méid breise den ráthaíocht bhuiséadach as na ranníocaíochtaí sin leis an ráthaíocht bhuiséadach.

I gcás ina ndéantar na ranníocaíochtaí sin i bhfoirm airgead tirim, is é a bheidh iontu ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(2) pointí (a), (d) agus (e) agus Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

5. Deonóidh an Coimisiún an ráthaíocht bhuiséadach nó cuirfidh sé de chúram ar na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ionstraimí airgeadais agus oibríochtaí measctha a chur chun feidhme trí na comhaontuithe ranníocaíochta nó na comhaontuithe ráthaíochta arna dtabhairt i gcrích faoin Rialachán [Rialachán CEI], i gcomhréir le rialacha an Rialacháin [Rialachán CEI].

D'ainneoin na chéad fhomhíre, féadfaidh an Coimisiún comhaontuithe ranníocaíochta nó comhaontuithe ráthaíochta ar leithligh a thabhairt i gcrích le heintitis eile seachas na heintitis sin dá dtagraítear san fhomhír sin i gcomhréir le rialacha an Rialacháin [Rialachán CEI].

Airteagal 28

Rannpháirtíocht tríú tíortha […]

1. Féadfar rannpháirtithe sa tSaoráid a dhéanamh de na tríú tíortha a leanas trí chomhlachas iomlán nó páirteach **leis an gClár**, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagail 2 agus 3 agus […] atá infheidhme maidir le:

(a) comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, i **gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch**, chomh maith le micreastáit Eorpacha **(Andóra, Monacó, San Mairíne agus Cathair na Vatacáine), i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sna comhaontuithe ábhartha**;

(b) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí […] ionchasacha, i **gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime, sna prótacail agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais faoi seach, nó i gcomhaontuithe eile den chineál céanna, agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos i gcomhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin**;

(c) tíortha Bheartas Comharsanachta na hEorpa**, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime, sna prótacail agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais faoi seach, nó i gcomhaontuithe comhchosúla, agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos i gcomhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin**;

(d) tríú tíortha eile**, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gcomhaontú idirnáisiúnta sonrach lena gcumhdaítear rannpháirtíocht an tríú tír in aon chlár de chuid an Aontais**.

2. Maidir leis na […] comhaontuithe um […] rannpháirtíocht **sa chlár dá dtagraítear i mír 1**, beidh na héifeachtaí a leanas acu:

(a) áiritheofar cothromaíocht chóir a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá rannpháirteach i gcláir an Aontais;

(b) leagfar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht sna cláir, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais, arb é a bheidh iontu ranníocaíocht oibríochtúil agus táille rannpháirtíochta, […] **leis an g**clár agus lena chostais riaracháin ghinearálta;

(c) ní thabharfar aon chumhacht chinnteoireachta sa chlár don tríú tír;

(d) ráthófar cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint. […];

(e) i gcás inarb ábhartha, áiritheofar cosaint leasanna slándála agus oird phoiblí an Aontais.

2a. Chun críocha mhír 2, pointe (d), deonóidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá a cheanglaítear faoi Rialacháin (AE, Euratom) 2024/2509 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, agus ráthóidh sí go mbeidh cinntí forfheidhmithe lena bhforchuirfear oibleagáid airgid ar dhaoine seachas Stáit de réir bhrí Airteagal 299 CFAE, chomh maith le breithiúnais agus orduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, go mbeidh siad infhorfheidhmithe.

3. De mhaolú ar mhír 1, eisiafar rannpháirtíocht tríú tíortha i gcás bearta a rannchuidíonn leis na cuspóirí sonracha a **bhaineann le CBT**, a leagtar amach in Airteagal 3, […] **pointe (d)**.

Airteagal 29

[…]

Airteagal 30

Eintitis incháilithe faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach

1. I nósanna imeachta dámhachtana le haghaidh deontas, duaiseanna, ionstraimí airgeadais agus meascadh faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, féadfaidh na heintitis dhlítheanacha seo a leanas a bheith incháilithe chun cistiú ón Aontas a fháil:

   (a) eintitis atá bunaithe i mBallstát nó […] i dtríú tír **atá comhlachaithe leis an gclár**;

   (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;

   (c) eintitis eile atá bunaithe i […] dtríú tíortha **nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár** i gcás ina bhfuil cistiú na n-eintiteas sin fíor-riachtanach chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme agus ina rannchuidíonn an cistiú sin leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 2 agus 3.

2. Anuas ar Airteagal 168(2) agus (3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh tríú tíortha […] dá dtagraítear in Airteagal 28 den Rialachán seo, i gcás inarb ábhartha, páirt a ghlacadh in aon cheann de na sásraí soláthair a leagtar amach in Airteagal 168(2) agus (3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus tairbhiú d'aon cheann díobh. Cuirfear na rialacha is infheidhme maidir leis na Ballstáit i bhfeidhm, *mutatis mutandis*, maidir le tríú tíortha […] rannpháirteacha.

3. Nósanna imeachta dámhachtana a dhéanann difear don tslándáil nó don ord poiblí, go háirithe nósanna imeachta dámhachtana a bhaineann le sócmhainní agus leasanna straitéiseacha an Aontais nó a Bhallstát, déanfar iad a shrianadh i gcomhréir le hAirteagal 136 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

4. Leis an gclár oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 nó na doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana, féadfar na critéir incháilitheachta a leagtar amach sa Rialachán seo a shonrú a thuilleadh nó féadfar critéir incháilitheachta bhreise a leagan síos maidir le gníomhaíochtaí sonracha. Go háirithe, i nósanna imeachta dámhachtana, déanfar incháilitheacht soláthróirí ardriosca a shrianadh i gcomhréir le dlí an Aontais, ar chúiseanna slándála.

Airteagal 31

Gníomhaíochtaí an Aontais

1. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cinneadh maoiniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 lena sainaithneofar na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí a mbeidh tacaíocht le tabhairt dóibh agus lena sonrófar **an modh cur chun feidhm agus** na méideanna le haghaidh ghníomhaíochtaí an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán seo [gníomhaíochtaí an Aontais]. **Is inmhianaithe** an cinneadh maoiniúcháin sin […] a **bheith ina chinneadh ilbhliantúil, ach féadfaidh sé a bheith ina chinneadh bliantúil nuair is ábhartha**. Beidh sainaithint na gcuspóirí agus na ngníomhaíochtaí bunaithe ar chritéir chothroma[…]**,** thrédhearcacha **agus oibiachtúla** agus áiritheofar leo dáileadh cothrom**, agus breisluach an Aontais á chur san áireamh**. **Nuair a bheidh an modh bainistíochta á roghnú, cuirfear san áireamh cuspóir agus raon feidhme na ngníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme mura bhforáiltear dá mhalairt sa Rialachán seo.**

Glacfaidh an Coimisiún an cinneadh maoiniúcháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 88(3) den Rialachán seo le haghaidh ghníomhaíochtaí an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinn XV mír 1, pointí (e) go (h), (l) agus (n) a ghabhann leis an Rialachán seo [gníomhaíochtaí an Aontais]. Ar mhórchúiseanna práinne a bhfuil údar cuí leo, géarchéimeanna, mar shampla, féadfaidh an Coimisiún na cinntí maoiniúcháin dá dtagraítear sa mhír [...] seo a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach, faoi mar a thagraítear dóibh sin in Airteagal 88(4) den Rialachán seo.

1a. Glacfaidh an Coimisiún na cinntí maoiniúcháin dá dtagraítear sa chéad mhír trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhm, mar a thagraítear dóibh in Airteagal 88(2) den Rialachán seo le haghaidh ghníomhaíochtaí an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinn XV mír 1, pointí (a) go (d), (j), (k) agus (m).

2. Chun críocha ghníomhaíochtaí an Aontais dá dtagraítear i mír 1, pointe (j), d'Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán seo [Gníomhaíochtaí an Aontais, Líontán Sábhála Aontachta] agus faoi réir na n-acmhainní buiséadacha a bheidh ar fáil, leasófar an cinneadh maoiniúcháin dá dtagraítear i mír 1, de réir mar is iomchuí chun tacú le glacadh na ngníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Measfar gur idirghabhálacha bunaithe ar aschur iad na gníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais agus cuirfear chun feidhme iad faoi bhainistíocht chomhroinnte i gcomhréir leis na forálacha a bhunaítear faoin Rialachán seo.

3. Cuirfear san áireamh sa chinneadh maoiniúcháin dá dtagraítear i mír 1 an sciar de na méideanna atá le cur ar fáil ag an gCoimisiún do na Ballstáit:

(a) i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán XX [an Rialachán maidir le Teorainneacha], arb é a bheidh ann ioncam sannta inmheánach i gcomhréir le hAirteagal 21(3) de Rialachán (AE, Euratom) […] **2024/2509** agus

(b) i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán XX [an Rialachán maidir le Teorainneacha] agus le hAirteagal 9 de Rialachán XX [an Rialachán maidir le hImirce], arb é a bheidh ann ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) […] **2024/2509**.

Cuirfear na méideanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar fáil i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo **chun gníomhaíochtaí a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach i Rialachán XX [an Rialachán maidir le Teorainneacha] a mhéid a bhaineann le litir (a) a chur chun feidhme agus chun gníomhaíochtaí a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach i Rialachán XX [an Rialachán maidir le Teorainneacha] agus i Rialachán XX [an Rialachán maidir le hImirce] a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le litir (b).**

I gcás nach leithdháilfear go hiomlán an méid dá dtagraítear in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2024/1351, féadfar an méid a bheidh fágtha a chur leis an méid arna shonrú leis an gcinneadh maoiniúcháin dá dtagraítear i mír 1. Is é a bheidh sa mhéid sin ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

4. I gcás ina gcuirfear gníomhaíocht an Aontais chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, na comhaltaí den choiste meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 153 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh siad a bheith ina saineolaithe seachtracha.

5. Féadfar an riosca a bhaineann le haisghabháil na gcistí atá dlite ag faighteoirí a chumhdach trí ranníocaíochtaí le sásra árachais fhrithpháirtigh, agus measfar gur ráthaíocht leordhóthanach iad faoi Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

6. I gcás ina gcuirtear gníomhaíocht an Aontais chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, gheobhaidh an Ballstát tacaíocht ón Aontas chun an ghníomhaíocht sin a chur chun feidhme, sa bhreis ar a ranníocaíocht airgeadais faoi Airteagal 10 [Buiséad].

An cistiú le haghaidh ghníomhaíochtaí an Aontais, ní úsáidfear é le haghaidh bearta eile i bPlean CNR an Bhallstáit, ach amháin in imthosca a bhfuil údar cuí leo agus mar a fhormheasfaidh an Coimisiún trí leasú a dhéanamh ar Phlean CNR an Bhallstáit, lena n-áirítear i gcás […] ina ndéantar **an Plean CNR a leasú** […] i gcomhréir le hAirteagal 34 [leasú ar an bPlean **CNR** i gcás géarchéimeanna].

[…]

7. I gcás ina gcuirfear gníomhaíocht an Aontais chun feidhme i gcomhréir le mír 6, agus cineál na gníomhaíochta arna déanamh ag an Aontas agus an rud is rogha leis an mBallstát lena mbaineann á gcur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún cistiú ó Shaoráid AE a leithdháileadh ar Bhallstát i gcomhréir leis an gcinneadh maoiniúcháin dá dtagraítear i mír 1**, bunaithe ar chritéir chothroma, thrédhearcacha agus oibiachtúla**. Tar éis an leithdháilte sin, molfaidh an Ballstát lena mbaineann bearta breise a chuirfear leis an bPlean CNR. Ní úsáidfear an nós imeachta sin le haghaidh na ngníomhaíochtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear i mír 1, pointe (i) d'Iarscríbhinn XV ná le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le níos mó ná Ballstát amháin d'Iarscríbhinn XV [gníomhaíochtaí an Aontais] […]. Má ghlacann an Coimisiún le cuid de na bearta breise atá beartaithe nó leis na bearta sin ar fad, tabharfaidh sé fógra don Bhallstát dá réir sin. Gealltanas dlíthiúil a bheidh san fhógra sin, lena gcomhlánaítear an gealltanas dlíthiúil dá dtagraítear in Airteagal 23(7). Áireoidh an Ballstát ina Phlean gach beart breise ar glacadh leis, mar fhaisnéis, tráth an chéad leasaithe eile lena n-éilítear cinntí i gcomhréir le hAirteagal 24(5).

8. I gcás ina leasaítear Plean CNR chun freagairt a thabhairt ar ghníomhaíochtaí an Aontais dá dtagraítear i mír 1, pointe (i), d'Iarscríbhinn XV (gníomhaíochtaí an Aontais, tubaistí nádúrtha **agus móréigeandálaí sláinte poiblí**), beidh na bearta arna n-iarraidh ag an mBallstát agus a bhaineann leis na leasuithe sin incháilithe ón dáta a tharla an […] **tubaiste nádúrtha nó móréigeandáil sláinte poiblí** agus clársceidealófar iad don chuspóir 'Bearta tacaíochta chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna trí atógáil, deisiú agus athléimneacht a fheabhsú'. Beidh an cuspóir sin sa bhreis ar na cuspóirí a leagtar síos in Airteagail 2 agus 3 (cuspóirí an Phlean) agus ní úsáidfear é ach amháin le haghaidh bearta arna gclársceidealú mar fhreagairt […] ar **thubaistí nádúrtha nó móréigeandálaí sláinte poiblí**, lena n-áirítear i gcás […] ina ndéantar Plean CNR a **leasú** i gcomhréir le hAirteagal 34 [leasú ar an bPlean i gcás […] **géarchéimeanna**].

9. **[**Anuas ar Airteagal 12(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh ghníomhaíochtaí an Aontais dá dtagraítear i mír 1, pointí (i) agus (j) d'Iarscríbhinn XV [Gníomhaíochtaí an Aontais, Líontán Sábhála Aontachta], ar leithreasuithe iad nach mbeidh úsáidte faoi dheireadh na bliana airgeadais ar lena haghaidh a iontráladh iad, déanfar iad a thabhairt anonn go huathoibríoch.

Féadfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a thugtar anonn i gcomhréir leis an gcéad fhomhír a úsáid go dtí 2034. Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a thugtar anonn i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, úsáidfear iad ar dtús sa bhliain airgeadais ina dhiaidh sin.**]**

10. An 1 […] **Deireadh Fómhair** gach bliain, beidh ar a laghad an ceathrú cuid den mhéid bliantúil dá bhforáiltear sa bhuiséad le haghaidh ghníomhaíochtaí an Aontais dá dtagraítear i mír 1, pointe (i) d'Iarscríbhinn XV fós ar fáil chun na riachtanais a thiocfaidh chun cinn faoi dheireadh na bliana sin a chumhdach.

11. Sa bhreis ar na critéir maidir le costais incháilithe a leagtar amach in Airteagal 189 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, maidir leis na costais arna dtabhú ag na Ballstáit chun na bearta éigeandála tréidliachta agus fíteashláintíochta a chur chun feidhme faoin gcuspóir sonrach a leagtar amach i bpointe (g) d'Iarscríbhinn XV [Gníomhaíochtaí an Aontais] a ghabhann leis an Rialachán seo: (a) beidh siad incháilithe roimh an dáta a chuirfear isteach an t-iarratas ar dheontas i gcomhréir le hAirteagal 196(2), an dara fomhír, pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509; (b) beidh siad incháilithe ó dháta an teagmhais galair ainmhithe amhrasta nó lotnaid plandaí a bheith i láthair, ar choinníoll go ndeimhnítear an teagmhas nó an lotnaid a bheith i láthair ina dhiaidh sin. Sula gcuirfear isteach an t-iarratas ar dheontas, tabharfar fógra don Choimisiún gur tharla an galar ainmhithe i gcomhréir le hAirteagal 19 nó 20 agus rialacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2016/429, nó go bhfuil lotnaid coraintín de chuid an Aontais i láthair i gcomhréir le hAirteagal 9, 10 nó 11 de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. De mhaolú ar Airteagal 111(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, déanfaidh an Coimisiún an gealltanas buiséadach maidir leis an deontas a dámhadh le haghaidh mbeart éigeandála sin tar éis measúnú a bheith déanta ar na hiarratais ar íocaíocht arna gcur isteach ag na Ballstáit.

11a. I gcomhréir le hAirteagal 196(2), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, na costais atá le seasamh ag na Ballstáit as an gCóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) faoi Airteagal 85, míreanna (2) agus (3), de Rialachán 2018/1240, ar costais iad atá le cumhdach leis an ioncam a ghintear le táillí ETIAS faoi mar a leagtar amach in Airteagal 7 de Rialachán BTV, féadfar a mheas gur costais incháilithe iad ón [dáta le cinneadh], fiú má tabhaíodh na costais sular cuireadh an t-iarratas ar dheontas isteach.

Gealltanais bhuiséadacha maidir le gníomhaíochtaí ar faide ná aon bhliain airgeadais amháin iad, féadfar iad a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta.

Airteagal 32

Caiteachas a bhaineann le bearta idirghabhála poiblí faoin Líontán Sábhála Aontachta

1. Chun críocha an Líontáin Sábhála Aontachta arna bhunú mar ghníomhaíocht de chuid an Aontais faoin tSaoráid, i gcás nach bhfuil suim in aghaidh an aonaid cinntithe maidir le hidirghabháil phoiblí, maoineofar an beart lena mbaineann ar bhonn méideanna caighdeánacha aonfhoirmeacha, go háirithe a mhéid a bhaineann le cistí ó na Ballstáit a úsáidtear chun táirgí a cheannach isteach, le haghaidh oibríochtaí ábhair a eascraíonn as stóráil agus, i gcás inarb iomchuí, chun na táirgí atá incháilithe le haghaidh idirghabháil phoiblí, dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, a phróiseáil.

2. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena socrófar na méideanna dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an […] nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229 […] **(2)** de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

Airteagal 33

An cúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn

1. Úsáidfear an méid dá dtagraítear in Airteagal 26(4), pointe (b), [an cúlchiste buiséid] sna cásanna is mó inar gá agus **má tá** údar cuí leis sin […]:

   (a) chun a áirithiú go bhfreagróidh an tAontas **go tráthúil agus** go hiomchuí i gcás imthosca gan choinne;

   [(b) chun tionscnaimh nó tosaíochtaí nua faoi stiúir an Aontais a chur chun cinn**.]**

1a. Bainfidh na tionscnaimh nó na tosaíochtaí nua dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), leo siúd a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar fhreagairt ar fhorbairtí atá ag teacht chun cinn a éilíonn freagairt straitéiseach thráthúil ón Aontas, cé nach dúshlán ná géarchéim láithreach iad. D'fhéadfadh athruithe claochlaitheacha teicneolaíochta nó forbairtí socheacnamaíocha, i measc nithe eile, a bheith i gceist leis na himthosca sin.

2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cinntí maoiniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 lena sainaithneofar na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí a mbeidh tacaíocht le tabhairt dóibh agus lena sonrófar na méideanna le haghaidh an chúlchiste buiséid a leagtar amach in Airteagal 26(4), pointe (b), den Rialachán seo [Foráil ghinearálta maidir le cur chun feidhme Shaoráid AE].

   Déanfaidh an Coimisiún tuairimí a mhalartú leis an gComhairle dhá uair sa bhliain ar a laghad maidir le slógadh mhír 1(a) agus (b) amach anseo agus cuirfidh sé san áireamh na tuairimí a chuirfidh an Chomhairle in iúl.

   Chun críocha mhír 1(b) den Airteagal seo, is trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar na cinntí maoiniúcháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 88(3) den Rialachán seo.

3. I dteannta Airteagal 12(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí nach n-úsáidtear faoi dheireadh na bliana airgeadais ar lena haghaidh a iontráladh iad, déanfar iad a thabhairt anonn go huathoibríoch.

Féadfar úsáid a bhaint as leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a thugtar anonn i gcomhréir leis an gcéad fhomhír go dtí deireadh 2033. Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a thugtar anonn i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, úsáidfear iad ar dtús sa bhliain airgeadais ina dhiaidh sin.**]**

Airteagal 34

Leasú ar an bPlean CNR i gcás […] géarchéimeanna

1. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí na Pleananna CNR a leasú i gcomhréir le hAirteagal 24 [Leasú an phlean] chun tacú le bearta […] **mar fhreagairt ar ghéarchéim, mar a shainmhínítear í sin in Airteagal 4(19) den Rialachán seo [sainmhíniú géarchéime]. Go háirithe, féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí na Pleananna CNR a leasú** chun íocaíochtaí géarchéime a sholáthar d'fheirmeoirí […], **d'iascairí agus do tháirgeoirí dobharshaothraithe** a thacaíonn le hinfheistíochtaí in athbhunú na hacmhainne talmhaíochta**, iascaireachta agus dobharshaothraithe**, ar choinníoll gur aithin údarás poiblí inniúil de chuid an Bhallstáit go dtugann siad an tacaíocht sin.

Ní fhéadfaidh Ballstát íocaíochtaí géarchéime a sholáthar d'fheirmeoirí**, d'iascairí ná do tháirgeoirí dobharshaothraithe ach amháin má chomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas** […]:

(a) d'aithin a údarás inniúil go foirmiúil gur tharla tubaiste nádúrtha, teagmhas díobhálach aeráide nó teagmhas turraingeach, mar a shainmhíníonn an Ballstát iad;

(b) glacadh bearta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031 chun galar plandaí nó lotnaid a dhíothú nó a shrianadh; **nó**

(c) glacadh bearta chun na galair ainmhithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún a chosc nó a dhíothú; nó

(d) glacadh bearta maidir le galar atá ag teacht chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 6(3) agus Airteagal 259 de Rialachán (AE) 2016/429.

2. **[**I gcás inar mó an iarraidh ar leasú ná 1 % den ranníocaíocht airgeadais ón Aontas faoin bPlean, féadfaidh an Ballstát, sa bhreis air sin, a iarraidh go ndéanfaí suas le 2,5 % de mhéid na ranníocaíochta airgeadais ón Aontas a chlársceidealú óna mhéid solúbthachta neamhchláraithe laistigh de na teorainneacha a leagtar amach in Airteagal 12 [Gealltanais bhuiséadacha] le haghaidh na mbeart dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

3. I gcás nach leor an méid a iarrtar agus atá ar fáil faoi mhír 2 chun na riachtanais a chumhdach, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht bhreise a iarradh ó ghníomhaíochtaí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 26 [Foráil ghinearálta maidir le cur chun feidhme Shaoráid AE], faoi réir cistiú a bheith ar fáil.

4. I gcás nach leor an méid atá ar fáil faoi mhír 3 chun na riachtanais a chumhdach, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht bhreise a fháil ón 'cúlchiste buiséid' dá dtagraítear in Airteagal 26(4), pointe (b) [Foráil ghinearálta maidir le cur chun feidhme Shaoráid AE], faoi réir cistiú a bheith ar fáil.**]**

5. Cuirfidh na Ballstáit iarraidh isteach ina leagfar amach na cúiseanna agus ina dtabharfar tuairisc ar na damáistí agus na riachtanais deisiúcháin agus téarnaimh chun an leasú dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás inarb infheidhme, i míreanna 2 agus 3 a dhéanamh ar an bPlean CNR, laistigh de 4 mhí ón dáta a d'aithin údarás inniúil gur géarchéim atá ann. Áireofar na gnéithe seo a leanas sa leasú:

(a) tuairisc ar bhearta lena dtugtar aghaidh ar dhamáistí a eascraíonn as an ngéarchéim agus lena gcothaítear deisiú agus téarnamh ón ngéarchéim, lena n-áirítear costais mheasta na mbeart agus a ngarspriocanna agus a spriocanna comhfhreagracha;

(b) i gcás inarb infheidhme, na méideanna arna n-iarraidh ón méid solúbthachta agus ón tSaoráid, suas le méid chostais mheasta iomlána na mbeart gaolmhar, agus […] na **tairseacha is infheidhme maidir le géarchéimeanna mar a leagtar i mír 2 den Airteagal seo iad** á gcur san áireamh.

6. De mhaolú ar Airteagal 24 [Leasú an phlean], […] **beidh sé mar aidhm ag an g**Coimisiún a aon leasú ar an bPlean CNR a fhormheas laistigh de 15 lá oibre tar éis do Bhallstát é a chur isteach.

7. Íocfaidh an Coimisiún suas le 80 % de leithdháileadh na mbeart dá dtagraítear i mír 5, mar a leagtar amach sa chinneadh lena bhformheastar an leasú ar an bplean dá dtagraítear i mír 6, faoi réir cistiú a bheith ar fáil, mar réamh-mhaoiniú eisceachtúil. Beidh an íocaíocht sin sa bhreis ar an réamh-mhaoiniú don Phlean CNR dá bhforáiltear in Airteagal 17 [Réamh-mhaoiniú] agus déanfar í a imréiteach go bliantúil.

8. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo a úsáid le haghaidh na tacaíochta dá bhforáiltear faoi mhír 1, pointe (l) d'Iarscríbhinn XV (Gníomhaíochtaí an Aontais a fhaigheann tacaíocht ó Shaoráid AE, gníomhaíochtaí Gnóthaí Baile).

9. **[**Ní bheidh feidhm ag míreanna 3 ná 4 maidir le híocaíochtaí géarchéime a sholáthar d'fheirmeoirí atá buailte ag tubaistí nádúrtha.**]**

TEIDEAL V

AN COMHBHEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS AN COMHBHEARTAS IASCAIGH

CAIBIDIL I

Airteagal 35

Cineálacha […] idirghabhálacha CBT agus forálacha tacaíochta airgeadais

1. I gcomhréir leis na hidirghabhálacha a liostaítear in Airteagal […]**5** [cineálacha tacaíochta] de Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CBT], leagtar amach na **cineálacha** […] idirghabhálacha CBT seo a leanas:

(a) tacaíocht ioncaim chéimlaghdaitheach limistéarbhunaithe;

(b) tacaíocht ioncaim chúpláilte

(c) […] íocaíocht **bharrshonrach** le haghaidh cadáis

(d) íocaíocht i leith limistéar a bhfuil srianta nádúrtha agus eile orthu;

(e) tacaíocht do mhíbhuntáistí a thagann as ceanglais shainordaitheacha áirithe;

(f) **tacaíocht do gh**níomhaíochtaí agra-chomhshaoil agus gníomhaíochtaí ar son na haeráide;

(g) […] **íocaíocht** d'fheirmeoirí beaga;

(h) tacaíocht d'uirlisí bainistithe riosca;

(i) tacaíocht d'infheistíochtaí d'fheirmeoirí, [...] do shealbhóirí foraoise **agus do ghnóthais a phróiseálann nó a mhargaíonn táirgí talmhaíochta**. **Maidir le hinfheistíochtaí neamhtháirgiúla a rannchuidíonn leis na cuspóirí sonracha a liostaítear in Airteagal 3(1)(d)(v), féadfar tacú le tairbhithe eile freisin;**

(j) tacaíocht chun […] feirmeoirí óga, nó feirmeoirí nua a bhunú, […] **gnólachtaí** nuathionscanta **tuaithe a** bhunú, **ioncam teaghlaigh feirme a éagsúlú agus** […] forbairt ghnó a dhéanamh ar **fheirmeacha** […] beaga;

(k) tacaíocht do sheirbhísí faoisimh feirme;

(l) **tacaíocht do** LEADER;

(m) tacaíocht do chomhroinnt eolais agus nuálaíocht sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus i gceantair thuaithe;

(n) **tacaíocht d'**fhorbairt chríochach agus do thionscnaimh comhair áitiúil [...] ;

(o) idirghabhálacha **sonracha** sna réigiúin is forimeallaí, a **leagtar amach i Rialachán 228/2013 [Rialachán POSEI]** [...];

(p) **tacaíocht d'**idirghabhálacha sna hoileáin bheaga Aeigéacha […]**;**

(q) **tacaíocht do** scéim scoile an Aontais dá dtagraítear i […] gCuid II, **Teideal I**, Caibidil IIa, **Roinn 2** de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;

(r) tacaíocht d'idirghabhálacha in earnálacha áirithe dá dtagraítear i g**Cuid II**, Teideal […] **I**, **Caibidil IIa, Roinn 3** de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**;**

(s) íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide agus teagmhais thurraingeacha.

2. Maidir leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b), (c) agus (g), ní bheidh siad infheidhme maidir leis na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear i**n Airteagal 349 CFAE agus i** dTeideal […] VI. **Tá feidhm ag gach idirghabháil eile a liostaítear i mír 1 sna réigiúin is forimeallaí. Féadfar na hidirghabhálacha dá dtagraítear i mír 1, pointe (o), a mhaoiniú as an gCiste i gcomhréir le hAirteagal 10(2), pointe (a)(ii) [Buiséad].**

3. […]

4. Faoi réir Airteagal 20(4) [ranníocaíocht náisiúnta leis na costais mheasta] a chomhlíonadh, ní bheidh an ranníocaíocht náisiúnta íosta leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (d) **go (f) agus (h) go** (k), níos lú ná [30] % de […] **chaiteachas poiblí incháilithe** gach idirghabhála.

[Is é 75 % de chostais incháilithe iomlána gach idirghabhála a bheidh san uasráta tacaíochta is infheidhme maidir leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear i mír 1 pointe […] **(i)** [infheistíochtaí d'fheirmeoirí]. Mar sin féin, is é 85 % den chaiteachas poiblí incháilithe a bheidh san uasráta tacaíochta is infheidhme maidir leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear i mír 1, pointe (i), atá díritheach ar fheirmeoirí óga.**]**

5. […]

6. Is é **[**30**]** % de chaiteachas poiblí incháilithe iomlán gach idirghabhála a bheidh sa ranníocaíocht náisiúnta íosta le caiteachas poiblí incháilithe iomlán idirghabhálacha scéim scoile an Aontais dá dtagraítear i […] gCuid II, **Teideal I**, Caibidil IIa**, Roinn 2** de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

Féadfaidh na Ballstáit, sa bhreis ar chúnamh airgeadais ón Aontas agus an ranníocaíocht náisiúnta le costais na n-idirghabhálacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, maoiniú náisiúnta breise a dheonú.

[…]

7. […]

8. Faoi réir chomhlíonadh Airteagal 20(4) [ranníocaíocht náisiúnta leis na costais mheasta], is é **[**30**]** % de chaiteachas poiblí incháilithe gach idirghabhála a bheidh sa ranníocaíocht náisiúnta íosta le caiteachas poiblí incháilithe na n-idirghabhálacha in earnálacha áirithe dá dtagraítear i […] gCuid II**, Teideal I**, Caibidil IIa, **Roinn 3** de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

[Is é 75 % de chostais incháilithe iomlána gach idirghabhála a bheidh san uasráta tacaíochta is infheidhme maidir leis na hidirghabhálacha sin.]

De mhaolú ar an gcéad fhomhír agus ar an dara fomhír, beidh an ranníocaíocht náisiúnta íosta le caiteachas poiblí incháilithe na n-idirghabhálacha san earnáil beachadóireachta arna gcur chun feidhme ag tairbhithe nach eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí ná**, i gcás inarb ábhartha,** grúpaí táirgeoirí sainaitheanta iad, ar a laghad, cothrom leis an gcúnamh airgeadais ón Aontas a dheonaítear le haghaidh na n-idirghabhálacha sin.

[De mhaolú ar an dara fomhír, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an t-uasráta tacaíochta a mhéadú go dtí suas le 95 % de chostais incháilithe iomlána gach idirghabhála maidir le hidirghabhálacha a bhaineann le hathnuachan ó ghlúin go glúin, le taighde agus nuálaíocht, le bainistiú riosca nó leis an gcomhshaol agus an aeráid, agus le haghaidh eagraíochtaí táirgeoirí a chuireann cláir oibríochtúla chun feidhme den chéad uair.

De mhaolú ar an dara fomhír, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh freisin táirgeoirí a chúiteamh as caillteanas ioncaim de bharr chur chun feidhme na n-idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 31, pointe (n), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, trí suas le 100 % den chaillteanas ábhartha a chumhdach ar feadh uastréimhse 3 bliana.

De mhaolú ar an dara fomhír, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an t-uasráta tacaíochta le haghaidh idirghabhálacha a bhaineann le haistarraingtí ón margadh le haghaidh dáileadh saor in aisce a mhéadú go 100 % i gcás aistarraingtí ón margadh nach sáraíonn 5 % den mhéid táirgeachta arna mhargú ag eagraíocht táirgeoirí. Ríomhfar an méid táirgeachta mar mheán mhéideanna foriomlána na dtáirgí a bhfuil an eagraíocht táirgeoirí aitheanta ina leith agus a mhargaíonn an eagraíocht táirgeoirí le linn na 3 bliana roimhe sin. Áiritheoidh na Ballstáit nach sáróidh an cúiteamh a dheonófar as aistarraingtí ón margadh praghas margaidh na dtáirgí a aistarraingítear.]

9. […]

10. Ní fhéadfar tacaíocht do na hidirghabhálacha dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar ach amháin faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Teideal seo. Aon mhéid […] a bhaineann leis na cineálacha idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal […] **16** de Rialachán (AE) […] **2021/2115 maidir leis an mbliain éilimh 2027 nó le blianta éilimh is luaithe ná sin, faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V de Rialachán (AE) 2021/2115**, déanfar é a chomhaireamh mar chuid de **na** gealltanais bhuiséadacha le haghaidh na bliana airgeadais […] **ina ndéanfar íocaíocht an Choimisiúin leis an mBallstát**.

Aon mhéid le haghaidh éilimh a bhaineann leis na cineálacha idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2021/2115, le bearta faoin idirghabháil mhargaidh dá dtagraítear i gCuid II, Teideal I, Caibidil I de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus scéimeanna cabhrach dá dtagraítear i gCuid II, Teideal I, Caibidlí II agus III de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, le bearta eisceachtúla dá dtagraítear i gCuid V, Caibidil I de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus le bearta arna gcur chun feidhme faoi Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013 agus Uimh. 229/2013, chomh maithe le cur i gcrích na mbeart faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta arna chur chun feidhme go dtí an 31 Nollaig 2027, áireofar é mar chuid de na gealltanais bhuiséadacha le haghaidh na bliana airgeadais ina ndéanfar íocaíocht an Choimisiúin leis an mBallstát.

De mhaolú ar Airteagal 23(7) den Rialachán seo, féadfar […] **cinntí** maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a ghlacadh le haghaidh […] **na méideanna** dá dtagraítear sa chéad fhomhír **agus sa dara fomhír**, agus féadfar […] **méideanna** a ghealladh agus a íoc sula nglacfar an cinneadh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 23(6) den Rialachán seo.

11. […]

12. Nuair a bheifear ag cinneadh na méideanna a bheidh le híoc i leith tacaíocht arna soláthar d'idirghabhálacha CBT, mar a thagraítear in Airteagal 35, mír 1, pointí (a) go [h] agus [j], [k] agus [r] dóibh, […] agus **d'idirghabhálacha CBI, mar a thagraítear in Airteagal 35b dóibh,** ríomhfar luachanna íocaíochta amach gan méideanna a chur i leataobh le haghaidh athchóirithe.

Airteagal 35a

Leanúnachas íocaíochtaí CBT

1. De mhaolú ar Airteagal 21(3), an dara fomhír, féadfaidh caiteachas a bhaineann le gealltanais dhlíthiúla do thairbhithe ar cuireadh tús leo roimh an 1 Iúil 2027 faoi na hidirghabhálacha seo a leanas a bheith incháilithe do mhaoiniú faoi phleananna CNR ar choinníoll go n-áirítear caiteachas den sórt sin sa Phlean CNR agus go gcuirtear na hidirghabhálacha sin chun feidhme i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach thíos:

(a) Idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 42, pointí (a) agus (d) go (f), de Rialachán (AE) 2021/2115 a chuirtear chun feidhme tar éis an 31 Nollaig 2027 i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme de Theideal III, Caibidil III de Rialachán (AE) 2021/2115 trí chláir oibríochtúla arna bhformheas ag Ballstát ar feadh tréimhse is faide ná an dáta sin,

(b) Idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 42, pointí (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2021/2115 a chuirtear chun feidhme tar éis an 31 Nollaig 2027 i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme de Theideal III, Caibidil III de Rialachán (AE) 2021/2115,

(c) Idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE) 2021/2115 a chuirfear chun feidhme tar éis an 31 Nollaig 2027 trí úsáid a bhaint as na rátaí ranníocaíochta a bhunaítear sa leagan den Phlean Straitéiseach CBT atá i bhfeidhm an 31 Nollaig 2027.

1a. Na Ballstáit a thugann tacaíocht faoina bPleananna CBT do na hidirghabhálacha dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), áiritheoidh siad sin go gcuirfidh eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí nó, i gcás inarb infheidhme, tairbhithe eile, mar a thagraítear in Airteagal 67(1)(b) de Rialachán (AE) 2021/2115 dóibh, go gcuirfidh siad faoi bhráid na n-údarás náisiúnta inniúil, faoin [15 Meán Fómhair 2027], iarraidh ar fhormheas ar aistriú a gcláir oibríochtúil, ina gcuirfear in iúl más amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) tá an clár oibríochtúil le modhnú chun Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus an Rialachán seo a chomhlíonadh; nó

(b) tá clár oibríochtúil nua a chomhlíonann Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus an Rialachán seo á chur in ionad an chláir oibríochtúil; nó

(c) leanfar de chur chun feidhme an chláir oibríochtúil go dtí go dtiocfaidh deireadh leis i gcomhréir le forálacha infheidhme Theideal III, Caibidil III de Rialachán (AE) 2021/2115.

Is iad na Ballstáit a dhéanfaidh measúnú ar an iarraidh agus a chinnfidh cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh siad í a fhormheas. Mura gcuirfear aon iarraidh den sórt sin isteach faoin [15 Meán Fómhair 2027], tiocfaidh deireadh leis na cláir oibríochtúla arna bhformheas faoi Rialachán (AE) 2021/2115 an 31 Nollaig 2027.

2. I gcás ina bhfuil riosca suntasach ann go mbeidh moill ar ghlacadh an Phlean CNR tar éis don Bhallstát é a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 21(1) agus ar a dhéanaí faoin 31 Eanáir 2028, glacfaidh an Coimisiún cinneadh maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 lena leagtar amach na méideanna a chomhfhreagraíonn don bhliain 2028 le haghaidh na n-idirghabhálacha a liostaítear in Airteagal 35(1)(a) go (g) [CCRR], a dtacaítear leo trí na hacmhainní dá dtagraítear in Airteagal 10(2)(a)(ii), agus le haghaidh na n-idirghabhálacha a liostaítear in Airteagal 35(1)(q) [Scéim scoile an Aontais], ar choinníoll go gcomhlíontar an oibleagáid maidir lena áirithiú go gcomhlíonann an Plean CNR arna chur isteach na ceanglais uile a leagtar síos sa Rialachán seo, go háirithe in Airteagal 22. Cuirfear an cinneadh faoi Airteagal 23(7) in ionad an chinnidh arna ghlacadh faoin bhfomhír seo ach a nglacfar é.

Airteagal 35b

Cineálacha idirghabhálacha CBI agus dobharshaothraithe

1. Leagtar amach na cineálacha idirghabhálacha CBI agus dobharshaothraithe seo a leanas:

(a) tacaíocht d'earnáil inbhuanaithe iascaigh agus dobharshaothraithe, lena n-áirítear athbhunú agus caomhnú acmhainní bitheolaíocha uisceacha, aistriú fuinnimh, scor buan agus sealadach gníomhaíochtaí iascaireachta, chomh maith le gníomhaíochtaí lena bhfeabhsaítear cúrsaí sábháilteachta, dálaí oibre agus an tsláinte;

(b) tacaíocht don nuálaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta níos inbhuanaithe agus le haghaidh gníomhaíochtaí dobharshaothraithe inbhuanaithe, agus le haghaidh chaomhnú, cosaint agus athchóiriú na bithéagsúlachta uiscí agus na n-éiceachóras uisceach i gcomhréir le cuspóirí CBI agus le haghaidh phróiseáil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe;

(c) tacaíocht do Chomheagrú na Margaí (CEM), mar a shainítear i Rialachán (AE) Uimh 1379/2013, lena n-áirítear eagraíochtaí táirgeoirí a bhunú agus a fheidhmiú agus pleananna táirgthe agus margaíochta a chur chun feidhme;

(d) gan dochar don fhéidearthacht íocaíochtaí géarchéime a chur ar fáil d'iascairí agus do tháirgeoirí dobharshaothraithe i gcomhréir le hAirteagal 34, tacaíocht d'iascairí nó do tháirgeoirí dobharshaothraithe as cúiteamh a thabhairt d'oibreoirí na hearnála iascaigh agus dobharshaothraithe as a n-ioncam tarscaoilte nó as costais bhreise agus cúiteamh a thabhairt d'eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí agus do chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a stórálann táirgí iascaigh a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, ar choinníoll go stóráiltear na táirgí sin i gcomhréir le hAirteagail 30 agus 31 den Rialachán sin.

(e) **tacaíocht do chur chun feidhme chóras rialaithe an Aontais agus bailiú, bainistiú agus úsáid na sonraí iascaigh agus dobharshaothraithe is gá chun CBI a chur chun feidhme;**

(f) **tacaíocht don chomhrac i gcoinne iascaireacht NNN;**

(g) **tacaíocht do riachtanais sonracha bhreise iascaigh, dobharshaothraithe agus pobal cósta agus go háirithe riachtanais na hiascaireachta cósta ar mionscála;**

(h) **tacaíocht do ghníomhaíochtaí breise lena rannchuidítear le hinbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta oibríochtaí iascaireachta agus leis an gcothromaíocht idir acmhainn iascaireachta na gcabhlach agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil;**

(i) **tacaíocht do ghníomhaíochtaí a leagtar amach sa Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan lena n-áirítear caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara, athbhunú na bithéagsúlachta muirí, bainistiú iascaigh agus gníomhaíochtaí dobharshaothraithe inbhuanaithe agus nuálaíocht iontu;**

(j) **tacaíocht d'athnuachan ó ghlúin go glúin in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe.**

2. **Ní mhaoineofar faoi Airteagal 10(2)(a)(ii) [méid imfhálaithe CBI] ach idirghabhálacha i mír 1, pointí (a) go (d).]**

3. **Cuirfidh na Ballstáit san áireamh na ceanglais a leagtar amach faoi Airteagal 22(2b)(g) (i), (iii) agus (iiia) agus tacaíocht á leithdháileadh ar idirghabhálacha san Airteagal seo.**

Airteagal 35c

Idirghabhálacha muirí agus aigéanbhunaithe

1. Leagtar amach na cineálacha idirghabhálacha muirí agus aigéanbhunaithe seo a leanas:

a) tacaíocht do ghníomhaíochtaí a leagtar amach sa Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan, lena n-áirítear slándáil agus faireachas muirí, geilleagar gorm iomaíoch agus inbhuanaithe a fhorbairt;

b) pleanáil spásúil mhuirí;

c) comhar réigiúnach muirí ar leibhéal imchuach farraige.

2. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh na ceanglais a leagtar amach faoi Airteagal 22(2b)(g)(iiia) agus tacaíocht á leithdháileadh ar idirghabhálacha san Airteagal seo.

Airteagal 35d

Limistéir thuaithe

1. Saineoidh na Ballstáit na limistéir thuaithe ina bPlean CNR agus a n-imthosca sonracha náisiúnta, réigiúnacha nó críochacha á gcur san áireamh acu.

Airteagal 36

[…]

Airteagal 37

[…]

Airteagal 38

[…]

[…]

Airteagal 39

[…]

[…]

[…]

CAIBIDIL II

[…]

Airteagal 40

[…]

Airteagal 41

[…]

[…]

CAIBIDIL III

[…]

Airteagal 42

[…]

Airteagal 43

[…]

Airteagal 44

[...]

Airteagal 45

[…]

TEIDEAL VI
NA RÉIGIÚIN IS FORIMEALLAÍ

Airteagal 46

Na réigiúin is forimeallaí

1. Ullmhóidh na Ballstáit lena mbaineann, mar chuid dá bPlean, bearta chun aghaidh a thabhairt ar shrianta buana agus struchtúracha ar na réigiúin is forimeallaí san Aontas, ar srianta iad a dhéanann mórdhochar dá bhforbairt, faoi mar a aithnítear sin in Airteagal 349 CFAE. Féadfar na bearta a chur chun feidhme i gcaibidil thiomnaithe. Leis na bearta sin, tabharfar aghaidh ar na cuspóirí seo a leanas **go háirithe**:

(a) foráil a dhéanamh do riachtanais agus dúshláin shonracha na réigiún sin, cuir i gcás: slándáil bia, tithíocht, **iompar (go háirithe bonneagar iompair de bhóthar, mhuirí agus aeir agus breoslaí inbhuanaithe), caomhnú agus athbhunú na bithéagsúlachta,** uisce agus **sláintíocht,** bainistiú dramhaíola, fuinneamh, fostaíocht agus soghluaisteacht an lucht saothair, go háirithe do dhaoine óga, dícharbónú, ciorclaíocht, oideachas agus scileanna, cuimsiú sóisialta, imirce, athléimneacht agus an t-oiriúnú don athrú aeráide, cosaint an chomhshaoil, an geilleagar gorm, rochtain ar chúram sláinte, ar fhuinneamh […] agus ar nascacht dhigiteach **agus iomaíochas** agus forbairt eacnamaíoch, lena n-áirítear geilleagar gorm inbhuanaithe éagsúlaithe;

(b) a ráthú go mbeidh soláthar táirgí ann atá fíor-riachtanach lena gcaitheamh ag an duine nó don phróiseáil agus mar ionchuir thalmhaíochta **nó iascaigh**, trí na costais bhreise a thabhaítear mar gheall fhíor-iargúltacht agus/nó oileánachas na réigiún sin a mhaolú, gan dochar a dhéanamh don táirgeadh áitiúil ná d'fhás an táirgthe sin;

(c) todhchaí agus forbairt fhadtéarmach na talmhaíochta, an iascaigh agus an dobharshaothraithe a áirithiú, lena n-áirítear táirgeadh, próiseáil, margú agus díol barr agus táirgí áitiúla, agus éagsúlú an táirgthe bia, agus béim ar leith á leagan ar an tslándáil bia agus ar an neamhthuilleamaíocht, agus iomaíochas a choinneáil agus a neartú.

2. [...] **Na bearta arna gceapadh chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí a leagtar amach i mír 1 [...]**, áireofar orthu freisin idirghabhálacha eile [a fhaigheann tacaíocht ó acmhainní a leagtar amach in Airteagal 10 – Buiséad], lena n-áirítear cúiteamh, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) […]

(b) […]

(aa) **socruithe agus bearta sonracha soláthair chun cúnamh a thabhairt do tháirgí talmhaíochta áitiúla mar a leagtar amach i Rialachán 228/2013 [Rialachán POSEI] atá le maoiniú as leithdháileadh airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann agus dá dtagraítear in Airteagal 10(2)(a);**

(c) cothrom iomaíochta a chur chun cinn le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe ó na réigiúin is forimeallaí

(d) tacaíocht shonrach chun cúnamh a thabhairt d'iascach áitiúil agus do tháirgeadh agus próiseáil dobharshaothraithe agus margú dá dtagraítear in Airteagal 48

(e) tacaíocht shonrach don fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chríochach go háirithe, chun iompar dícharbónaithe, fuinneamh glan agus nascacht dhigiteach a fheabhsú d'fhonn na costais bhreise a bhaineann lena n-iargúltacht a fhritháireamh agus chun foráil a dhéanamh maidir le cothrom iomaíochta le mór-roinn na hEorpa, sa tslí is go gcothófar a slándáil agus a n-athléimneacht;

(f) tacaíocht shonrach chun rochtain ar fhostaíocht agus ar shoghluaisteacht [...], ar oideachas, scileanna agus cuimsiú sóisialta a fheabhsú d'fhonn na costais bhreise a bhaineann lena n-iargúltacht a fhritháireamh agus chun foráil a dhéanamh maidir le cothrom iomaíochta le mór-roinn na hEorpa, sa tslí is go gcothófar a slándáil agus a n-athléimneacht.

(g) an tacaíocht struchtúrach d'earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe, cúiteamh ar chostais bhreise d'earnáil an iascaigh agus d'earnáil an dobharshaothraithe, lena n-áirítear an mhodheolaíocht chun é a ríomh agus aon infheistíocht eile sa gheilleagar gorm inbhuanaithe is gá chun forbairt inbhuanaithe chósta a bhaint amach.

2a. Féadfaidh feidhm a bheith ag rialacha sonracha maidir le státchabhair maidir le bearta agus idirghabhálacha eile i gcomhréir leis na coinníollacha a shonraítear in Airteagal XX de Rialachán (AE) 20XX/XXXX [Rialachán CBT], Airteagal 23 de Rialachán (AE) 228/2013 [Rialachán CAPI] agus Airteagal XX de Rialachán (AE) 20XX/XXXX [Rialachán CBI].

Airteagal 47

Socruithe sonracha soláthair

1. **Déanfar** […] socruithe soláthair sonracha a bhunú le haghaidh na dtáirgí talmhaíochta a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE, ar táirgí iad atá fíor-riachtanach sna réigiúin is forimeallaí lena gcaitheamh ag an duine, le haghaidh monarú táirgí eile, nó mar ionchuir thalmhaíochta **nó iascaigh**, **de réir na gceanglas a leagtar amach i gCaibidil III de Rialachán 228/2013 [Rialachán POSEI].**

2. […]

3. […]

[…]

Airteagal 48

Tacaíocht do tháirgí áitiúla talmhaíochta, iascaigh agus dobharshaothraithe

1. **Comhlíonfaidh an tacaíocht do tháirgí talmhaíochta áitiúla na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil IV de Rialachán 228/2013 [Rialachán POSEI].** […].

1a. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a dheonú chun oibreoirí atá i mbun iascaireachta, feirmeoireachta éisc, próiseála agus margaíochta táirgí áirithe iascaigh agus dobharshaothraithe ó na réigiúin is forimeallaí a chúiteamh as na costais bhreise arna dtabhú.

1aa. Chun an tacaíocht sin dá dtagraítear i mír 1a a chur chun feidhme, cinnfidh gach Ballstát lena mbaineann an liosta de tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe agus cainníocht na dtáirgí sin atá incháilithe do chúiteamh.

1ab. Agus na liostaí á mbunú acu, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na tosca ábhartha uile, go háirithe an gá a áirithiú go bhfuil an tacaíocht ag luí le rialacha CBI.

2. […]

3. […]

4. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le dáileadh cothrom íocaíochtaí. Féadfaidh na Ballstáit uasteorainn a chur leis an méid tacaíochta atá le deonú do thairbhí i mbliain féilire ar leith nó féadfaidh siad íocaíochtaí céimlaghdaitheacha a úsáid.

5. Ní dheonófar an cúiteamh le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe:

   (a) arna ngabháil ag soithí tríú tír, cé is moite de shoithí iascaireachta a bhfuil bratach Veiniséala ar foluain acu agus a oibríonn in uiscí an Aontais, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2015/1565 ón gComhairle (37);

   (b) arna ngabháil ag soithí iascaireachta an Aontais nach bhfuil cláraithe i gcalafort i gceann amháin de na réigiúin is forimeallaí;

   (c) arna n-allmhairiú ó thríú tíortha.

6. Ní bheidh feidhm ag mír 5, pointe (b), má sháraíonn acmhainn reatha an tionscail próiseála sa réigiún is forimeallaí lena mbaineann cainníocht an amhábhair arna sholáthar.

6a. Leis an gcúiteamh a íocfar do na tairbhithe atá i mbun a gcuid gníomhaíochtaí sna réigiúin is forimeallaí nó ar úinéirí soithigh iad atá cláraithe i gcalafort i gceann de na réigiúin sin agus atá ag oibriú ann, cuirfear san áireamh an méid seo a leanas chun an róchúiteamh a sheachaint:

(a) na costais bhreise a eascraíonn as míbhuntáistí sonracha na réigiún lena mbaineann i gcás gach táirge iascaigh nó dobharshaothraithe nó gach catagóir táirgí; agus

(b) aon chineál eile idirghabhála poiblí a dhéanann difear do leibhéal na gcostas breise.

7. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagail 86 agus 87, lena bhforlíontar an Rialachán seo trí na critéir a leagan síos maidir le ríomh […] **na tacaíochta agus** saintréithe na réigiún lena mbaineann **á gcur san áireamh**.

TEIDEAL VII
RIALACHAS AN PHLEAN

CAIBIDIL 1
Údaráis an phlean agus a bhfeidhmeanna

Airteagal 49

Údaráis an Phlean CNR agus an Phlean um Interreg

1. Chun críocha Airteagal 63(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, déanfaidh gach Ballstát údarás bainistíochta amháin nó níos mó, gníomhaireacht íocaíochta CBT amháin nó níos mó agus údarás iniúchóireachta amháin nó níos mó a shainaithint le haghaidh an Phlean i **gcomhréir lena chreat institiúideach agus dlíthiúil, agus sainiúlachtaí na gcaibidlí lena mbaineann á gcur san áireamh agus, i gcás inarb infheidhme, sainaithneoidh sé údarás amháin nó níos mó a ghlacfaidh chuige féin feidhm comhordaithe an Phlean CNR**. Comhlíonfaidh na húdaráis a shainaithneofar na príomhcheanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo. Beidh na húdaráis uile arna sainaithint chun críocha an Airteagail seo […] **in ann idirghníomhú go díreach leis an gCoimisiún, na húdaráis ábhartha bhainistíochta atá freagrach as clársceidealú, bainistiú agus cur chun feidhme na gcaibidlí réigiúnacha san áireamh**.

2. I gcás ina gcuirfidh Ballstát cur chun feidhme **chaibidlí an Phlean** […] de chúram ar údaráis atá i gceannas ar an mbeartas comhtháthaithe, CBT, an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe**, an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí, nó an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí** a chur chun feidhme sa chlárthréimhse 2021-2027, agus **ar údaráis atá i gceannas ar an gCiste Aeráide Sóisialta a chur chun feidhme**, agus murar cheistigh an Coimisiún feidhmiú éifeachtach na n-údarás sin bunaithe ar na torthaí iniúchóireachta […] **is déanaí**, measfar go gcomhlíonann na húdaráis sin na príomhcheanglais a **leagtar amach in Iarscríbhinn IV**.

3. **[**I gcás ina sainaithníonn Ballstát níos mó ná údarás bainistíochta amháin, bunóidh sé údarás comhordúcháin. Féadfar a chur de chúram ar údarás bainistíochta feidhmeanna áirithe de chuid an údaráis comhordúcháin a dhéanamh. Déanfar na socruithe idir an t-údarás comhordúcháin agus an t-údarás bainistíochta a thaifeadadh i scríbhinn.**] Chun comhleanúnachas agus costéifeachtacht a áirithiú, féadfaidh na Ballstáit tógáil ar na struchtúir rialachais agus na hinstitiúidí dá bhfuil ann cheana.**

4. Féadfaidh an t-údarás bainistíochta comhlacht idirmheánach amháin nó níos mó a shonrú chun cúraimí […] atá faoina chúram a dhéanamh. Déanfar na socruithe idir na húdaráis bhainistíochta agus na comhlachtaí idirmheánacha a thaifeadadh i scríbhinn. […].

5. Údarás poiblí atá neamhspleách ó thaobh feidhme de ar na hiniúchaithe, a bheidh san údarás iniúchóireachta. Féadfaidh comhlacht poiblí nó príobháideach nach é an t-údarás iniúchóireachta atá faoi fhreagracht an údaráis […] **iniúchóireachta** é obair iniúchóireachta a dhéanamh. I gcás ina sainaithníonn an Ballstát níos mó ná údarás iniúchóireachta amháin, beidh […] socruithe comhordúcháin nó feidhm chomhordúcháin i **bhfeidhm aige** chun […] **na tuairimí** iniúchóireachta bliantúla […] **agus na hachoimrí** ar na hiniúchtaí dá dtagraítear in Airteagal 53 a ullmhú [feidhmeanna an údaráis iniúchóireachta].

6. Áiritheoidh na Ballstáit go n-urramófar prionsabal na deighilte feidhmeanna idir na húdaráis a shainaithnítear don Phlean agus laistigh díobh.

7. Creidiúnóidh na Ballstáit gníomhaíochtaí íocaíochta **CBT** atá freagrach as bainistiú agus rialú na […] **n-idirghabhálacha** dá dtagraítear in Airteagal 35(1) agus […] ghníomhaíochtaí sin an Aontais **arna gcur chun feidhme faoin mbainistíocht chomhroinnte** dá dtagraítear in Iarscríbhinn XV, mír 1, pointí (h) agus (j), den Rialachán seo [[…] gníomhaíochtaí **an Aontais**] […]**.** Féadfaidh g**níomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe CBT** a bhfeidhmeanna, mar a thagraítear in Airteagal 52 dóibh [feidhmeanna na gníomhaireachta íocaíochta **CBT**], a chur de chúram ar an údarás bainistíochta nó ar chomhlacht eile. **Na cúraimí a tharmligfidh gníomhaireachtaí íocaíochta CBT chuig údaráis bhainistíochta, ní chuirfear ar iontaoibh comhlachtaí eile iad.**

8. Féadfaidh na húdaráis bhainistíochta agus iniúchóireachta a bheith freagrach as caibidil amháin nó níos mó den Phlean **CNR nó den Phlean um Interreg, nó as codanna de chaibidlí den Phlean CNR**. […] Leagfar […] **amach go soiléir cé na húdaráis atá freagrach as gach cuid den Phlean CNR nó den Phlean um Interreg**.

9. Agus a bhfeidhmeanna á ndéanamh acu, féadfaidh údaráis an phlean úsáid a bhaint as córas faisnéise agus faireacháin comhtháite idir-inoibritheach aonair, lena n-áirítear uirlis mianadóireachta sonraí agus scórála riosca aonair **arna cur ar fáil ag an Coimisiún**, mar a thagraítear in Airteagal 36(2), pointe (d) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 di sin, chun rochtain a fháil ar na sonraí ábhartha agus anailís a dhéanamh orthu, d'fhonn go gcuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm é ar bhonn ginearálaithe. **Féadfaidh údaráis phlean leanúint dá gcórais faisnéise agus faireacháin féin a oibriú, ar choinníoll go n-áiritheoidh siad go gcomhlíonfar ceanglais an Rialacháin seo.**

9a. Ní cheanglófar ar na húdaráis bhainistíochta ná ar na húdaráis iniúchóireachta an chomhréireacht idir na bunchostais mheasta agus costais iarbhír na n-oibríochtaí a fhíorú.

10. Eagrófar cruinnithe athbhreithniúcháin bliantúla uair sa bhliain idir an Coimisiún agus gach Ballstát chun feidhmíocht an Phlean nó a chaibidlí a scrúdú. Beidh na húdaráis ábhartha**, lena n-áirítear i gcás ina mbeidh na húdaráis réigiúnacha ábhartha agus na húdaráis a ghlacfaidh chucu féin an fheidhm** […] chomhordúcháin […], rannpháirteach sna cruinnithe athbhreithniúcháin. Déanfar toradh an chruinnithe athbhreithniúcháin a thaifeadadh i scríbhinn. Déanfaidh an Ballstát obair leantach ar shaincheisteanna arna dtarraingt suas le linn an chruinnithe athbhreithniúcháin agus a dhéanann difear do chur chun feidhme an phlean nó do chaibidil amháin nó níos mó agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas laistigh de 3 mhí ón tráth a dhéanfar na bearta.

Airteagal 50

[…] Feidhm […] chomhordúcháin an Phlean CNR

Cuimseoidh **feidhm** […] chomhordúcháin **an Phlean CNR** […] **na cúraimí seo a leanas**:

(-a) an Plean CNR nó a leasuithe a chur isteach;

(a) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an **Phlean CNR trí dhlúthchomhordú leis na húdaráis bhainistíochta** […], chomh maith le cleachtais fhónta rialachais a áirithiú agus acmhainneacht riaracháin leordhóthanaí ag na húdaráis atá freagrach as an bPlean **CNR** […] a **chur chun cinn** an tráth céanna;

(b) comhleanúnachas a áirithiú i gcur chun feidhme chaibidlí éagsúla an Phlean **CNR**;

(c) iarratais ar íocaíocht le haghaidh an Phlean **CNR** a chur faoi bhráid an Choimisiúin, **bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas ó údaráis bhainistíochta agus ó ghníomhaireachtaí íocaíochta CBT**, i gcomhréir le hAirteagal 65;

(d) réamh-mheastacháin a sholáthar maidir leis an méid le haghaidh iarratais ar íocaíocht atá le cur isteach le haghaidh na bliana féilire reatha agus na bliana féilire ina dhiaidh sin faoin 31 Eanáir agus faoin […] **31** Iúil i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn X [maidir le réamhaisnéis íocaíochta]**. Féadfar an cúram sin a chur de chúram ar údarás bainistíochta amháin nó níos mó;**

(e) […]

(f) na doiciméid uile a iarrtar mar chuid den phacáiste dearbhaithe bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 59 [pacáiste bliantúil] a **bhailiú** agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin. **I gcás ina n-áirítear níos mó ná dearbhú bainistíochta amháin nó tuairim iniúchóireachta amháin sa phacáiste dearbhaithe, cumhdófar leo sin gach iarratas ar íocaíocht a chuirfear isteach le linn na tréimhse tagartha, i gcomhréir le creat institiúideach, dlíthiúil agus airgeadais an Bhallstáit;**

(g) sreafaí airgeadais chuig údaráis bhainistíochta **agus chuig gníomhaireachtaí íocaíochta CBT** a áirithiú, lena ráthófar, le gach íocaíocht a dhéanfaidh an Coimisiún, go bhfaighidh na húdaráis sin na méideanna atá dlite dóibh, i gcomhréir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme na mbeart a áirítear ina gcaibidlí ar leith, agus ceartúcháin airgeadais a d'fhéadfadh teacht as cur chun feidhme a gcaibidlí á gcur san áireamh, agus go bhfaighidh siad méid atá coibhéiseach ar a laghad lena ranníocaíocht ón Aontas faoi dheireadh na tréimhse;

(h) […]

(i) **I gcás inarb infheidhme,** tacú le hobair coiste comhordúcháin tríd an bhfaisnéis is gá a sholáthar agus trína áirithiú go ndéanfar obair leantach ar chinntí agus ar mholtaí an choiste […] comhordúcháin;

(j) cuspóirí […] agus torthaí an Phlean CNR a chur in iúl do shaoránaigh an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 18 den Rialachán [Rialachán feidhmíochta] trí thairseach aonair suímh gréasáin lena dtugtar rochtain ar gach caibidil den Phlean CNR de bhun Airteagal 64(1).

Féadfar na cúraimí a liostaítear faoin Airteagal seo a chur de chúram ar údarás amháin nó níos mó, agus é á áirithiú ag an am céanna nach gcuirfear gach cúram de chúram ach ar údarás amháin. Déanfar na socruithe chun cúraimí na feidhme comhordaithe a bhunú a thaifeadadh i scríbhinn.

Airteagal 51

Feidhmiú an údaráis bainistíochta

1. Beidh an t-údarás bainistíochta freagrach as bainistiú a dhéanamh ar an bPlean **CNR** nó ar […] **cheann amháin nó níos mó de na caibidlí den Phlean CNR nó den Phlean Interreg, nó ar chodanna de chaibidil den Phlean CNR, lena n-áirítear as garspriocanna agus spriocanna na gcodanna den Phlean lena mbaineann a chomhlíonadh** […]. Beidh na feidhmeanna seo a leanas aige:

(a) oibríochtaí a roghnú d'fhonn rannchuidiú an Phlean **CNR** a […] **bharrfheabhsú** chun cuspóirí an Chiste a bhaint amach, arna sainiú ar leibhéal a chaibidlí agus a bheart trí chritéir agus nósanna imeachta atá neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach a bhunú agus a chur i bhfeidhm;

(b) fíoruithe bainistíochta a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na garspriocanna […], na spriocanna **agus na haschuir** a leagtar amach sa Phlean agus […] go n-úsáidfear cistí go héifeachtach i gcomhréir leis an dlí is infheidhme; chun críocha an dearbhú bainistíochta a tharraingt suas, **ní fhíoróidh** an t-údarás bainistíochta […] costais bhunúsacha na n-oibríochtaí **agus measúnú á dhéanamh aige ar chomhlíonadh na ngarspriocanna, na spriocanna agus na n-aschur**;

(c) bearta agus nósanna imeachta éifeachtacha agus comhréireacha a chur i bhfeidhm, agus na rioscaí arna sainaithint á gcur san áireamh, chun neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, éilliú, coinbhleacht leasa, agus cistiú dúbailte a chosc, a bhrath agus a cheartú agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na hoibríochtaí foluiteacha an dlí is infheidhme, i gcomhréir leis na príomhcheanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn IV [príomhcheanglais];

(d) tacú le hobair […] **coistí** faireacháin tríd an bhfaisnéis is gá a sholáthar go tráthúil agus trína áirithiú go ndéanfar obair leantach ar chinntí agus ar mholtaí na […] **gcoistí** faireacháin;

(e) más ábhartha, maoirseacht a dhéanamh ar **chur chun feidhme na gcúraimí arna dtarmligean chuig** na chomhlachtaí idirmheánacha, agus cleachtais fhónta rialachais agus coinneáil ar bun acmhainneachta riaracháin leordhóthanaí á n-áirithiú an tráth céanna;

(f) **más ábhartha**, acmhainneacht riaracháin na gcomhlachtaí idirmheánacha, **na ngeallsealbhóirí, na gcomhpháirtithe** agus na dtairbhithe a neartú, agus foghlaim bheartais a chur chun cinn […];

(g) a áirithiú go bhfaighidh tairbhí an méid atá dlite i ndáil le cur chun feidhme […] **oibríochta** ina hiomláine agus tráth nach déanaí ná [80] lá ón dáta a chuireann an tairbhí an t-éileamh íocaíochta isteach; agus maidir leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal […] **35(1)**, pointí (a) go (g), (o), (p), agus (r) [cineálacha idirghabhálacha], lena n-áirithítear go ndéanfar **ar a laghad 95 % den** íocaíocht le tairbhithe tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh den bhliain tar éis na bliana a chuirtear isteach an t-éileamh íocaíochta. **Maidir leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 35(1), pointí (h) go (n) agus (q) go (s), féadfaidh na Ballstáit a chinneadh sprioc-am an 30 Meitheamh den bhliain tar éis na bliana a chuir an tairbhí an t-éileamh ar íocaíocht isteach a chur i bhfeidhm.** is féidir an sprioc-am […] a **chur ar fionraí** más rud é nach mbeidh an t-údarás bainistíochta in ann a dhéanamh amach, leis an bhfaisnéis a cuireadh isteach, cé acu atá nó nach bhfuil an méid dlite;

(h) na sonraí is gá le haghaidh faireacháin, meastóireachta, bainistíochta airgeadais, fíoruithe agus iniúchtaí a thaifeadadh agus a stóráil go leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 58 [Freagrachtaí an Bhallstáit], **Airteagal 63 [Bailiú agus taifeadadh sonraí]** agus le hIarscríbhinn IV [príomhcheanglais], agus slándáil, sláine agus rúndacht sonraí agus fíordheimhniú úsáideoirí a áirithiú;

(i) a áirithiú go soláthrófar doiciméad do gach tairbhí ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht; **an** plean maoiniúcháin, **agus** teorainneacha **ama a** fhorghníomhaithe agus, i gcás inarb infheidhme, an modh chun na coinníollacha íocaíochta a chur i bhfeidhm;

(j) a áirithiú go gcomhlíonann tairbhithe a n-oibleagáid chun infheictheacht thacaíocht an Aontais a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE, Euratom) XX [Rialachán feidhmíochta]**;**

(k) an dearbhú bainistíochta dá dtagraítear i bpointe […]**(c)** d'Airteagal 59(1) […] [Pacáiste dearbhaithe bliantúil] a **ullmhú**, a shíniú **agus a sholáthar don údarás a ghlacann leis an bhfeidhm chomhordúcháin** i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XII [dearbhú bainistíochta];

(l) faisnéis a chur isteach maidir le dul chun cinn chur chun feidhme na mbeart sa Phlean mar a cheanglaítear le hAirteagal 58 [Freagrachtaí na mBallstát] agus le hIarscríbhinn IX [Tuairisciú ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na mbeart]**;**

(m) más ábhartha, meastóireacht ar an gcuid/ar na codanna ábhartha den Phlean CNR a áirithiú;

(n) creat cumarsáide a chur chun feidhme le haghaidh na spriocphobal ábhartha agus le haghaidh na gcaibidlí ábhartha den Phlean CNR.

2. Beidh na fíoruithe bainistíochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), rioscabhunaithe agus comhréireach leis na rioscaí a shainaithnítear *ex ante* agus i scríbhinn.

3. Áireofar ar fhíoruithe bainistíochta fíoruithe riaracháin i ndáil le héilimh íocaíochta ó thairbhithe agus, i **gcás inar gá**, fíoruithe ar an láthair ar oibríochtaí. Déanfar na fíoruithe sin sula gcuirtear isteach an pacáiste dearbhaithe bliantúil i gcomhréir le hAirteagal 59.

Airteagal 52

Feidhmeanna na gníomhaireacht íocaíochta CBT

1. Beidh eagraíocht riaracháin agus córas rialaithe inmheánaigh ag an ngníomhaireacht íocaíochta **CBT** a chomhlíonann caighdeáin rialaithe inmheánaigh a aithnítear go hidirnáisiúnta agus lena soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha go bhfuil íocaíochtaí dleathach, go ndéantar iad go tráthrialta agus go dtugtar cuntas ceart orthu.

2. **Féadfaidh** gach Ballstát **na gníomhaireachtaí íocaíochta CBT atá ann cheana a choinneáil, agus** déanfaidh sé, agus a fhorálacha institiúideacha á gcur san áireamh aige, líon a ghníomhaireachtaí íocaíochta **CBT** a theorannú do ghníomhaireacht íocaíochta aonair **CBT** ar an leibhéal náisiúnta […] **agus/nó**, i gcás inarb infheidhme, do ghníomhaireacht íocaíochta amháin in aghaidh an réigiúin. **I gcás ina bhfuil níos mó ná gníomhaireacht íocaíochta CBT amháin ag Ballstát, féadfaidh an Ballstát sin comhlacht comhordúcháin gníomhaireachtaí íocaíochta CBT a ainmniú.**

3. Maidir leis na […] **hidirghabhálacha** dá dtagraítear in Airteagal 35 **(1)** [cineálacha idirghabhála CBT], déanfaidh an ghníomhaireacht íocaíochta **CBT** cúraimí an údaráis bainistíochta a liostaítear in Airteagal 51(1) [an t-údarás bainistíochta], pointí (b), (c), (f), (g), (h), (i), (j), **(k) agus (l)** […] agus (2) agus (3) den Airteagal sin.

Féadfaidh an ghníomhaireacht íocaíochta CBT comhlíonadh a cúraimí a tharmligean, cé is moite d'íocaíochtaí a dhéanamh.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír agus ar an dara fomhír, i ndáil le forbairt áitiúil ilearnála faoi stiúir an phobail lena gcuimsítear LEADER, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go ndéanfaidh an t-údarás bainistíochta na cúraimí a liostaítear in Airteagal 51.

4. Soláthróidh an ghníomhaireacht íocaíochta **CBT** an fhaisnéis is gá don **údarás a ghlacann leis an bhfeidhm** […] chomhordúcháin chun críche Airteagal 50, pointí (c) agus (f) den Rialachán **seo** […].

Déanfaidh an duine atá i gceannas ar an ngníomhaireacht íocaíochta **CBT** na **dearbhuithe** bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 59(1), pointe (c), den Rialachán seo [An pacáiste dearbhaithe bliantúil a chur isteach] a tharraingt suas agus a sholáthar don **údarás a ghlacann an fheidhm** chomhordúcháin **air féin** […].

5. Déanfaidh gach Ballstát faireachán leanúnach ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos i mír 1 ag an ngníomhaireacht íocaíochta **CBT** agus beidh sé i gceannas ar a gcreidiúnú a eisiúint, a athbhreithniú agus a aistarraingt.

I gcás ina gcinneann an Ballstát nach n-urramaíonn gníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe CBT ceann amháin nó níos mó de na ceanglais a leagtar síos i mír 1 a thuilleadh ar bhealach a dhéanann difear do chomhlíonadh a cúraimí, cuirfidh an Ballstát creidiúnú na gníomhaireachta íocaíochta CBT faoi phromhadh gan mhoill. Déanfaidh sé plean a tharraingt suas lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sprioc-amanna chun na heasnaimh a aimsíodh a leigheas laistigh de thréimhse a chinnfear de réir thromchúis na faidhbe. Ní rachaidh an tréimhse sin níos faide ná 12 mhí ón dáta a chuirfear an creidiúnú faoi phromhadh. I gcásanna ina bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún, ar iarratas ón mBallstát lena mbaineann, fadú ar an tréimhse sin a dheonú.

Airteagal 53

Feidhmeanna an údaráis iniúchóireachta

1. Beidh an t-údarás iniúchóireachta freagrach as iniúchtaí a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngarspriocanna […], na spriocanna agus **na n-aschur**, agus iniúchtaí ar an gcóras chun dearbhú a thabhairt don Choimisiún maidir le feidhmiú éifeachtach na gcóras bainistíochta agus rialúcháin […]. Leis na hiniúchtaí tabharfar dearbhú maidir le húsáid […] cistí i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

2. Déanfaidh an t-údarás iniúchóireachta an méid seo a leanas a tharraingt suas **agus a sholáthar don údarás a ghlacann an fheidhm chomhordúcháin nó d'údarás bainistíochta na caibidle den Phlean um Interreg**:

(a) tuairim iniúchóireachta bhliantúil chun críocha Airteagal 63(7) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán seo lena suífear cé acu

(i) atá nó nach bhfuil na sonraí a iontráiltear sna hiarratais ar íocaíocht a cuireadh isteach le haghaidh na tréimhse tagartha dá dtagraítear in Airteagal 59(1), pointe (a), [pacáiste dearbhaithe] iomlán, cruinn agus iontaofa;

(ii) go bhfeidhmíonn na córais bhainistíochta agus rialúcháin go cuí **agus go n-áirithíonn siad go n-úsáidtear cistí an Aontais i gcomhréir leis an dlí is infheidhme** agus go n-áirithíonn siad cosaint éifeachtach thráthúil leasanna airgeadais an Aontais […];

(iii) atá nó nach bhfuil úsáid na gcistí i gcomhréir leis an dlí is infheidhme;

(iv) a chaitear nó nach gcaitear amhras ar na dearbhuithe a rinneadh sa dearbhú bainistithe nó sna dearbhuithe bainistithe leis an obair iniúchóireachta a rinneadh.

(b) achoimre ar na hiniúchtaí a rinneadh dá dtagraítear in Airteagal 59(1), pointe (b), [Pacáiste dearbhaithe] lena n-áirítear anailís ar chineál agus ar mhéid na laigí a sainaithníodh agus aon ghníomhaíocht cheartaitheach a rinneadh nó atá beartaithe;

Déanfar obair iniúchóireachta i gcomhréir leis na caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

3. Ullmhóidh an t-údarás iniúchóireachta straitéis iniúchóireachta bunaithe ar mheasúnú riosca, agus an tuairisc ar an gcóras bainistíochta agus rialaithe dá bhforáiltear mar a cheanglaítear in Airteagal 22(2), pointe (m), á cur san áireamh, lena gcumhdófar iniúchtaí córais, agus iniúchtaí maidir leis na garspriocanna, **na spriocanna** agus na haschuir […] agus **maidir le húsáid na gcistí** i gcomhréir leis an dlí is infheidhme. Beidh gach údarás bainistíochta nua-aitheanta faoi réir iniúchadh córais sula gcuirfear isteach an chéad iarratas ar íocaíocht.

4. **Gan dochar do na riachtanais a leagtar amach in Airteagal 58,** […] **ní fhíoróidh** an t-údarás iniúchóireachta costais bhunúsacha na n-oibríochtaí […] **agus measúnú á dhéanamh aige ar chomhlíonadh na ngarspriocanna, na spriocanna agus na n-aschur**.

CAIBIDIL II

Socruithe faireacháin

Airteagal 54

Coiste faireacháin agus coiste comhordúcháin

1. Bunóidh gach Ballstát coiste faireacháin amháin nó níos mó le haghaidh chaibidlí an Phlean CNR, de réir mar is iomchuí ar bhonn na caibidle lena mbaineann. Cumhdófar gach caibidil den Phlean **CNR**. Féadfaidh an coiste faireacháin céanna níos mó ná caibidil amháin a chumhdach.

2. I gcás ina mbunóidh an Ballstát níos mó ná coiste faireacháin amháin, **féadfaidh** […] sé coiste comhordúcháin a bhunú freisin a áiritheoidh go ndéanfar forléargas agus faireachán ar chur chun feidhme an phlean, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis ábhartha a bhainistíonn gach ceann de chaibidlí an Phlean CNR, laistigh de 3 mhí ón dáta a thabharfar fógra don Bhallstát lena mbaineann faoin gcinneadh lena bhformheastar an Plean CNR. […]

3. Beidh feidhm ag na rialacha a leagtar síos in Airteagail 55 agus 56 maidir leis an gcoiste comhordúcháin, i **gcás inarb ábhartha**, agus maidir leis an gcoiste faireacháin.

4. Glacfaidh gach coiste faireacháin agus, i **gcás arb ábhartha**, coiste comhordúcháin a rialacha nós imeachta, lena n-áirítear forálacha maidir le haon choinbhleacht leasa a chosc agus maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal na trédhearcachta.

5. Tiocfaidh an **coiste** faireacháin, **agus i gcás inarb ábhartha, an coiste comhordúcháin** le chéile uair sa bhliain ar a laghad agus déanfaidh sé athbhreithniú ar chur chun feidhme na caibidle nó na gcaibidlí den Phlean CNR atá faoina fhreagracht, lena n-áirítear na saincheisteanna uile a dhéanann difear don dul chun cinn i dtreo a gcuspóirí a bhaint amach.

6. Foilseofar rialacha nós imeachta an choiste faireacháin, **agus i gcás inarb ábhartha, an choiste comhordúcháin**, agus na sonraí agus an fhaisnéis a chomhroinntear leis an gcoiste faireacháin ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 64.

Airteagal 55

Comhdhéanamh an choiste faireacháin

1. […] Agus comhdhéanamh […] an choiste faireacháin […] **á chinneadh acu**, **áiritheoidh gach Ballstát** ionadaíocht chothrom d'údaráis agus do comhlachtaí idirmheánacha ábhartha na mBallstát, agus d'ionadaithe na gcomhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 6 [comhpháirtíocht] […] **trí phróiseas trédhearcach, de réir chreat institiúideach agus dlí gach Ballstáit**.

   Cuirfear san áireamh i gcomhdhéanamh an choiste faireacháin an chaibidil nó na caibidlí den Phlean **CNR** as a bhfuil an coiste faireacháin freagrach. Cuirfidh comhdhéanamh agus méid an choiste faireacháin ar a chumas don choiste a chuid oibre a dhéanamh go héifeachtúil agus go héifeachtach.

   Beidh vóta ag gach comhalta den choiste faireacháin. **Beidh ionadaí ón mBallstát ina chathaoirleach ar an gcoiste faireacháin. Leis na rialacha nós imeachta, féadfar a cheadú do dhaoine nach comhaltaí iad, lena n-áirítear BEI, páirt a ghlacadh in obair an choiste faireacháin.**

   Déanfaidh an Ballstát an liosta de chomhaltaí an choiste faireacháin a fhoilsiú agus […] **a choimeád cothrom le dáta** ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 64.

2. Beidh ionadaithe ón gCoimisiún rannpháirteach in obair an choiste faireacháin i gcáil chomhairleach.

Airteagal 56

Feidhmeanna an choiste faireacháin

1. Scrúdóidh an coiste faireacháin an méid seo a leanas i **gcás na caibidle/na gcaibidlí atá faoina fhreagracht:**

(a) an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na mbeart atá i gcaibidil **nó i gcaibidlí** an Phlean **CNR**;

(b) aon saincheisteanna a dhéanann difear d'fheidhmíocht na caibidle **nó na gcaibidlí** agus na bearta arna ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin;

(c) comhlíonadh choinníollacha cothrománacha an Smachta Reachta agus na Cairte a leagtar síos in Airteagail 8 agus 9 [an Smacht Reachta agus coinníollacha cothrománacha na cairte] agus a gcur i bhfeidhm le linn na clárthréimhse;

(d) an dul chun cinn i dtaca le meastóireachtaí a dhéanamh, sintéis meastóireachtaí agus aon bheart leantach mar gheall ar na torthaí;

(e) faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht a chur chun feidhme […];

(f) an dul chun cinn i dtaca le fothú acmhainneachta riaracháin i gcás institiúidí poiblí, comhpháirtithe agus tairbhithe, i gcás inarb ábhartha;

(g) feidhmiú éifeachtach na comhpháirtíochta a mhéid a bhaineann leis an gcaibidil nó na caibidlí den Phlean **CNR** atá faoina fhreagracht.

2. Formheasfaidh an coiste faireacháin an méid seo a leanas i gcás na caibidle/na gcaibidlí **den Phlean CNR** atá faoina fhreagracht:

(a) aon togra chun leasú a dhéanamh ar chaibidil nó ar chaibidlí […], cé is moite de leasuithe de bhun Airteagal 34 [Gníomhaíochtaí an Aontais, Saoráid AE].

(b) an mhodheolaíocht **agus** na critéir […] a úsáidtear chun oibríochtaí a roghnú, lena n-áirítear aon athrú orthu. Beidh na critéir a chuirfear i bhfeidhm […] neamh-idirdhealaitheach, cuimsitheach agus trédhearcach, agus áiritheofar leo inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas, áiritheofar leo comhionannas inscne, agus cuirfear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh san áireamh leo;

(c) an treochlár meastóireachta agus aon leasú air;

(d) […]

(e) […]

3. **Más infheidhme**, tabharfaidh […] an coiste comhordúcháin **tuairim maidir leis** na gnéithe céanna a luaitear sa mhír roimhe seo, ach ar leibhéal an **Phlean CNR, d'fhonn comhleanúnachas a áirithiú i gcur chun feidhme na gcaibidlí éagsúla** […]. I gcás tuairimí éagsúla, beidh forlámhas ag tuairim an choiste faireacháin atá freagrach as an gcaibidil.

4. I gcás moilleanna nó dúshláin maidir le cur chun feidhme caibidlí éagsúla den **Phlean CNR, féadfaidh an coiste monatóireachta, agus más infheidhme** […], an coiste comhordúcháin moltaí a eisiúint chuig na húdaráis a bhainistíonn caibidlí an Phlean **CNR** maidir le feabhas a chur ar éifeachtacht na gcaibidlí sin i dtaca lena gcuspóirí a bhaint amach […].

4a. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir le hidirghabhálacha CBT agus CBI, a dtabharfaidh an coiste faireacháin tuairim ina leith.

Airteagal 57

[…]

[…]

TEIDEAL X
RIALACHA BAINISTÍOCHTA AGUS AIRGEADAIS

CAIBIDIL I
Rialacha bainistíochta ginearálta

Airteagal 58

Freagrachtaí na mBallstát

1. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh úsáid na gcistí i gcur chun feidhme na bPleananna an dlí is infheidhme, lena n-áirítear na rialacha is infheidhme maidir le soláthar poiblí agus Státchabhair. Áiritheoidh siad go háirithe go ndéanfar neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus a thuairisciú, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa.

2. Chun críocha mhír 1, déanfaidh na Ballstáit na nithe seo a leanas:

   (a) córais bhainistíochta agus rialaithe éifeachtacha agus éifeachtúla a bhunú dá bPleananna i gcomhréir leis na príomhcheanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn IV agus a bhfeidhmiú cuí a áirithiú i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais;

   (b) a áirithiú [...] go ndearnadh an tacaíocht arna soláthar a úsáid go cuí chun na garspriocanna agus na spriocanna nó na haschuir atá bunaithe a bhaint amach agus gach gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonann úsáid na gcistí i gcur chun feidhme na bPleananna an dlí is infheidhme**. Ní fhíoróidh na Ballstáit costais bhunúsacha na n-oibríochtaí agus na mbeart agus measúnú á dhéanamh acu ar chomhlíonadh na ngarspriocanna, na spriocanna agus na n-aschur;**

   (c) bearta iomchuí a dhéanamh chun neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú, lena n-áirítear calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa, lena n-áirítear, i **gcás inar bhfuil sí ar fáil agus infheidhme**, úsáid a bhaint as uirlisí mianadóireachta sonraí;

(d) bearta ceartaitheacha **comhréireacha** a chur i bhfeidhm i gcás nach n-urramaítear an dlí is infheidhme;

(e) a áirithiú go seachnófar cistiú dúbailte ó bhuiséad an Aontais, agus beart a dhéanamh láithreach chun aon chás de chistiú dúbailte a cheartú, **go háirithe trí chomhoibriú leis an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 7(5) nó trí aisghabháil a dhéanamh** […] ar chistí […];

(f) a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 130 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509;

(g) a áirithiú go ndéanfar gach cás ina bhfuil amhras gur tharla calaois, éilliú agus neamhrialtachtaí a thuairisciú, lena n-áirítear coinbhleacht leasa, cistiú dúbailte agus sáruithe eile ar an dlí is infheidhme i gCóras Bainistíochta Neamhrialtachta (IMS) an Choimisiúin; déanfaidh an Coimisiún achoimre ar an bhfaisnéis sin agus foilseoidh sé gach bliain í, agus cuirfidh sé in iúl do Pharlaimint na hEorpa í;

Neamhrialtachtaí i gcás ina bhfuil méid na ranníocaíochta ón Aontas lena mbaineann an cás níos ísle ná EUR 10 000, ní thuairisceofar iad, ná i gcás ina mbraitheann agus ina gceartaíonn na Ballstáit neamhrialtachtaí sula gcuirtear san áireamh iad in iarratas ar íocaíocht a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin;

(h) a áirithiú maidir leis an gCoimisiún, OLAF, an Chúirt Iniúchóirí agus, i ndáil leis na Ballstát sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, OIPE an méid seo a leanas:

(i) gur féidir leo a n-inniúlachtaí faoi seach a fheidhmiú mar a fhoráiltear in Airteagal 129(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 lena n-áirítear trína cheangal go sainráite ar […] **thairbhithe** cistí ón Aontas na cearta agus an rochtain is gá a sholáthar nó a áirithiú agus a **áirithiú go gcuirfidh faighteoirí, faighteoirí deiridh, conraitheoirí agus fochonraitheoirí na cearta agus an rochtain chéanna ar fáil**;

(ii) rochtain a fháil ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 63 [maidir le bailiú agus foilsiú sonraí] laistigh d'fheidhmiú a n-inniúlachtaí féin.

(i) beidh córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm acu chun a áirithiú maidir leis na doiciméid tacaíochta uile is gá don rian iniúchóireachta a bhaineann le beart a dtacaíonn an Ciste leis, go gcoinneofar ar an leibhéal iomchuí iad ar feadh tréimhse […] **5** bliana ón 31 Nollaig den bhliain ina ndéanann an Coimisiún an íocaíocht dheireanach leis an mBallstát; i gcás ina dtionscnófar nós imeachta sásaimh, ina dtaiscfear achomharc nó ina gcuirfear tús le himeachtaí cúirte, coinneofar na doiciméid tacaíochta go dtí go gcuirfear deireadh leis na nósanna imeachta sin nó le haon nós imeachta um ghnóthú ina dhiaidh sin;

(j) socruithe a dhéanamh chun scrúdú éifeachtach ar ghearáin a bhaineann le húsáid an Chiste a áirithiú, i gcomhréir lena gcreataí institiúideacha agus dlíthiúla, agus arna iarraidh sin don Choimisiún, scrúdú ar ghearáin a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin a thagann faoi raon feidhme an Phlean CNR **nó na caibidle den Phlean um Interreg** agus torthaí na scrúduithe sin a chur in iúl don Choimisiún;

(k) a áirithiú go ndéanfar gach malartú faisnéise idir tairbhithe cistiúcháin agus údaráis an Phlean […] , chomh maith leis an gCoimisiún, trí chórais um malartú sonraí leictreonacha lena n-áirítear, i measc nithe eile, úsáid foirmeacha agus ríomhanna uathoibríocha agus idirghníomhacha, lena n-áirithítear coimeád taifead agus stóráil sonraí sa chóras lena gcumasaítear fíoruithe riaracháin ar éilimh íocaíochta arna gcur isteach ag tairbhithe agus iniúchtaí agus lena ndéantar foráil maidir le sioncrónú agus tarchur uathoibríoch sonraí idir córais na dtairbhithe agus córais na mBallstát;

(l) a áirithiú go ndéanfar gach malartú oifigiúil faisnéise leis an gCoimisiún trí chóras um malartú sonraí leictreonacha dá dtagraítear in hIarscríbhinn XVI [SFC2028: an córas um malartú sonraí leictreonacha idir na Ballstáit agus an Coimisiún]. […]

3. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin […] **sprioc-am a leagtar amach in Airteagal 59(1)** faoin dul chun cinn maidir leis na cuspóirí a bhunaítear sna Pleananna a bhaint amach, agus comhlíonadh gach sprice agus gach garsprice á chainníochtú, agus faoin dul chun cinn atá déanta maidir le hidirghabhálacha bunaithe ar aschur a fhaigheann tacaíocht ó na Pleananna. Soláthrófar an fhaisnéis sin i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn IX [Tuairisciú ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na mbeart]. Mura bhfuil aon chainníochtú ar dhul chun cinn na ngarspriocanna agus na spriocanna ar fáil sna córais tuairiscithe ar dhul chun cinn, soláthróidh an Ballstát meastachán ar an dul chun cinn atá déanta, i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn IX [Tuairisciú ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na mbeart]. Leis an bhfaisnéis a chuirfear ar fáil, cumhdófar an dul chun cinn go dtí deireadh na bliana […] **féilire roimhe sin** agus cuirfear isteach í mar chuid den phacáiste dearbhaithe bliantúil dá dtagraítear in Airteagal […] **59(1)**, pointe (a).

4. Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal […] **87** [gníomhartha tarmligthe] lena bhforlíontar mír 2, pointe (g) den Airteagal seo, lena ngabhann rialacha maidir leis na critéir lena gcinntear na cásanna ina bhfuil amhras gur tharla calaois, éilliú agus neamhrialtacht atá le tuairisciú agus maidir leis na sonraí atá le soláthar sa chomhthéacs sin.

Airteagal 59

An pacáiste dearbhaithe bliantúil a chur isteach

1. Chun críoch Airteagal 63 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, cuirfidh na Ballstáit na doiciméid seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin faoin 15 Feabhra gach bliain […]**, ag tosú in 2029,** (‘an pacáiste dearbhaithe bliantúil’), **lena gcumhdófar an tréimhse thagartha dearbhaithe roimhe sin:**

   (a) tuairisciú ar dhul chun cinn chur chun feidhme na mbeart sa **Phlean CNR nó sa chaibidil den Phlean um Interreg** […] a leagtar amach in Airteagal […] 58(3) [Freagrachtaí na mBallstát], i gcomhréir le **Cuid 2 den** teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn IX [Tuairisciú ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na mbeart], […] **lena gcumhdaítear an dul chun cinn carnach go dtí deireadh na bliana féilire roimhe sin** [...] agus **ina liostaítear** na hiarratais ar íocaíocht a chuirtear isteach i **dtréimhse thagartha dearbhaithe ar leith ag tosú leis na hiarratais sin a chuirtear isteach in 2028 le haghaidh na chéad tréimhse dearbhaithe i gcomhréir le Cuid 1 den teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn IX**;

(b) achoimre ar na hiniúchtaí dá dtagraítear in Airteagal 53(2)(b) [feidhmeanna an údaráis iniúchóireachta];

(c) **dearbhuithe** […] bainistíochta […], i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XII, ina léirítear an méid seo a leanas:

(i) gur faisnéis iomlán, chruinn agus iontaofa atá san fhaisnéis atá curtha isteach leis an iarratas ar íocaíocht;

(ii) gur baineadh úsáid cheart […] as na cistí i **gcomhréir leis an dlí is infheidhme**;

(iii) go bhfeidhmíonn na córais bhainistíochta agus rialaithe a cuireadh i bhfeidhm go cuí agus go dtugtar [...] dearbhú **réasúnach** go ndearnadh na cistí a bhainistiú i gcomhréir leis […] an **dlí** […] is infheidhme, lena n-áirítear na dlíthe maidir le coinbhleachtaí leasa, éilliú, cistiú dúbailte, calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc, a bhrath, a thuairisciú agus a cheartú, agus i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais;

(iv) **go dtugann an fhaisnéis arna tuairisciú i gcomhréir le Cuid 2 d'Iarscríbhinn IX a chumhdaíonn an dul chun cinn carnach go dtí deireadh na bliana féilire roimhe sin [...]** léargas fíor agus cothrom ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme;

(d) na **tuairimí** […] iniúchóireachta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 53(2) [feidhmeanna an údaráis iniúchóireachta] i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn […] **XIII**;

De bhun Airteagal 63(7) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn eisceachtúil, síneadh a chur le sprioc-am an 15 Feabhra go dtí an 1 Márta tar éis cumarsáid i scríbhinn a fháil ón mBallstát lena mbaineann.

2. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh an fhaisnéis a sholáthraítear sa phacáiste dearbhaithe bliantúil chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil gá le haon cheann de na bearta a shonraítear in Airteagail 66, 67 agus 68 [briseadh][Íocaíochtaí a chur ar fionraí][ceartúcháin airgeadais].

3. **Chun cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú [...]** agus a phacáiste dearbhaithe bliantúil deiridh don bhliain airgeadais dheireanach á chur isteach **faoin 15 Feabhra 2037** aige, déanfaidh an Ballstát a dheimhniú nach mó na híocaíochtaí iomlána ón gCoimisiún, **gan cúnamh teicniúil a bheith san áireamh**, ná an méid iomlán a d'íoc an Ballstát leis na tairbhithe **as na hoibríochtaí [de réir bhrí Airteagal 63(1)(e)(vi)] ar leibhéal** […] an Phlean, agus an ranníocaíocht náisiúnta á cur san áireamh.

Airteagal 60

Freagrachtaí an Choimisiúin

1. Gheobhaidh an Coimisiún dearbhú réasúnach go bhfuil córais bhainistíochta agus rialaithe i bhfeidhm ag na Ballstáit a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus go bhfeidhmíonn na córais sin go héifeachtach agus go héifeachtúil le linn chur chun feidhme na bPleananna.

2. Déanfaidh an Coimisiún, chun críocha a chuid oibre iniúchóireachta féin, straitéis iniúchóireachta agus plean iniúchóireachta a tharraingt suas a bheidh bunaithe ar mheasúnú riosca agus ar phrionsabal na comhréireachta. **Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas go bliantúil faoina straitéis iniúchóireachta.**

3. Déanfaidh an Coimisiún agus an t-údarás iniúchóireachta a gcuid oibre iniúchóireachta a chomhordú.

4. Chun críoch iniúchtaí, beidh rochtain ag oifigigh an Choimisiúin nó ag a n-ionadaithe údaraithe, i gcomhréir le hAirteagal 58(2), pointe (h) [freagrachtaí na mBallstát], ar na taifid, na doiciméid agus na meiteashonraí uile is gá, gan beann ar an meán ina stóráiltear iad, a bhaineann le cur chun feidhme an phlean, lena n-áirítear oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gCiste nó le córais bhainistíochta agus rialaithe agus gheobhaidh siad cóipeanna san fhormáid shonrach a iarrtar. Féadfaidh oifigigh an Choimisiúin nó a n-ionadaithe údaraithe faisnéis fhorlíontach a iarraidh agus iniúchtaí ar an láthair a dhéanamh.

5. Déanfaidh an Coimisiún iniúchtaí le linn chur chun feidhme an Chiste agus suas le 3 bliana tar éis dháta na híocaíochta deiridh a **dhéanfaidh an Coimisiún leis an mBallstát**.

6. **Gan dochar don fhéidearthacht doiciméid tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(i)** a **sheiceáil**, nó chun cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú, **ní fhíoróidh** an Coimisiún […] costais bhunúsacha na n-oibríochtaí […] **le linn dó iniúchadh a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna**.

Airteagal 61

Cur chuige iniúchóireachta aonair

1. Nuair a dhéanfaidh an Coimisiún agus na húdaráis iniúchóireachta iniúchtaí, tabharfaidh siad aird chuí ar phrionsabail na hiniúchóireachta aonair agus na comhréireachta i ndáil le leibhéal an riosca do bhuiséad an Aontais.

2. Úsáidfidh an Coimisiún agus na húdaráis iniúchóireachta an fhaisnéis agus na taifid uile **atá ar fáil** ar dtús […], lena n-áirítear torthaí na bhfíoruithe bainistíochta [...] agus **faisnéis atá ar fáil sna córais malartaithe sonraí leictreonacha dá dtagraítear in Airteagal 58(2), pointí (k) agus (l). Féadfaidh an Coimisiún agus na húdaráis iniúchóireachta** doiciméid bhreise agus fianaise iniúchóireachta a iarraidh agus a fháil ó údaráis an phlean agus ó na tairbhithe lena mbaineann i gcás inar gá sin, bunaithe ar a mbreithiúnas gairmiúil, chun tacú le conclúidí iniúchóireachta láidre.

3. **[...] I gcás inarb** é conclúid an Choimisiúin [...] go bhfuil tuairim an údaráis iniúchóireachta iontaofa, agus má tá an Ballstát lena mbaineann páirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le OIPE a bhunú, beidh iniúchtaí an Choimisiúin féin teoranta d'iniúchóireacht ar obair an údaráis iniúchóireachta. **Cuirfidh an Coimisiún san áireamh rannpháirtíocht an Bhallstáit lena mbaineann sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE.**

4. **Ní dhéanfaidh** an Coimisiún agus an t-údarás iniúchóireachta […] iniúchadh ar gharspriocanna agus spriocanna **agus aschuir** in aon bhliain i gcás ina ndearna Cúirt Iniúchóirí na hEorpa iniúchadh orthu cheana féin, **ar choinníoll gur féidir leis an údarás iniúchóireachta nó leis an gCoimisiún, chun a gcúraimí faoi seach a chomhlíonadh, torthaí an iniúchta sin ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid le haghaidh na ngarspriocanna agus na spriocanna agus na n-aschur sin, go háirithe in éagmais aon fhianaise nua.**

5. D'ainneoin mhír […] **4**, féadfar níos mó ná aon iniúchadh amháin a dhéanamh ar aon gharsprioc agus sprioc **agus aschur** más é conclúid an údaráis iniúchóireachta, bunaithe ar a bhreithiúnas gairmiúil, nach féidir tuairim iniúchóireachta bhailí a tharraingt suas **ar bhealach ar bith eile**. **Tabharfaidh an Coimisiún réamhfhógra leordhóthanach faoi iniúchadh don Bhallstát lena mbaineann.**

6. Ní bheidh feidhm ag mír […] **3** i gcás:

(a) ina bhfuil riosca sonrach nó amhras faoi chalaois, éilliú nó coinbhleachtaí leasa nó neamhchomhlíonadh tromchúiseach eile […];

(b) inar gá obair an údaráis iniúchóireachta a dhéanamh an athuair chun dearbhú a fháil maidir lena feidhmiú éifeachtach tar éis an mheasúnaithe riosca arna dhéanamh ag an gCoimisiún;

(c) ina bhfuil fianaise ann nach gcomhlíonann feidhmiú an údaráis iniúchóireachta na príomhcheanglais a leagtar síos in Airteagal 53 [feidhmeanna an údaráis iniúchóireachta] agus in Iarscríbhinn IV [ceanglais A&[…]C].

Chun críocha phointí (a), (b) agus (c) den mhír seo, cuirfidh an Coimisiún in iúl go tráthúil do na Ballstáit na cúiseanna nár cuireadh i bhfeidhm an prionsabal dá dtagraítear in Airteagal 61(3).

7. Tiocfaidh an Coimisiún agus na húdaráis iniúchóireachta le chéile go tráthrialta agus, mura gcomhaontaítear a mhalairt, uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad, d'fhonn an straitéis iniúchóireachta, an tuarascáil bhliantúil ar rialú agus na **tuairimí** […] iniúchóireachta a scrúdú, agus a bpleananna agus a modhanna iniúchóireachta a chomhordú agus tuairimí a mhalartú maidir le saincheisteanna a bhaineann le feabhas a chur ar na córais bhainistíochta agus rialaithe.

Airteagal 62

Córas rialúcháin le haghaidh maoirseacht feirme agus comhbheartas iascaigh

1. Mar chuid de na rialuithe dá dtagraítear in Airteagal 58 [Freagrachtaí na mBallstát], fíoróidh na Ballstáit go gcomhlíonann tairbhithe ceanglais na maoirseachta feirme dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CBT] agus leis **an gcóras rialúcháin** faoi Airteagal […] **3**, mír […] **4** de Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CBI].

   I gcás nach mó ná 10 heicteár an limistéar […] a dearbhaíodh san iarratas geospásúil dá dtagraítear in Airteagal 70 [CCRR] **le haghaidh na tacaíochta faoi na hidirghabhálacha in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CBT]**, beidh na tairbhithe díolmhaithe ó rialuithe […] faoin Airteagal seo **agus ó phionóis in Airteagal xx d'Airteagal xx de Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CBT]**.

   I gcás inar roghnaíodh tairbhí le haghaidh seiceáil ar an láthair ar iarratas ar chabhair nó ar éileamh íocaíochta, ní roghnóidh na Ballstáit, a mhéid is féidir agus na rioscaí **agus na costais rialúcháin** gaolmhara á gcur san áireamh, an tairbhí sin le haghaidh seiceáil agus sampla rialaithe ina dhiaidh sin le haghaidh na bliana sin, ach amháin i gcás ina n-éilítear níos mó ná seiceáil amháin ar an láthair leis na himthosca chun cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú. Ní laghdódh an fhoráil sin leibhéal na seiceálacha.

2. […]

[…]

[…]

[…].

Airteagal 63

Bailiú agus taifeadadh sonraí

1. Chun críocha iniúchóireachta agus rialuithe, trédhearcachta agus faireacháin agus meastóireachta ar fheidhmíocht, déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) go (g) a bhailiú, a thaifeadadh agus a stóráil go leictreonach, **gan dochar d'Airteagal 19 den Rialachán Feidhmíochta**, agus an tráth céanna, slándáil, sláine agus rúndacht sonraí agus fíordheimhniú úsáideoirí á n-áirithiú agus é á chumasú sonraí a **chur isteach** […] go huathoibríoch leis an gcóras leictreonach arna shainaithint ag an gCoimisiún:

(a) maidir leis tairbhí:

(i) cé acu atá nó nach bhfuil an tairbhí ina chomhlacht dlí phoiblí nó phríobháidigh, nó ina eintiteas, bíodh pearsantacht dhlítheanach aige nó ná bíodh, nó ina dhuine nádúrtha nó grúpa de dhaoine nádúrtha;

(ii) ainm dlíthiúil iomlán, seoladh, agus uimhir aitheantais CBL nó uimhir aitheantais chánach an eintitis i gcás ina mbeidh fáil uirthi nó aitheantóir uathúil eile arna bhunú ar leibhéal na tíre;

(iii) más duine nádúrtha é, céadainm agus sloinne, dáta breithe, ceantar agus […] a n-uimhir aitheantais **CBL nó a n-uimhir aitheantais cánach i gcás ina bhfuil sí ar fáil nó aitheantóir uathúil eile arna bhunú ar leibhéal na tíre**;

(iv) faisnéis faoi úinéirí tairbhiúla uile an tairbhí, más ann dóibh, mar a shainítear in Airteagal […] **3(6)** de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10], mar atá céadainm(neacha) agus sloinne/sloinnte, dáta breithe nó dátaí breithe agus uimhir nó uimhreacha **aitheantais** […] CBL nó uimhir nó uimhreacha aitheantais cánach i gcás ina mbeidh fáil uirthi nó orthu nó aitheantóir uathúil eile **arna bhunú** ar leibhéal na tíre;

---

[10] Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críche sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/849/oj).

(v) méid na ranníocaíochta ón Aontas […] **ar cuireadh síos orthu** sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta;

(vi) léiriú ar an mbeart gaolmhar faoin bPlean le huimhir sheichimh an bhirt agus an t-aitheantóir oibríochta;

(vii) i ndáil le hionstraimí airgeadais, faisnéis an é an tairbhí an comhlacht a chuireann ciste sealbhaíochta chun feidhme nó, i gcás nach bhfuil aon struchtúr ciste sealbhaíochta ann, an comhlacht a chuireann ciste sonrach chun feidhme, nó, i gcás ina gcuireann an t-údarás bainistíochta ionstraim airgeadais chun feidhme go díreach, faisnéis faoin údarás bainistíochta.

(viii) I ndáil le hidirghabhálacha CBT dá dtagraítear in Airteagal 35(1),

- inscne, **más infheidhme**, cé acu an feirmeoir, sealbhóir foraoise, feirmeoir óg, gnólacht nuabhunaithe é an tairbhí; i gcás idirghabhálacha earnála, an cineál eagraíochta táirgeoirí;

- geoshuíomh an ghabháltais, **más infheidhme**, bíodh sé lonnaithe i limistéar ina bhfuil srianta nádúrtha nó sonracha dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 202/XXXX [Rialachán CBT][Íocaíocht i leith limistéar a bhfuil srianta nádúrtha nó eile orthu], i limistéar atá leochaileach i dtaca le níotráití[11], i limistéar Natura 2000 dá dtagraítear in Airteagal 9 den Rialachán sin [Tacaíocht do mhíbhuntáistí a thagann as ceanglais shainordaitheacha áirithe];

[11] Mar a ceapadh faoi Threoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta, (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1991/676/oj).

- an cineál feirmeoireachta[12], **más infheidhme**, cé acu atá nó nach bhfuil an gabháltas á shaothrú go horgánach[13], líon iomlán na heicteár de thalamh arúil, na **heicteár** d'fhéarthailte buana, na **heicteár** ar a bhfuil barra buana, na **heicteár** nach ndéantar aon ghníomhaíocht talmhaíochta orthu ach ar **heicteáir** […] incháilithe iad **go fóill**, líon iomlán na heicteár ar a ndéantar maoirseacht **feirme**, lena n-áirítear cleachtais chosanta;

(b) maidir leis an bhfaighteoir agus an faighteoir deiridh:

(i) cé acu an duine nádúrtha nó dlítheanach é an faighteoir nó an faighteoir deiridh agus i gcás duine dlítheanach, cé acu an comhlacht dlí phoiblí nó comhlacht dlí phríobháidigh é;

(ii) i gcás duine dlítheanach, ainm dlíthiúil iomlán an fhaighteora nó an fhaighteora deiridh agus a uimhir aitheantais CBL nó a uimhir aitheantais cánach i gcás ina mbeidh fáil uirthi nó aitheantóir uathúil eile arna bhunú ar leibhéal na tíre, agus i gcás duine nádúrtha, céadainm agus sloinne an fhaighteora, an dáta breithe **agus a n-uimhir aitheantais chánach nó** […] an uimhir aitheantais cánach i gcás ina mbeidh fáil uirthi nó aitheantóir uathúil eile **arna bhunú ar leibhéal na tíre**;

(iii) i gcás ionstraimí airgeadais a bhaineann le hidirghabhálacha a thacaíonn leis an gComhbheartas Talmhaíochta agus a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, inscne, **más infheidhme**, cé acu an feirmeoir, sealbhóir foraoise, feirmeoir óg, gnólacht nuabhunaithe é an faighteoir deiridh, [...];

---

12 Mar a shainmhínítear i dtíopeolaíocht an Aontais do ghabháltais dá dtagraítear in Airteagal 5b de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena mbunaítear líonra chun sonraí cuntasaíochta ar ioncaim agus oibriú gnó na ngabháltas talmhaíochta sa Chomhphobal Eorpach a bhailiú (IO L 328, 15.12.2009, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1217/oj).

13 Mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj).

(iv) ceantar an fhaighteora nó an fhaighteora deiridh, mar atá seoladh an fhaighteora nuair is duine dlítheanach an faighteoir nó an faighteoir deiridh; an réigiún ar leibhéal NUTS 2 nuair is duine nádúrtha é an faighteoir nó an faighteoir deiridh agus sainchónaí air san Aontas nó an tír inar duine nádúrtha an faighteoir nó an faighteoir deiridh agus nach bhfuil sainchónaí air san Aontas;

(v) faisnéis faoi úinéirí tairbhiúla uile an fhaighteora nó an fhaighteora deiridh, más ann dóibh, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(6) de Threoir (AE) 2015/849, mar atá céadainm(neacha) agus sloinne/sloinnte, dáta breithe nó dátaí breithe agus uimhir nó uimhreacha **aitheantais** […] CBL nó uimhir nó uimhreacha aitheantais cánach i gcás ina mbeidh fáil uirthi nó orthu nó aitheantóir uathúil eile **arna bhunú** ar leibhéal na tíre;

(vi) méid na ranníocaíochta ón Aontas […] **mar a leagtar amach sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta**, léiriú ar an mbeart gaolmhar faoin bPlean agus aitheantóir na hoibríochta.

(c) ar an gconraitheoir, **ar dámhadh conradh air tar éis nós imeachta soláthair phoiblí os cionn na dtairseach a shainaithnítear i ndlí soláthair phoiblí an Aontais**:

(i) ainm agus **uimhir aitheantais** […] CBL nó uimhir aitheantais chánach i **gcás ina mbeidh fáil uirthi nó aitheantóir uathúil eile arna bhunú ar leibhéal na tíre**;

(ii) faisnéis faoi úinéirí tairbhiúla uile an chonraitheora más ann dóibh, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(6) de Threoir (AE) 2015/849, mar atá céadainm(neacha) agus sloinne/sloinnte, dáta breithe nó dátaí breithe agus uimhir nó uimhreacha **aitheantais** […] CBL nó uimhir nó uimhreacha aitheantais cánach i gcás ina mbeidh fáil uirthi nó orthu nó aitheantóir uathúil eile **arna bhunú** ar leibhéal na tíre;

(iii) faisnéis faoi na conarthaí uile, mar atá ainm, dáta, tagairt, méid an chonartha agus aon aitheantóir nó uimhir aitheantais ábhartha;

(iv) léiriú ar an mbeart gaolmhar faoin bPlean le huimhir sheichimh an bhirt agus an t-aitheantóir oibríochta.

(d) […]

(e) maidir leis an oibríocht:

(i) ainm agus aitheantóir uathúil agus geoshuíomh na hoibríochta nó, i gcás oibríochtaí móibíleacha, oibríochtaí a chuirtear chun feidhme sa néal nó oibríochtaí lena gcumhdaítear roinnt suíomhanna, suíomh an tairbhí. I **gcás oibríochtaí a bhaineann le soitheach iascaireachta, an uimhir aitheantais i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais dá dtagraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún**;

(ii) tuairisc ghairid ar an oibríocht agus cuspóirí na hoibríochta, cé is moite d'idirghabhálacha CBT dá dtagraítear in Airteagal 35(1), pointí (a) go (g), (o) agus (p);

(iii) aitheantóir uathúil an ghlao/na nglaonna ar thograí agus ar thairiscintí faoinar roghnaíodh an oibríocht […];

(iv) […]

(v) méid na ranníocaíochta ón Aontas, mar a leagtar amach sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta;

(vi) an méid a íocadh leis an tairbhí le haghaidh na hoibríochta;

(vii) an ráta cómhaoiniúcháin is infheidhme maidir leis an **mbeart** […] gaolmhar, agus, i gcás inarb infheidhme, maoiniú náisiúnta breise;

(viii) dáta tosaigh **ionchasach** agus dáta deiridh ionchasach na hoibríochta mar a léirítear sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta, **agus, murab ionann iad, déanfar iad a nuashonrú go dtí an dáta tosaigh iarbhír agus an dáta deiridh iarbhír ar thabhairt i gcrích na hoibríochta**;

(ix) […]

(x) airgeadra na hoibríochta mar a leagtar amach é sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht;

(xi) aitheantóir uathúil an Phlean faoina dtacaítear leis an oibríocht;

(xii) faisnéis i dtaobh an bhfuil tríú tír rannpháirteach san oibríocht, nó an dtarlaíonn an oibríocht i dtríú tír; Más ea, an tríú tír sin a shainaithint;

(xiii) sraithuimhir an bhirt, na sprice agus na garsprice, an réimse idirghabhála agus na dtáscairí feidhmíochta de bhun Airteagal 14 den Rialachán [an Rialachán Feidhmíochta] lena rannchuidíonn an oibríocht […];

(xiv) i gcás idirghabhálacha CBT dá dtagraítear in Airteagal 35(1), **más infheidhme**: an limistéar incháilithe, [...] an gcuirtear an cleachtas feirmeoireachta sin chun feidhme as an nua, an earnáil talmhaíochta, an grúpa feirmeoirí nó an limistéar a bhfuiltear ag díriú air, an cineál limistéir lena dtacaítear leis an limistéar nó an líon ainmhithe nó an caipiteal faoi árachas, an chatagóir infheistíochtaí [...];

(xv) faisnéis i dtaobh an bhfuil tacaíocht chláir, i bhfoirm deontas de réir bhrí Airteagal 71, ag gabháil leis an ionstraim airgeadais;

(xvi) faisnéis i dtaobh an gcuirtear an oibríocht ionstraime airgeadais chun feidhme ar fud na gclárthréimhsí i ndiaidh a chéile lena mbaineann thíos: clárthréimhse 2021-2027 agus […] **clárthréimhse 2028**-2034;

(xvii) I gcás ina n-eagraítear an ionstraim airgeadais trí chiste sealbhaíochta, faisnéis faoin gcomhlacht a chuireann ciste sonrach chun feidhme faoin gciste sealbhaíochta

(xviii) i ndáil le hoibríochtaí ionstraime airgeadais, an méid acmhainní príobháideacha agus poiblí arna slógadh sa bhreis ar na Cistí, de réir táirge: iasachtaí; ráthaíochtaí; caipiteal […] cothromais **nó** cuasachothromais; deontais laistigh d'oibríocht ionstraime airgeadais.

(f) maidir le Forbairt Áitiúil faoi stiúir an Phobail, maidir le gach Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil:

(i) líon na gcomhaltaí de réir catagóire, líon na gcomhaltaí sa chinnteoireacht de réir catagóire agus inscne, cuimsiú daoine óga sa chinnteoireacht;

(ii) An líon […] **oibríochtaí** arna gcur chun feidhme de réir chineál an tairbhí agus de réir réimse, an líon […] **oibríochtaí** lena mbaineann nuálaíocht; méid na ranníocaíochta ón Aontas a gealladh agus a íocadh le […] **oibríochtaí** le haghaidh fothú acmhainneachta agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin, agus le haghaidh bainistiú, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an straitéis agus ar bheochan na straitéise;

(iii) Tacaíocht do Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúil a chuirtear ar fáil d'fhorbairt, d'fhostaíocht agus do bheartas sóisialta, nó d'fhorbairt pobal **iascaigh** agus dobharshaothraithe cósta;

(g) maidir le gach grúpa oibríochtúil de chuid na Comhpháirtíochta Eorpaí Nuálaíochta um Tháirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta:

(i) teideal an tionscadail; comhordaitheoir tionscadail agus comhpháirtí/comhpháirtithe: cineál comhpháirtí, ainm, seoladh, ríomhphost agus teileafón; dáta tosaigh agus dáta deiridh, cuspóirí agus cineál an tionscadail; príomhréimsí téamacha ar tugadh aghaidh orthu; raon feidhme críochach, suíomh geografach; 'achoimre(í) cleachtais' ina bhfuil príomhthorthaí an tionscadail; rannchuidiú an tionscadail le cuspóirí sonracha CBT; an tuarascáil chríochnaitheach.

(ii) más infheidhme, foinse nó foinsí cistiúcháin sa bhreis ar an ranníocaíocht ón Aontas agus ar chómhaoiniú.

2. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 […] ar fáil don Choimisiún, […] **chomh maith leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 12(4) den Rialachán Feidhmíochta uair** sa bhliain trí shocruithe maidir le malartú uathoibríoch sonraí.

3. Maidir leis na sonraí dá dtagraítear i mír 1 a bhaineann le hidirghabhálacha CBT, […] cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún go bliantúil faoin 31 Deireadh Fómhair de bhliain N ar a dhéanaí an fhaisnéis a bhaineann le híocaíochtaí limistéarbhunaithe agus le híocaíochtaí ainmhíbhunaithe a rinneadh **maidir le** bliain éilimh N-1, le hidirghabhálacha earnála arna gcur chun feidhme i mbliain féilire N-1, agus le haon idirghabhálacha eile **dá dtagraítear in Airteagal 35(1)** de réir mar is iomchuí.

4. Bunóidh na Ballstáit a gcórais chun sonraí a bhailiú ar bhealach atá réidh don digitiú agus idir-inoibritheach bunaithe ar an bprionsabal nach mbailítear sonraí ach aon uair amháin agus go n-athúsáidtear iad. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh ar thairbhithe, ar fhaighteoirí, ar fhaighteoirí deiridh, ar chonraitheoirí ná ar fhochonraitheoirí, a mhéid is féidir, déileáil le dúbláil iarrataí ar shonraí, go mbeidh rochtain acu ar na sonraí ábhartha uile a bhaineann leo agus gur féidir leo na sonraí sin a athúsáid go héasca chun iarratais a chomhlánú agus a chur isteach. Aon uair is féidir, déanfaidh na Ballstáit cláir agus bunachair sonraí atá ann cheana a athúsáid.

5. Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal […] **87** [An tarmligean a fheidhmiú] chun na catagóirí sonraí a leagtar amach i mír **1** a leasú.

Airteagal 64

Trédhearcacht

1. Áiritheoidh an Ballstát, laistigh de 6 mhí tar éis ghlacadh an chinnidh ón gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 23 [Togra ón gCoimisiún agus cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle], go mbeidh suíomh gréasáin nó **tairseach suímh gréasáin** ann ar a mbeidh faisnéis maidir le tacaíocht faoin Rialachán seo ar fáil, lena gcumhdófar cuspóirí, gníomhaíochtaí, deiseanna cistiúcháin atá ar fáil agus éachtaí an Phlean.

2. Áiritheoidh an Ballstát go bhfoilseofar an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagal 63(1) [Bailiú agus taifeadadh sonraí] ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, faoi réir cosaint sonraí pearsanta agus na n-eisceachtaí a liostaítear i mír 5 den Airteagal seo. Déanfar an fhaisnéis a nuashonrú **uair sa bhliain** [...] ar a laghad.

   De mhaolú ar an gcéad fhomhír, a mhéid a bhaineann le hidirghabhálacha CBT dá dtagraítear in Airteagal 35(1), áiritheoidh na Ballstáit faoin 31 Bealtaine de bhliain N+ 1 go bhfoilseofar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 63(3) [Bailiú agus taifeadadh sonraí], cé is moite de na sonraí dá dtagraítear i bpointí (a)([…] **viii**) agus (e)(xiv) de mhír 1 den Airteagal sin.

   Áiritheoidh an Ballstát freisin go bhfoilseofar ar an suíomh gréasáin sin na heilimintí dá dtagraítear in Airteagal 12(4) de Rialachán (AE) [an Rialachán Feidhmíochta] i ndáil le glaonna ar thograí agus ar thairiscintí faoin gCiste, chomh maith le tráthchlár le haghaidh na nglaonna ar thograí atá beartaithe faoin gCiste, ina mbeidh na heilimintí sin, a nuashonrófar uair sa bhliain ar a laghad.

Beidh an fhaisnéis i dteanga […] oifigiúil **amháin ar a laghad** de chuid […] **institiúidí an Aontais**, agus beidh sí ar fáil ar an suíomh gréasáin go ceann 2 bhliain ó dháta a foilsithe tosaigh. Beidh na sonraí a fhoilseofar ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1 i bhformáid atá réidh don digitiú, oscailte, idir-inoibritheach agus meaisín-inléite, lenar féidir sonraí a shórtáil, a chuardach, a asbhaint, a chur i gcomparáid agus a athúsáid.

3. Sula bhfoilseofar iad i gcomhréir le mír 2, cuirfidh an Ballstát na tairbhithe ar an eolas agus iarrfaidh sé orthu faighteoirí, faighteoirí deiridh, conraitheoirí agus fochonraitheoirí a chur ar an eolas go gcuirfear na sonraí ar fáil don phobal.

4. Foilseoidh an Coimisiún na sonraí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ar an suíomh gréasáin láraithe dá dtagraítear in Airteagal 12 [Tairseach Aonair] den Rialachán [an Rialachán Feidhmíochta].

Chun críocha na chéad fhomhíre, foilseoidh an Coimisiún an sciar den ranníocaíocht ón Aontas sna méideanna dá dtagraítear in Airteagal 63 [Bailiú agus taifeadadh sonraí]. Bunófar an ranníocaíocht ón Aontas trí na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 63 [Bailiú agus taifeadadh sonraí] a iolrú faoin ráta cómhaoinithe is infheidhme maidir leis an **mbeart** […] gaolmhar den Phlean. Déanfar méideanna in airgeadra seachas euro a chomhshó go euro trí úsáid a bhaint as an ráta malairte cuntasaíochta míosúil dá dtagraítear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

5. Ní fhoilseofar faisnéis i gcás ina n-eisiatar foilsiú den sórt sin le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta ar chúiseanna slándála, oird phoiblí, imscrúduithe coiriúla, nó i gcás ina dtagann an fhaisnéis faoi phointí (a) go (d) d'Airteagal 38(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. **Féadfar an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 22(2b)(m) a áireamh san fhaisnéis sin.**

Ní fhoilseofar faisnéis maidir le hainmneacha agus sloinnte feirmeoirí **agus iascairí, chomh maith le táirgeoirí dobharshaothraithe ar daoine nádúrtha iad**, má tá an méid a fhaigheann siad in aon bhliain amháin cothrom le EUR […] **3 000** nó más lú ná sin é.

CAIBIDIL II

Rialacha maidir le híocaíochtaí

Airteagal 65

Iarratais ar íocaíocht a chur isteach agus measúnú a dhéanamh orthu

1. Déanfar na híocaíochtaí ón gCoimisiún i gcomhréir leis na leithreasuithe buiséid agus faoi réir an chistithe atá ar fáil.

2. Cuirfidh na Ballstáit iarratas ar íocaíocht faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XI [teimpléad le haghaidh iarratas ar íocaíocht]. Comhfhreagróidh na méideanna a áireofar in iarratas ar íocaíocht [...] do **luachanna íocaíochta amach** na ngarspriocanna agus na spriocanna a **comhlíonadh** nó **na méideanna a iarradh le haghaidh** na n-aschur comhfhreagrach le haghaidh idirghabhálacha [...] **bunaithe ar aschur**, i gcomhréir leis an gcinneadh lena bhformheastar an **Plean CNR agus na caibidlí den Phlean um Interreg** agus bunaithe ar an bhfianaise arna bailiú agus arna fíorú ag an mBallstát.

3. Agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna, déanfaidh an Ballstát […] **meastóireacht** ar gach garsprioc agus sprioc ina n-iomláine, agus a bhfoclaíocht, a mbunchuspóir agus a gcomhthéacs á gcur san áireamh, de bhun Iarscríbhinn VIII [**Critéir chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna** faoin gCiste].

4. Cuirfidh na Ballstáit iarratais ar íocaíocht faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XI suas le **deich n-uaire sa bhliain féilire** [...].

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, cuirfidh na Ballstáit iarratais ar íocaíocht isteach a bhaineann le hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 35(1), pointí (a) go (g), (o) agus (p) tráth nach luaithe ná an 1 Nollaig de bhliain éilimh na n-idirghabhálacha sin.

Ní dochar an fhomhír roimhe seo don oibleagáid atá ar na Ballstáit dearbhú nó dearbhuithe bainistíochta a chur isteach in 2029 ina léirítear go dtugann an fhaisnéis a thuairiscítear i gcomhréir le Cuid 2 d'Iarscríbhinn IX léargas fíor agus cothrom ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme in 2028.

5. Ní bheidh iarratais ar íocaíocht inghlactha mura mbeidh an pacáiste dearbhaithe is déanaí atá dlite curtha isteach go fóill i gcomhréir le hAirteagal 59 [pacáiste dearbhaithe bliantúil] agus go dtí go gcuirfear isteach é.

6. Faoi réir an chistithe a bheidh ar fáil, déanfaidh an Coimisiún an íocaíocht laistigh de 60 lá ón dáta a gheobhaidh sé iarratas ar íocaíocht. […]

7. Ní sháróidh méid iomlán carnach an réamh-mhaoinithe agus na n-íocaíochtaí a dhéanfar 95 % den ranníocaíocht ó na Cistí leis an b**Plean CNR agus leis an gcaibidil den Phlean um Interreg faoi seach** [...]. Nuair a shroichfear an uasteorainn sin, leanfaidh an t-údarás [...] a **ghlacann an fheidhm chomhordúcháin** nó **an t-údarás bainistíochta don chaibidil den Phlean um Interreg** d'iarratais ar íocaíocht a tharchur chuig an gCoimisiún. Gan dochar d'fhorálacha Airteagail 66, 67 agus 68, íocfaidh an Coimisiún an t-iarmhéid deiridh tráth nach déanaí ná 10 mí tar éis [...] **an phacáiste dearbhaithe deiridh** [...] a fháil.

8. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 86 chun Iarscríbhinní VIII agus […] **XI** [maidir leis an iarratas ar íocaíocht agus comhlíonadh na ngarspriocanna agus spriocanna] a leasú. **Beidh na leasuithe sin teoranta go docht d'aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a bhíonn ag na Ballstáit i bpróiseas cur chun feidhme an Rialacháin seo.**

Airteagal 66

Teorainneacha ama agus an sprioc-am íocaíochta a bhriseadh

1. I gcás ina leagtar síos teorainn ama faoina ndéanfaidh an Coimisiún aon ghníomhaíocht i leith na mBallstát, cuirfear tús leis an teorainn ama sin nuair a bheidh an fhaisnéis uile curtha isteach ag an mBallstát i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.

2. Cuirfear an teorainn ama sin ar fionraí ón dáta tar éis an dáta a sheolfaidh an Coimisiún a bharúlacha nó iarraidh ar dhoiciméid athbhreithnithe chuig an mBallstát agus go dtí go dtabharfaidh an Ballstát freagra ar na barúlacha sin nó go soláthróidh sé na doiciméid sin.

3. Agus an fhaisnéis atá ar fáil dó agus prionsabal na comhréireachta **á urramú go cuí aige**, féadfaidh an Coimisiún an sprioc-am íocaíochta **le haghaidh na mbeart lena mbaineann, cé is moite de réamh-mhaoiniú** a bhriseadh ar feadh uastréimhse 6 mhí nó, i ndáil le tacaíocht iasachta, aon bheart atá ar fáil faoin gcomhaontú iasachta a dhéanamh, i gcás [...] **ina bhfuil amhras réasúnach ar an gCoimisiún ina leith**:

(a) [...] go dtugtar le tuiscint leis an bhfaisnéis neamhchomhlíonadh tromchúiseach arna dhéanamh ag Ballstát [...], nach ndearnadh bearta ceartaitheacha ina leith**, nó**;

(b) [...] **go dtugtar le tuiscint leis an bhfaisnéis** nár **baineadh amach nó** nár comhlíonadh garsprioc nó sprioc nó aschur a áirítear in iarratas ar íocaíocht**, agus go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún fíoruithe a dhéanamh,** nó […];

(c) **go dtugtar le tuiscint leis an bhfaisnéis go** bhféadfadh garsprioc nó sprioc, a bhfuil íocaíocht eisíoctha ina leith, a bheith aisiompaithe de bhun Airteagal 69 [**Marthanacht agus** Aisiompuithe].

4. Cuirfidh an Coimisiún na cúiseanna atá leis an mbriseadh in iúl i scríbhinn don Bhallstát lena mbaineann agus, i gcás inarb ábhartha, iarrfaidh sé air an scéal a leigheas.

Airteagal 67

Íocaíochtaí a chur ar fionraí

1. Féadfaidh an Coimisiún na híocaíochtaí ar fad nó cuid de na híocaíochtaí **le haghaidh na mbeart lena mbaineann faoi Phleananna CNR agus faoi na caibidlí den Phlean um Interreg cé is moite de réamh-mhaoiniú**, a chur ar fionraí, nó, i ndáil le tacaíocht iasachta, aon bheart atá ar fáil faoin gcomhaontú iasachta a dhéanamh, agus prionsabal na comhréireachta **á urramú go cuí aige** [...], in aon cheann de na cásanna seo a leanas.

(a) gur mhainnigh an Ballstát na bearta ceartaitheacha a dhéanamh chun an scéal a leigheas, rud ba chúis le briseadh faoi Airteagal 66(3) [briseadh], pointe (a);

(b) [...] go bhfuil neamhchomhlíonadh tromchúiseach ann [...] nach ndearnadh bearta ceartaitheacha ina leith;

(c) nár comhlíonadh **nó** nár **baineadh amach** garsprioc nó sprioc nó aschur amháin nó níos mó a áirítear in iarratas ar íocaíocht nó gur aisiompaíodh garsprioc nó sprioc, a bhfuil íocaíocht eisíoctha ina leith, de bhun Airteagal 69 [**Marthanacht agus** Aisiompuithe];

(d) gurb ann do thuairim réasúnaithe ón gCoimisiún i leith nós imeachta um shárú faoi Airteagal 258 CFAE maidir le hábhar a chuireann cur chun feidhme éifeachtach na mbeart **lena mbaineann** i mbaol**;**

(da) go bhfuil an Coimisiún tagtha ar an gconclúid nach gcomhlíonann Ballstát an clár coigeartaithe agus an Meabhrán Tuisceana dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 3a de Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle.

(e) […]

2. Sula ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le fionraí, cuirfidh sé a chonclúidí in iúl don Bhallstát agus tabharfaidh sé deis don Bhallstát a bharúlacha ar mheasúnú an Choimisiúin a chur i láthair laistigh de 2 mhí. Féadfar an sprioc-am a shíneadh i gcás ina gcomhaontófar sin go frithpháirteach. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh an fhaisnéis agus na barúlacha ábhartha uile a sholáthróidh an Ballstát sula ndéanfaidh sé cinneadh maidir leis an bhfionraí.

3. Cuirfidh an Coimisiún deireadh leis an bhfionraí nuair a bheidh bearta ceartaitheacha déanta ag an mBallstát lena leigheasfar na heilimintí dá dtagraítear i mír 1. Féadfar a áireamh ar na bearta sin leasú ar an b**Plean CNR agus ar na caibidlí den Phlean um Interreg** [...] trí choinníollacha breise maidir le híocaíocht a chur isteach.

3a. **Féadfaidh an Coimisiún togra a chur faoi bhráid na Comhairle chun na híocaíochtaí ar fad nó cuid de na gealltanais nó de na híocaíochtaí le haghaidh na mbeart lena mbaineann faoi Phleananna CNR a chur ar fionraí, cé is moite de réamh-mhaoiniú, nó, i ndáil le tacaíocht iasachta, aon bheart atá ar fáil faoin gcomhaontú iasachta a dhéanamh, agus prionsabal na comhréireachta á urramú go cuí i gcás inar chinn an Chomhairle go ndéanfaidh Ballstát an méid seo a leanas:**

(a) nach bhfuil gníomhaíocht éifeachtach déanta aige chun a easnamh iomarcach a cheartú, ach amháin má tá moladh glactha ag an gComhairle faoi Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gcás mórshleabhcadh eacnamaíoch sa limistéar euro nó san Aontas ina iomláine;

(b) nach bhfuil gníomhaíocht cheartaitheach déanta aige chun míchothromaíochtaí iomarcacha a cheartú, murar ghlac an Chomhairle leasuithe ar a moladh faoi Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(c) nach gcomhlíonann Ballstát na ceanglais bheartais atá sa chlár coigeartaithe maicreacnamaíoch dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar chúiseanna atá faoi rialú an Bhallstáit lena mbaineann.

Tabharfar tosaíocht d'fhionraíocht na ngealltanas. Beidh feidhm ag fionraíocht na ngealltanas maidir leis na gealltanais ón gCiste do na Ballstáit lena mbaineann ón 1 Eanáir den bhliain i ndiaidh dháta an chinnidh a ghlacadh maidir le fionraí.

Ní chuirfear íocaíochtaí ar fionraí ach amháin nuair a bheidh gníomhaíocht láithreach á lorg. Beidh feidhm ag fionraí íocaíochtaí le haghaidh na mbeart lena mbaineann faoi Phleananna CNR maidir le hiarratais ar íocaíocht a chuirfear isteach tar éis dháta an chinnidh fionraí a dhéanamh.

Déanfaidh an Comhairle cinneadh maidir leis an moladh sin trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Ní bheidh feidhm ag an ngníomh cur chun feidhme sin ach amháin i ndáil le hiarratais ar íocaíocht a dhéantar a thíolacadh tar éis an dáta a ghlacfar an gníomh cur chun feidhme sin.

3b. **Chun críoch an chinnidh faoi mhír 3a, maidir le raon feidhme agus leibhéal na fionraíochta a fhorchuirfear ar na gealltanais nó ar na híocaíochtaí, beidh siad comhréireach, urramóidh siad an chóir chomhionann idir na Ballstáit agus cuirfidh siad san áireamh dálaí eacnamaíocha agus sóisialta an Bhallstáit lena mbaineann, go háirithe an leibhéal dífhostaíochta, an leibhéal bochtaineachta nó an leibhéal eisiaimh shóisialta sa Bhallstát lena mbaineann i gcomparáid le meán an Aontais agus tionchar na fionraíochta ar gheilleagar an Bhallstáit lena mbaineann. Is gné shonrach atá le cur san áireamh é tionchar na bhfionraíochtaí ar chláir a bhfuil ríthábhacht leo chun dul i ngleic le dálaí neamhfhabhracha eacnamaíocha nó sóisialta.**

3c. **Chun críoch an chinnidh faoi mhír 3a, beidh fionraí na ngealltanas faoi réir uasmhéid 25 % de na gealltanais a bhaineann leis an gcéad bhliain féilire eile do na Cistí nó 0,25 % de OTI ainmniúil, cibé acu is ísle.**

4. **Ní bheidh feidhm ag pointí (d) go (da) de mhír 1 ná ag mír 1a maidir leis na caibidlí den Phlean um Interreg.**

Airteagal 68

Ceartuithe airgeadais le déanamh ag an gCoimisiún

1. **Agus prionsabal na comhréireachta á urramú go cuí aige**, cuirfidh an Coimisiún ceartuithe airgeadais i bhfeidhm chun an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas f**aoin bPlean** a laghdú [...] agus, i gcás inarb infheidhme, chun aon mhéid atá dlite do bhuiséad an Aontais a aisghabháil ó na Ballstáit, **ach amháin i gcás cúnamh teicniúil** nó i ndáil le tacaíocht iasachta, déanfaidh sé aon bheart atá ar fáil faoin gcomhaontú iasachta, i gcás ina gcinneann sé gurb ann do cheann amháin de na cásanna seo a leanas:

(a) nach ndearna an Ballstát lena mbaineann na bearta is gá dá dtagraítear in Airteagal 67[...]**(3)** [Íocaíochtaí a chur ar fionraí] agus i gcás inar cuireadh na híocaíochtaí ar fionraí ar feadh 6 mhí, ar a laghad**. Féadfar an amlíne a shíneadh go 9 mí arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann;**

(b) go bhfuil calaois, éilliú nó coinbhleachtaí leasa ann a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, nár bhraith agus nár thuairiscigh agus nár cheartaigh an Ballstát;

(c) go bhfuil neamhchomhlíonadh tromchúiseach [...], nach ndearna an Ballstát bearta ceartaitheacha ina leith;

(d) gur íocadh méideanna as garsprioc nó sprioc nár comhlíonadh nó as aschur nár baineadh amach, nár bhraith agus nár thuairiscigh an Ballstát agus nach ndearnadh bearta ceartaitheacha faoi dheireadh an Phlean; i gcás ina dtuairisceoidh Ballstát na cinntí sin don Choimisiún, beidh feidhm ag an nós imeachta fionraíochta a leagtar amach in Airteagal 67(1), pointe (c), (Íocaíochtaí a chur ar fionraí);

(e) go bhfuarthas amach go bhfuil garsprioc nó sprioc, a bhfuil íocaíocht eisíoctha ina leith, aisiompaithe**, i gcomhréir le hAirteagal 69, laistigh de 5 bliana** tar éis [...] **dháta íocaíochta an Choimisiúin** [...] a **chomhfhreagraíonn do bhaint amach na garsprice nó na sprice** agus nach ndearnadh bearta ceartaitheacha faoi dheireadh an Phlean.

2. Agus méid an cheartaithe airgeadais á chinneadh, urramóidh an Coimisiún prionsabal na comhréireachta agus cuirfidh sé tromchúis, minicíocht agus impleachtaí airgeadais na n-easnamh a liostaítear i mír 1 san áireamh. Comhfhreagróidh sé, a mhéid is féidir, don chaillteanas airgeadais iarbhír nó don riosca do bhuiséad an Aontais. I gcás nach féidir leis an gCoimisiún leibhéal iarbhír na n-íocaíochtaí neamhdhlite, agus méid an damáiste airgeadais a bhain don Aontas, a chinneadh agus iarracht réasúnta déanta aige, féadfaidh an Coimisiún an méid a chinneadh trí cheartúcháin eachtarshuite nó ceartúcháin ar ráta comhréidh a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hIarscríbhinn XIV [Leibhéal na gceartúchán airgeadais ar ráta comhréidh a chinneadh].

I gcás garsprioc nó sprioc neamhchomhlíonta, **nó aschur nár baineadh amach**, nár bhraith agus nár thuairiscigh an Ballstát, dá dtagraítear i mír [...] **1**, pointe (d), cinnfear luach an cheartúcháin arna chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an gcuid nár comhlíonadh **nó nár baineadh amach**. **I gcás garspriocanna nó spriocanna idirmheánacha, ní rachaidh an ceartúchán thar luach íocaíochta amach na garsprice nó na sprice lena mbaineann.**

I gcás nár comhlíonadh garsprioc nó sprioc dheiridh birt ar leith, cinnfear luach an cheartúcháin atá le cur i bhfeidhm ag an gCoimisiún i gcomhréir le cur chun feidhme an bhirt, agus na híocaíochtaí a rinneadh roimhe sin á gcur san áireamh, **agus ní rachaidh sé thar shuim luachanna íocaíochta amach uile an bhirt sin.**

3. Sula ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le ceartú airgeadais, cuirfidh sé a chonclúidí in iúl don Bhallstát agus tabharfaidh sé deis don Bhallstát a bharúlacha ar mheasúnú an Choimisiúin a chur i láthair laistigh de 2 mhí. **I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag an mBallstát na méideanna lena mbaineann a athúsáid i gcomhréir le mír 4, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don Choimisiún laistigh den sprioc-am sin.** Féadfar an sprioc-am a shíneadh i gcás ina gcomhaontófar sin go frithpháirteach. **I gcás nach nglacfaidh an Ballstát le conclúidí an Choimisiúin, féadfaidh sé éisteacht a iarraidh agus a bharúlacha á dtíolacadh aige. Eagróidh an Coimisiún an éisteacht laistigh de 2 mhí ón iarraidh a thíolacadh, chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis agus na barúlacha ábhartha uile ar fáil le haghaidh conclúidí ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm an cheartaithe airgeadais.** Cuirfidh an Coimisiún san áireamh an fhaisnéis agus na barúlacha ábhartha uile a sholáthróidh an Ballstát sula ndéanfaidh sé cinneadh maidir leis an iarratas ar an gceartú airgeadais.

3a. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le ceartú airgeadais, agus na gnéithe dá dtagraítear i mír 2 á gcur san áireamh, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. I gcás inar iarr an Ballstát éisteacht i gcomhréir le mír 3, glacfar an gníomh cur chun feidhme laistigh de 10 mí ó dháta na héisteachta.

4. Gan dochar do mhír 1, laghdóidh an Coimisiún an tacaíocht go comhréireach agus aisghabhfaidh sé aon mhéid atá dlite do bhuiséad an Aontais i ngach cás a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais nó do bhaint amach garspriocanna [...]**,** spriocanna **agus aschuir** nach bhfuil ceartaithe ag an mBallstát nó neamhchomhlíonadh tromchúiseach na bpríomhcheanglas a luaitear in Iarscríbhinn IV [príomhcheanglais] [...] nár cheartaigh an Ballstát tríd an bpacáiste dearbhaithe **deiridh** a chur isteach**. Féadfaidh an Ballstát na méideanna lena mbaineann a athúsáid i gcás ina n-aontóidh an Ballstát sin leis an gceartú airgeadais i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 68(1)(a)(c)(d) agus (e) sula nglacfar an cinneadh dá dtagraítear** sa **tríú mír** […]. **Ní dhéanfar na méideanna a athúsáid le haghaidh na n-oibríochtaí céanna nó le haghaidh oibríochtaí den chineál céanna a mbaineann an ceartú airgeadais sin atá beartaithe leo.**

5. I gcás ina mbainfear beart, tar éis Plean a leasú, ar eisíocadh méideanna ina leith le haghaidh garspriocanna nó spriocanna a tugadh chun críche, aisghabhfar méideanna a eisíocadh roimhe sin gan an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas a laghdú agus déanfar iad a ath-chlársceidealú i dtreo bearta eile.

Airteagal 69

Marthanacht agus Aisiompuithe

1. Áiritheoidh an Ballstát go leanfar de chomhlíonadh aon cheann de na garspriocanna agus spriocanna ábhartha a **leagtar síos sa Phlean** a áirithiú i **bhfianaise na gcuspóirí a leagtar amach ar leibhéal na garsprice nó na sprice ábhartha. Déanfar measúnú air sin de bhun na gcritéar a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII [Critéir chun measúnú a dhéanamh ar gharspriocanna agus spriocanna faoin gCiste]** go ceann **4** bliana ar a laghad **ó** dháta íocaíochta an Choimisiúin a chomhfhreagraíonn do bhaint amach na garsprice nó na sprice, ach amháin i gcásanna force majeure.

2. I gcás ina measann an Coimisiún nach féidir **garsprioc nó sprioc a measadh roimhe sin a bheith comhlíonta a mheas a thuilleadh mar gharsprioc nó sprioc i bhfianaise** na gceanglas a leagtar síos i mír 1 […], nó i gcás ina gcuireann an Ballstát in iúl an t-aisiompú sa phacáiste dearbhaithe, leanfaidh an Coimisiún na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 66, 67, 68 [briseadh, íocaíochtaí a chur ar fionraí, ceartú].

3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le hinfheistíochtaí faoi na cuspóirí sonracha a leagtar síos in Airteagal 3, point**í (ba) agus** (c), nach infheistíochtaí i mbonneagar iad ach amháin má tá siad faoi réir oibleagáide infheistíocht a choinneáil ar bun faoi rialacha Státchabhrach nó i gcás ina leagtar amach oibleagáid den sórt sin maidir le coinneáil ar bun sa Phlean.

4. Oibríochtaí a thacaíonn le hathshocrú **mar a shainmhínítear i bpointe (61a) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014**, ní bheidh siad incháilithe.

Airteagal 70

Córas Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (CCRR)

1. Bunóidh agus oibreoidh gach Ballstát córas comhtháite riaracháin agus rialaithe (an 'córas comhtháite'). Beidh feidhm aige maidir leis na hidirghabhálacha a liostaítear in Airteagal 35(1), pointí (a) go (g).

2. A mhéid is gá, úsáidfear an córas comhtháite freisin chun [maoirseacht feirme] dá dtagraítear in Airteagal XX de Rialachán XX [CBT] a bhainistiú, agus i ngach cás is iomchuí do na bearta dá dtagraítear i dTeideal VI [forálacha maidir le tacaíocht do na réigiúin is forimeallaí].

3. Beidh na gnéithe seo a leanas sa chóras comhtháite:

   (a) córas faireacháin talmhaíochta. Is nós imeachta é córas faireacháin talmhaíochta chun breathnóireacht, rianú agus measúnú tráthrialta córasach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar chleachtais talmhaíochta trí mhodhanna teicneolaíochta, lena n-áirítear sonraí ó shatailítí de chuid fairtheoirí Copernicus;

   (b) córas iarratais geospásúil agus ainmhí-bhunaithe. Is uirlis iarratais dhigitigh é an t-iarratas geospásúil don tairbhí chun gníomhaíochtaí agus cleachtais talmhaíochta an ghabháltais a dhearbhú;

   (c) Córas Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún;

   (d) córas chun ainmhithe a shainaithint agus a chlárú;

(e) córas chun tairbhithe na n-idirghabhálacha a liostaítear i míreanna 1 agus 2 a shainaithint;

(f) córas rialaithe agus pionóis. […]

[…]

[…]

TEIDEAL XI
CINEÁL SONRACH TACAÍOCHTA

Airteagal 71

Ionstraimí airgeadais

1. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a áireamh ina bPleananna d'ionstraimí airgeadais atá ann cheana nó d'ionstraimí airgeadais nuachruthaithe**, a rannchuidíonn le cuspóirí sonracha a bhaint amach,** arna gcur chun feidhme go díreach ag an údarás bainistíochta nó faoina fhreagracht.

1a. Cuirfidh ionstraimí airgeadais tacaíocht ar fáil d'fhaighteoirí deiridh, go háirithe d'infheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe araon, chomh maith le do chaipiteal oibre.

2. Beidh bonn cirt le húsáid ionstraimí airgeadais agus lena gcomhcheangal féideartha le tacaíocht deontais maidir le riachtanais chomhfhreagracha an mhargaidh agus maidir lena n-acmhainneacht **cistiú, lena n-áirítear caipiteal príobháideach, a** dhí-rioscú nó a ghiaráil. Socrófar costais mheasta ionstraime airgeadais i gcomhréir le mír 11.

3. Roghnóidh **na** Ballstáit comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme. I gcás ina gcuirtear ionstraim airgeadais chun feidhme le ciste sealbhaíochta, roghnóidh an comhlacht a bhfuil an ciste sealbhaíochta á chur chun feidhme aige comhlachtaí a chuirfidh cistí sonracha chun feidhme trí nósanna imeachta trédhearcacha.

4. Beidh táillí bainistíochta bunaithe ar fheidhmíocht **lena n-áirítear aon táille bhunaíochta aonuaire chun an ciste sealbhaíochta a bhunú i gcás inarb ábhartha. I gcás dámhachtain dhíreach, déanfar aon táille bhunaíochta den sórt sin a áireamh mar aon le táillí bainistíochta in aghaidh na n-uasteorainneacha a leagtar síos sna fomhíreanna thíos.**

I gcás ina roghnaítear comhlachtaí a bhfuil ciste sealbhaíochta á chur chun feidhme acu trí chonradh a dhámhachtain go díreach, beidh méid na dtáillí bainistíochta faoi réir uasteorainn suas le 7 % de ranníocaíocht airgeadais an Phlean le haghaidh táirgí cothromais nó cuasachothromais agus suas le 5 % le haghaidh aon táirge airgeadais eile.

I gcás ina roghnaítear comhlachtaí a bhfuil ciste sonrach á chur chun feidhme acu trí chonradh a dhámhachtain go díreach, beidh méid na dtáillí bainistíochta faoi réir uasteorainn suas le 15 % de ranníocaíocht airgeadais an Phlean le haghaidh táirgí cothromais nó cuasachothromais agus suas le 7 % de ranníocaíocht airgeadais an Phlean le haghaidh aon táirge airgeadais eile. **I gcás ina gcuireann ionstraim airgeadais micreamhaoiniú ar fáil, féadfar an uasteorainn sin a mhéadú suas le 1 phointe céatadáin i ndáil le méid measta na ranníocaíochta ón bPlean a úsáidtear chun micreamhaoiniú a sholáthar.**

I gcás ina roghnaítear comhlachtaí a bhfuil ciste sealbhaíochta nó cistí sonracha, nó an dá rud, á gcur chun feidhme acu trí thairiscint iomaíoch i gcomhréir leis an dlí infheidhme, bunófar méid na dtáillí bainistíochta sa chomhaontú cistiúcháin agus léireofar toradh na tairisceana iomaíche leis. Féadfaidh an Ballstát costas na hinfheistíochta a thabhairt cothrom le dáta chun méid deiridh na dtáillí bainistíochta a léiriú.

5. Féadfaidh na Ballstáit conradh chun ionstraim airgeadais a chur chun feidhme a dhámhachtain go díreach ar na tairbhithe seo a leanas:

(a) grúpa BEI

(b) institiúidí idirnáisiúnta airgeadais ina bhfuil Ballstát ina scairshealbhóir

(c) banc nó institiúid ar úinéireacht phoiblí a bhunaítear mar eintiteas dlíthiúil, a dhéanann gníomhaíochtaí airgeadais ar bhonn gairmiúil agus a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas:

(i) níl aon rannpháirteachas caipitiúil príobháideach díreach ann, cé is moite d'fhoirmeacha neamhrialaithe agus neamhbhlocála de rannpháirteachas caipitiúil príobháideach a cheanglaítear le forálacha reachtacha náisiúnta, i gcomhréir leis na Conarthaí, nach n-imríonn tionchar cinntitheach ar an mbanc nó ar an institiúid ábhartha, agus cé is moite d'fhoirmeacha de rannpháirteachas caipitiúil príobháideach nach n-imríonn tionchar ar chinntí maidir le bainistiú na hionstraime airgeadais ó lá go lá a fhaigheann tacaíocht [...] ón g**Ciste**;

(ii) feidhmíonn an banc nó an institiúid sin faoi shainordú beartais phoiblí atá tugtha ag údarás ábhartha de chuid Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí forbartha eacnamaíche a dhéanamh, mar iomlán a ngníomhaíochtaí nó mar chuid dá ngníomhaíochtaí, a rannchuidíonn le cuspóirí [...] an **Chiste**;

(iii) déanann an banc nó an institiúid, mar iomlán a ngníomhaíochtaí nó mar chuid dá ngníomhaíochtaí, gníomhaíochtaí forbartha eacnamaíche a rannchuidíonn le cuspóirí an [...] **Chiste**, a chur i gcrích i réigiúin, i réimsí beartais nó in earnálacha nach mbíonn rochtain acu go hiondúil ar chistiú ó fhoinsí margaidh nó nach mbíonn an cistiú sin leordhóthanach;

(iv) oibríonn an banc nó an institiúid gan díriú go príomha ar bhrabúis a uasmhéadú ach áirithíonn siad inbhuanaitheacht fhadtéarmach airgeadais dá ngníomhaíochtaí;

(v) áirithíonn siad nach dtugtar leis an dámhachtain dhíreach chonartha dá dtagraítear i mír 4 aon tairbhe dhíreach nó indíreach do ghníomhaíochtaí tráchtála trí bhearta iomchuí i gcomhréir leis an dlí is infheidhme;

(vi) tá siad faoi réir maoirseacht ag údarás neamhspleách i gcomhréir leis an dlí is infheidhme,

(d) tá feidhm ag comhlachtaí eile a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 12 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14].

6. Féadfar ionstraimí airgeadais a chomhcheangal leis an tacaíocht i bhfoirm deontas in oibríocht ionstraime airgeadais aonair i gcomhaontú cistiúcháin aonair, i gcás ina soláthróidh an comhlacht atá ag cur na hionstraime airgeadais chun feidhme an dá fhoirm tacaíochta ar leith. I gcás den sórt sin, na rialacha is infheidhme maidir le hionstraimí airgeadais, beidh feidhm acu maidir leis an oibríocht ionstraime airgeadais aonair sin. Beidh baint dhíreach ag an tacaíocht i bhfoirm deontas leis an ionstraim airgeadais agus beidh sí riachtanach di agus ní bheidh an tacaíocht sin níos airde ná luach na n-infheistíochtaí arna dtacú leis an táirge airgeadais. Coinneofar taifid ar leith le haghaidh gach cineál tacaíochta.

7. Ceanglófar leis na garspriocanna agus na spriocanna deiridh i mbearta a chuirtear chun feidhme mar ionstraimí airgeadais go mbeidh an tacaíocht curtha ar fáil d'fhaighteoirí deiridh.

8. I gcás gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE, ní mó ná coibhéis deontais chomhláin EUR 300 000 thar aon tréimhse de 3 [...] bliana fhioscacha a bheidh sa mhéid iomlán tacaíochta do chaipiteal oibre a chuirtear ar fáil d'fhaighteoir deiridh. […]

9. Ní úsáidfear deontais chun tacaíocht a fuarthas ó ionstraimí airgeadais a aisíoc. Ní úsáidfear ionstraimí airgeadais chun deontais a réamh-mhaoiniú.

---

[14] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/24/oj).

10. Déanfar an tacaíocht [...] ón g**Ciste** a íocfar le hionstraimí airgeadais a chur i gcuntais in institiúidí airgeadais a bhfuil a sainchónaí sna Ballstáit**, lena n-áirítear Bainc Cheannais Náisiúnta,** agus bainisteofar an tacaíocht sin i gcomhréir le bainistíocht ghníomhach cistí agus le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais. Maidir le hús agus gnóthachain eile atá inchurtha i leith tacaíocht ón gCiste a íoctar le hionstraimí airgeadais, úsáidfear iad le haghaidh an chuspóra chéanna n**ó na gcuspóirí céanna** leis an tacaíocht tosaigh [...] ón g**Ciste**, lena n-áirítear iad a úsáid le haghaidh íocaíochtaí táillí bainistíochta arna dtabhú ag na comhlachtaí atá ag cur na hionstraime airgeadais chun feidhme laistigh den ionstraim airgeadais chéanna; nó, tar éis fhoirceannadh na hionstraime airgeadais, in ionstraimí airgeadais eile nó i bhfoirmeacha eile tacaíochta le haghaidh infheistíochtaí breise i bhfaighteoirí deiridh, go dtí deireadh na tréimhse incháilitheachta. Déanfar aon ús agus aon ghnóthachain eile nach n-úsáidtear i gcomhréir leis an abairt roimhe seo a asbhaint ón tacaíocht fhoriomlán.

11. Bunófar costais mheasta ionstraime airgeadais ar bhonn spriocmhéid na dtáirgí airgeadais atá beartaithe agus na dtáillí bainistíochta comhfhreagracha. Féadfar na catagóirí seo a leanas a áireamh freisin mar chuid de chostais mheasta na n-ionstraimí airgeadais:

(a) íocaíochtaí le faighteoirí deiridh, i gcás iasachtaí, infheistíochtaí cothromais nó infheistíochtaí cuasachothromais;

(b) acmhainní a cuireadh i leataobh le haghaidh conarthaí ráthaíochta, bídís gan íoc nó in aibíocht cheana féin, chun glaonna ráthaíochta féideartha ar chaillteanais a urramú, arna ríomh ar bhonn cóimheas iolraitheora, arna bhunú do na hiasachtaí nua foluiteacha faoi seach a íocadh amach nó infheistíochtaí cothromais i bhfaighteoirí deiridh;

(c) íocaíochtaí le faighteoirí deiridh, nó chun tairbhe faighteoirí deiridh, i gcás ina bhfuil ionstraimí airgeadais comhcheangailte in aon oibríocht ionstraime airgeadais amháin i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo.

(d) táillí bainistíochta arna dtabhú ag na comhlachtaí a chuireann an ionstraim airgeadais chun feidhme.

(e) Ní chuirfear táillí socraíochta, ná aon chuid díobh, a ghearrtar ar fhaighteoirí deiridh san áireamh sna costais mheasta.

12. Maidir le hacmhainní a aisíocfar, [...] **sula gcuirfear isteach** [...] **an pacáiste dearbhaithe deiridh**, le hionstraimí airgeadais ó infheistíochtaí i bhfaighteoirí deiridh nó ó scaoileadh acmhainní a cuireadh i leataobh do chonarthaí ráthaíochta, lena n-áirítear aisíocaíochtaí caipitil agus aon chineál ioncaim arna ghiniúint atá inchurtha i leith na tacaíochta ón gCiste, déanfar iad a athúsáid [...] **chun na gcríoch seo a leanas**, agus prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais á chur san áireamh**:**

(a) infheistíochtaí breise in aon fhaighteoirí deiridh trí na hionstraimí airgeadais céanna nó trí ionstraimí airgeadais eile i gcomhréir leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3;

(b) chun na caillteanais i méid ainmniúil na ranníocaíochta ón gCiste leis na ionstraim airgeadais de thoradh úis dhiúltaigh, más rud é go dtarlaíonn na caillteanais sin ainneoin bainistíocht ghníomhach cistí a bheith ar siúl, nó;

(c) le haghaidh aon táille bainistíochta a bhaineann leis na hinfheistíochtaí breise sin, agus prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais á chur san áireamh.

Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, le linn tréimhse 8 mbliana tar éis [...] **thíolacadh** an **phacáiste dearbhaithe deiridh**, go n-athúsáidfear na hacmhainní arna gcur ar ais i gcomhréir le cuspóirí an Phlean, laistigh de na hionstraimí airgeadais céanna nó in ionstraimí airgeadais eile nó i bhfoirmeacha eile tacaíochta.

13. Féadfar tacaíocht ón gCiste a cealaíodh mar thoradh ar shárú ar an dlí is infheidhme a athúsáid laistigh den ionstraim airgeadais chéanna ach amháin má bhaineann sé le neamhrialtacht shistéamach. Má dhéantar ceartú airgeadais i gcás neamhrialtacht shistéamach, ní dhéanfar an ranníocaíocht arna cealú a athúsáid le haghaidh aon oibríocht a ndearna an neamhrialtacht shistéamach difear di.

Airteagal 72

Fíoruithe bainistíochta agus iniúchtaí ar ionstraimí airgeadais

1. Ní dhéanfaidh an t-údarás bainistíochta fíoruithe bainistíochta**, lena n-áirítear fíoruithe** ar an láthair i gcomhréir le hAirteagal 51 [feidhmeanna an údaráis bainistíochta] ach amháin ar leibhéal na gcomhlachtaí a chuireann an ionstraim airgeadais chun feidhme. Féadfaidh an t-údarás bainistíochta dul i muinín fíoruithe a rinne comhlachtaí seachtracha agus féadfaidh sé gan fíoruithe bainistíochta ar an láthair a dhéanamh, ar choinníoll go bhfuil fianaise leordhóthanach aige ar inniúlacht na gcomhlachtaí seachtracha sin. I gcomhthéacs cistí ráthaíochta, féadfaidh an t-údarás bainistíochta fíoruithe bainistíochta ar an láthair a dhéanamh ar leibhéal na gcomhlachtaí a sholáthraíonn tacaíocht d'fhaighteoirí deiridh mura bhfuil an fhianaise ar fheidhmiú na bainistíochta agus na rialuithe ar fáil ar leibhéal an chomhlachta a chuireann an ionstraim airgeadais chun feidhme nó ar leibhéal an údaráis bainistíochta.

2. Déanfaidh an t-údarás iniúchóireachta iniúchtaí i gcomhréir le hAirteagal 53 [feidhmeanna an údaráis iniúchóireachta], de réir mar is iomchuí, ar leibhéal na gcomhlachtaí a chuireann an ionstraim airgeadais chun feidhme. Féadfaidh an t-údarás iniúchóireachta torthaí iniúchóireachta iniúchóirí seachtracha ar chomhlachtaí a chuireann an ionstraim airgeadais chun feidhme a chur san áireamh, chun críocha an dearbhaithe fhoriomláin, agus ar an mbonn sin, féadfaidh an t-údarás iniúchóireachta a chinneadh a chuid oibre iniúchóireachta féin a theorannú. I gcomhthéacs cistí ráthaíochta, féadfaidh na comhlachtaí atá freagrach as an iniúchadh iniúchtaí a dhéanamh ar na comhlachtaí a sholáthraíonn tacaíocht d'fhaighteoirí deiridh mura bhfuil an fhianaise ar thacaíocht ar fáil ar leibhéal an chomhlachta a chuireann an ionstraim airgeadais chun feidhme nó ar leibhéal an údaráis bainistíochta.

3. Féadfaidh údaráis bhainistíochta agus údaráis iniúchóireachta dul i muinín thorthaí an cholún-mheasúnaithe a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 157 de Rialachán (AE, Euratom) **2024/2509**.

4. Ní dhéanfaidh an t-údarás bainistíochta fíoruithe bainistíochta ar an láthair ar leibhéal ghrúpa BEI ná ar leibhéal institiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile ar scairshealbhóir iontu Ballstát.

5. Déanfaidh grúpa BEI [...] **agus** institiúidí idirnáisiúnta airgeadais eile ar scairshealbhóir iontu Ballstát tuarascálacha ar rialú a sholáthar don údarás bainistíochta a thacaíonn leis na héilimh íocaíochta.

6. Déanfaidh **grúpa BEI [...] agus** institiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile ar scairshealbhóir iontu Ballstát tuarascáil iniúchóireachta bhliantúil arna tarraingt suas ag a n-iniúchóirí seachtracha a sholáthar don Choimisiún agus don údarás iniúchóireachta faoi dheireadh gach bliana féilire. Beidh an tuarascáil ina bonn faoi obair an údaráis iniúchóireachta.

7. Ní dhéanfar iniúchtaí córais ar leibhéal na n-oibríochtaí ionstraime airgeadais aonair.

8. Beidh an rian iniúchóireachta ar fáil ar leibhéal na gcomhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme nó ar leibhéal na gcomhlachtaí a sholáthraíonn tacaíocht d'fhaighteoirí deiridh i gcomhthéacs cistí ráthaíochta.

Airteagal 73

Fíoruithe bainistíochta agus iniúchtaí le haghaidh eintitis a ndearnadh measúnú ex-ante orthu mar thairbhithe

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo i gcás inar eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c) de Rialachán (AE, Euratom) **2024/2509** é tairbhí, a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach ex ante ar a chórais, a rialacha agus a nósanna imeachta de bhun Airteagal 157(4) agus (7) den Rialachán sin.

2. Féadfaidh údaráis bhainistíochta agus údaráis iniúchóireachta dul i muinín thorthaí an cholún-mheasúnaithe ex ante a dhéanfaidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 157 de Rialachán (AE, Euratom) **2024/2509**, agus na bearta maoirseachta dá dtagraítear sa tríú mír den Airteagal sin á gcur san áireamh.

3. Chun críocha an phacáiste dearbhaithe bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal [...] **59**, ceanglóidh an t-údarás bainistíochta ar na heintitis a ndearnadh measúnú ex ante orthu doiciméid a sholáthar maidir le cur chun feidhme tacaíochta ón Aontas, a d'fhéadfadh a bheith coibhéiseach leis na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 158(1) de Rialachán (AE, Euratom) **2024/2509**, lena n-áirítear dearbhú bainistíochta lena ndeimhnítear gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas a úsáid.

4. Féadfaidh an t-údarás bainistíochta dul i muinín fíoruithe arna ndéanamh ag comhlachtaí seachtracha ar leibhéal eintitis a ndearnadh measúnú ex ante air agus, faoi réir mhíreanna [...] **5 agus 6**, féadfaidh sé a chinneadh gan fíoruithe bainistíochta ar an láthair a dhéanamh ar leibhéal an eintitis sin, ar choinníoll go bhfuil fianaise leordhóthanach aige ar inniúlacht na gcomhlachtaí seachtracha sin.

5. Déanfaidh an t-údarás bainistíochta fíoruithe bainistíochta ar an láthair ar leibhéal eintitis a ndearnadh measúnú ex ante air sna cásanna seo a leanas:

   (a) ina sainaithníonn an t-údarás bainistíochta riosca sonrach neamhrialtachta, lena n-áirítear amhras faoi chalaois, éilliú nó coinbhleachtaí leasa i ndáil le hoibríocht arna tionscnamh nó arna cur chun feidhme ag eintiteas a ndearnadh measúnú ex ante air;

   (b) ina sainaithníonn an t-údarás bainistíochta sin riosca sonrach nár úsáideadh an tacaíocht ón Aontas go cuí nó nach gcomhlíonann úsáid an chistithe i gcur chun feidhme na bpleananna an dlí is infheidhme.

6. Féadfaidh an t-údarás iniúchóireachta iniúchtaí agus rialuithe a dhéantar ar leibhéal eintitis a ndearnadh measúnú ex ante air a chur san áireamh chun críocha an dearbhaithe fhoriomláin, agus ar an mbonn sin, féadfaidh an t-údarás iniúchóireachta a chinneadh a chuid oibre iniúchóireachta féin a theorannú.

7. I gcás ina sainaithníonn an t-údarás iniúchóireachta riosca sonrach neamhrialtachta, lena n-áirítear amhras faoi chalaois, éilliú nó coinbhleachtaí leasa i ndáil le hoibríocht arna tionscnamh nó arna cur chun feidhme ag eintiteas a ndearnadh measúnú ex ante air, féadfaidh sé iniúchtaí a dhéanamh.

Airteagal 74

Forbairt chríochach agus comhar áitiúil [...]

1. Féadfaidh na Ballstáit comhar a bhunú agus tacaíocht a thabhairt ina leith […] **trí na cineálacha comhair agus na huirlisí críochacha** […] seo a leanas:

   (a) **forbairt** chríochach chomhtháite, **lena n-áirítear forbairt tuaithe agus** forbairt uirbeach [...] **inbhuanaithe**

(b) forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, lena n-áirítear **in earnáil an iascaigh, an dobharshaothraithe agus** LEADER, agus tionscnaimh eile faoi stiúir na saoránach;

(c) straitéisí sráidbhailte cliste,

(d) tionscadail grúpaí oibríochtúla de chuid na Comhpháirtíochta Eorpaí Nuálaíochta um Tháirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 19(2) [Comhpháirtíocht Eorpach Nuálaíochta] de Rialachán XX [CBT];

(e) scéimeanna cáilíochta arna n-aithint ag an Aontas nó ag na Ballstáit [...];

(f) tacú le grúpaí táirgeoirí, le heagraíochtaí táirgeoirí**, le comhlachais d'eagraíochtaí táirgeoirí** nó le heagraíochtaí idirchraoibheacha;

(g) comhar idirghlúine a chur chun cinn agus tacú leis, lena n-áirítear comharbas feirme, **iascaigh agus gníomhaíochtaí dobharshaothraithe**;

(h) tacú le cineálacha eile comhair agus le huirlisí críochacha a rannchuidíonn leis na cuspóirí sonracha.

2. Beidh baint ag dhá [...] **eintiteas**, ar a laghad, leis an gcomhar sin dá dtagraítear i mír 1 agus rannchuideoidh sé le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí sonracha a leagtar síos in Airteagal 3 [cuspóirí sonracha] a bhaint amach.

3. […]

Airteagal 75

Forbairt [...] chríochach chomhtháite

1. Beidh tacaíocht d'fhorbairt chríochach **chomhtháite** bunaithe ar straitéisí forbartha críochaí comhtháite **reatha nó nua**, lena n-áirítear trí **straitéisí** forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail **nó trí straitéisí forbartha uirbí inbhuanaithe**, atá dírithe ar limistéir uirbeacha, ar limistéir thuaithe, ar oileáin, ar limistéir chósta, nó ar aon limistéar críochach iomchuí **agus aird á tabhairt, i gcás inarb ábhartha, ar limistéir fheidhmiúla agus ar chur chuige áitbhunaithe** chomh maith le speisialtóireacht chliste nó straitéisí críochacha um aistriú cóir, nó straitéisí **sna hearnálacha**. Bunófar garspriocanna agus spriocanna comhfhreagracha sa Phlean.

2. Le straitéisí forbartha críochaí agus uirbí comhtháite déanfar an méid seo a leanas:

   (a) rannchuidiú le baint amach na gcuspóirí a leagtar síos in Airteagail 2 agus 3 [Cuspóirí an Phlean];

   (b) an limistéar geografach agus an daonra a chumhdaítear leis an straitéis a leagan amach;

   (c) anailís a sholáthar ar na riachtanais forbartha agus tuairisc ar chur chuige comhtháite chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais forbartha arna sainaithint;

   (d) [...] cuspóirí agus spriocanna intomhaiste maidir leo a leagan amach;

   (e) rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe in ullmhú agus i gcur chun feidhme na straitéise a **leagan amach**.

3. Roghnóidh **an** t-údarás bainistíochta [...] na straitéisí a chuirfear chun feidhme de bhun an Airteagail seo d'fhonn tacaíocht a sholáthar, [...]. [...] Déanfar iad a **ullmhú, i gcás inarb ábhartha, agus a** chur chun feidhme**, i gcomhar leis na húdaráis bhainistíochta ábhartha,** faoi fhreagracht na n-údarás nó na gcomhlachtaí críochacha nó uirbeacha [...] **áitiúla** ábhartha, a roghnóidh na hoibríochtaí nó a bheidh rannpháirteach i roghnú na n-oibríochtaí **cé is moite d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 76(3)**.

3a. Féadfar tacaíocht a sholáthar le haghaidh ullmhú agus ceapadh straitéisí críochacha.

Airteagal 76

Forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail

1. Maidir leis an bhforbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, **lena n-áirítear LEADER**:

   (a) beidh sí dírithe ar limistéir fhoréigiúnacha, **lena n-áirítear ar** limistéir thuaithe agus ar limistéir chósta;

   (b) déanfaidh grúpaí gníomhaíochta áitiúla atá comhdhéanta d'ionadaithe ó gheallsealbhóirí áitiúla poiblí agus príobháideacha iad a cheapadh agus a chur chun feidhme, agus ní rialóidh aon ghrúpa sainleasa amháin an chinnteoireacht iontu;

   (c) déanfar é trí straitéisí i gcomhréir le hAirteagal 75 [Forbairt chríochach agus uirbeach chomhtháite], lena dtacófar le gnéithe nuálacha sa chomhthéacs áitiúil, le líonrú agus le comhar le gníomhaithe críochacha eile.

2. Cumhdóidh tacaíocht ón gCiste d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail an méid seo a leanas:

   (a) fothú acmhainneachta agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin a thacóidh le dearadh na straitéise;

   (b) ullmhú agus cur chun feidhme na n-oibríochtaí arna roghnú faoin straitéis, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhair;

   (c) bainistiú, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an straitéis agus ar a gcur i bhfeidhm, lena n-áirítear malartuithe idir geallsealbhóirí agus an tAontas a éascú agus an straitéis a chur in iúl.

3. Agus forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail á hullmhú agus á cur chun feidhme, is iad na grúpaí gníomhaíochta áitiúla, agus iad siúd amháin a chuirfidh na cúraimí seo a leanas i gcrích:

   (a) an straitéis um fhorbairt áitiúil a ullmhú;

   (b) acmhainneacht na ngníomhaithe áitiúla a fhorbairt chun oibríochtaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme;

(c) próiseas roghnúcháin agus critéir roghnúcháin atá neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach a tharraingt suas, lena seachnófar coinbhleachtaí leasa agus lena n-áiritheofar nach mbeidh smacht ag aon ghrúpa sainleasa amháin ar chinntí roghnúcháin.

(ca) glaonna ar thograí a ullmhú agus a fhoilsiú;

(d) oibríochtaí a roghnú;

(e) faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo cuspóirí a bhaint amach agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise;

(f) an straitéis forbartha áitiúla agus ról an Aontais ina thacaíocht a chur in iúl.

4. Féadfaidh an grúpa gníomhaíochta áitiúil a bheith ina thairbhí agus féadfaidh sé oibríochtaí a chur chun feidhme i gcomhréir leis an straitéis, ar choinníoll go n-áiritheoidh an grúpa gníomhaíochta áitiúil go n-urramófar prionsabal na deighilte feidhmeanna.

4a. Féadfaidh grúpaí áitiúla gníomhaíochta LEADER tairbhe a bhaint as tacaíocht faoin Airteagal seo i gcás gníomhaíochtaí nach gcumhdaítear faoi Airteagal 18 de Rialachán (AE) 202X/XXXX (Rialachán CBT) faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo.

Airteagal 77

Tacaíocht faoi LEADER

1. Comhlíonfaidh tacaíocht a chuirfear ar fáil trí LEADER dá dtagraítear in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán CBT] na ceanglais seo a leanas:

(a) **féadfar** na roghanna costais simplithe a **úsáid** le haghaidh chostais oibriúcháin ghrúpaí gníomhaíochta áitiúla LEADER;

(b) soláthrófar tacaíocht [...] d'**oibríochtaí** a chuirfear i gcrích i gcomhréir le straitéisí forbartha áitiúla LEADER nach mó ná EUR 20 000 i bhfoirm cnapshuimeanna agus féadfar í a dhifreáil i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha;

(c) féadfar tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta tuaithe le haghaidh gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta i limistéir thuaithe a sholáthar i bhfoirm cnapshuimeanna suas le huasmhéid EUR 100 000 agus féadfar í a dhifreáil i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha;

(d) spreagfar roghanna costais simplithe a úsáid i gcás tionscadail a chuirtear chun feidhme faoi straitéisí forbartha áitiúla LEADER.

2. Féadfar a chumhdach leis an tacaíocht arna soláthar faoin Airteagal seo na costais a bhaineann le hullmhú na straitéisí forbartha áitiúla nó costais na n-oibríochtaí a chuirtear chun feidhme nó teaglaim den dá rud. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh costais na n-oibríochtaí na ceanglais a leagtar síos le haghaidh na gcineálacha idirghabhála ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo.

Airteagal 78

Foirm shimplithe tacaíochta a úsáid i leith na dtairbhithe

1. **Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a sholáthar do thairbhithe i bhfoirm maoiniú nach bhfuil nasctha le costais ná le costais aonaid, cnapshuimeanna, ráta comhréidh nó meascán de na foirmeacha sin, ach amháin i gcás nach iomchuí an fhoirm sin i ngeall ar chineál na hoibríochta.**

[…]

2. […]

Airteagal 79

Coinníollacha maidir le bearta lena n-áirítear oibríochtaí lena mbaineann cur chun feidhme céimnithe

1. Féadfaidh na Ballstáit tacú le bearta i gcás inarb é atá san oibríocht fholuiteach nó sna hoibríochtaí foluiteacha an dara céim d'oibríocht a roghnaíodh cheana le haghaidh tacaíochta agus ar cuireadh tús léi faoi **Rialachán (AE) 2021/1060, Rialachán (AE) 2021/1139, Rialachán (AE) 2021/1147, Rialachán (AE) 2021/1149 nó faoi Rialachán (AE) 2021/1148** ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

   (a) go bhfuil ag an oibríocht [...] dhá chéim atá inaitheanta ó thaobh an airgeadais de a bhfuil rianta iniúchóireachta ar leith acu;

   (b) go bhfuil costas iomlán na hoibríochta dá dtagraítear i bpointe (a) os cionn EUR [...] **1 000 000**;

   (c) nach gcuirtear san áireamh i gcostas an bhirt ach costais nár áiríodh caiteachas ina leith in iarratas ar íocaíocht i ndáil leis an gcéad chéim;

   (d) go gcomhlíonann an dara céim den oibríocht an dlí is infheidhme agus […] **na ceanglais a leagtar amach sa** Rialachán seo **agus, i gcás inarb infheidhme, sna Rialacháin a liostaítear in Airteagal 1(2)**;

   (e) go mbunaíonn an Ballstát garspriocanna [...]**,** spriocanna n**ó aschuir** le haghaidh na dara céime, arb í an chéim deiridh í, den oibríocht.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an mbeart a bhfuil an dara céim den oibríocht san áireamh ina leith.

TEIDEAL XII

AN CISTE AERÁIDE SÓISIALTA AGUS AN CISTE DON NUACHÓIRIÚ

Airteagal 80

Caibidil faoin bPlean Aeráide Sóisialta

1. **[**Áireofar sa Phlean **CNR** a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 21 (an Plean **CNR** a ullmhú agus a chur isteach) na bearta agus na hinfheistíochtaí atá sa Phlean Aeráide Sóisialta arna chur isteach ag an mBallstát faoi Rialachán (AE) 2023/955 i gcaibidil ar leithligh faoin bPlean Aeráide Sóisialta**.]**

2. Leanfaidh bearta agus infheistíochtaí incháilithe a áirítear sna Pleananna Aeráide Sóisialta de bheith incháilithe faoin bPlean **CNR**, faoi réir Airteagal 7 [prionsabail chothrománacha].

3. Beidh feidhm ag na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo maidir leis an gcaibidil faoin bPlean Aeráide Sóisialta.

4. De mhaolú ar mhír 3, féadfaidh Ballstát a roghnú leanúint dá chaibidil faoin bPlean Aeráide Sóisialta a chur chun feidhme faoi na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/955. **Faoi réir Airteagail 8, 9 agus 80** den Rialachán seo, **beidh an Rialachán seo gan dochar do** Rialachán (AE) 2023/955 […].

4a. Gan beann ar cé acu a roghnaíonn nó nach roghnaíonn Ballstát leanúint dá chaibidil faoin bPlean Aeráide Sóisialta a chur chun feidhme faoi na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/955, féadfaidh sé a chinneadh na rialacha maidir le bailiú agus taifeadadh sonraí a leagtar síos in Airteagal 63 den Rialachán seo nó an creat feidhmíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an [Rialachán Feidhmíochta] nó an creat i ndáil leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a leagtar síos in Airteagal 5 den [Rialachán Feidhmíochta] a chur i bhfeidhm.

5. Leanfaidh an ranníocaíocht náisiúnta a leagtar amach in Airteagal 15 de Rialachán 2023/955 d'fheidhm a bheith aici maidir leis an gcaibidil faoin bPlean Aeráide Sóisialta.

6. Féadfaidh na Ballstáit, agus a bPleananna CNR á n-ullmhú nó á leasú acu, na hacmhainní uile nó cuid de na hacmhainní atá ar fáil dóibh faoin gCiste Aeráide Sóisialta a chlárú le haghaidh bearta eile a rannchuidíonn leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3, pointe (c)(vi), lena n-áirítear trí bhearta a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2023/955, laistigh dá gcaibidil faoin bPlean Aeráide Sóisialta.

Airteagal 81

Aistriú acmhainní

[Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh ina bPlean tosaigh méideanna óna leithdháiltí 2026 agus 2027 a aistriú faoin gCiste Aeráide Sóisialta. Déanfar na méideanna sin a chlársceidealú laistigh dá gcaibidlí faoin bPlean Aeráide Sóisialta. Is é ioncam sannta seachtrach a bheidh sna méideanna sin i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus rannchuideoidh siad leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3, pointe (c)([...]) **vi**), lena n-áirítear rannchuidiú trí bhearta a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2023/955.]

Airteagal 82

Sineirgí leis an gCiste don Nuachóiriú

1. Déanfar infheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi chuimsiú an Chiste don Nuachóiriú a dhearadh agus a chur chun feidhme d'fhonn comhsheasmhacht agus sineirgí le bearta Phlean CNR a áirithiú.

2. Agus a bPleananna CNR á n-ullmhú acu, tabharfaidh na Ballstáit a thairbhíonn den Chiste don Nuachóiriú tuairisc ar na hinfheistíochtaí atá beartaithe acu a chur faoi bhráid an choiste infheistíochta a leagtar amach i mír 5 d'Airteagal 10d de Threoir [...] **2003/87/CE** sna 3 bliana ina dhiaidh sin agus tabharfaidh siad míniú ar na sineirgí le bearta Phlean CNR.

3. Soláthróidh na Ballstáit míniú ar an gcaoi ar dearadh na hinfheistíochtaí atá beartaithe acu a mhaoiniú faoin gCiste don Nuachóiriú agus an beartas á chur san áireamh acu, agus na sineirgí a bhfuil coinne leo idir infheistíochtaí an Chiste don Nuachóiriú atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo agus athchóirithe agus infheistíochtaí an Phlean CNR á gcur san áireamh.

Airteagal 83

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/955

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

'Airteagal 10

Acmhainní an Chiste

1. Cuirfear uasmhéid EUR [...] **65 000 000 000** ar fáil don tréimhse ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2032 i bpraghsanna reatha, i gcomhréir le hAirteagal 10a(8b), Airteagal 30d(3) agus 30d(4) de Threoir 2003/87/CE, chun na Pleananna Aeráide Sóisialta a chur chun feidhme. Is é a bheidh sa mhéid sin ioncam sannta seachtrach chun críocha Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, gan dochar d'Airteagal 30d(4), an séú fomhír, de Threoir 2003/87/CE.

   Na méideanna bliantúla, laistigh de theorainn an uasmhéid a leagtar síos sa chéad fhomhír den mhír seo, ní bheidh siad níos mó ná na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 30d(4), an ceathrú fomhír, de Threoir 2003/87/CE.

   [Cuirfear méideanna le haghaidh na mblianta 2028 go 2032 ar fáil chun infheistíochtaí agus bearta an Phlean Aeráide Sóisialta a chur chun feidhme faoi na Pleananna CNR i gcomhréir le hAirteagal 27a den Rialachán seo agus le hAirteagal 20 de Rialachán XXX [Rialachán PCNR] le haghaidh na tréimhse ó 2028 go [2032].]

   I gcás ina gcuirtear an córas trádála astaíochtaí a bunaíodh i gcomhréir le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE ar atráth go dtí 2028 de bhun Airteagal 30k den Treoir sin, is é EUR 54 600 000 000 a bheidh san uasmhéid atá le cur ar fáil, agus ní rachaidh na méideanna bliantúla a leithdháiltear thar na méideanna faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 30d(4), an cúigiú fomhír, de Threoir 2003/87/CE.

2. De mhaolú ar Airteagal 22(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus gan dochar d'Airteagal 19 den Rialachán seo, déanfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas lena gcumhdaítear [...] **an t-uasmhéid** ábhartha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chur ar fáil go huathoibríoch ag tús gach bliana airgeadais, ag tosú ón 1 Eanáir 2026, suas go dtí na méideanna bliantúla ábhartha is infheidhme dá dtagraítear sa dara fomhír agus sa cheathrú fomhír de mhír 1.

3. Féadfaidh na méideanna dá dtagraítear i mír 1 speansais a chumhdach a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta a bhfuil gá leo chun an Ciste a bhainistiú agus a chuspóirí a bhaint amach, go háirithe staidéir, cruinnithe saineolaithe, comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear gníomhaíochtaí for-rochtana ionchuimsitheacha agus cumarsáid chorparáideach faoi thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a mhéid a bhaineann siad le cuspóirí an Rialacháin seo, speansais atá bainteach le líonraí TF atá dírithe ar phróiseáil agus ar mhalartú faisnéise, uirlisí TF corparáideacha, agus gach speansas eile maidir le cúnamh teicniúil agus riaracháin arna thabhú ag an gCoimisiún chun an Ciste a bhainistiú. Féadfaidh na speansais gach costas a bhaineann le gníomhaíochtaí tacaíochta eile a chumhdach freisin, amhail costais a bhaineann le rialú cáilíochta agus faireachán ar thionscadail ar an láthair agus costais a bhaineann le piarchomhairleoireacht agus le saineolaithe chun na gníomhaíochtaí incháilithe a mheasúnú agus a chur chun feidhme. '

(2) Cuirtear isteach an tAirteagal 27a seo a leanas

'Airteagal 27a

Pleananna Aeráide Sóisialta agus Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí

1. Áireoidh na Ballstáit sna Pleananna CNR atá le cur isteach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán XXX [Rialachán PCNR] infheistíochtaí agus bearta Pleananna Aeráide Sóisialta arna n-ullmhú agus arna nglacadh i gcomhréir leis an Rialachán seo i gcaibidil ar leith, mar a leagtar amach in Airteagal 80 de Rialachán xx [Rialachán PCNR].

2. Beidh feidhm ag rialacha Rialachán XXX [Rialachán PCNR] maidir leis an gcaibidil faoin bPlean Aeráide Sóisialta.

3. De mhaolú ar mhír [...] **2**, féadfaidh Ballstát a roghnú leanúint dá chaibidil faoin bPlean Aeráide Sóisialta a chur chun feidhme faoi rialacha an Rialacháin seo. […] **Faoi réir Airteagail 8, 9 agus 80 den** Rialachán seo, beidh an Rialachán seo […] **gan dochar do Rialachán** […] **(AE) 2023/955**.

3a. Gan beann ar cé acu a roghnaíonn nó nach roghnaíonn Ballstát leanúint dá chaibidil faoin bPlean Aeráide Sóisialta a chur chun feidhme faoi na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/955, féadfaidh sé a chinneadh an creat feidhmíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an [Rialachán Feidhmíochta] nó an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a leagtar síos in Airteagal 5 den [Rialachán Feidhmíochta] a chur i bhfeidhm.

4. Gan dochar d'iarrataí ar íocaíocht atá gan íoc arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an mBallstát faoi Airteagal 20 den Rialachán seo, ar ghlacadh an chinnidh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 23 [Togra ón gCoimisiún agus cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle] lena bhformheastar an Plean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, déanfaidh an Coimisiún an comhaontú a leagtar amach in Airteagal 19 den Rialachán seo a leasú nó a fhoirceannadh, i gcás ina mbeidh comhaontú den sórt sin tugtha i gcrích leis na Ballstáit.'

TEIDEAL XIII

FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

CAIBIDIL 1

Rialacha iomaíochta maidir le hearnálacha na talmhaíochta, an iascaigh agus an dobharshaothraithe

Airteagal 84

[…]

Airteagal 85

[…]

1. […]

2. […]

3. […]

4. […]

5. […]

6. […][15]

[15] […]

CAIBIDIL 3

Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509

Airteagal 89

Leasuithe ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2024/2509

Leasaítear Airteagal 63 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 mar seo a leanas:

(1) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) faisnéis, lena dtugtar léargas fíor agus cothrom ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme le linn na tréimhse tagartha mar a shainítear i rialacha earnáilsonracha, nó a gcuntais maidir leis an gcaiteachas a tabhaíodh le linn na tréimhse tagartha mar a shainítear i rialacha earnáilsonracha, i bhfeidhmiú a gcúraimí agus a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh aisíocaíochta;’

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Sna cuntais dá dtagraítear i mír 5, pointe (a), beidh réamh-mhaoiniú agus suimeanna maidir lena bhfuil nósanna imeachta aisghabhála curtha ar bun nó tugtha chun críche. Beidh [...] **dearbhuithe** bainistíochta ag gabháil leis an bhfaisnéis nó leis na cuntais dá dtagraítear i mír 5, pointe (a), lena ndeimhnítear, i dtuairim na ndaoine atá i gceannas ar bhainistiú na gcistí:

(a) go bhfuil an fhaisnéis atá ann, lena n-áirítear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 5, pointe (a), curtha i láthair cuí, iomlán agus cruinn;

(b) gur úsáideadh an caiteachas chun na críche a bhí beartaithe dó, nó go raibh na méideanna ar iarradh íocaíocht ar an gCoimisiún ina leith i gcomhréir leis na coinníollacha íocaíochta, mar a shainítear i rialacha earnáilsonracha;

(c) go n-áirithítear leis na córais rialaithe a cuireadh ar bun dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart foluiteach.’

(3) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Beidh tuairim ó chomhlacht neamhspleách iniúchóireachta, arna tarraingt suas i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta, ag gabháil leis na cuntais dá dtagraítear i mír 5, pointe (a) nó leis an bhfaisnéis ar ar a bonn a iarradh íocaíocht ar an gCoimisiún, agus an achoimre dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír sin. Suífear leis an tuairim sin an bhfeidhmíonn na córais rialaithe a cuireadh i bhfeidhm go cuí agus áiritheofar dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart foluiteach agus luafar inti an gcuireann an obair iniúchóireachta in amhras na dearbhuithe a rinneadh [...] **sna dearbhuithe** bainistíochta dá dtagraítear i mír 6. Suífear léi freisin an dtugann na cuntais nó an fhaisnéis ar ar a mbonn a iarradh íocaíocht ón gCoimisiún léargas fíor agus cothrom agus an gcomhlíonann úsáid na gcistí an dlí is infheidhme nó an bhfuil an caiteachas ar iarradh aisíocaíocht ar an gCoimisiún ina leith dlíthiúil agus tráthrialta.’

(3a) Cuirtear mír 7a nua isteach mar seo a leanas:

‘7a. Chun críocha Rialachán [Rialachán CNR], maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart foluiteach a áirithiú faoi mhíreanna 6 agus 7 den Airteagal seo, tuigfear go gciallaíonn sé sin go bhfíoraíonn na córais bhainistíochta agus rialaithe a cuireadh i bhfeidhm comhlíonadh na ngarspriocanna, na spriocanna agus na n-aschur go héifeachtach agus go n-áirithíonn siad úsáid chistí an Aontais i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.’

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann le

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509

[IARSCRÍBHINN I

Modheolaíocht chun an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas le haghaidh gach Ballstáit a ríomh de bhun Airteagal 10(2), pointe (a)

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo an mhodheolaíocht chun an ranníocaíocht airgeadais atá ar fáil do gach Ballstát a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 10(2), pointe (a).

Leis an modheolaíocht cuirtear na hathróga seo a leanas san áireamh maidir le gach Ballstát:

- daonra (2024);
- an daonra atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (IBBES) a chónaíonn i gceantair thuaithe (2024);
- ollioncam náisiúnta (OIN) an Bhallstáit per capita, arna thomhas i gcaighdeán cumhachta ceannaigh (2023);
- olltáirgeacht intíre réigiúnach (OTI) per capita, arna tomhas i gcaighdeán cumhachta ceannaigh ar leibhéal NUTS-3 (meán 2021-2022-2023);

- na híocaíochtaí díreacha in aghaidh an heicteáir a d'fhéadfadh a bheith incháilithe (2027, heicteáir bunaithe ar Limistéar a d'fhéadfadh a bheith Incháilithe 2022);

- an líon iomlán iarratasóirí ar thearmann, cinntí dearfacha, cosaint agus filleadh (Eurostat, meán 2022-2023-2024);

- sonraí geografacha faoi theorainneacha tíortha (bunachar sonraí Eurostat GIS) agus an líon iarratas ar víosaí le haghaidh gearrfhanachta.

Is é an ranníocaíocht airgeadais atá ar fáil do gach Ballstát an méid comhdhlúite chun an plean a chur chun feidhme arna bhunú mar a leanas:

FC_i =

A_i × an méid atá ar fáil do CNRnna na mBallstát gan na méideanna a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialacháin [Imirce], Airteagal 4 de Rialachán [Teorainneacha], Airteagal 4 de Rialachán [Slándáil Inmheánach] ná Rialachán (AE) 2023/955+ a áireamh

B_i × na méideanna a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialacháin [Imirce], Airteagal 4 de Rialachán [Teorainneacha], Airteagal 4 de Rialachán [Slándáil Inmheánach]+

C_i × an méid atá ar fáil don Chiste Aeráide Sóisialta i gcomhréir le hAirteagal 10(3) den Rialachán seo

Déantar na méideanna a chomhdhlúthú i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

- Airteagal 4 de Rialachán xxx/xxx lena mbunaítear tacaíocht ón Aontas do dhea-fheidhmiú limistéar Schengen, do bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus don bheartas víosaí Eorpach le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034;

- Airteagal 4 de Rialachán xxx/xxx lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tearmann, don imirce agus don lánpháirtíocht le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034;

- Airteagal 4 de Rialachán xxx/xxx lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tslándáil inmheánach le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034;

- Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2023/955, agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis, lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060, Iarscríbhinn II.

i gcás inarb é,

<u>Eochair ghinearálta A_i</u>

$$A_i = \text{meán}\left(\frac{Dao_i}{Dao_{AE}}, \frac{IBBES\ ct_i}{IBBES\ ct_{AE}}\right)$$

$$\times \left[\frac{OIN_{pc\ CCC\ AE}}{OIN_{pc\ CCC\ i}} \times (1 + \text{Bearna rathúnais réigiúnach} + \text{Bearna rathúnais talmhaíochta})\right]^2$$

i gcomhar le

$$\text{Bearna rathúnais réigiúnach}_i = \frac{\sum_r uas\left(0{,}75\ \% - \frac{OTI_{pc\ CCC\ r}}{OTI_{pc\ CCC\ AE}}\right) \times Dao_r}{Dao_i}$$

agus

$$\text{Bearna rathúnais talmhaíochta}_i = \frac{Uas\left(0{,}90\ \% \frac{ÍD}{ha_{AE}} - \frac{ÍD}{ha_i}\right) \times ha_i}{ÍD_i}$$

maidir le gach Ballstát i agus réigiún r leibhéal NUTS 3

Is éard atá in *Dao* an daonra an 1 Eanáir 2024 (cód bunachair sonraí Eurostat ar líne: demo_gind, tps00001);

Is éard atá in *IBBES ct* an daonra atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i gceantair thuaithe in 2024 (cód bunachair sonraí Eurostat ar líne: https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/ilc_peps13n/default/table?lang=enilc_peps13n, 2024);

Is éard atá in *OIN pc CCC* ollioncam náisiúnta (OIN) per capita arna thomhas i gcaighdeáin cumhachta ceannaigh (cód bunachair sonraí Eurostat ar líne: nama_10_pp, 2023);

Is éard atá in *OTI pc CCC r* an olltáirgeacht intíre réigiúnach (OTI) per capita arna tomhas de réir caighdeáin cumhachta ceannaigh (cód bunachair sonraí Eurostat ar líne: nama_10r_3gdp, average 2021-23);

Is éard atá in *ÍDi* an méid íocaíochtaí díreacha a mheastar sa bhliain airgeadais 2027 (gan POSEI/SAI a áireamh);

Is éard atá in *ha* heicteáir a dhearbhaítear a bheith incháilithe do thacaíocht faoin ('limistéar incháilithe féideartha'; an bhliain éilimh 2022).

Déantar α_i na mBallstát uile a normalú chun a áirithiú go bhfuil suim na α_i uile cothrom le 100 %.

Chun comhchruinniú iomarcach acmhainní a sheachaint, tá feidhm ag uasteorainn agus líontán sábhála maidir leis an eochair leithdháilte ghinearálta A_i:

I gcás na mBallstát uile, ní féidir an sciar leithdháilte α_i a bheith níos ísle ná 80 % ná níos airde ná 105 % dá sciar leithdháilte in iomlán 2021-2027 de na cistí réamh-leithdháilte ábhartha uile faoi bhainistíocht chomhroinnte, arna ríomh ag an gCoimisiún ar bhonn leithdháileadh tosaigh 2020 de chistí réamh-leithdháilte roimh aistrithe[16]. Déantar α_i na mBallstát uile a choigeartú go comhréireach chun a áirithiú go bhfuil suim na α_i uile cothrom le 100 %.

<u>Eochair gnóthaí baile B_i</u>

$$\boldsymbol{B_i = 45\,\%\, teorainneacha + 35\,\%\, Imirce + 20\,\%\, Slándáil =}$$

$$\boldsymbol{45\,\%\,[90\,\% \times \left(farraige + seachtrach \begin{bmatrix} 1{,}00\ eile \\ 1{,}25\ teorainn\ dhíreach\ RU\ agus\ BY \end{bmatrix}\right) + 10\,\%\, VÍOSA]}$$

$$\boldsymbol{+ 35\,\%\,[meán\,(tearmann, cosaint, sealadach, filleadh))]}$$

$$\boldsymbol{+20\,\%\,[\,(sciar\ den\ daonra\ (*\,0{,}4) + OIN\ pc\ ccc\ inbhéartaithe\ (0{,}45) + sciar\ den\ dromchla\ (*\,0{,}15)]}$$

maidir le gach Ballstát $_i$

- is éard atá i gceist le *farraige teorainneacha farraige agus is éard atá i gceist le seachtrach teorainneacha seachtracha talún* ar teorainneacha geografacha iad a shainítear de réir fad geodasach ar bhonn éilipsóideach ETRS89 (Eurostat/GISCO, 2024 20M EPSG: 3035);

- is éard atá i gceist le *tearmann* sciar an Bhallstáit den líon iarratasóirí ar thearmann (cód bunachair sonraí Eurostat ar líne: migr_asyappctza, average 2022-2024);

---

16 Iomlán leithdháiltí 2020 faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir, an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta.

- is éard atá i gceist le *cosaint* sciar an Bhallstáit den líon cinntí céadchéime dearfacha maidir le hiarratais (cód bunachair sonraí Eurostat ar líne: migr_asydcfsta, average 2022-2024);

- is éard atá i gceist le *sealadach* sciar an Bhallstáit den líon tairbhithe cosanta sealadaí (cód bunachair sonraí Eurostat ar líne: migr_asytpsm, average 2022-2024);

- is éard atá i gceist le *filleadh* sciar an Bhallstáit de náisiúnaigh tríú tír a cuireadh ar ais tar éis ordú fágála (cód bunachair sonraí Eurostat ar líne: migr_eirtn, average 2022-2024);

- is éard atá i gceist le *dromchla* an limistéar geografach a shainítear de réir fad geodasach ar bhonn éilipsóideach ETRS89 (Eurostat/GISCO, 2024 20M EPSG: 3035);

- is éard atá i gceist le *víosa* sciar an Bhallstáit den líon iomlán víosaí aonfhoirmeacha a chuirtear isteach le haghaidh gearrfhanachta (AS HOME).

Slánófar scaireanna leithdháilte go dtí an 0,01 is gaire. Is é an 15 Meitheamh 2025 an scoithdháta le haghaidh sonraí stairiúla a úsáidtear chun an mhodheolaíocht san Iarscríbhinn seo a chur i bhfeidhm.

Cuirtear san áireamh i leithdháileadh airgeadais Ballstáit faoin gCiste na forálacha speisialta a leagtar síos i bPrótacal Uimh. 19 agus Prótacal Uimh. 22 atá i gceangal le CAE agus le CFAE i ndáil leis an Danmhairg agus le hÉirinn. Áirítear sa leithdháileadh le haghaidh na Liotuáine acmhainní le haghaidh na Scéime Idirthurais Speisialta a leagtar síos in Airteagal 6 de Rialachán (AE) (TEORAINNEACHA).

Cumhdófar aon mhéid a thiocfaidh de thoradh Airteagal 12 laistigh de theorainneacha an leithdháilte airgeadais le haghaidh gach Ballstáit ar bhonn pro rata.]

[IARSCRÍBHINN II

Modheolaíocht chun an méid íosta a ríomh le haghaidh réigiúin bheagfhorbartha

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo an mhodheolaíocht chun na méideanna íosta a ríomh a leithdháilfidh na Ballstáit ar a réigiúin bheagfhorbartha de réir Airteagal 10(2), pointe (a)(i), agus Airteagal 22(2), pointe (h)(ii)

Fiach-urrú le haghaidh na réigiún beagfhorbartha, r (RBF_r) laistigh de Bhallstát i =

$$\boldsymbol{RBF_i = Imc \times \frac{\sum_r Dao\ in\ RBF_r}{Dao_i}}$$

$$\times \begin{bmatrix} \mathbf{1}\ \boldsymbol{m}\text{á}\ \boldsymbol{t}\text{á}\ \boldsymbol{BS_i\ OIN\ pc\ > 100\ \%\ AE\ OIN\ pc} \\ \mathbf{1}\ \boldsymbol{m}\text{á}\ \boldsymbol{t}\text{á}\ \mathbf{75}\ \%\ \boldsymbol{AE\ OIN\ pc \leq BS_i\ OIN\ pc \leq 100\ \%\ AE\ OIN\ pc} \\ \mathbf{1,16}\ \boldsymbol{m}\text{á}\ \#\#\#\#\#\ \boldsymbol{BS_i\ OIN\ pc < 75\ \%\ AE\ OIN\ pc} \end{bmatrix}$$

maidir le gach Ballstát i agus réigiún r leibhéal NUTS 2:

- Sainmhínítear *Imc* mar an leithdháileadh airgeadais le haghaidh chur chun feidhme na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a shainítear in Airteagal 10(2)(a) lúide na leithdháiltí a shonraítear in Airteagal 10(2)(a)(ii)

- Is éard atá in Dao_i meán an daonra i mBallstát i le haghaidh 2021 go 2023 (cód sonraí Eurostat ar líne: demo, demo_r_d2jan)

- Is éard atá in $Dao\ in\ RBF_r$ meán an daonra i réigiún r le haghaidh 2021 go 2023 (cód sonraí Eurostat ar líne: demo, demo_r_d2jan)

- Is éard atá in *OIN pc CCC* an t-ollioncam náisiúnta (OIN) meánach per capita le haghaidh 2021 go 2023 arna thomhas i gcaighdeáin cumhachta ceannaigh (cód sonraí Eurostat ar líne: nama_10_pp)

I gcás na mBallstát uile, ní bheidh an méid a leithdháilfear ar réigiúin bheagfhorbartha níos lú ná 90 % ná níos airde ná 112,5 % den mhéid comhfhreagrach arna leithdháileadh ar réigiúin bheagfhorbartha faoi chistí réamh-leithdháilte 2021-2027 faoi bhainistíocht chomhroinnte, arna ríomh ag an gCoimisiún.

Ní dhéanfar na hacmhainní atá le leithdháileadh ar réigiúin bheagfhorbartha i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(a)(i) a chomhaireamh in aghaidh na méideanna a leagtar amach in Airteagal 10(2)(a)(ii).

Ballstát	**Méid an leithdháilte airgeadais (in EUR 1 000, praghsanna reatha)**
An Bheilg	138,056
An Bhulgáir	8,133,449
An tSeicia	7,345,717
An Danmhairg	-
An Ghearmáin	-
An Eastóin	-
Éire	-
An Ghréig	15,414,017
An Spáinn	16,289,843
An Fhrainc	3,674,893

An Chróit	8,255,565
An Iodáil	27,079,088
An Chipir	-
An Laitvia	3,697,261
An Liotuáin	4,705,597
Lucsamburg	-
An Ungáir	20,712,690
Málta	-
An Ísiltír	-
An Ostair	-
An Pholainn	47,241,595
An Phortaingéil	16,146,504
An Rómáin	27,037,343
An tSlóivéin	1,668,300
An tSlóvaic	10,258,235
An Fhionlainn	-
An tSualainn	-

l

[IARSCRÍBHINN III

Modheolaíocht chun an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas le haghaidh gach Ballstáit a ríomh faoin bPlean um Interreg

I gcomhréir le h Airteagal 10(2), pointe (c), déanfar EUR 10 264 000 000 a leithdháileadh ar an bPlean um Interreg dá dtagraítear i dTeideal XX de Rialachán XX [Forbairt réigiúnach, Plean Interreg];

An leithdháileadh acmhainní ag Ballstát sa Phlean um Interreg, a chumhdaíonn comhar trasteorann, trasnáisiúnta agus na réigiún is forimeallaí, déanfar é a chinneadh mar shuim ualaithe na sciartha arna gcinneadh ar bhonn na gcritéar seo a leanas, agus iad ualaithe mar atá léirithe:

(a) daonra iomlán na réigiún teorann leibhéal NUTS 3 uile agus na réigiún leibhéal NUTS 3 eile ina bhfuil ar a laghad leath den daonra réigiúnach a chónaíonn laistigh de 25 chiliméadar ón teorainn (ualú 45,8 %);

(b) an daonra a chónaíonn laistigh de 25 chiliméadar ó na teorainneacha (ualú 30,5 %);

(c) daonra iomlán na mBallstáit (ualú 20 %);

(d) daonra iomlán na réigiún is forimeallaí (ualú 3,7 %).

An sciar den chomhar trasteorann, freagraíonn sé do shuim ualuithe chritéir (a) agus (b). An sciar den chomhar trasnáisiúnta, freagraíonn sé d'ualú chritéar (c). An sciar de chomhar na réigiún is forimeallaí a fhreagraíonn d'ualú chritéar (d).

Déanfar an méid le haghaidh an Phlean um Interreg a leithdháileadh ar na Ballstáit, lúide na hacmhainní le haghaidh an chomhair idir-réigiúnaigh, mar a leanas:

Ballstát	Interreg - An sciar den mhéid leithdháilte
An Bheilg	4,70 %
An Bhulgáir	1,40 %
An tSeicia	3,70 %
An Danmhairg	3,30 %
An Ghearmáin	12,20 %
An Eastóin	0,70 %
Éire	1,90 %
An Ghréig	1,50 %
An Spáinn	8,50 %
An Fhrainc	13,60 %
An Chróit	2,10 %
An Iodáil	10,70 %
An Chipir	0,50 %
An Laitvia	0,70 %
An Liotuáin	1,00 %
Lucsamburg	0,40 %

An Ungáir	3,10 %
Málta	0,30 %
An Ísiltír	4,20 %
An Ostair	2,70 %
An Pholainn	6,40 %
An Phortaingéil	1,60 %
An Rómáin	4,30 %
An tSlóivéin	0,90 %
An tSlóvaic	2,80 %
An Fhionlainn	2,00 %
An tSualainn	4,70 %

*Sciar na mBallstát roimh asbhaint *pro rata* an chaiteachais tacaíochta**]**

IARSCRÍBHINN IV

Tábla 1. Príomhcheanglais le haghaidh chórais bhainistíochta, rialaithe agus iniúchóireachta an Bhallstáit

1	Deighilt iomchuí feidhmeanna agus neamhspleáchas feidhmiúil idir údaráis agus socruithe i scríbhinn chun maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chúraimí arna dtarmligean chuig comhlachtaí eile. Leithdháileadh acmhainní leordhóthanacha ar an gcomhlacht/ar na comhlachtaí sin chun críoch an Phlean.
2	Bearta comhréireacha éifeachtacha frithchalaoise agus frith-éillithe a chur chun feidhme go héifeachtach agus bearta chun neamhrialtachtaí a sheachaint, a chosc, a bhrath agus a cheartú, lena n-áirítear coinbhleacht leasa agus cistiú dúbailte, lena n-áirítear measúnú riosca.
3	Socruithe a bheith i bhfeidhm chun comhlíonadh an dlí is infheidhme a áirithiú, lena n-áirítear rialacha an Aontais maidir le soláthar poiblí agus leis an Státchabhair.
4	Nósanna imeachta iomchuí chun seiceáil a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha íocaíochta, marthanacht chomhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna, iontaofacht na sonraí a dhearbhaítear agus cistiú dúbailte a sheachaint in iarratais ar íocaíocht arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin.
5	Nósanna imeachta iomchuí chun tuairim iniúchóireachta iontaofa a sholáthar maidir le hiontaofacht na sonraí a iontráladh sna hiarratais ar íocaíocht.

6	Iniúchtaí iomchuí ar chórais chun iontaofacht na sonraí is bonn le híocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais a áirithiú.
7	Córas éifeachtach chun a áirithiú go gcoimeádtar na doiciméid uile atá riachtanach le haghaidh rian iniúchóireachta iomlán.
8	Córas leictreonach iontaofa chun sonraí a thaifeadadh agus a stóráil chun faireachán, tuairisciú ar dhul chun cinn, meastóireacht, fíoruithe bainistíochta airgeadais agus iniúchtaí a dhéanamh, lena n-áirítear próisis iomchuí chun slándáil, sláine agus rúndacht na sonraí agus fíordheimhniú úsáideoirí a áirithiú.
9	Córas cuntasaíochta éifeachtach lena soláthraítear faisnéis chruinn iomlán iontaofa go tráthúil, lena n-áirítear comhiomlánú na sonraí atá le dearbhú don Choimisiún.
10	Nósanna imeachta iomchuí chun sreafaí airgeadais chuig údaráis bhainistíochta agus gníomhaireachtaí íocaíochta a áirithiú, lena ráthófar, le gach íocaíocht a dhéanfaidh an Coimisiún, go bhfaighidh na húdaráis sin na méideanna atá dlite dóibh, i gcomhréir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme na mbeart a áirítear ina gcaibidlí ar leith, agus ceartúcháin airgeadais a d'fhéadfadh teacht as cur chun feidhme a gcaibidlí á gcur san áireamh, agus a áirithiú go bhfaighidh siad méid atá coibhéiseach ar a laghad lena ranníocaíocht ón Aontas faoi dheireadh na tréimhse.

11	Critéir agus nósanna imeachta trédhearcacha neamh-idirdhealaitheacha iomchuí maidir le roghnú oibríochtaí chun uasmhéadú a dhéanamh ar ranníocaíocht an chistithe ón Aontas chun cuspóirí an Phlean a bhaint amach agus prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais, na trédhearcachta agus an neamh-idirdhealaithe á n-urramú, agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh á cur san áireamh. Faisnéis iomchuí do thairbhithe faoi na coinníollacha is infheidhme maidir le tacaíocht le haghaidh na n-oibríochtaí roghnaithe lena n-áirithítear rochtain ar dheiseanna cistiúcháin do raon éagsúil eintiteas, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide.
12	**Chun críocha an Phlean,** straitéis [...] frithchalaoise, bunaithe ar mheasúnú riosca.
13	Nósanna imeachta iomchuí um thuairisciú cásanna […] de chalaois amhrasta, éilliú agus neamhrialtachtaí, lena n-áirítear coinbhleacht leasa, cistiú dúbailte agus sáruithe eile ar an dlí is infheidhme, agus um bearta leantacha a dhéanamh ina leith i gCóras Bainistíochta Neamhrialtachta an Choimisiúin.
14	Nósanna imeachta iomchuí chun cistí de chuid an Aontais a íocadh go míchuí a aisghabháil.
15	Socruithe iomchuí chun a áirithiú go gcomhlíonfar an oibleagáid leanúint d'íocaíochtaí **atá dlite** do thairbhithe, faighteoirí, faighteoirí deiridh, conraitheoirí agus rannpháirtithe i gcás ina gcuirtear isteach ar sprioc-amanna íocaíochta nó ina gcuirtear cistiú ón Aontas, ceartuithe airgeadais nó bearta eile ar fionraí chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú.

Tábla 2 – Aicmiú na gcóras bainistithe agus rialaithe i ndáil lena bhfeidhmiú éifeachtach

Catagóir 1	**Oibríonn sé go maith. Níl gá le feabhsú nó níl gá ach le mionfheabhsú.**
Catagóir 2	**Oibreacha. Feabhsú áirithe ag teastáil.**
Catagóir 3	**Oibríonn sé i bpáirt. Tá feabhsú suntasach ag teastáil.**
Catagóir 4	**Ní oibríonn sé ar an mórgóir**

IARSCRÍBHINN V

Teimpléad le haghaidh an Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí

CCI	
Teideal in EN	[250] ([1])
Teideal sa teanga/sna teangacha náisiúnta	[250]
Leagan	
An chéad bhliain	[4]
An bhliain dheireanach	[4]
Uimhir an chinnidh ón gCoimisiún	
Dáta an chinnidh ón gCoimisiún	
Uimhir chinneadh leasaitheach an Bhallstáit	
Dáta theacht i bhfeidhm chinneadh leasaitheach an Bhallstáit	
([1]) Tagraíonn na huimhreacha sna lúibíní cearnacha do líon na gcarachtar nach spásanna iad.	

TEIDEAL I: FORLÉARGAS AGUS PRÓISEAS LENA mBUNAÍTEAR AN PLEAN COMHPHÁIRTÍOCHTA NÁISIÚNTA AGUS RÉIGIÚNAÍ

1. CUID 1: Dúshláin agus cuspóirí a dtugtar aghaidh orthu sa Phlean CNR

1.1. Tacaíocht an Phlean CNR do na cuspóirí ginearálta a leagtar síos in Airteagal 2 agus rannchuidiú leis […] na cuspóirí sonracha […] a leagtar síos in Airteagal 3(1)(a) go (e), agus leis na cuspóirí sonracha ábhartha a leagtar síos faoi gach fomhír d'Airteagal 3(1)(a) go (e) agus leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 de na rialacháin [...] AMI, IS agus BMV dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(ba), agus riachtanais agus dúshláin shonracha an Bhallstáit agus na réigiún lena mbaineann á gcur san áireamh

Tagairt: Airteagal 22(2), pointe (a)

Cuspóir sonrach agus cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3 de na rialacháin AMI, IS agus BMV	**Míniú ar an gcaoi a rannchuidíonn an Plean CNR […] leis na cuspóirí sonracha agus na cuspóirí ginearálta gaolmhara a bhaint amach ***
1.a	[5 000]
1.b	[5 000]
1.ba	

Na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán AMI	**[5 000]**
Na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán IS	**[5 000]**
Na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán BMV	**[5 000]**
1.c	**[5 000]**
1.d	**[5 000]**
1.e	**[5 000]**

Is féidir le beart amháin rannchuidiú le níos mó ná cuspóir sonrach amháin. Déanfar measúnú ar an ranníocaíocht ar bhonn critéir chainníochtúla agus cháilíochtúla.

1.2. Tuairisc ar riachtanais agus dúshláin shonracha an Bhallstáit, agus na moltaí tírshonracha ábhartha arna ndíriú chuig an mBallstát lena mbaineann á gcur san áireamh, go háirithe i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, moltaí náisiúnta CBT agus dúshláin arna sainaithint sna doiciméid agus sna straitéisí dá dtagraítear in Airteagal 22(2), pointe (b) agus Airteagal 22(2a) á chur san áireamh.

Tagairt: Airteagal 22(2), pointí (b) **agus 2a.**

Dúshláin/riachtanais, lena n-áirítear na spriocghrúpaí a ndéantar difear dóibh	**An leibhéal náisiúnta agus/nó réigiúnach** […] **Ticbhosca**	**Moltaí […] ábhartha a shainaithnítear sna doiciméid sa chreat tagartha beartais mar a shainmhínítear in Airteagal 22(2)(b)** [leis an tagairt don mholadh tírshonrach comhfhreagrach/don doiciméad oifigiúil nó don straitéis]	**Beart(a)** [Liosta d'aitheantas agus teidil an bhirt]	**Leibhéal an mhaoinithe atá beartaithe (ranníocaíocht iomlán ón Aontas) más infheidhme***	**Míniú má thugtar aghaidh ar na moltaí tírshonracha ábhartha i bpleananna nó i ndoiciméid náisiúnta eile arna nglacadh ar leibhéal an Aontais**

[2000]	[…] **ticbhosca**	[300]			
[2000]	[…] **ticbhosca**	[300]			

**** Féadfar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin trí athchóirithe a bhféadfadh sé nach mbeadh ranníocaíocht ón Aontas i gceist leo***

1.3. Tuairisc ar an gcaoi a bhfuil an Plean CNR comhsheasmhach leis na pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta faoi Rialachán (AE) 2024/1263, leis na pleananna athchóirithe náisiúnta faoi Rialachán (AE) 2024/1991, leis na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide faoi Rialachán (AE) 2018/1999 agus leis na treochláir straitéiseacha náisiúnta maidir leis an Deacáid Dhigiteach faoi Chinneadh (AE) 2022/2481

Tagairt: Airteagal 22(2**b**), pointe […] **(a)**

Pleananna Náisiúnta agus treochláir	**Tabhair tuairisc ar an gcaoi a bhfuil na bearta a áirítear sa Phlean comhsheasmhach leis na cuspóirí a leagtar amach sna doiciméid sin**
Plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta **faoi Rialachán (AE) 2024/1263**	[1 000]
An plean athchóirithe náisiúnta faoi Rialachán (AE) 2024/1991	[1 000]
An Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide faoi Rialachán (AE) 2018/1999	[1 000]
Treochlár straitéiseach náisiúnta um an Deacáid Dhigiteach faoi Chinneadh (AE) 2022/2481	[1 000]
[…]	[…]

1.4. Tuairisc ar an gcaoi a rannchuidíonn an Plean CNR le comhlánú an Mhargaidh Aonair […] le Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne, tionscadail atá lonnaithe ar an gcroíghréasán agus ar an gcroíghréasán leathnaithe agus tionscadail eile ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne, lena n-áirítear rannchuidiú trí thionscadail trasteorann, thrasnáisiúnta nó ilnáisiúnta agus tacaíocht d'oibríochtaí ar bronnadh Séala orthu agus trí bhearta a chur chun feidhme atá mar bhonn taca leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta

Tagairt: Airteagal 22(2**b**), mír (**b**[…])

Gnéithe	**Beart**	**Tuairisc […]**
An tacaíocht le haghaidh Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne; […]	[Liosta d'uimhreacha aitheantais an bhirt […]]	[1000]
Na tionscadail a shainítear i Rialachán (AE) 2024/1679 atá lonnaithe ar an gcroíghréasán agus ar **an** gcroíghréasán leathnaithe		[1000]

Tacaíocht an Phlean do thionscadail leasa choitinn mar a shainítear i Rialachán (AE) 2022/869		[1000]
Tacaíocht an Phlean do thionscadail eile trasteorann, thrasnáisiúnta nó ilnáisiúnta, lena n-áirítear iad siúd lena n-áirithítear comhleanúnachas le tionscadail a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa arna bunú i Rialachán 202X/XXXX [an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa] agus san iarscríbhinn a ghabhann leis		[1000]
Tacaíocht an Phlean d'oibríochtaí ar bronnadh Séala orthu		[1000]
Tacaíocht an Phlean do bhearta atá mar bhonn taca leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta		**[1000]**

1.5. Forléargas cuimsitheach ar thacaíocht an Phlean CNR do na críocha a liostaítear in Iarscríbhinn VII, agus a riachtanais agus a ndúshláin shonracha á gcur san áireamh [2000] *

Tagairt: Airteagal 22(2**b**), point**í (f) agus** (h)(i) […]

Saintréithe réigiúnacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII (pointí a-j)	**Caibidlí rannchuiditheacha**	**Costais mheasta iomlána (EUR)**	**Ranníocaíocht ón Aontas (EUR)**	**[…]**	**Liosta na n-athchóirithe tacaíochta (i gcás inarb iomchuí) [Aitheantas agus teideal an bhirt]**
(a) **Riachtanais agus dúshláin shonracha** na réigiún beagfhorbartha	Caibidil xx	[…]	[…]	[…]	
	Caibidil xx	[…]	[…]	[…]	
	Fo-iomlán	**[…]**	**[…]**		

(b) **<u>Riachtanais agus dúshláin shonracha</u>** na réigiún trasdula	Caibidil xx	[…]	[…]	[…]	
	Caibidil xx	[…]	[…]	[…]	
	Fo-iomlán	**[…]**	**[…]**		
(c) **<u>Riachtanais agus dúshláin shonracha</u>** na réigiún níos forbartha	Caibidil xx	[…]	[…]	[…]	
	Caibidil xx	[…]	[…]	[…]	
	Fo-iomlán	**[…]**	**[…]**		

(d) **Riachtanais agus dúshláin shonracha** na n-oileán **agus na limistéar cósta** […]	Caibidil xx				
	Caibidil xx				
	Fo-iomlán			**X%**	
(da) **Riachtanais agus dúshláin shonracha** na réigiún is forimeallaí	Caibidil xx				
	Caibidil xx				
	Fo-iomlán				

(e) Riachtanais agus dúshláin shonracha réigiún teorann san Oirthear (réigiúin NUTS 2 a bhfuil teorainneacha acu leis an Rúis, leis an mBealarúis), go háirithe i réimsí na slándála, an bhainistithe teorainneacha agus na forbartha eacnamaíche.	Caibidil xx				
	Fo-iomlán				
(f) Riachtanais agus dúshláin shonracha na réigiún tuaisceartach inar tearc an daonra, atá faoi mhíbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha, go háirithe maidir le nascacht agus inrochtaineacht.	Caibidil xx				
	Fo-iomlán				

(g) Riachtanais agus dúshláin shonracha ceantar tuaithe, […];	Caibidil xx				
	Fo-iomlán				

(h) Riachtanais agus dúshláin shonracha na limistéar a ndéanann an t-aistriú tionsclaíoch difear dóibh, go háirithe iad siúd a bhfuil dúshláin shocheacnamaíocha thromchúiseacha rompu a eascraíonn as an bpróiseas aistrithe i dtreo spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 **agus 2040** an Aontais agus geilleagar aeráidneodrach an Aontais faoi 2050;	Caibidil xx				
	Fo-iomlán				
(i) na riachtanais agus na dúshláin shonracha i limistéir uirbeacha (forbairt uirbeach inbhuanaithe);	Caibidil xx				
	Fo-iomlán				

(j) na riachtanais agus na dúshláin shonracha a sainaithníodh san úsáid atá beartaithe d'infheistíocht chríochach chomhtháite, d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail nó d'uirlisí críochacha eile […]	Caibidil xx				
	Fo-iomlán				
(k) […] na riachtanais agus <u>na dúshláin shonracha a sainaithníodh</u> […] i straitéisí um speisialtóireacht chliste agus i straitéisí um aistriú cóir	**Caibidil xx**				
	<u>Fo-iomlán</u>				

*** Beidh an tábla seo bunaithe ar fhaisnéis a líon an Ballstát isteach cheana ar leibhéal an bhirt i dtábla 2.7 agus i dtábla 5, ach amháin i gcás an cholúin 'Liosta na n-athchóirithe tacaíochta (i gcás inarb iomchuí)'.** […]

1.5a Tacaíocht do na réigiúin is forimeallaí

Cuid 1. **Iarratais ar íocaíocht a cuireadh isteach le linn na tréimhse tagartha dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 d'Airteagal 59 [...] lena n-áirítear faisnéis faoi réamh-mhaoiniú (atá le cur isteach mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an dearbhú bainistíochta/na dearbhuithe bainistíochta)**

Tréimhse tagartha [...]	**Uimhir an iarratais ar íocaíocht**	**An dáta a cuireadh an t-iarratas ar íocaíocht isteach**	**Méideanna arna n-iarraidh le haghaidh íocaíochta**
20xx		xx/xx/20xx	EUR xx
20xx		xx/xx/20xx	EUR xx
20xx		[…]	[…]

Réamh-mhaoiniú a fuarthas go dtí seo	EUR xx

Cuid 2. **Dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na mbeart sa bhliain féilire roimhe sin (le cur isteach mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an dearbhú/na dearbhuithe bainistíochta)**

N.B. Ní gá do na Ballstáit an fhaisnéis a chumhdaítear le Cuid 1 (garspriocanna, spriocanna agus aschuir comhlíonta arna gcur isteach le hiarratas ar íocaíocht) a thuairisciú – déanfaidh SFC í a ghiniúint go huathoibríoch

Aitheantas an bhirt	**Infheistíochtaí**	**Uimhir thagartha na garsprice/na sprice**	**An dul chun cinn atá déanta**	**Luach íocaíochta amach *arna líonadh go huathoibríoch ag SFC***	**Luach measta an dul chun cinn atá déanta [...] (méid in EUR arna ríomh ar bhonn na luachanna íocaíochta amach)**
			Dul chun cinn i dtreo na **garsprice nó** na sprice a baineadh amach tráth an tuairiscithe ar bhonn staid an chur chun feidhme is déanaí **(%)** NÓ **(roghchlár anuas)**		

			▫ Gan aon dul chun cinn (Meastachán 0 %) ▫ Dul chun cinn beag (Meastachán 33 %) ▫ Dul chun cinn mór (Meastachán 66 %) ▫ Comhlíonta (100 %)		
	Athchóirithe [...]	**Uimhir thagartha na garsprice**	**An dul chun cinn atá déanta**	**Luach íocaíochta amach *arna líonadh go huathoibríoch ag SFC***	**Luach measta an dul chun cinn atá déanta [...] (méid in EUR arna ríomh ar bhonn na luachanna íocaíochta amach)**

			(roghchlár anuas) ▫ Gan aon dul chun cinn (0 % [...]tagtha i bhfeidhm [...])		
			▫ Comhlíonta (100 % tagtha i bhfeidhm [...])		
<u>Aitheantas an bhirt</u>	**[...] Idirghabhálacha <u>bunaithe ar aschur</u>** (íocaíochtaí bunaithe ar aschuir)	**[…]** **<u>Aschur (uimhir thagartha)</u>**	**An dul chun cinn atá déanta**		**Luach an dul chun cinn atá déanta (ina EUR)**
			Aschur a baineadh amach tráth an tuairiscithe ar bhonn staid an chur chun feidhme is déanaí,		

Cuid 3. Tuairisciú ar tháscairí toraidh agus ar fhochatagóirí táscairí aschuir

Tagairt: Airteagal 14(2), 14(3), 14(5), 14(6) den Rialachán Feidhmíochta

Aitheantas an bhirt	Réimse idirghabhála	Garsprioc, sprioc nó idirghabháil bunaithe ar aschur (uimhir thagartha)	Fochatagóirí aschuir lena n-áirítear fothascairí nach bhfuil ábhartha d'íocaíochtaí		Táscairí toraidh				
			Ainm	An dul chun cinn	Ainm	Bonnlíne	Luach measta	An bhliain ar baineadh amach í	An dul chun cinn

Beart 1	**Réimse idirghabhála 1**	**Aitheantas**	**Fochatagóir 1:** **Fochatagóir 2:** **(…)**		**Astaíochtaí gás ceaptha teasa a seachnaíodh (i gcás inarb ábhartha):** **Méid na hinfheistíochta a slógadh (i gcás inarb ábhartha):** **Táscaire eile, fochatagóir 1:** **Táscaire eile, fochatagóir 2:** **(…)**				
	Réimse idirghabhála 2	**Aitheantas**							

IARSCRÍBHINN X

Teimpléad le haghaidh réamh-mheastacháin an mhéid le haghaidh an iarratais ar íocaíocht

Tagairt: Airteagal 50[…], pointe (d) [[…] an **fheidhm** chomhordúcháin […]] **agus Airteagal 10(2), pointe (b) [Forbairt Réigiúnach, Plean um Interreg]**

Ranníocaíocht ón Aontas lena bhfuil coinne					
[An bhliain féilire reatha]			*[An chéad bhliain airgeadais eile]*		
[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]
[…] ***Eanáir-Meitheamh***	**[…]** ***Iúil-Nollaig***	[…]	[…] **Eanáir-Meitheamh**	[…] **Iúil-Nollaig**	[…]

Garsprioc nó sprioc nó aschur (uimhir thagartha) [...]	An méid a bhfuil coinne leis	**Garsprioc nó sprioc nó aschur (uimhir thagartha)** [...]	An méid a bhfuil coinne leis	[…]	[…]	[…] **Garsprioc nó sprioc nó aschur (uimhir thagartha)**	An méid a bhfuil coinne leis	[…] **Garsprioc nó sprioc nó aschur (uimhir thagartha)**	An méid a bhfuil coinne leis	[…]	[…]
x	EUR x										
…	…										
Fo-iomlán	**EUR x**	**IOMLÁN**	**EUR x**	**[…]**	**[…]**	**[…]**	**EUR x**	**[…]**	**EUR x**	**[…]**	**[…]**

Cúnamh teicniúil	*[ríomh uathoibríoch in SFC]*	*Cúnamh teicniúil*	*[ríomh uathoibríoch in SFC]*	*[…]*	*[…]*	*[…]*	*[ríomh uathoibríoch in SFC]*	*[…]*	*[ríomh uathoibríoch in SFC]*	*[…]*	*[…]*
IOMLÁN	**EUR x**	**IOMLÁN**	**EUR x**	**[…]**	**[…]**	**[…]**	**EUR x**	**[…]**	**EUR x**	**[…]**	**[…]**
Ar a bhfuil deontais	**EUR x**	**Ar a bhfuil deontais**	**EUR x**			**Ar a bhfuil deontais**	**EUR x**	**Ar a bhfuil deontais**	**EUR x**		
Ar a bhfuil iasachtaí (más infheidhme)	**EUR x**	**Ar a bhfuil iasachtaí (más infheidhme)**	**EUR x**			**Ar a bhfuil iasachtaí (más infheidhme)**	**EUR x**	**Ar a bhfuil iasachtaí (más infheidhme)**	**EUR x**		

IARSCRÍBHINN XI

Teimpléad le haghaidh na n-iarratas ar íocaíocht

Tagairt: Airteagal 65(2) [iarratas ar íocaíocht a chur isteach agus a mheasúnú] **agus Airteagal 10(2) pointe (a) [Forbairt Réigiúnach, Plean um Interreg]**

Plean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí	
Ballstát:	
Cinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an Plean:	
Dáta an chinnidh ón gCoimisiún:	
Uimhir an iarratais ar íocaíocht:	
An dáta a cuireadh an t-iarratas ar íocaíocht isteach:	
An líon garspriocanna agus spriocanna a bhfuil íocaíocht á hiarraidh ina leith	
Ar cistíodh le deontais iad	
Ar cistíodh le hiasachtaí iad (más infheidhme)	
Méid iomlán [...] a **chomhfhreagraíonn do luachanna íocaíochta amach na n**garspriocanna agus na spriocanna comhlíonta	

Méid iomlán arna iarraidh le haghaidh idirghabhálacha [...] **bunaithe ar aschur:**	
An méid a iarradh le haghaidh cúnamh [...] **teicniúil**:	
An méid iomlán a iarradh	
Ar cistíodh le deontais iad	
Ar cistíodh le hiasachtaí iad (más infheidhme)	

LIOSTA NA nGARSPRIOCANNA AGUS NA SPRIOCANNA A bhFUIL ÍOCAÍOCHT Á hIARRAIDH INA LEITH

Uimhir thagartha [...] na garsprice nó na sprice	**[...]Cuspóir Sonrach[...]cuspóir a leagtar amach sna Rialacháin AMI, IS agus BMV**	**Caibidil Aitheantas**	**Beart Aitheantas**	**Arna mhaoiniú faoi Dheontais nó Iasachtaí**	**Ainm na garsprice /na sprice**	**Táscairí cáilíochtúla (garsprioca nna)**	**Táscairí cainníochtúla (spriocanna) mar a bhunaítear i Rialachán XXX (an Rialachán Feidhmíochta)**				**[…]**		**An méid a iarradh**	Institiúidí atá freagrach as comhlíonadh na garsprice/na sprice ábhartha a fhíorú agus as na doiciméid le haghaidh an riain iniúchóireachta a choinneáil
							Aonad tomhais	***Bonnline***	***[...] Spriocc***	***An sprioca baineadh amach***	**[…]**	**[…]**		
Iomlán a iarradh le haghaidh deontas														
Iomlán a iarradh le haghaidh iasachtaí														

Le haghaidh idirghabhálacha bunaithe ar aschur

Uimhir thagartha [...] an aschuir	**Cuspóir Sonrach/ <u>cuspóir a leagtar amach sna Rialacháin AMI, IS agus BMV</u>**	**Caibidil <u>Aitheantas</u>**	**Beart <u>Aitheantas</u>**		**Táscaire aschuir mar a bhunaítear i Rialachán XXX (an Rialachán Feidhmíochta)**			**An méid a iarradh**	An institiúidí atá freagrach as an bhfaisnéis arna soláthar a fhíorú agus as na doiciméid le haghaidh an riain iniúchóireachta a choinneáil
				Bliain éilimh	***[…]*** ***<u>Ainm an aschuir</u>***	***<u>Aonad tomhais</u>***	***Aschur tuairiscithe***		
			Iomlán arna iarraidh le haghaidh idirghabhálacha bunaithe ar aschur <u>le haghaidh deontas</u>						
			<u>Iomlán arna iarraidh le haghaidh idirghabhálacha bunaithe ar aschur le haghaidh iasachtaí</u>						

Déanfar an íocaíocht leis an gcuntas bainc seo a leanas:

Comhlacht aitheanta	
Banc	
BIC	
IBAN an chuntais bainc	
Sealbhóir an chuntais (murab ionann é agus an comhlacht aitheanta)	

Méideanna arna n-aisghabháil ag na Ballstáit a áirítear sna hiarratais ar íocaíocht (Airteagal 68(4))

Uimhir thagartha na garsprice nó na sprice nó an aischuir	**An méid atá faoi réir aisghabhála**	**An méid a aisghabháladh**	**Ús (más infheidhme)**
An méid iomlán a aisghabhadh			

IARSCRÍBHINN XII

Teimpléad le haghaidh an dearbhaithe bainistíochta

Tagairt: Airteagal 59(1), pointe (c) [pacáiste dearbhaithe bliantúil]; **Airteagal 10(2)(c)(d) den Rialachán maidir le CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe**

Déanaimse/Déanaimidne thíos-sínithe, [Céadainm/Céadainmneacha, Sloinne/Sloinnte], i mo cháil/inár gcáil mar [Feidhm] [Údarás Freagrach an Bhallstáit], agus m'oibleagáidí/ár n-oibleagáidí faoi Rialachán XX [Ciste] á gcur san áireamh

A dhearbhú leis seo, i ndáil le cur chun feidhme **[caibidil][bearta][de]** Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí [an tír] **nó chaibidil Interreg** arna fhormheas le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an [dáta] maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bPlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí le haghaidh [Ballstát] ([tagairt]), ar bhonn mo bhreithiúnais féin agus na faisnéise atá ar fáil dom, go háirithe na torthaí ó na córais náisiúnta rialaithe agus iniúchóireachta a dtugtar tuairisc orthu sa Phlean:

1. Gur baineadh úsáid [...] as na cistí i gcomhréir leis an dlí is infheidhme d'fhonn na cuspóirí a **sainaithníodh** [...] sa Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí nó **sa chaibidil maidir le Plean um Interreg** a bhaint amach.

2. Go bhfuil na sonraí a iontráladh sna hiarratais ar íocaíocht a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin **don tréimhse thagartha** dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 d'Airteagal 59 [Pacáiste dearbhaithe] […], iomlán, cruinn agus iontaofa, […] agus tá rian iniúchóireachta na mbeart lena mbaineann i bhfeidhm

3. Go bhfeidhmíonn na córais bhainistíochta agus rialaithe atá i bhfeidhm go cuí [...] agus go dtugtar an dearbhú is gá leo go ndearnadh na cistí a bhainistiú i gcomhréir leis […] an **dlí is infheidhme**, lena n-áirítear na dlíthe maidir le [...] coinbhleachtaí leasa, [...] éilliú, cistiú dúbailte, calaois agus [...] **neamhrialtachtaí eile** a chosc, a bhrath, a thuairisciú agus a **cheartú**, agus i [...] gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais [...]

4. tugann an fhaisnéis faoi dhul chun cinn chur chun feidhme bhearta an Phlean <u>arna dtuairisciú i gcomhréir le Cuid 2 d'Iarscríbhinn IX</u> [Iarscríbhinn anseo] léargas fíor agus cothrom ar dhul chun cinn an chur chun feidhme

Dearbhaím go ndearnadh **aon** [...] sárú ar an **dlí is infheidhme** [...] a sainaithníodh le linn iniúchtaí agus sna tuarascálacha rialaithe i ndáil le cur chun feidhme [...] **<u>[Caibidil] [beart] [de] Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí [an tír] nó chaibidil Interreg</u>** a cheartú go hiomchuí, **agus nár** [...] **aisiompaíodh** na garspriocanna nó na spriocanna a bhaineann leis an mbeart lena mbaineann mar thoradh orthu. **(**I gcás aisiompuithe, sonraigh cineál agus raon feidhme an aisiompaithe**)**. I gcás inar ghá, rinneadh obair leantach leordhóthanach **ar sháruithe ar an dlí is infheidhme [...]** agus ar easnaimh sa chóras rialaithe a tuairiscíodh sna tuarascálacha sin.

[Le húsáid i gcás an dearbhaithe bainistíochta nó na ndearbhuithe bainistíochta a chuirtear isteach faoin bpacáiste dearbhaithe deiridh agus sa chás sin amháin: **Dearbhaím nach mó na híocaíochtaí iomlána ón gCoimisiún, gan cúnamh teicniúil a áireamh, ná an méid iomlán a d'íoc an Ballstát/na Ballstáit le tairbhithe agus an Plean á chur chun feidhme.]**

<u>Le húsáid i gcás nach ndearnadh aon dul chun cinn, agus sa chás sin amháin:</u> **<u>Dearbhaím gurb é 0 % an dul chun cinn a baineadh amach maidir le garspriocanna, spriocanna agus aschuir nár tuairiscíodh aon fhaisnéis ina leith sa tuarascáil ar dhul chun cinn an chur chun feidhme a chuirtear i láthair i gcomhréir le cuid 2 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán xxx [Rialachán maidir le Pleananna CNR].]</u>**

Dearbhaím nach bhfuil mé ar an eolas faoi aon ábhar clú nár nochtadh a bhaineann le cur chun feidhme[...] [**Caibidil] [beart] [de] Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí [an tír] nó chaibidil Interreg**, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna an Aontais Eorpaigh.

[Mar sin féin, ba cheart na forchoimeádais seo a leanas a thabhairt faoi deara:.....] (scrios an abairt seo murab infheidhme)

[Maidir leis an bhforchoimeádas a rinneadh sa Dearbhú Bainistithe roimhe seo - [Tagairt] -

[an obair leantach a rinneadh].] (scrios an abairt seo murab infheidhme)

Áit dáta

(síniú)

[Ainm agus Feidhm an tsínitheora]

IARSCRÍBHINN XIII

Teimpléad le haghaidh na tuairime iniúchóireachta bliantúla

Tagairt: Airteagal 53(2), pointe (a) [feidhmeanna an údaráis iniúchóireachta]

1. RÉAMHRÁ

Tá iniúchadh déanta agamsa/againne thíos-sínithe, thar ceann [ainm an údaráis/na n-údarás iniúchóireachta], atá neamhspleách i gciall mhír 5 d'Airteagal 49 [Údaráis um pleananna] de Rialachán XX [Rialachán CNR], ar an méid seo a leanas:

i. iomláine, cruinneas agus iontaofacht na sonraí a iontráladh sna hiarratais ar íocaíocht a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh na **tréimhse tagartha** [...] [dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 d'Airteagal 59 [Pacáiste dearbhaithe] **i ndáil le cur chun feidhme [an Chaibidil/na Caibidlí] [an beart/na bearta] de Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí [an tír] nó na caibidle maidir le Plean um Interreg;**

ii. úsáid na gcistí i gcomhréir leis an dlí is infheidhme; agus

iii. feidhmiú an chóras bainistithe agus rialaithe.

agus tá an méid seo a leanas fíoraithe agam/againn:

i. an dearbhú bainistíochta/na dearbhuithe bainistíochta [arna n-ullmhú agus arna síniú ag na húdaráis bhainistíochta] **le haghaidh [an Chaibidil/na Caibidlí] [an beart/na birt] [den] Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí [an tír] nó le haghaidh chaibidil an Phlean um Interreg** i gcomhréir le mír (**c**[...] d'Airteagal 59(1) [an pacáiste dearbhaithe bliantúil],

chun tuairim iniúchóireachta a eisiúint i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 53(2) [Feidhmeanna an údaráis iniúchóireachta].

2. FREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS/NA nÚDARÁS INIÚCHÓIREACHTA

Rinneadh na hiniúchtaí i ndáil le [...] **[an Chaibidil/na Caibidlí] [an beart/na bearta] de Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí [an tír] nó na caibidle maidir le Phlean um Interreg** i gcomhréir leis an straitéis iniúchóireachta agus chomhlíon siad caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta.

Tá freagracht orm freisin ráiteas a chur san áireamh sa tuairim maidir le cé acu a chaitheann nó nach gcaitheann an obair iniúchóireachta a rinneadh amhras ar na dearbhuithe a rinneadh sa dearbhú/sna dearbhaithe bainistíochta.

Is iad na nósanna imeachta iniúchóireachta a dhéantar na nósanna imeachta sin a chreidim/a chreidimid a bheith iomchuí sna himthosca agus a chomhlíonann ceanglais Rialachán XX [Rialachán CNR], iad siúd in Airteagal 53 [feidhmeanna an údaráis iniúchóireachta] agus Iarscríbhinn IV [príomhcheanglais A&C] go háirithe. Creidim/creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta a bailíodh leordhóthanach iomchuí le bonn a chur faoi mo thuairim/ár dtuairim, [sa chás ina bhfuil aon teorainn leis an raon ann:] seachas iad sin a luaitear i bpointe 3 'Teorainn leis an raon'.

Cuirtear isteach an achoimre ar na príomhthorthaí a fuarthas ó na hiniúchtaí i ndáil le **[an Chaibidil/na Caibidlí] [an beart/na bearta] de Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí [an tír] nó na caibidle maidir le Phlean um Interreg** in éineacht leis an tuairim iniúchóireachta seo, i gcomhréir le pointe (**b**[...] d'Airteagal 59(1) [pacáiste dearbhaithe bliantúil] de Rialachán XX [Rialachán maidir leis an gCiste CNR].

3. TEORAINN LEIS AN RAON

Cibé acu

Nach raibh aon teorainn le raon an iniúchta.

Nó

Go raibh raon an iniúchta teoranta ag na tosca seo a leanas:

(a)	…
(b)	…
(c)	…

[N.B. Cuir aon teorainn ar raon an iniúchta in iúl, mar shampla aon doiciméadacht tacaíochta a bheith ar lár, cásanna a bhfuil imeachtaí dlí ar siúl ina leith, agus cuir na bearta a ndéantar difear dóibh agus tionchar na teorann leis an raon ar an tuairim iniúchóireachta in iúl faoi 'Tuairim choinníollach' thíos. Tabharfar tuilleadh mínithe ar an ábhar sin san achoimre ar iniúchtaí, de réir mar is iomchuí.]

4. TUAIRIM

Cibé acu

(Tuairim gan choinníoll)

I mo thuairim, agus bunaithe ar an obair iniúchóireachta a rinneadh,

(1) Sonraí a iontráladh san iarratas/sna hiarratais ar íocaíocht:

- tá na sonraí a iontráladh san iarratas/sna hiarratais ar íocaíocht a cuireadh isteach le haghaidh na [...] **tréimhse tagartha** iomlán, cruinn agus iontaofa.

(2) An córas bainistithe agus rialaithe atá i bhfeidhm amhail ar dháta na tuairime iniúchóireachta seo:

- feidhmíonn an córas bainistithe agus rialaithe a cuireadh i bhfeidhm go cuí **agus áirithíonn siad go n-úsáidtear cistí an Aontais i gcomhréir leis an dlí is infheidhme** agus áirithíonn siad cosaint éifeachtach thráthúil leasanna airgeadais an Aontais […]

Ní chaitheann an obair iniúchóireachta a rinneadh amhras ar na dearbhuithe a rinneadh sa dearbhú bainistithe nó sna dearbhuithe bainistithe.

(3) úsáid na gcistí:

- comhlíonann sé an dlí is infheidhme.

Nó

(Tuairim choinníollach)

I mo thuairim, agus bunaithe ar an obair iniúchóireachta a rinneadh,

(1) Sonraí a iontráladh san iarratas/sna hiarratais ar íocaíocht:

- tá na sonraí a iontráladh san iarratas/sna hiarratais ar íocaíocht a cuireadh isteach le haghaidh **na tréimhse tagartha** iomlán, cruinn agus iontaofa [i gcás ina bhfuil feidhm ag an gcáilíocht maidir leis na hiarratais ar íocaíocht, cuirtear an téacs seo a leanas isteach:] ach amháin maidir leis na gnéithe ábhartha seo a leanas: …

(2) An córas bainistithe agus rialaithe atá i bhfeidhm amhail ar dháta na tuairime iniúchóireachta seo:

- feidhmíonn an córas bainistithe agus rialaithe a cuireadh i bhfeidhm go cuí agus áirithíonn siad **go n-úsáidtear cistí an Aontais i gcomhréir leis an dlí is infheidhme agus áirithíonn siad** cosaint éifeachtach thráthúil leasanna airgeadais an Aontais [...] [i gcás ina bhfuil feidhm ag an gcáilíocht maidir leis an gcóras bainistithe agus rialaithe, cuirtear an téacs seo a leanas isteach:] ach amháin maidir leis na gnéithe seo a leanas:…

(3) tá úsáid na gcistí i gcomhréir leis an dlí is infheidhme seachas na gnéithe seo a leanas: …..

Tá tionchar na cáilíochta teoranta [nó suntasach].

Caitheann/Ní chaitheann [scrios de réir mar is iomchuí] an obair iniúchóireachta a rinneadh amhras ar na dearbhuithe a rinneadh sa dearbhú bainistithe nó sna dearbhuithe bainistithe.

[I gcás ina gcaitheann an obair iniúchóireachta a rinneadh amhras ar na dearbhuithe a rinneadh sa dearbhú bainistithe nó sna dearbhuithe bainistithe, nochtfaidh an t-údarás iniúchóireachta sa mhír seo na gnéithe a bhí mar bhunús le teacht ar an gconclúid sin.]

Nó

(Tuairim neamhfhabhrach)

I mo thuairim, agus bunaithe ar an obair iniúchóireachta a rinneadh,

(1) tá na sonraí a iontráladh san iarratas/sna hiarratais ar íocaíocht a cuireadh isteach le haghaidh na **tréimhse tagartha** iomlán, cruinn agus iontaofa agus/nó;

(2) feidhmíonn/ ní fheidhmíonn [scrios de réir mar is iomchuí] an córas bainistithe agus rialaithe a cuireadh i bhfeidhm]

(3) Tá/níl úsáid na gcistí i gcomhréir leis an dlí is infheidhme

Tá an tuairim neamhfhabhrach seo bunaithe ar na gnéithe seo a leanas:

- i ndáil le hábhair ábhartha a bhaineann le hiomláine, cruinneas agus iontaofacht na sonraí a iontráladh san iarratas/sna hiarratais ar íocaíocht a cuireadh isteach le haghaidh na [...] **tréimhse tagartha** agus nó [scrios de réir mar is iomchuí]

  - i ndáil le hábhair ábhartha a bhaineann le feidhmiú an chórais bainistithe agus rialaithe

  - i ndáil le comhlíonadh an dlí is infheidhme ag na cistí

Caitheann an obair iniúchóireachta a rinneadh amhras ar na dearbhuithe a rinneadh sa dearbhú nó na dearbhuithe bainistíochta, maidir leis na gnéithe seo a leanas:

[Féadfaidh an t-údarás iniúchóireachta béim ar ábhar a chur san áireamh freisin, nach n-imreoidh tionchar ar a thuairim, mar a fhoráiltear sna caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta. Is féidir séanadh tuairime a bheartú i gcásanna eisceachtúla].

Dáta:

Síniú:

IARSCRÍBHINN XIV

Leibhéal na gceartúchán ar ráta comhréidh a chinneadh

Tagairt: Airteagal 68(2) [**Ceartúcháin** airgeadais]

1. Gnéithe le meas agus ceartúchán ar ráta comhréidh á chur i bhfeidhm:

(a) a thromchúisí atá an sárú **tromchúiseach ar na hoibleagáidí [a leagtar amach in Airteagal 58] nó an neamh-chomhlíonadh tromchúiseach e.g**. [...] i gcomhthéacs an chórais bainistíochta agus rialaithe ina iomláine;

(b) minicíocht agus méid an t**sáraithe** thromchúisigh **ar na hoibleagáidí [a leagtar amach in Airteagal 58] nó an neamh-chomhlíonta thromchúisigh** [...];

(c) méid an dochair airgeadais do bhuiséad an Aontais.

(d) na bearta ceartaitheacha a rinne an Ballstát sula bhfuarthas torthaí an Choimisiúin, lena n-áirítear a raon feidhme agus a n-éifeachtacht.

2. Déantar leibhéal an cheartaithe airgeadais ar ráta comhréidh a chinneadh mar a leanas:

(a) i gcás ina mbíonn an **neamh-chomhlíonadh** tromchúiseach [...] chomh bunúsach, chomh minic nó chomh forleathan sin gurb é atá ann teip iomlán ar an gcóras, cuirtear ráta comhréidh 100 % i bhfeidhm;

(b) i gcás ina bhfuil an **neamh-chomhlíonadh** tromchúiseach [...] chomh minic agus chomh forleathan sin gurb é atá ann teip thar a bheith tromchúiseach ar an gcóras a chuireann [...] sciar an-ard d'**íocaíochtaí** i mbaol, cuirtear ráta comhréidh 25 % i bhfeidhm;

(c) i gcás arb é is cúis leis an **neamh-chomhlíonadh** [...] tromchúiseach nach bhfeidhmíonn an córas go hiomlán nó go bhfeidhmíonn sé chomh dona nó chomh hannamh sin go gcuireann sé [...] sciar ard d'**íocaíochtaí** i mbaol, cuirtear ráta comhréidh 10 % i bhfeidhm;

(d) i gcás arb é is cúis leis an **neamh-chomhlíonadh** [...] tromchúiseach nach bhfeidhmíonn an córas go comhsheasmhach sa chaoi go gcuireann sé [...] sciar suntasach d'**íocaíochtaí** i mbaol, cuirtear ráta comhréidh 5 % i bhfeidhm.

(e) I gcás sárú tromchúiseach ar na hoibleagáidí [a leagtar síos in Airteagal 58] nach dtagann faoi phointe (a) go pointe (d) den mhír seo, cinnfear leibhéal an cheartaithe airgeadais ar ráta comhréidh agus na gnéithe dá dtagraítear i mír 1 á gcur san áireamh.

I gcás, toisc nach ndearna na húdaráis fhreagracha bearta ceartaitheacha tar éis ceartú airgeadais a chur i bhfeidhm, go sainaithnítear an **neamhchomhlíonadh** tromchúiseach **nó an sárú tromchúiseach** céanna ar na h**oibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 58** [...], féadfar an ráta ceartúcháin a mhéadú go dtí leibhéal nach mó ná leibhéal na chéad chatagóire eile is airde, mar gheall ar mharthanacht an **neamhchomhlíonta** thromchúisigh **nó an tsáraithe thromchúisigh ar na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 58** [...]. I gcás ina bhfuil leibhéal an ráta chomhréidh díréireach tar éis breithniú a dhéanamh ar na gnéithe **dá dtagraítear i mír 1** [...], féadfar an ráta ceartúcháin a laghdú.

IARSCRÍBHINN XV

Gníomhaíochtaí an Aontais a fhaigheann tacaíocht tríd an tSaoráid

Tagairt: Airteagal 31 [Gníomhaíochtaí an Aontais]

1. Rannchuideoidh an tSaoráid leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagail 2 agus 3 [Cuspóirí], go háirithe trí na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur chun feidhme:

   (a) tacú leis na húdaráis uirbeacha tionscadail nuálacha a fhorbairt, acmhainneachtaí cathracha a neartú agus timpeallacht eolais a chruthú ar mhaithe le heolas a roinnt maidir le forbairt uirbeach inbhuanaithe **agus a rannpháirtíocht i gceapadh agus i gcur chun feidhme bheartas an Aontais dá dtagraítear i gClár Oibre an Aontais do Chathracha a éascú, lena n-áirítear tacaíocht don Chlár Oibre Uirbeach don Aontas;**

   (b) nuálaíocht shóisialta, tástáil shóisialta agus tacaíocht d'acmhainneacht na ngeallsealbhóirí a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal **réigiúnach**, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear é sin a dhéanamh tríd an gcomhar trasnáisiúnta; soghluaisteacht dheonach an lucht saothair agus margaí saothair **Eorpacha** dea-fheidhmiúla, comhtháite a chur chun cinn, lena n-áirítear gné thrasteorann na gcóras slándála sóisialta **agus deiseanna fostaíochta a mhéadú trí sheirbhísí tacaíochta sonracha a fhorbairt agus a chur ar fáil d'fhostóirí agus do chuardaitheoirí poist.**

   (c) tacú leis an micreamhaoiniú, le maoiniú fiontair shóisialta, leis an ngeilleagar sóisialta agus le bearta chun comhionannas inscne, scileanna, oideachas, oiliúint agus seirbhísí gaolmhara a chur chun cinn, le bonneagar sóisialta, lena n-áirítear bonneagar sláinte agus oideachais agus le tithíocht shóisialta agus inacmhainne, lena n-áirítear tithíocht do mhic léinn agus do dhaoine óga, le cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, le cuimsiú agus inrochtaineacht, agus béim á leagan ar lánpháirtiú daoine ar leochaileach a gcás, lena n-áirítear daoine atá buailte leis an mbochtaineacht, leis an eisiamh sóisialta nó leis an idirdhealú nó atá i mbaol bochtaineachta, eisiamh sóisialta nó idirdhealaithe.

(d) ceapadh beartais fianaisebhunaithe a chothú sna réimsí a bhaineann le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, go háirithe maidir le fostaíocht ardcháilíochta inbhuanaithe, cuimsiú sóisialta, oideachas agus scileanna, éiceachórais airgeadais shóisialta agus sláinte agus sábháilteacht ag an obair;

(e) tacú le cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh, *inter alia* chun comhairle eolaíoch, bailiú sonraí agus eolas a sholáthar chun cinntí fónta éifeachtúla maidir le bainistiú iascaigh a chur chun cinn; córas rialaithe iascaigh an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme, aigéin ghlana shláintiúla a chur chun cinn, faisnéis mhargaidh a fhorbairt agus a scaipeadh le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, slándáil agus faireachas muirí a chur chun cinn;

(f) tacú le cur chun feidhme an bheartais aigéin **de réir threoirphrionsabail an Chomhshocraithe Eorpaigh um an Aigéan**, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí phleanáil spásúil mhuirí **atá bunaithe ar éiceachórais**, straitéisí imchuach farraige agus comhar réigiúnach muirí, cur chun feidhme an Líonra Breathnóireachta [...] agus Sonraí **Muirí** Eorpach, chomh maith le feabhas a chur ar scileanna agus ar litearthacht aigéin, agus sonraí socheacnamaíocha agus comhshaoil maidir leis an ngeilleagar gorm inbhuanaithe a chomhroinnt, agus cur chun feidhme an bheartais maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan;

(g) comhbheartas a chur chun cinn i réimsí na sláinte agus na sábháilteachta do dhaoine, d'ainmhithe agus do phlandaí, agus do leas ainmhithe, lena n-áirítear bearta tacaíochta chun […] galair ainmhithe, zónóisí agus lotnaidí plandaí a **chosc**, **a bhrath**, a rialú, […] a **dhíothú** agus **faireachas** a dhéanamh orthu, **bearta éigeandála**, bearta arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach, táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe bia, agus foráil a dhéanamh maidir le bearta uile-Aontais chun cur chun feidhme aonfhoirmeach iontaofa na mbeartas sin a áirithiú;

(h) sonraí ar leibhéal na feirme maidir le hinbhuanaitheacht a bhailiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 lena mbunaítear an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme (LSIF) agus tacú le bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a bhaineann le táirgí talmhaíochta a chuirtear chun feidhme sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1144/2014;

(i) aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha [...] shonracha mar fhreagairt ar mhórthubaiste nádúrtha **náisiúnta** nó réigiúnach nó **móréigeandáil sláinte poiblí**, agus deisiú agus téarnamh a chothú d'fhonn athléimneacht a mhéadú tar éis do [...] **mhórthubaistí nádúrtha nó móréigeandálaí sláinte poiblí** tarlú. **Sa chomhthéacs sin, ciallaíonn 'móréigeandáil sláinte poiblí' aon guais atá ina bagairt ar an mbeatha nó atá ina bagairt thromchúiseach ar bhealach eile ar an tsláinte ar de bhunús bitheolaíoch í a dhéanann difear tromchúiseach do shláinte an duine agus ar gá gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh ina leith chun nach leathfaidh sí;**

(j) tacaíocht ón Líontán Sábhála Aontachta chun freagairt do shuaitheadh sa mhargadh agus chun margaí talmhaíochta a chobhsú trí bhearta arna nglacadh de bhun Airteagail 8 go 21 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus trí bhearta eisceachtúla arna nglacadh de bhun Airteagail 219 go 222 den Rialachán sin;**]**

(k) tacaíocht theicniúil a sholáthar chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(i) cuidiú leis na Ballstáit na bearta a leagtar amach ina bPleananna a dhéanamh, aghaidh a thabhairt ar na dúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha nó i ndoiciméid ábhartha eile a liostaítear faoi Airteagal 22(2), pointe (b), dlí an Aontais a chur chun feidhme, agus na cuspóirí beartais a leagtar síos in Airteagail 2 agus 3 [Cuspóirí] a chur chun cinn;

(ii) cineálacha nuálacha cur chuige agus malartuithe dea-chleachtas a chur chun cinn ar fud na mBallstát trí bhíthin tionscadail ilnáisiúnta chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus chun an riosca a bhaint d'infheistíochtaí príobháideacha agus iad a ghiaráil freisin, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna, chun cur chun feidhme comhsheasmhach dhlí an Aontais a éascú, agus chun na cuspóirí beartais a leagtar síos in Airteagail 2 agus 3 a chur chun cinn.

Áirítear ar na bearta tacaíochta teicniúla saineolas a sholáthar, staidéir a dhéanamh, sonraí agus staidreamh a bhailiú, modheolaíochtaí coiteanna a fhorbairt, gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta chun saineolas nó eolas a fháil agus chun cur leis, chomh maith le bearta arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar chórais, nósanna imeachta agus struchtúir eagraíochtúla.

(l) rannchuidiú leis na cuspóirí a leagtar amach i Rialachán (AE) 202X/XXX [imirce, tearmann agus lánpháirtiú], Rialachán (AE) 202X/XXX [bainistiú comhtháite teorainneacha agus beartas víosaí] agus Rialachán (AE) 202X/XXX [slándáil inmheánach], **lena n-áirítear cásanna géarchéime agus force majeure i réimse na himirce agus an tearmainn a shainmhínítear i míreanna (4) agus (5) d'Airteagal 1 de Rialachán 2024/1359, agus bainistíocht teagmhas agus géarchéimeanna a bhaineann leis an tslándáil, lena n-áirítear mar thoradh ar ghníomhartha naimhdeacha, a bhfuil drochthionchar suntasach acu ar shábháilteacht daoine nó a bhféadfadh drochthionchar suntasach a bheith acu ar shábháilteacht daoine, nó a dhéanann difear d'eintitis chriticiúla nó do bhonneagar criticiúil i mBallstát amháin nó níos mó nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dóibh;**

(m) tacú le tionscadail trasteorann agus ilnáisiúnta, go háirithe Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne, agus le hinfheistíochtaí nuálaíochta idir-réigiúnacha chun slabhraí luacha an Aontais a neartú trí bhíthin comhinfheistíochtaí ó chomhpháirtithe tionscadail iomadúla; agus béim ar leith á leagan ar fhorbairt slabhraí luacha i réigiúin bheagfhorbartha, rud a rannchuideoidh leis an mbearna nuálaíochta a dhúnadh, le bunú agus cur le gnólachtaí nuathionscanta agus le feabhas a chur ar an gcomhtháthú; gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, riaracháin agus teicniúla a bhaineann leis na gnéithe den chreat tagartha;

(n) tacú le gníomhaíochtaí an Chláir LIFE lena n-áirítear tionscadail dúlra straitéiseacha, tionscadail chomhtháite straitéiseacha agus [...] tionscadail gníomhaíochtaí **caighdeánacha lena ndírítear ar an dúlra agus an bhithéagsúlacht, an t-oiriúnú don athrú aeráide agus maolú neamhthionsclaíoch ar an athrú aeráide, an athléimneacht uisce agus cosc ar thruailliú, an geilleagar ciorclach agus an t-aistriú fuinnimh** lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí beartais comhshaoil a bhfuil gné thrasteorann nó thrasnáisiúnta ag baint leo, gníomhaíochtaí a thacaíonn le dearadh, cur chun feidhme, faireachán, meastóireacht agus forfheidhmiú reachtaíochta agus beartas comhshaoil agus aeráide, forbairt rialachais a chur chun cinn ar na leibhéil uile, tacú le líonraí agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus iad a chumhachtú chomh maith le tionscadail eile atá chun leasa an Aontais agus a rannchuidíonn le dlí agus beartais chomhshaoil a chur chun feidhme.

2. Chun tacú le gníomhaíochtaí faoi Iarscríbhinn XV(1), pointe (i), féadfaidh an Ballstát tacaíocht bhreise a iarraidh ar an tSaoráid dá dtagraítear in Airteagal 34(3)[...] **.**
Braitheann an tacaíocht ar an méid seo a leanas:

i. mórthubaiste nádúrtha i mBallstát as a n-eascraíonn damáiste díreach a mheastar a bheith os cionn EUR 3 bhilliún i bpraghsanna reatha nó os cionn 0,6 % dá Ollioncam Náisiúnta (OIN) (tá feidhm ag an méid níos ísle mar thairseach). Sa chás sin, socraítear an tacaíocht ón tSaoráid AE ag 2,5 % den damáiste díreach iomlán suas go dtí an tairseach móide 6 % den damáiste os cionn na tairsí, faoi réir infhaighteachtaí buiséadacha;

ii. tubaiste nádúrtha réigiúnach i réigiún ar leibhéal NUTS 2 de chuid Ballstáit as a n-eascraíonn damáiste díreach atá os cionn 1,5 % d'Olltáirgeacht Intíre (OTI) an réigiúin sin (1 % den OTI réigiúnach le haghaidh na réigiún is forimeallaí). Sa chás sin, socraítear an tacaíocht ón tSaoráid AE ag 2,5 % den damáiste díreach iomlán, faoi réir infhaighteachtaí buiséadacha;

iii. i gcás damáistí a eascraíonn as mórthubaiste nádúrtha i dtír chomharsanach, socraítear an tacaíocht ón tSaoráid AE ag 2,5 % den damáiste díreach iomlán, faoi réir infhaighteachtaí buiséadacha.

iv. móréigeandáil sláinte poiblí i mBallstát a fhágann go mbeidh ualach airgeadais poiblí ann le haghaidh bearta práinnfhreagartha a mheastar a bheith os cionn EUR 1,5 billiún i bpraghsanna reatha, nó os cionn 0,3 % dá OIN.

IARSCRÍBHINN XVI

SFC2028[...]: an córas um malartú sonraí leictreonacha idir na Ballstáit agus an Coimisiún

Tagairt: Airteagal 58(2), pointe (l) [Freagrachtaí an Bhallstáit]

1. Freagrachtaí an Choimisiúin

1.1. Feidhmiú córais malartaithe sonraí leictreonacha ('SFC2028') le haghaidh gach malartaithe oifigiúil faisnéise idir an Ballstát agus an Coimisiún a áirithiú. In SFC202**8**[…] beidh ar a laghad an fhaisnéis a shonraítear sna teimpléid arna mbunú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

1.2 Na saintréithe seo a leanas de SFC2028 a áirithiú:

(a) foirmeacha idirghníomhacha nó foirmeacha atá réamhlíonta ag an gcóras ar bhonn na sonraí atá taifeadta sa chóras cheana;

(b) ríomhanna uathoibríocha, i gcás ina laghdaíonn siad an dua ar úsáideoirí iad a ionchódú;

(c) rialuithe uathoibríocha leabaithe chun comhsheasmhacht inmheánach na sonraí tarchurtha agus comhsheasmhacht na sonraí sin leis na rialacha is infheidhme a fhíorú;

(d) foláirimh arna gcruthú ag an gcóras lena dtugtar rabhadh d'úsáideoirí SFC2028 gur féidir nó nach féidir bearta áirithe a dhéanamh;

(e) Comhéadan Feidhmchláir (API) a sholáthar lenar féidir tacair sonraí réamhshainithe a tharchur go huathoibríoch

(f) rianú stádais ar líne ar láimhseáil na faisnéise a iontráiltear sa chóras;

(g) infhaighteacht sonraí stairiúla i leith na faisnéise uile a iontráiltear le haghaidh **an Phlean** [...] [...];

(h) síniú éigeantach leictreonach de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a bheith ar fáil a aithneofar mar fhianaise in imeachtaí dlí.

1.3. Beartas slándála teicneolaíochta faisnéise a áirithiú le haghaidh SFC2028 is infheidhme maidir leis an bpearsanra a úsáideann an córas i gcomhréir le rialacha ábhartha an Aontais, go háirithe Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún (47) agus a rialacha cur chun feidhme.

1.4. Duine nó daoine a ainmniú a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm ceart an bheartais slándála i leith SFC2028 a shainiú, a choinneáil ar bun agus a áirithiú.

2. Freagrachtaí na mBallstát

2.1. A áirithiú go n-iontrálfaidh údaráis **phlean** [...] na mBallstát arna sainaithint i gcomhréir le hAirteagal **49** [...], chomh maith leis na comhlachtaí arna sainaithint chun cúraimí áirithe a dhéanamh faoi fhreagracht na n-**údarás a dhéanann an fheidhm chomhordúcháin**, an t-údarás bainistíochta, **an ghníomhaireacht íocaíochta** nó an t-údarás iniúchóireachta i gcomhréir le hAirteagal **49(4), (5) agus (7)** [...], an fhaisnéis a bhfuil freagracht orthu í a tharchur, agus aon nuashonruithe ar an bhfaisnéis sin, a iontráil in SFC2028.

2.2. Fíorú na faisnéise arna cur isteach ag duine nach é an duine é a d'iontráil na sonraí le haghaidh an tarchuir sin a áirithiú.

2.3. Soláthar comhéadain idir córais faisnéise na mBallstát agus SFC2028 a áirithiú chun tacair sonraí réamhshainithe a aistriú go huathoibríoch (iarscríbhinn xx)

2.4. Socruithe a dhéanamh le haghaidh dheighilt na gcúraimí thuasluaite trí chórais bhainistithe agus rialaithe na mBallstát atá ceangailte go huathoibríoch de SFC2028.

2.5. Duine nó daoine a cheapadh a bheidh freagrach as cearta rochtana chun na cúraimí seo a leanas a chur i gcrích a bhainistiú:

(a) na húsáideoirí a iarrann rochtain a shainaithint, agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil na húsáideoirí sin fostaithe ag an eagraíocht;

(b) úsáideoirí a chur ar an eolas maidir leis na hoibleagáidí atá orthu slándáil an chórais a chaomhnú;

(c) a fhíorú go bhfuil úsáideoirí i dteideal an leibhéil pribhléide is gá i ndáil lena gcúraimí agus lena n-áit san ordlathas;

(d) a iarraidh go gcuirfear deireadh le cearta rochtana nuair nach dteastaíonn na cearta rochtana sin a thuilleadh nó nach bhfuil údar leo a thuilleadh;

(e) gach ní amhrasach a d'fhéadfadh slándáil an chórais a chur i mbaol a thuairisciú gan mhoill;

(f) cruinneas sonraí aitheantais leanúnach na n-úsáideoirí a áirithiú trí aon athrú orthu a thuairisciú;

(g) na réamhchúraimí is gá i dtaca le cosaint sonraí agus rúndacht tráchtála a dhéanamh i gcomhréir le rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta;

(h) an Coimisiún a chur ar an eolas faoi aon athrú a dhéanann difear do chumas údaráis na mBallstát nó úsáideoirí SFC2028 na cúraimí dá dtagraítear i bpointe 2.1 a dhéanamh nó dá gcumas pearsanta na freagrachtaí dá dtagraítear i bpointí (a) go (g) a chomhlíonadh.

2.6. Socruithe a dhéanamh le go ndéanfar urramú ar chosaint príobháideachais agus cosaint sonraí pearsanta i gcás daoine aonair agus cosaint rúndachta tráchtála i gcás eintitis dhlíthiúla i gcomhréir le Treoir 2002/58/CE, le Rialachán (AE) 2016/679 agus le Rialachán (AE) 2018/1725.

2.7. Beartais slándála faisnéise náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla a ghlacadh maidir le rochtain ar SFC2028 bunaithe ar mheasúnú riosca is infheidhme maidir leis na húdaráis uile a úsáideann SFC2028 agus lena dtabharfar aghaidh ar na gnéithe seo a leanas:

(a) na gnéithe slándála TF den obair a dhéanann an duine nó na daoine atá freagrach as bainistiú na gceart rochtana dá dtagraítear i bpointe 2.4 de roinn II i gcás úsáid dhíreach;

(b) i gcás córais faisnéise náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla atá nasctha le SFC2028, trí chomhéadan teicniúil dá dtagraítear i bpointe 2.3, na bearta slándála do na córais sin a fhágann gur féidir iad a ailíniú le riachtanais slándála SFC2028 agus a chumhdaíonn na nithe seo a leanas:

(i) an tslándáil fhisiceach;

(ii) meán sonraí agus rialú rochtana;

(iii) rialú stórála;

(iv) rialú rochtana agus pasfhocail;

(v) faireachán;

(vi) idirnascacht le SFC202**8**[...];

(vii) bonneagar cumarsáide;

(viii) bainistiú acmhainní daonna roimh fhostú, le linn na fostaíochta agus i ndiaidh na fostaíochta;

(ix) bainistiú teagmhas.

2.8. An doiciméad dá dtagraítear i bpointe 2.6 a chur ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin.

2.9. Duine nó daoine a cheapadh a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm na mbeartas slándála TF náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil a choinneáil ar bun agus a áirithiú agus as bheith mar phointe teagmhála leis an duine nó na daoine atá ainmnithe ag an gCoimisiún agus dá dtagraítear i bpointe 1.4.

3. Freagrachtaí comhpháirteacha an Choimisiúin agus na mBallstát

3.1. Inrochtaineacht a áirithiú, bíodh sin go díreach trí chomhéadan úsáideora idirghníomhach (i.e. feidhmchlár gréasáin) nó trí chomhéadan teicniúil agus úsáid á baint as prótacail réamhshainithe(i.e. seirbhísí gréasáin) a fhágann gur féidir sioncrónú agus tarchur uathoibríoch sonraí a dhéanamh idir córais faisnéise na mBallstát agus SFC2028.

3.2. Foráil a dhéanamh maidir le dáta tharchur leictreonach na faisnéise ón mBallstát chuig an gCoimisiún agus *vice versa* sa mhalartú sonraí leictreonacha, arb é an dáta é a cuireadh isteach an doiciméad lena mbaineann.

3.3. A áirithiú go ndéanfar sonraí oifigiúla a mhalartú trí SFC2028 amháin, seachas má bhíonn cás force majeure ann, agus nach ndéantar an fhaisnéis arna soláthar sna foirmeacha leictreonacha atá leabaithe in SFC2028 (dá ngairfear 'sonraí struchtúrtha' anseo feasta) a ionadú le sonraí neamh-struchtúrtha agus, i gcás neamhréireachtaí, go mbeidh tús áite ag sonraí struchtúrtha thar shonraí neamhstruchtúrtha.

I gcás *force majeure*, mífheidhmiú SFC2028 nó easpa naisc le SFC2028 a mhaireann níos mó ná lá oibre amháin sa tseachtain dheireanach roimh sprioc-am rialála chun an fhaisnéis a chur isteach nó sa tréimhse idir an 18 agus an 26 Nollaig, nó 5 lá oibre ag amanna eile, féadfar an malartú faisnéise idir an Ballstát agus an Coimisiún a dhéanamh **trí ríomhphost nó** i bhfoirm pháipéir ag úsáid na dteimpléad a leagtar amach sa Rialachán seo agus sa chás sin is é dáta cur isteach an doiciméid dáta stampa an phoist. Nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcúis a bhí leis an force majeure iontrálfaidh an páirtí lena mbaineann an fhaisnéis a tugadh cheana féin **trí ríomhphost nó** i bhfoirm pháipéir in SFC2028 gan mhoill.

3.4. Comhlíonadh na dtéarmaí agus coinníollacha slándála TF arna bhfoilsiú ar thairseach SFC2028 a áirithiú, agus a áirithiú go gcomhlíonfar na bearta arna gcur chun feidhme in SFC2028 ag an gCoimisiún chun tarchur na sonraí a dhaingniú, go háirithe i ndáil le húsáid an chomhéadain theicniúil dá dtagraítear i bpointe 2.3.

3.5. Éifeachtacht na mbeart slándála, arna nglacadh chun na sonraí a stóráiltear agus a tharchuirtear trí SFC2028 a chosaint, a chur chun feidhme agus a áirithiú.

3.6. Nuashonrú agus athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar bheartas slándála TF SFC2028 agus na mbeartas ábhartha slándála ríomhaireachta náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil sa chás go dtarlaíonn athruithe ar an teicneolaíocht, go ndéantar bagairtí nua a shainaithint nó go dtarlaíonn forbairtí ábhartha eile.

IARSCRÍBHINN XVII

[…]

[Iarscríbhinn XVIII

Íosmhéid le haghaidh idirghabhálacha tacaíochta ioncaim CBT dá dtagraítear in Airteagal 35(1), pointí (a) go (k) agus (r) agus mír 10

Ballstát	**Íosmhéid le haghaidh idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 35(1), pointí (a) go (k) agus (r) agus mír 10 (ina EUR xxx, praghsanna reatha)**
An Bheilg	pm
An Bhulgáir	pm
An tSeicia	pm
An Danmhairg	pm
An Ghearmáin	pm
An Eastóin	pm
Éire	pm
An Ghréig	pm
An Spáinn	pm
An Fhrainc	pm
An Chróit	pm

An Iodáil	pm
An Chipir	pm
An Laitvia	pm
An Liotuáin	pm
Lucsamburg	pm
An Ungáir	pm
Málta	pm
An Ísiltír	pm
An Ostair	pm
An Pholainn	pm
An Phortaingéil	pm
An Rómáin	pm
An tSlóivéin	pm
An tSlóvaic	pm
An Fhionlainn	pm
An tSualainn	pm

l